2023/2862

28.12.2023

**Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

CUID I - FORÁLACHA GINEARÁLTA

CUID II - TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

TEIDEAL I - CEARTA AN DUINE, AN DAONLATHAS AGUS AN RIALACHAS I SOCHAITHE DAOINE-LÁRNACHA, CEARTABHUNAITHE

TEIDEAL II - SÍOCHÁIN AGUS SLÁNDÁIL

TEIDEAL III - FORBAIRT DHAONNA AGUS SHÓISIALTA

TEIDEAL IV - FÁS AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH ATÁ CUIMSITHEACH, INBHUANAITHE

TEIDEAL V – INBHUAINE COMHSHAOIL AGUS AN tATHRÚ AERÁIDE

TEIDEAL VI - IMIRCE AGUS SOGHLUAISTEACHT

CUID III - COMHGHUAILLÍOCHTAÍ DOMHANDA AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

CUID IV - MODHANNA COMHAIR AGUS CUR CHUN FEIDHME

CUID V - CREAT INSTITIÚIDEACH

CUID VI - FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

PRÓTACAIL RÉIGIÚNACHA:

PRÓTACAL RÉIGIÚNACH NA hAFRAICE

CUID I - CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

CUID II - PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR

TEIDEAL I - FÁS AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH ATÁ CUIMSITHEACH, INBHUANAITHE

TEIDEAL II - FORBAIRT DHAONNA AGUS SHÓISIALTA

TEIDEAL III – AN COMHSHAOL, BAINISTIÚ ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN tATHRÚ AERÁIDE

TEIDEAL IV - SÍOCHÁIN AGUS SLÁNDÁIL

TEIDEAL V - CEARTA AN DUINE, DAONLATHAS AGUS RIALACHAS

TEIDEAL VI – IMIRCE AGUS SOGHLUAISTEACHT

PRÓTACAL RÉIGIÚNACH MHUIR CHAIRIB:

CUID I - CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

CUID II - PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR

TEIDEAL I - FÁS AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH ATÁ CUIMSITHEACH, INBHUANAITHE

TEIDEAL II - INBHUAINE COMHSHAOIL, AN tATHRÚ AERÁIDE AGUS BAINISTIÚ INBHUANAITHE ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

TEIDEAL III - CEARTA AN DUINE, RIALACHAS, SÍOCHÁIN AGUS SLÁNDÁIL

TEIDEAL IV - FORBAIRT DHAONNA, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS SOGHLUAISTEACHT

PRÓTACAL RÉIGIÚNACH AN AIGÉIN CHIÚIN:

CUID I - CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

CUID II - PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR

TEIDEAL I - INBHUAINE COMHSHAOIL AGUS AN tATHRÚ AERÁIDE

TEIDEAL II - FORBAIRT EACNAMAÍOCH CHUIMSITHEACH INBHUANAITHE

TEIDEAL III - AIGÉIN, FARRAIGÍ AGUS IASCACH

TEIDEAL IV - SLÁNDÁIL, CEARTA AN DUINE, DAONLATHAS AGUS RIALACHAS

TEIDEAL V - FORBAIRT DHAONNA AGUS SHÓISIALTA

IARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I: PRÓISIS MAIDIR LE FILLEADH AGUS ATHLIGEAN ISTEACH

IARSCRÍBHINN II: OIBRÍOCHTAÍ AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

TÁ RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear "Ballstáit an Aontais Eorpaigh" anseo feasta,

agus

AN tAONTAS EORPACH,

dá ngairtear le chéile "Páirtí an AE anseo feasta,

de pháirt, agus

POBLACHT ANGÓLA,

ANTIGUA AGUS BARBÚDA,

COMHLATHAS NA mBAHÁMAÍ,

BARBADÓS,

AN BHEILÍS,

POBLACHT BHEININ,

POBLACHT NA BOTSUÁINE,

BUIRCÍNE FASÓ,

POBLACHT NA BURÚINE,

POBLACHT RINN VERDE,

POBLACHT CHAMARÚN,

POBLACHT NA hAFRAICE LÁIR,

POBLACHT SHEAD,

AONTAS OILEÁIN CHOMÓRA,

POBLACHT AN CHONGÓ,

OILEÁIN COOK,

POBLACHT AN CHÓSTA EABHAIR,

POBLACHT CHÚBA,

POBLACHT DHAONLATHACH AN CHONGÓ,

POBLACHT DJIBOUTI,

COMHLATHAS DHOIMINICE,

AN PHOBLACHT DHOIMINICEACH,

POBLACHT NA GUINE MEÁNCHIORCLAÍ,

STÁT NA hEIRITRÉ,

RÍOCHT ESWATINI,

POBLACHT DHAONLATHACH CHÓNAIDHME NA hAETÓIPE,

POBLACHT FHIDSÍ,

POBLACHT NA GABÚINE,

POBLACHT NA GAIMBIA,

POBLACHT GHÁNA,

GREANÁDA,

POBLACHT NA GUINE,

POBLACHT GHUINE BISSAU,

COMHARPHOBLACHT NA GUÁINE,

POBLACHT HÁÍTÍ,

IAMÁICE,

POBLACHT NA CÉINIA,

POBLACHT CHIREABAITÍ,

RÍOCHT LEASÓTA,

POBLACHT NA LIBÉIRE,

POBLACHT MHADAGASCAR,

POBLACHT NA MALÁIVE,

POBLACHT OILEÁIN MHAILDÍVE

POBLACHT MHAILÍ,

POBLACHT OILEÁIN MARSHALL,

POBLACHT IOSLAMACH NA MÁRATÁINE,

POBLACHT OILEÁN MHUIRÍS,

STÁIT CHÓNAIDHME NA MICRINÉISE,

POBLACHT MHÓSAIMBÍC,

POBLACHT NA NAMAIBE,

POBLACHT NÁRÚ,

POBLACHT NA NÍGIRE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA NIGÉIRE,

NIUE,

POBLACHT OILEÁIN PALAU,

STÁT NEAMHSPLEÁCH NUA-GHUINE PHAPUA,

POBLACHT RUANDA,

CÓNAIDHM SAN CRÍOSTÓIR-NIMHEAS,

SAINT LUCIA,

SAN UINSEANN AGUS NA GREANÁIDÍNÍ,

STÁT NEAMHSPLEÁCH SHAMÓ,

POBLACHT DHAONLATHACH SÃO TOMÉ AGUS PRÍNCIPE,

POBLACHT NA SEINEAGÁILE,

POBLACHT NA SÉISEAL,

POBLACHT SHIARRA LEON,

OILEÁIN SHOLOMÓN,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA SOMÁILE,

POBLACHT NA SÚDÁINE,

POBLACHT SHURANAM,

POBLACHT AONTAITHE NA TANSÁINE,

POBLACHT DHAONLATHACH THÍOMÓR THOIR,

POBLACHT THÓGA,

RÍOCHT THONGA,

POBLACHT OILEÁN NA TRÍONÓIDE AGUS TOBÁGA,

TUVALU,

POBLACHT UGANDA,

POBLACHT VANUATÚ,

POBLACHT NA SAIMBIA,

POBLACHT NA SIOMBÁIBE,

is Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), (dá ngairtear 'comhaltaí OACPS' anseo feasta) den pháirt eile,

dá ngairtear le chéile anseo feasta na "Páirtithe",

AG FÉACHAINT do Chomhaontú Georgetown Athbhreithnithe lena mbunaítear Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, den pháirt eile;

TOISC na nasc láidir atá eatarthu agus na ndlúthnasc polaitiúil, eacnamaíoch agus cultúrtha lena dtugtar le chéile iad;

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dhílse atá siad don ord domhanda riailbhunaithe, agus an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár;

Á DHAINGNIÚ DÓIBH a thiomanta atá siad don fhorbairt inbhuanaithe i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DÓIBH a thábhachtaí atá idirphlé rialta maidir le saincheisteanna leasa choitinn, ar gach leibhéal ábhartha;

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH a thiomanta atá siad don chomhpháirtíocht eatarthu a chomhdhlúthú trí ghníomhaíochtaí i bhfóraim idirnáisiúnta a chomhordú agus é sin bunaithe ar leasanna coiteanna, ar chomhluachanna agus ar urraim fhrithpháirteach, agus iad feasach ar a gcumas forthorthaí domhanda a mhúnlú nuair a ghníomhaíonn siad go comhpháirteach;

Á DHAINGNIÚ DÓIBH a thiomanta atá siad do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine mar a leagtar síos iad i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, agus do phrionsabail an smachta reachta agus an dea-rialachais;

Á MHEABHRÚ DÓIBH gurb é a dtoil láidir an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn agus go bhfuil oibleagáidí idirnáisiúnta orthu maidir le neamhleathadh na n-arm ollscriosta, chomh maith leis an rún daingean atá acu na coireanna is tromchúisí is ábhar imní don chomhphobal idirnáisiúnta a chosc agus a ionchúiseamh;

A ATHDHEARBHÚ DÓIBH a thiomanta atá siad don chomhar il-gheallsealbhóra a chothú chun tacú le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus na róil éagsúla atá ag geallsealbhóirí éagsúla á gcur san áireamh, agus a áirithiú ag an am céanna go n-oibríonn siad ar fad de réir an smachta reachta;

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DÓIBH a phráinní atá sé dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda chomhshaoil, ar a thábhachtaí atá Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, an gá práinneach atá le geilleagair agus sochaithe ísealcharbóin atá cobhsaí agus inbhuanaithe a chur ar bun agus iad athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, agus dul chun cinn a dhéanamh chun spriocanna coiteanna maidir leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide agus leis an bhfuinneamh inathnuaite a bhaint amach;

Á AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá an claochlú struchtúrach eacnamaíoch chun fás agus forbairt eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach;

Á MHEABHRÚ DÓIBH a thiomanta atá siad do na prionsabail agus do na rialacha lena rialaítear an trádáil idirnáisiúnta, go háirithe na prionsabail agus na rialacha sin arna gcomhaontú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála;

Á MHEABHRÚ DÓIBH a thiomanta atá siad do chearta saothair a urramú, agus na prionsabail a leagtar síos i gcoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair á gcur san áireamh;

Á AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá ról na heolaíochta, na teicneolaíochta, an taighde agus na nuálaíochta maidir le dlús a chur leis an aistriú chuig sochaithe eolasbhunaithe, a éascaítear trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach;

Á MHEABHRÚ DÓIBH a thiomanta atá siad don fhorbairt dhaonna agus shóisialta a chothú, do dheireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus don idirdhealú agus don neamhionannas a chomhrac, gan aon duine a fhágáil ar lár;

Á ADMHÁIL DÓIBH go n-eascraíonn idir dheiseanna agus dúshláin thromchúiseacha i dtaca leis an bhforbairt inbhuanaithe as an dinimic dhéimeagrafach athraitheach, i gcomhcheangal le hathruithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil;

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH go bhfuil an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní bunriachtanach chun forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach;

Á AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá an óige chun an todhchaí a mhúnlú agus chun cur leis an bhforbairt inbhuanaithe;

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH a thiomanta atá siad don chomhpháirtíocht dhaoine-lárnach a chur chun cinn agus do theagmhálacha idirphearsanta a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar agus malartuithe i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, an oideachais agus an chultúir;

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH a thiomanta atá siad d'fheabhas a chur ar an gcomhar agus ar an idirphlé i ndáil leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht;

Á AITHINT DÓIBH na rioscaí méadaitheacha a eascraíonn as tubaistí nádúrtha, turraingí eacnamaíocha agus turraingí eisginiúla eile, lena n-áirítear paindéimí;

Á DHAINGNIÚ DÓIBH a thoilteanaí atá siad comhoibriú chun tacú leis an lánpháirtiú réigiúnach agus ilchríochach, go háirithe d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh agus i gcreataí lánpháirtithe agus comhair Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin a bhaint amach;

Á MHEABHRÚ DÓIBH na prionsabail a bhaineann le comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt agus le héifeachtacht na cabhrach, chomh maith le prionsabail Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (AAAA);

AG FÉACHAINT DON Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ([1]), arna leasú go deireanach ('Comhaontú Cotonou') ,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

**Cuspóirí**

1. Comhaontaíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá ngairtear anseo feasta 'Páirtí an AE', de pháirt, agus Comhaltaí Chomhlachas na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), den pháirt eile, dá ngairtear le chéile anseo feasta na 'páirtithe' leis seo an Comhaontú seo a thabhairt i gcrích lena mbunaítear comhpháirtíocht pholaitiúil neartaithe idir na Páirtithe chun torthaí a bheidh tairbhiúil don dá thaobh a ghiniúint maidir le comhleasanna agus leasanna trasnacha agus i gcomhréir lena gcomhluachanna.

2. Leis an gComhaontú seo rannchuideofar leSpriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach, agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe arna ghlacadh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe an 25 Meán Fómhair 2015 ("Clár Oibre 2030"), agus Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015 ("Comhaontú Pháras") mar chreataí uileghabhálacha lena dtreoraítear an chomhpháirtíocht faoin gComhaontú seo.

3. Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

(a) cearta an duine, prionsabail an daonlathais, an smacht reachta agus dea-rialachas a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcomhionannas inscne;

(b) stáit agus sochaithe síochánta athléimneacha a fhorbairt, ag dul i ngleic le bagairtí leanúnacha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ar an tsíocháin agus ar an tslándáil;

(c) forbairt dhaonna agus shóisialta a chothú, agus go háirithe an bhochtaineacht a dhíothú agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, á áirithiú go mbeidh saol faoi dhínit á theachtadh ag gach duine agus nach bhfágfar aon duine ar lár, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar chailíní;

(d) infheistíocht a shlógadh, tacú le trádáil agus forbairt na hearnála príobháidí a chothú, d'fhonn fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach agus poist chuibhiúla a chruthú do chách;

(e) an t-athrú aeráide a chomhrac, an comhshaol a chosaint agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú; agus

(f) cur chuige uileghabhálach cothrom i leith na himirce a chur chun feidhme, d'fhonn tairbhe a bhaint as imirce agus soghluaisteacht atá sábháilte, ordúil agus rialta, srian a chur ar an imirce neamhrialta agus aghaidh á tabhairt ar na bunchúiseanna atá léi, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán agus i gcomhréir le hinniúlachtaí na bPáirtithe faoi seach.

4. Is iad na príomhuirlisí a bheidh ann chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach idirphlé comhpháirtíochta agus gníomhaíocht arna cur in oiriúint do shainiúlachtaí na bPáirtithe.

5. Leis an gComhaontú seo éascófar glacadh comhsheasamh ag na Páirtithe ar an ardán domhanda, treiseofar comhpháirtíochtaí chun an t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn, d'fhonn gníomhaíocht dhomhanda a thiomáint chun tosaigh.

([1]) IO CE L 317, 15.12.2000, lch. 3.

*Airteagal 2*

**Na prionsabail**

1. Saothróidh na Páirtithe cuspóirí an Chomhaontaithe seo de mheon na comhfhreagrachta, na dlúthpháirtíochta, na cómhalartachta, na hurraime frithpháirtí agus na cuntasachta.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas caidreamh cairdiúil a fhorbairt i measc na náisiún, bunaithe ar urramú phrionsabal an chomhionannais cheannasaigh i measc na stát uile, agus staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon stáit, nó ar bhealach ar bith eile atá ar neamhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe ('Cairt na Náisiún Aontaithe').

3. Comhaontaíonn na Páirtithe gach Prótacal Réigiúnach i gcomhréir leis na prionsabail leathana arna gcomhaontú sa Chuid Ghinearálta a chur chun feidhme, agus sainiúlachtaí na réigiún á gcur san áireamh san am céanna. Comhaontaíonn siad freisin gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla na dtíortha is lú forbairt (LDCanna), na dtíortha talamhiata, na stát beag oileánach i mbéal forbartha (SIDS) agus na stát íseal cósta, agus na dúshláin ilchineálacha atá rompu á gcur san áireamh.

4. Déanfaidh na Páirtithe cinntí agus rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí ar an leibhéal intíre, réigiúnach nó iltíre is iomchuí.

5. Déanfaidh na Páirtithe gné na hinscne a chur chun cinn go córasach agus áiritheoidh siad go ndéanfar an comhionannas inscne a phríomhshruthú i ngach uile bheartas.

6. Glacfaidh na Páirtithe cur chuige comhtháite maidir leis an gcomhar eatarthu agus cuimseofar sa chur chuige sin gnéithe polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha.

7. Déanfaidh na Páirtithe dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun lánpháirtiú réigiúnach agus comhar réigiúnach a chur chun cinn a thuilleadh ar an mbealach is fearr chun ábhair imní shlándála a bhainistiú, chun tairbhe a bhaint as gnóthachain eacnamaíocha an domhandaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna trasnáisiúnta de réir mar is iomchuí.

8. Cuirfidh na Páirtithe cur chuige il-gheallsealbhóra chun cinn, lena gcumasófar rannpháirtíocht ghníomhach raon leathan gníomhaithe san idirphlé comhpháirtíochta agus sna próisis chomhair, lena n-áirítear parlaimintí, údaráis áitiúla, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach.

9. Féadfar comhar laistigh d'fhormáidí réigiúnacha foirmiúla agus ad hoc a shaothrú d'fhonn cuspóirí na comhpháirtíochta faoin gComhaontú seo a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú freisin maidir le forálacha agus nósanna imeachta solúbtha lena gcuirtear ar chumas na bPáirtithe leasmhara an t-idirphlé agus an comhar maidir le saincheisteanna sonracha téamacha agus trasréigiúnacha a dhoimhniú.

*Airteagal 3*

**Idirphlé comhpháirtíochta**

1. Déanfaidh na Páirtithe idirphlé rialta, cothrom, uileghabhálach agus substainteach comhpháirtíochta maidir le réimsí uile an Chomhaontaithe seo, as a dtiocfaidh gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh, chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gurb é is cuspóir don idirphlé comhpháirtíochta faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus déanfaidh siad comhordú ar shaincheisteanna leasa choitinn agus ar dhúshláin nua i suíomhanna idirnáisiúnta.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go seolfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar bhealach solúbtha saincheaptha, go ndéanfar é go tráthrialta san fhormáid iomchuí agus ar an leibhéal intíre, réigiúnach nó iltíre is iomchuí, agus go mbainfidh siad lántairbhe as na cainéil uile is féidir, lena n-áirítear i suíomhanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Comhaontaíonn siad faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an idirphlé comhpháirtíochta agus a raon feidhme a oiriúnú, de réir mar is iomchuí.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfear na parlaimintí, agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí, ar an eolas go cuí agus go rachfar i gcomhairle leo go cuí agus go gcuirfear ar a gcumas go cuí cur leis an idirphlé comhpháirtíochta. Beidh eagraíochtaí réigiúnacha agus eagraíochtaí ilchríochacha comhlachaithe leis an idirphlé comhpháirtíochta, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 4*

**Comhleanúnachas beartais**

1. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo beartais chomhleanúnacha ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, trí chur chuige spriocdhírithe, straitéiseach agus comhpháirtíocht-dírithe.

2. Déanfaidh na Páirtithe, ar bhonn indibhidiúil agus i dteannta a chéile, sineirgí a chothú idir beartais d'fhonn tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag a mbeartais ar na Páirtithe eile a sheachaint nó a íoslaghdú. Gabhfaidh na Páirtithe de chúram air féin fógra a thabhairt do na Páirtithe eile agus, i gcás inarb iomchuí, dul i gcomhairle leo, maidir le tionscnaimh agus bearta lena bhféadfaí difear suntasach a dhéanamh dóibh.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad don chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt mar ghné ríthábhachtach chun na SDGanna a bhaint amach.

*Airteagal 5*

**Gníomhaithe**

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil ról lárnach ag rialtais maidir le tosaíochtaí agus straitéisí dá dtíortha a shainiú agus a chur chun feidhme. Aithníonn siad ról ríthábhachtach na bparlaimintí maidir le reachtaíocht a mhúnlú agus a ghlacadh, maidir le buiséid a chomhaontú agus maidir le rialtais a thabhairt chun cuntais. Admhaíonn siad ról agus rannchuidiú na n-údarás áitiúil maidir le cuntasacht dhaonlathach a fheabhsú agus gníomhaíocht rialtais a chomhlánú.

2. Aithníonn na Páirtithe ról tábhachtach na n-eagraíochtaí foréigiúnacha, réigiúnacha, ilchríochacha agus idir-ilchríochacha ó thaobh cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, cuspóirí na bPrótacal Réigiúnach go háirithe.

3. Admhaíonn na Páirtithe ról tábhachtach agus rannchuidiú tábhachtach na ngeallsealbhóirí, i ngach cineál agus i ngach gné náisiúnta, eadhon an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear eagraíochtaí ceardchumann, agus an earnáil phríobháideach, agus comhaontaíonn siad a rannpháirtíocht éifeachtach a chur chun cinn agus a neartú d'fhonn próisis bheartais níos cuimsithí agus níos il-gheallsealbhóra a chothú. Chun na gcríoch sin, áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear na geallsealbhóirí sin go léir, i gcás inarb iomchuí, ar an eolas faoi straitéisí agus faoi bheartais earnála agus go rachfar i gcomhairle leo maidir leo, go soláthróidh siad ionchur i bpróiseas leathan an idirphlé, go bhfaighidh siad fothú acmhainní i réimsí criticiúla agus go mbeidh siad rannpháirteach i gcur chun feidhme na gclár comhair sna réimsí a bhaineann leo. Bunófar rannpháirtíocht den sórt sin i gcláir chomhair ar a mhéid a thugtar aghaidh leo ar riachtanais an daonra agus ar a n-inniúlachtaí sonracha, agus atá struchtúir rialachais chuntasacha thrédhearcacha orthu.

*Airteagal 6*

**Struchtúr**

1. Tá an Comhaontú seo comhdhéanta den Chuid Ghinearálta (Codanna I go VI), de thrí Phrótacail Réigiúnacha ('na Prótacail Réigiúnacha') agus d'Iarscríbhinní.

2. Beidh an Chuid Ghinearálta agus na hIarscríbhinní a ghabhann léi ceangailteach ó thaobh dlí de ar na Páirtithe.

3. Beidh na Prótacail Réigiúnacha ceangailteach ó thaobh dlí de ar Pháirtí an AE agus ar Chomhaltaí OACPS san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, faoi seach. Ní féidir le haon ní sna Prótacail Réigiúnacha ná ina léiriú ná ina gcur chun feidhme difear a dhéanamh do na forálacha faoin gCuid Ghinearálta ná do chinntí Chomhairle Airí OACPS-AE ná ní féidir leo claonadh ó na forálacha ná ó na cinntí sin.

*Airteagal 7*

**Téamaí trasearnálacha**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfar aird chórasach ar na téamaí trasearnálacha seo a leanas chun bonn eolais a chur faoin ngníomhaíocht i ngach réimse comhair: cearta an duine, an daonlathas, an comhionannas inscne, an tsíocháin agus an tslándáil, cosaint an chomhshaoil, comhrac an athraithe aeráide, cultúr agus an óige.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tacú le fothú acmhainní chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin agus chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú seo a bhaint amach. Beidh sé mar aidhm leo neartú na n-institiúidí a chothú, malartú dea-chleachtas a chur chun cinn agus aistriú agus comhroinnt eolais a éascú.

3. Déanfaidh na Páirtithe athléimneacht tíortha, pobal agus daoine aonair, agus athléimneacht pobal leochaileach go háirithe, a neartú i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide, suaitheadh eacnamaíoch, coinbhleachtaí agus géarchéimeanna polaitiúla agus eipidéimí agus paindéimí.

CUID II

**TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA**

*TEIDEAL I*

***Cearta an duine, an daonlathas agus an rialachas i sochaithe daoine-lárnacha, cheartabhunaithe***

*Airteagal 8*

Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus, i gcás inarb ábhartha, an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Déanfaidh na Páirtithe beartais dhaoine-lárnacha agus beartais cheartabhunaithe a chur chun cinn, lena gcuimseofar cearta uile an duine agus lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain chomhionann ar dheiseanna ag gach uile dhuine sa tsochaí, ar beartais iad atá dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe a bhfuil an duine ina ceartlár. Aithníonn na Páirtithe gur dlúthchuid den fhorbairt inbhuanaithe í urraim don daonlathas, do chearta an duine, do shaoirsí bunúsacha, don smacht reachta agus don dea-rialachas.

*Airteagal 9*

**Cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta**

1. Déanfaidh na Páirtithe, á aithint dóibh go bhfuil cearta an duine uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar, cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha. Déanfaidh siad teachtadh iomlán comhionann na saoirsí bunúsacha uile a chosaint agus a áirithiú, amhail saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil agus comhlachais, agus saoirse smaointeoireachta, reiligiúin agus creidimh.

2. Geallfaidh na Páirtithe go gcuirfidh siad chun cinn urraim uilíoch chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do chách, agus go n-urramófar iad, gan idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, lena n-áirítear gnéas, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, nó stádas eile. Geallann siad go ndéanfaidh siad gach cineál ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingt a bhaineann leis sin a chomhrac, agus gach cineál foréigin agus idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear gach ásc den abhcóideacht ar son an fhuatha. Geallann siad go ndéanfaidh siad cearta na bpobal dúchasach, mar a leagtar amach sa Dearbhú Uilechoiteann maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, a aithint agus a chur chun cinn.

3. Beidh idirphlé comhpháirtíochta ag na Páirtithe ar leibhéal déthaobhach maidir le pionós an bháis. I gcás ina bhforáiltear do phionós an bháis sa reachtaíocht náisiúnta agus ina gcuirtear i bhfeidhm fós é, cloífidh na Páirtithe leis an bpróis chuí agus le caighdeáin íosta arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

4. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go n-áirithítear leis na prionsabail dhaonlathacha a aithnítear go huilíoch, agus atá mar bhonn le heagrú an Stáit dlisteanacht a údaráis, dlíthiúlacht a ghníomhaíochtaí a léirítear ina chóras bunreachtúil, reachtach agus rialála, agus go bhfuil sásraí rannpháirtíochta ar marthain. Déanfaidh siad cur i bhfeidhm na bprionsabal sin a chaomhnú agus a neartú trí thoghcháin chuimsitheacha, thrédhearcacha agus inchreidte a áirithiú agus urraim chuí á tabhairt don cheannasacht, agus trí phróisis chinnteoireachta rannpháirteacha a cheadú agus tacú leo. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn go seasfar le dea-chleachtais thoghchánacha agus go bhfuil comhar idir na Páirtithe, lena n-áirítear maidir le breathnóireacht thoghchánach laistigh de Pháirtí an AE agus de Chomhaltaí OACPS, de réir mar is iomchuí.

5. Tacóidh na Páirtithe go gníomhach le comhdhlúthú an smachta reachta ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ag admháil dóibh a ríthábhachtaí atá sé do chosaint chearta an duine agus d'fheidhmiú éifeachtach na n-institiúidí daonlathacha. Áirítear leis sin a áirithiú gur ann do chóras breithiúnach atá neamhspleách, neamhchlaonta agus dea-fheidhmiúil, do chomhionannas os comhair an dlí, don cheart chun triail chóir agus próis chuí a fháil agus do rochtain ar shásraí éifeachtacha sásaimh dhlíthiúil.

6. Aithníonn na Páirtithe an ceart chun forbartha atá bunaithe ar dhodhealaitheacht, idirspleáchas, uilíocht agus doshanntacht chearta uile an duine, trína bhfuil gach duine agus gach uile phobal i dteideal páirt a ghlacadh i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil, agus rannchuidiú leis an bhforbairt sin agus í a theachtadh, inar féidir cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha a bhaint amach go hiomlán. Tacóidh siad le bearta chun feabhas a chur ar an gceart chun forbartha agus áiritheoidh siad, *inter alia*, comhionannas deiseanna do chách ar rochtain ar bhunacmhainní agus ar sheirbhísí riachtanacha amhail oideachas, seirbhísí sláinte, bia, tithíocht, fostaíocht agus dáileadh cothrom ioncaim agus tairbhe a bhaint astu.

7. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh urraim do chearta an duine, do phrionsabail an daonlathais agus don smacht reachta mar bhonn agus mar thaca dá mbeartais intíre agus idirnáisiúnta agus gur gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo iad.

*Airteagal 10*

**Comhionannas inscne**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil siad tiomanta go láidir don chomhionannas inscne a bhaint amach, do theachtadh iomlán chearta uile an duine ag cách, mar aon le cumhachtú an uile dhuine mar thiomántóir don fhorbairt inbhuanaithe. Déanfaidh siad prionsabal an chomhionannais inscne a chorprú ina mbunreachtanna náisiúnta nó i reachtaíocht iomchuí eile.

2. Admhaíonn na Páirtithe go ndéantar cearta bunúsacha agus deiseanna bunúsacha an duine a bhaint de mhná de dheasca an neamhionannais inscne. Déanfaidh siad reachtaíocht, creata dlíthiúla agus beartais fhónta, cláir agus sásraí in-fhorfheidhmithe a ghlacadh agus a neartú chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag mná agus ag cailíní ar gach réimse den saol, go mbeidh deiseanna comhionanna acu i ngach réimse den saol, go mbeidh rialú comhionann acu ar gach réimse den saol agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go comhionann i ngach réimse den saol, ar comhchéim le fir agus le buachaillí.

3. Díreoidh na Páirtithe, go háirithe, ar fheabhas a chur ar an rochtain atá ag mná, agus i gcás inarb iomchuí ag cailíní, ar na hacmhainní uile a bhíonn de dhíth orthu i gcaitheamh an tsaoil chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach agus chun a gcearta daonna agus a saoirsí bunúsacha a fheidhmiú go hiomlán, amhail maidir le hoideachas ar ardchaighdeán, sláinte, deiseanna fostaíochta, rochtain ar acmhainní eacnamaíocha agus rialú orthu, cinnteoireacht pholaitiúil, struchtúir rialachais agus gnóthais phríobháideacha, agus béim ar leith á leagan ar mhná ar leochaileach a gcás. Cuirfidh siad chun cinn rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na mban sa cheannaireacht ar gach leibhéal den chinnteoireacht sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus poiblí, agus deiseanna comhionanna don cheannaireacht sin.

4. Gabhann na Páirtithe orthu féin gach cineál foréigin agus idirdhealaithe gnéis agus inscnebhunaithe sa saol poiblí agus sa saol príobháideach, lena n-áirítear gáinneáil agus teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach, a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh. Déanfaidh siad gach beart is gá chun dul i ngleic le claontacht inscne atá fréamhaithe go domhain agus chun gach cleachtas díobhálach amhail pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais agus ciorrú agus gearradh ball giniúna ban a dhíothú.

*Airteagal 11*

**Sochaithe cuimsitheacha iolraíocha**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhdheiseanna a áirithiú do chomhaltaí uile na sochaí i ngach réimse den saol. Déanfaidh siad cleachtais idirdhealaitheacha a chosc, a thoirmeasc agus a dhíothú agus glacfaidh siad bearta éifeachtacha chun teachtadh iomlán agus comhionann chearta uile an duine a áirithiú.

2. Déanfaidh na Páirtithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse tuairimíochta, an tsaoirse tionóil, agus neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chosaint agus a chur chun cinn mar cholúin den daonlathas, ag tabhairt dá n-aire gur réamhriachtanais iad sin don daonlathas, don fhorbairt agus don idirphlé, anuas ar iad a bheith ina gcearta de chuid an duine.

3. Cothóidh na Páirtithe sochaithe atá cuimsitheach agus iolraíoch, lena n-áirítear an daonlathas ilpháirtí. Cuirfidh siad chun cinn an príomhról atá ag tionóil agus ag páirtithe polaitiúla náisiúnta agus áitiúla atá éifeachtach, trédhearcach agus cuntasach. Ina theannta sin, déanfaidh siad fíor-rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí agus na saoránach uile, lena n-áirítear mná agus an óige, a chur chun cinn i bpróisis pholaitiúla agus chinnteoireachta atá freagrúil, cuimsitheach, rannpháirteach agus ionadaíoch ar gach leibhéal.

4. Déanfaidh na Páirtithe spás cumasúcháin a chaomhnú agus a leathnú do shochaí shibhialta ghníomhach, eagraithe, trédhearcach, agus an ról atá aici á admháil maidir leis an daonlathas, cearta an duine, saoirsí bunúsacha, an ceartas sóisialta agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh orthu, agus mar chosantóir sealbhóirí ceart agus an smachta reachta, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht agus cuntasacht intíre a neartú.

5. Féachfaidh na Páirtithe, á admháil dóibh go dtairgtear ardán leis an idirlíon chun eolas agus smaointe a chomhroinnt, le leas iomlán a bhaint as poitéinseal na réiteach digiteach chun rochtain phoiblí chomhionann ar fhaisnéis ar gach leibhéal agus cinnteoireacht rannpháirteach chur chun cinn, agus chun inniúlacht dhigiteach a fheabhsú, agus aghaidh á tabhairt ar na rioscaí mí-úsáide, agus dearcthaí oscailte i leith na héagsúlachta agus na hurraime don éagsúlacht á gcur chun cinn.

*Airteagal 12*

**Dea-rialachas**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil an dea-rialachas ag brath ar rialtais thrédhearcacha, fhreagracha, chuntasacha agus rannpháirteacha, agus ar shásraí formhaoirseachta iomchuí. Aontaíonn na Páirtithe go bhfuil an dea-rialachas ríthábhachtach maidir le cearta uile an duine, prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a urramú. Geallann siad go mbeidh rochtain ag cách ar sheirbhísí poiblí gan aon idirdhealú. Geallann siad freisin go mbeidh an trédhearcacht agus an chuntasacht ina ngnéithe lárnacha den dea-rialachas agus d'fhorbairt institiúidí.

2. Geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad bainistiú trédhearcach cuntasach ar acmhainní daonna, nádúrtha, eacnamaíocha agus airgeadais ar mhaithe le comhroinnt chothromasach sochar agus le forbairt inbhuanaithe.

3. Geallann na Páirtithe go gcruthóidh siad timpeallacht lena gcumasófar trédhearcacht agus cuntasacht rathúil sa riarachán poiblí, lena n-áirítear sláine agus neamhspleáchas na n-institiúidí rialachais a fheabhsú. Déanfaidh na Páirtithe córais fhónta um bainistiú airgeadais phoiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar córais iad a bheidh i gcomhréir le bunphrionsabail na héifeachtachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta, d'fhonn airgeadas poiblí a chosaint agus seachadadh seirbhísí poiblí a fheabhsú trí dheireadh a chur le scrogaill riaracháin agus trí dhul i ngleic le heasnaimh rialála.

4. Áiritheoidh na Páirtithe trédhearcacht agus cuntasacht sa chistiú poiblí, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, agus i seachadadh seirbhísí poiblí. Feabhsóidh siad an bailiú ioncaim agus rachaidh siad i ngleic le himghabháil agus seachaint cánach, agus le sreabha aindleathacha airgeadais. Comhaontaíonn siad go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile i gcomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus páirt a ghlacadh in idirphlé tráthúil comhpháirtíochta ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le hábhair a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.

5. Déanfaidh na Páirtithe an t-éilliú a chomhrac ar gach leibhéal agus gach foirm de a chomhrac, beartais chomhordaithe frithéillithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus a chothabháil , ar léiriú iad ar phrionsabail an smachta reachta, ar bhainistiú cuí gnóthaí poiblí agus maoine poiblí, ar shláine, ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht. Glacfaidh siad bearta reachtacha agus bearta eile chun breabaireacht agus claonchasadh, míleithreasú nó aon atreorú eile acmhainní ag oifigigh phoiblí chun a leasa dhírigh nó indírigh a chosc agus a ionchúiseamh, agus chun sócmhainní a fhaightear trí éilliú a aisghabháil agus a fháil ar ais.

6. Aithníonn na Páirtithe prionsabail an dea-rialachais i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear na caighdeáin dhomhanda maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom, agus caighdeáin íosta i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS), agus geallann siad go gcuirfidh siad na prionsabail sin chun feidhme. Cuirfidh siad an dea-rialachas i gcúrsaí cánach chun cinn, feabhsóidh siad an comhar idirnáisiúnta i réimse an chánachais agus éascóidh siad bailiú ioncaim ó chánacha. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht a mhéadú chun na prionsabail agus na caighdeáin sin a chomhlíonadh agus chun tairbhe a bhaint as earnáil airgeadais a bhfuil rath uirthi agus atá riailbhunaithe. Comhaontaíonn siad go nglacfaidh siad páirt in idirphlé tráthúil comhpháirtíochta ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cánach.

7. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh an dea-rialachas mar bhonn agus mar thaca ag a mbeartais intíre agus idirnáisiúnta agus gur gné bhunúsach den Chomhaontú seo é. Comhaontaíonn siad freisin go bhfuil cásanna tromchúiseacha éillithe, lena n-áirítear gníomhartha breabaireachta as a dtagann éilliú den sórt sin, ina sárú ar an ngné sin.

*Airteagal 13*

**Riarachán poiblí**

Geallann na Páirtithe, agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht a bhaineann le córais agus próisis seirbhíse sibhialta a bhfuil acmhainní maithe acu, atá éifeachtúil agus éifeachtach agus a bhfuil bonn láidir acmhainní daonna fúthu, go gcothaítear comhoibriú sa réimse sin. Comhaontaíonn siad freisin go gcomhoibreoidh siad d'fhonn a riaracháin phoiblí a nuachóiriú agus seirbhís shibhialta atá cuntasach, éifeachtúil, trédhearcach agus gairmiúil a fhorbairt. Chuige sin, díreofar leis na hiarrachtaí ar, *inter alia*, éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú, méadú a chur ar éifeachtacht na n-institiúidí maidir le seachadadh seirbhísí, dlús a chur le himscaradh na seirbhísí ríomhrialachais agus digiteacha agus digitiú na gclárlann poiblí, agus na próisis dílárúcháin a threisiú, i gcomhréir lena straitéisí forbartha eacnamaíche agus sóisialta faoi seach.

*Airteagal 14*

**Staidreamh**

1. Déanfaidh na Páirtithe, á admháil dóibh go bhfuil staidreamh ríthábhachtach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, a gcórais staidrimh a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear bailiú, próiseáil, rialú cáilíochta agus scaipeadh staidrimh, d'fhonn rannchuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach gurb ann do shonraí imdhealaithe ar ardchaighdeán, a bheidh inchomparáide go hidirnáisiúnta, inrochtana, tráthúil agus iontaofa, toisc go bhfuil na sonraí sin ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht chun tacú lena dtosaíochtaí forbartha sóisialta agus eacnamaíche faoi seach, agus chun tacú le dul chun cinn agus faireachán a dhéanamh air.

2. Geallann na Páirtithe go méadóidh siad an litearthacht staidrimh agus go ndéanfaidh siad an úsáid a bhaintear as sonraí don chinnteoireacht a chur chun cinn trí dhul i mbun plé le húsáideoirí sa rialtas agus lasmuigh de, agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus foinsí nua sonraí. Comhoibreoidh siad maidir le húsáid na teicneolaíochta chun sonraí a bhailiú agus a chosaint agus déanfaidh siad scaipeadh staidrimh inchomparáide ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach a chur chun cinn.

3. Áiritheoidh na Páirtithe neamhspleáchas gairmiúil a n-oifigí staidrimh.

*Airteagal 15*

**Sonraí pearsanta**

1. Aithníonn na Páirtithe an leas coiteann atá acu ó thaobh ceart chun príobháideachta gach duine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le réisímí láidre cosanta sonraí a chothabháil agus forfheidhmiú éifeachtach na réisímí sin a áirithiú. Áiritheoidh siad, *inter alia*, go bpróiseáiltear sonraí pearsanta go cóir agus ar bhealach trédhearcach agus go mbaileofar iad chun críoch sainráite, sonraithe agus dlisteanach agus nach bpróiseáiltear iad ar bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘próiseáil’ aon oibríocht nó aon tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, cibé acu an ea nó nach ea trí mhodhanna uathoibrithe, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú.

2. Áiritheoidh na Páirtithe ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta gach duine aonair i gcomhréir leis na caighdeáin iltaobhacha atá ann cheana agus le hionstraimí agus cleachtais idirnáisiúnta dlí. Chuige sin, bunóidh siad réimsí agus beartais iomchuí dlí agus rialála, chomh maith le hacmhainneacht iomchuí riaracháin chun iad a chur chun feidhme, lena n-áirítear údaráis mhaoirseachta neamhspleácha.

*TEIDEAL II*

***Síocháin agus slándáil***

*Airteagal 16*

Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil, lena n-áirítear slándáil agus athléimneacht an duine, ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe agus don rathúnas. Ní féidir forbairt inbhuanaithe a bheith ann gan an tsíocháin agus an tslándáil agus gan forbairt chuimsitheach, ní féidir síocháin agus slándáil inbhuanaithe a bheith ann. Saothróidh na Páirtithe cur chuige uileghabhálach comhtháite maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna lena n-áirítear staideanna leochaileachta, rachaidh siad i ngleic le leathadh arm ollscriosta, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na coireanna tromchúiseacha go léir is údar imní don chomhphobal idirnáisiúnta. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar bhagairtí slándála, bídís ina mbagairtí nua nó ina mbagairtí atá ag méadú, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht eagraithe, leathadh arm ollscriosta, an phíoráideacht agus an gháinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí, ar airm agus ar earraí aindleathacha eile, agus an chibearchoireacht agus bagairtí ar an gcibearshlándáil.

*Airteagal 17*

**Coinbhleachtaí agus géarchéimeanna**

1. Cuirfidh na Páirtithe cur chuige comhtháite i bhfeidhm i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, lena n-áirítear iarrachtaí coisc, idirghabhála, réitigh agus athmhuintearais mar aon le bainistiú géarchéime, síochánaíocht agus tacaíocht síochána. Tacóidh siad leis an gceartas idirthréimhseach le bearta comhthéacs-sonracha lena gcuirtear chun cinn an fhírinne, an ceartas, an cúiteamh agus ráthaíochtaí maidir le hathsháruithe. Rannchuideoidh siad le forbairt institiúidí agus le cothú stáit agus le slándáil an duine, agus aird ar leith á tabhairt ar staideanna leochaileachta.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bunchúiseanna na coinbhleachta agus na héagobhsaíochta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu go hiomlánaíoch. Tabharfaidh siad aird ar leith ar rialachas éifeachtach na n-acmhainní nádúrtha, go háirithe i ndáil le hamhábhair, chun go mbainfidh an tsochaí trí chéile tairbhe inbhuanaithe astu agus chun a áirithiú nach gcuirfidh saothrú neamhdhleathach agus trádáil neamhdhleathach le coinbhleacht a chruthú agus a chothú.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá idirphlé agus comhairliúchán ar bhonn urraim fhrithpháirteach mar mhodh chun coinbhleachtaí a réiteach, agus údaráis agus pobail áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí sochaí sibhialta, rannpháirteach ann. Sa chomhthéacs sin, gníomhóidh siad i ndlúthchomhar le heagraíochtaí ilchríochacha agus réigiúnacha.

4. Déanfaidh na Páirtithe gach gníomhaíocht oiriúnach ar bhealach comhordaithe chun géarú foréigin a chosc, chun leathadh críochach an fhoréigin a theorannú, agus chun réiteach síochánta ar dhíospóidí a éascú. Tabharfaidh siad aird ar leith ar a áirithiú go n-úsáidtear acmhainní airgeadais i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí an Chomhaontaithe seo, agus ar atreorú cistí chun críoch cogaíochta a chosc. Déanfaidh na Páirtithe bearta freisin chun gníomhaíochtaí saighdiúirí tuarastail a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na leanbhshaighdiúirí agus féachfaidh siad le teorainneacha freagracha ar chaiteachas míleata a shocrú.

5. Déanfaidh na Páirtithe gach gníomhaíocht oiriúnach i staideanna iarchoinbhleachta chun an staid a chobhsú san idirthréimhse chun filleadh ar staid neamhfhoréigneach, chobhsaí agus dhaonlathach a éascú. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin tacú le dí-armáil agus le díshlógadh mar aon le hiarchomhraiceoirí a chur ar ais sa tsochaí agus iad a ath-lánpháirtiú ar bhealach inbhuanaithe sa tsochaí. Áiritheoidh na Páirtithe go gcruthófar na naisc riachtanacha idir bearta éigeandála, athshlánú agus spriocanna forbartha níos fadtéarmaí.

6. Déanfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach go léir a chur chun cinn, lena n-áirítear mná agus daoine óga, i gcothú na síochána, i gcosc coinbhleachtaí, in idirghabháil, i réiteach agus i bhfreagairt dhaonnúil, agus i mbainistiú géarchéime, sa tsíochánaíocht agus i dtacaíocht síochána. Measann na Páirtithe gur den tábhacht é aghaidh a thabhairt ar staid na mban agus na gcailíní is íospartaigh foréigin inscnebhunaithe i gcoinbhleachtaí, agus aghaidh a thabhairt ar fhadhb shainiúil na coireachta agus an fhoréigin in aghaidh daoine leochaileacha agus daoine faoi mhíchumas.

*Airteagal 18*

**Neamhleathadh arm ollscriosta**

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil leathadh arm ollscriosta (AOS), agus a modhanna seachadta, ar ghníomhaithe stáit agus ar ghníomhaithe neamhstáit araon, ar cheann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Comhaontaíonn na Páirtithe, dá bhrí sin, go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cur i gcoinne leathadh AOS agus a modhanna seachadta, agus go rannchuideoidh siad féin ina leith sin, agus iad ag comhlíonadh agus ag cur chun feidhme na n-oibleagáidí atá orthu cheana faoi chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta um dhí-armáil agus neamhleathadh, agus oibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta eile. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo an fhoráil seo.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe, dá bhrí sin, go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cur i gcoinne leathadh AOS agus a modhanna seachadta; i dtosach báire, trí bhearta a dhéanamh chun na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha uile a shíniú, a dhaingniú nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí, agus iad a chur chun feidhme ina n-iomláine agus iad a chomhlíonadh go hiomlán; ar an dara dul síos trí chóras éifeachtach rialaithe onnmhairí a bhunú agus a chothabháil, ar córas é lena rialófar onnmhairiú agus aistriú earraí atá bainteach le AOS, lena n-áirítear rialú ar úsáid deiridh AOS ar theicneolaíochtaí dé-úsáide agus ina bhfuil smachtbhannaí éifeachtacha i leith sáruithe ar rialuithe onnmhairí; agus ar an tríú dul síos trí chomhoibriú i bhfóraim iltaobhacha agus i réisímí rialaithe onnmhairí.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbunóidh siad idirphlé comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 3 lena gcomhlánófar agus lena gcomhdhlúthófar a gcomhar maidir le leathadh AOS agus a modhanna seachadta a chomhrac.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile – i bhfianaise go bhféadfadh tionchar an-suaiteach a bheith ag rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ar shochaithe agus á aithint dóibh go bhféadfaidís eascairt as gníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear leathadh aindleathach, gáinneáil, sceimhlitheoireacht, timpistí nó guaiseacha nádúrtha, amhail paindéimí – d'fhonn an acmhainneacht institiúideach a threisiú chun na rioscaí sin a mhaolú.

*Airteagal 19*

**Coireanna tromchúiseacha is údar imní don phobal idirnáisiúnta**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go ngníomhóidh siad le chéile chun cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a chosc trí leas a bhaint as creataí déthaobhacha agus iltaobhacha iomchuí, i gcomhréir le prionsabal na freagrachta as cosaint.

2. Áiritheoidh na Páirtithe, á athdhearbhú dóibh nár cheart na coireanna is tromchúisí is ábhar imní don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine a bheith gan phionós, go ndéanfar imscrúdú agus ionchúiseamh cóir éifeachtach ina leith trí bhearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí.

3. Measann na Páirtithe gur forbairt thábhachtach ar son na síochána agus an cheartais idirnáisiúnta é bunú agus feidhmiú éifeachtach na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC). Athdhearbhaíonn siad a dtiomantas comhoibriú go hiomlán le sásraí ceartais choiriúil náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear ICC, i gcomhréir le prionsabal na comhlántachta. Moltar dóibh Reacht na Róimhe de ICC agus ionstraimí gaolmhara a dhaingniú agus a chur chun feidhme, agus éifeachtacht ICC a fheabhsú a thuilleadh. Déanfar iarrachtaí sásraí ceartais choiriúil a neartú ar gach leibhéal.

*Airteagal 20*

**Sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin, á athdhearbhú dóibh go gcáineann siad go láidir gníomhartha uile na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe, na gníomhartha sin a chomhrac trí chomhar idirnáisiúnta, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis an dlí idirnáisiúnta, le coinbhinsiúin agus ionstraimí ábhartha. Oibreoidh na Páirtithe, á aithint dóibh gur tosaíocht i bpáirt acu comhrac na sceimhlitheoireachta, sna foirmeacha agus sna dóigheanna uile a léirítear í, le chéile ar gach leibhéal chun an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú a chosc agus a chomhrac. Agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis na tosca go léir lena gcuirtear le hantoisceachas foréigneach sna foirmeacha go léir, lena n-áirítear éadulaingt reiligiúnach, fuathchaint, seineafóibe, ciníochas chomh maith le cineálacha eile éadulaingthe, geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus go gcothóidh siad an chaoinfhulaingt reiligiúnach agus an t-idirphlé idir-reiligiúnach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gur den ríthábhacht é go ndéanfar comhrac na sceimhlitheoireachta a sheoladh agus lánurraim á tabhairt don smacht reachta agus i gcomhréir go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, rúin agus ráitis ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bonneagar criticiúil a chosaint, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus lena ndéantar difear do theorainneacha, agus chun slándáil na heitlíochta sibhialta a neartú.

*Airteagal 21*

**Coireacht eagraithe**

1. Déanfaidh na Páirtithe, agus iad ag admháil na n-impleachtaí diúltacha polaitiúla, eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta a ghabhann le gníomhaíochtaí coiriúla eagraithe, an comhar a neartú chun na gníomhaíochtaí sin a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Oibreoidh siad le chéile faoi chur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus chun roghanna eile ar choireacht a sholáthar. I ndáil leis sin, tabharfaidh siad aghaidh ar na naisc idir an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, an gháinneáil aindleathach ar airm, ar ábhair ghuaiseacha, ar thámhshuanaigh agus a réamhtheachtaithe, ar an bhfiadhúlra, ar adhmad agus ar earraí cultúrtha, agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eacnamaíocha agus airgeadais eile.

2. Geallann na Páirtithe go neartóidh siad iarrachtaí an gháinneáil ar dhaoine a chosc, a chomhrac agus a dhíothú agus go dtacóidh siad le creataí agus straitéisí reachtacha agus institiúideacha iomchuí a dhréachtú agus a chur chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine ar leochaileach a gcás, lena n-áirítear mná, leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha, agus ar na riachtanais shonracha atá acu. Leanann na Páirtithe de bheith ag seasamh le caighdeáin Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 15 Samhain 2000, agus leis an bPrótacal a ghabhann leis chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith.

3. Cuirfidh na Páirtithe leis na hiarrachtaí sócmhainní goidte a aisghabháil agus a chur ar ais agus gach cineál coireachta eagraithe a chomhrac. I ndáil leis sin, neartóidh siad creataí dlíthiúla agus riaracháin chun sciúradh airgid agus sreabha airgeadais aindleathacha a chomhrac, lena n-áirítear calaois fhioscach agus calaois soláthair phoiblí, agus éilliú gníomhach agus éighníomhach san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, a bhféadfadh éifeacht dhíblitheach a bheith aige ar shlógadh acmhainní intíre.

4. Déanfaidh na Páirtithe slándáil na saoránach a chur chun cinn, agus béim faoi leith á leagan ar institiúidí agus ar an smacht reachta a neartú, ar chearta an duine a chosaint, agus ar athchóirithe in earnáil an cheartais agus na slándála a chothú. Cuirfidh siad chun cinn cláir ildisciplíneacha a bheidh dírithe ar chabhrú le grúpaí leochaileacha agus ar thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin, lena n-áirítear foréigean gunna, chomh maith le hidirghabháil agus réitigh eile um chosc agus um athmhuintearas pobalbhunaithe.

*Airteagal 22*

**Slándáil mhuirí**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go neartóidh siad an tslándáil mhuirí, go háirithe agus aghaidh á tabhairt ar chineálacha éagsúla coireachta a dhéantar ar muir agus gáinneáil neamhdhleathach, cur i gcoinne na píoráideachta agus na robála armtha ar muir, bonneagair ríthábhachtacha mhuirí a chosaint, agus an tsaoirse loingseoireachta agus an smacht reachta ar muir a chur chun cinn, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh i mBá Montego an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS).

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go neartóidh siad a gcuid iarrachtaí i réimse fhorfheidhmiú an dlí mhuirí chun dul i ngleic le bagairtí muirí sna tíortha is mó atá thíos le coireanna a dhéantar ar muir. Comhaontaíonn siad go n-atreiseoidh siad próisis imscrúdúcháin agus ionchúisimh mar bhealach chun coireanna a dhéantar ar muir a chomhrac. Comhaontaíonn siad freisin go ndéanfaidh siad cur chun feidhme samhlacha ionchúisimh píoráideachta laistigh den dlínse náisiúnta a chur chun cinn mar fhreagairt réigiúnach ceartais choiriúil agus mar shásra díspreagtha i gcoinne coireanna a dhéantar ar muir, amhail píoráideacht, robáil armtha, truailliú mara agus uisce, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhrugaí agus ar airm agus loingsiú dramhaíle núicléach. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad tionscnaimh réigiúnacha a chur chun cinn i réimsí na slándála muirí, chomhrac na píoráideachta agus na cosanta ar thruailliú mara.

*Airteagal 23*

**Mionairm agus armáin éadroma agus gnáth-armáin eile**

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil leathadh mionarm agus armán éadrom aindleathach ina bhagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-atreiseoidh siad comhrac thrádáil aindleathach, charnadh iomarcach, agus leathadh neamhrialaithe mionarm, armán éadrom agus gnáth-armán eile agus a n-armlón, lena n-áirítear mar thoradh ar stoic agus ar stoc-chairn nach ndaingnítear go leordhóthanach agus a bhainistítear go míchuí, i gcomhréir le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad rianú rúnfhaisnéis-bhunaithe na líonraí gáinneála a chur chun cinn chun an riosca leanúnach i leith na cobhsaíochta réigiúnaí de bharr eis-sreabha mórscála stoc stáit a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Oibreoidh siad i dtreo feabhas a chur ar acmhainneachtaí náisiúnta na n-aonad inniúil forfheidhmithe dlí agus na bpointí fócasach chun airm thine aindleathacha agus sonraí gaolmhara a bhaineann leis an gceartas coiriúil a bhailiú, a urghabháil, a rianú agus a anailísiú, chun feabhas a chur ar an tuiscint maidir le sreabha aindleathacha gáinneála agus chun faireachán a dhéanamh ar shreabha aindleathacha gáinneála, agus chun tacú le malartú faisnéise agus leis an gcomhar idirnáisiúnta.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé rialuithe ar thrádáil idirnáisiúnta gnáth-arm, lena n-áirítear a n-allmhairiú agus a n-onnmhairiú, a chur ar bun i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana, lena n-áirítear an Conradh Trádála Arm, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 2 Aibreán 2013, agus rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe. Féachfaidh siad leis na rialuithe sin a chur i bhfeidhm ar bhealach freagrach, mar rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus chun fulaingt an chine dhaonna a laghdú, agus chun cosc a chur ar atreorú gnáth-arm chuig gníomhaithe neamhúdaraithe. Aithníonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá rialáil intíre agus rialuithe intíre ar éadáil agus sealbhú arm tine ar bhonn dlíthiúil, d'fhonn an foréigean armtha a laghdú.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn mianaigh agus fuílligh phléascacha chogaidh, lena n-áirítear gairis phléascacha sheiftithe, a ghlanadh.

*Airteagal 24*

**Drugaí aindleathacha**

1. Féachfaidh na Páirtithe lena áirithiú go mbeidh cur chuige uileghabhálach, cothrom, comhtháite agus fianaisebhunaithe ann chun trádáil aindleathach drugaí agus substaintí sícighníomhacha nua a chosc agus chun aghaidh a thabhairt uirthi, chomh maith leis an éileamh ar dhrugaí a laghdú. Chun na críche sin, tabharfaidh siad aghaidh ar na fachtóirí riosca lena ndéantar difear do dhaoine aonair, do phobail agus don tsochaí, a bhféadfadh easpa seirbhísí, riachtanais bhonneagair, foréigean a bhaineann le drugaí, eisiamh, imeallú agus díscaoileadh sóisialta a bheith ar áireamh iontu, d'fhonn rannchuidiú le sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh beartais agus gníomhaíochtaí drugaí, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, an chomhphobail eolaíochta agus lucht léinn, dírithe ar struchtúir a threisiú chun drugaí aindleathacha a chosc agus chun dul i ngleic leo go héifeachtach, rud a mbeidh de thoradh air go dtiocfaidh laghdú intomhaiste ar sholáthar drugaí aindleathacha agus ar an ngáinneáil orthu.

3. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le húsáid drugaí do dhaoine aonair agus don tsochaí ina hiomláine a laghdú, agus atreorú réamhtheachtaithe sceidealaithe agus neamhsceidealaithe agus gáinneáil aindleathach ar na réamhtheachtaithe a sceidealaithe agus neamhsceidealaithe sin, lena n-áirítear réamhtheachtaithe dearthóra, a laghdú go héifeachtach.

4. Oibreoidh na Páirtithe i ndlúthchomhar le chéile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha d'fhonn iarrachtaí agus gníomhaíochtaí comhordaithe i gcoinne na trádála aindleathaí drugaí a chothabháil.

*Airteagal 25*

**Cibearshlándáil agus cibearchoireacht**

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá timpeallacht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) atá oscailte, slán agus cobhsaí, inrochtana agus síochánta agus í bunaithe ar na noirm, na rialacha agus na prionsabail a bhaineann le hiompraíocht fhreagrach stáit agus leis an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana a chur i bhfeidhm. Chuige sin, geallann na Páirtithe go neartóidh siad an comhar chun an chibearshlándáil a chur chun cinn, chun an chibearchoireacht ardteicneolaíochta agus an choireacht leictreonach agus mí-úsáid sna meáin shóisialta a chosc agus a chomhrac, agus chun slándáil líonra a fheabhsú trí dhea-chleachtais a mhalartú lena gcuirtear leis an gcibear-athléimneacht, lena n-áirítear maidir le bonneagar criticiúil a chosaint.

2. Admhaíonn na Páirtithe gur gá an chibearchoireacht a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach ar leanaí ar líne, tríd an gcomhar agus trí dhea-chleachtais a mhalartú chun cionta cibearchoireachta a chomhrac, ag tógáil ar na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana, lena n-áirítear na noirm agus na caighdeáin sin atá i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht, arna dhéanamh i mBúdaipeist an 23 Samhain 2001, agus i gCoinbhinsiún an Aontais Afracaigh maidir le Cibearshlándáil agus Cosaint Sonraí Pearsanta, arna dhéanamh in Malabo an 27 Meitheamh 2014.

*Airteagal 26*

**Comhar i bhforfheidhmiú an dlí**

1. Déanfaidh na Páirtithe comhar a éascú idir údaráis, gníomhaireachtaí agus seirbhísí réigiúnacha agus idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, d'fhonn an choireacht thrasnáisiúnta agus bagairtí sceimhlitheoireachta is coiteann dóibh a chur as a riocht agus a threascairt. Leis an gcomhar sin, rannchuideofar le cosc na coireachta agus cuimseofar leis, *inter alia*, malartú tuairimí maidir le creataí reachtacha, mar aon le cúnamh riaracháin agus teicniúil atá dírithe ar chumais institiúideacha agus oibríochtúla na n-údarás forfheidhmithe dlí a neartú agus faisnéis agus bearta a bhaineann le himscrúduithe a mhalartú.

2. Déanfaidh na Páirtithe, agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht a bhaineann le teorainneacha slána, a ndícheall bainistiú a dhéanamh ar na dúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo agus lena ndéantar difear do theorainneacha, agus iad ag saothrú cur chuige um bainistiú comhtháite teorainneacha. Cuirfidh siad chun cinn freagairtí dlisteanacha trasearnálacha arb é is aidhm dóibh an choireacht trasteorann agus rioscaí eile a chosc, a bhrath agus, i gcás inarb iomchuí, a chur faoi chois.

*TEIDEAL III*

***Forbairt dhaonna agus shóisialta***

*Airteagal 27*

Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu oibriú le chéile ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe agus chun bochtaineacht de gach cineál a dhíothú, chun dul i ngleic le neamhionannais agus chun an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Comhaontaíonn siad freisin go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag cách chun saol faoi dhínit a theachtadh agus chun caighdeán leormhaith maireachtála a bheith acu, lena n-áirítear trí chórais iomchuí cosanta sóisialta agus trí sheirbhísí sóisialta. Tabharfaidh siad aird ar leith ar mhná agus ar chailíní, ar an óige, ar leanaí agus ar na daoine is leochailí agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste, i gcomhréir leis na prionsabail nach bhfágfar aon duine ar lár, agus go rachfar in araicis na ndaoine is faide ar gcúl ar dtús. Comhaontaíonn siad freisin go n-oibreoidh siad le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a eascraíonn as méadú tapa daonra.

Caibidil 1

**Rochtain ar sheirbhísí sóisialta**

*Airteagal 28*

**Oideachas**

1. Tacóidh na Páirtithe le foghlaim chuimsitheach ar feadh an tsaoil agus le hoideachas cothromasach ar ardchaighdeán ar gach leibhéal. Oibreoidh siad chun a áirithiú go gcríochnóidh gach cailín agus buachaill bunoideachas agus meánoideachas atá saor, cothromasach agus ar ardchaighdeán agus go mbeidh rochtain acu ar fhorbairt luath-óige, ar chúram agus ar oideachas réamh-bhunscoile ar ardchaighdeán, agus aird chuí á tabhairt ar bhearnaí inscne. Oibreoidh siad chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach bean agus fear ar oideachas teicniúil, ar ghairmoideachas agus ar oideachas treasach ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán, lena n-áirítear ollscolaíocht. Tabharfar aird ar leith ar infheistíocht a dhéanamh san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) agus ar oideachas digiteach agus ealaíon a chur chun cinn do chách.

2. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go bhfuil ag cách an t-eolas, na scileanna agus na cumais chun cáilíocht saoil fheabhsaithe a theachtadh, chun bheith lánpháirteach sa tsochaí, chun a gcion féin a dhéanamh ar mhaithe le dea-bhail shóisialta agus eacnamaíoch a bpobal, agus chun páirt ghníomhach chothromasach a ghlacadh sa saol daonlathach agus cultúrtha.

3. Déanfaidh na Páirtithe scoileanna sábháilte agus córais oideachais a fheidhmíonn go maith a chur chun cinn, agus beidh acmhainní leormhaithe ann chun éifeachtacht an tsoláthair oideachais agus oiliúna a phleanáil, a bhainistiú agus a chinntiú, lena n-áirítear trí mhodhanna ar líne agus trí mhodhanna neamhchoinbhinsiúnacha eile. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun córais dearbhaithe cáilíochta agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí a bhunú agus a neartú. Éascóidh siad soghluaisteacht mac léinn, foirne agus acadóirí idir na tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus an tAontas Eorpach agus i measc na dtíortha sin.

*Airteagal 29*

**Sláinte**

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an tsláinte lárnach i saol na ndaoine agus gur príomhtháscaire ar an bhforbairt inbhuanaithe í. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad don chaighdeán is airde is féidir sláinte coirp agus meabhrach a chosaint agus a chur chun cinn do chách.

2. Déanfaidh na Páirtithe na córais sláinte náisiúnta a neartú le sásraí agus acmhainní inbhuanaithe um maoiniú don tsláinte, bonneagair oibríochtúla, lucht saothair oilte sláinte, lena n-áirítear maidir le hearcaíocht agus coinneáil, agus teicneolaíochtaí iomchuí, amhail uirlisí digiteacha, chun tacú le forbairt na sláinte soghluaiste.

3. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn cumhdach sláinte uilíoch, rochtain chothromasach uilíoch ar sheirbhísí cúraim sláinte uileghabhálacha ar ardchaighdeán agus rochtain ar chógais agus vacsaíní bunriachtanacha atá sábháilte, éifeachtach, ar ardchaighdeán agus inacmhainne.

4. Comhoibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun galair theagmhálacha agus mórbhagairtí sláinte trasteorann eile amhail frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus chun ualach na ngalar neamhtheagmhálach a laghdú trí chosc agus rialú níos fearr. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna domhanda sláinte agus chun cosc a chur orthu géarú, *inter alia* trí thacú le córais réamhrabhaidh le haghaidh malartú tapa faisnéise, le hullmhacht agus le luathghníomhaíocht i dtaca le cúnamh daonnúil tarrthála, agus trí phleananna comhleanúnacha agus ilearnála a fhorbairt chun acmhainneacht na gcóras sláinte a fheabhsú. Tacóidh siad le taighde agus forbairt, agus le vacsaíní, diagnóisic agus cógais a imscaradh.

5. Tacóidh na Páirtithe le rochtain uilíoch ar thráchtearraí sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear seirbhísí le haghaidh pleanáil clainne, faisnéise agus oideachais, agus le sláinte atáirgthe a chomhtháthú i straitéisí agus i gcláir náisiúnta.

*Airteagal 30*

**Slándáil bia agus cothú feabhsaithe**

1. Aithníonn na Páirtithe gur mórdhúshlán domhanda é slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach i gcomhrac na bochtaineachta agus an neamhionannais atá ag dul i méid agus, dá bhrí sin, comhaontaíonn siad go dtabharfaidh siad aghaidh ar na cúiseanna struchtúracha atá leo, lena n-áirítear coinbhleachtaí, géarchéimeanna, díghrádú acmhainní nádúrtha agus athrú aeráide.

2. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn slite beatha athléimneacha, rochtain shlán ar acmhainní talún, acmhainní uisce agus acmhainní eile, agus cuirfidh siad fás cuimsitheach inbhuanaithe chun cinn i dtáirgeadh agus táirgiúlacht talmhaíochta, agus i slabhraí breisluacha éifeachtúla.

3. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn gníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maidir le hinathraitheacht ar fud na slabhraí breisluacha táirgthe bia.

4. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe rochtain a sholáthar do chách ar bhia inacmhainne, sábháilte, leordhóthanach agus cothaitheach, an acmhainneacht maidir le táirgeadh bia éagsúlaithe a mhéadú, agus forbairt a dhéanamh ar bheartais don tslándáil bia agus don chothú agus ar shásraí cosanta sóisialta le haghaidh slándáil bia agus le haghaidh cothú feabhsaithe lena gcuirtear le hathléimneacht na ndaoine is leochailí, go háirithe i dtíortha ina bhfuil géarchéimeanna athfhillteacha.

5. Neartóidh na Páirtithe iarrachtaí comhordaithe, brostaithe agus trasearnála chun deireadh a chur leis an ocras, chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál míchothaithe agus chun a áirithiú go seachnófar gorta i ngach imthoisc.

*Airteagal 31*

**Uisce, seirbhísí sláintíochta agus tithíocht**

1. Déanfaidh na Páirtithe rochtain uilíoch ar uisce óil leormhaith sábháilte a chur chun cinn, lena n-áirítear trí acmhainní uisce agus córais uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe comhtháite, agus trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as uisce agus as athchúrsáil uisce.

2. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe a áirithiú go bhfuil rochtain leormhaith chothromasach ann ar sheirbhísí sláintíochta, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola agus cur chun cinn an tsláinteachais do chách, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na mban agus na gcailíní agus orthu siúd ar leochaileach a gcás.

3. Admhaíonn na Páirtithe go mbíonn tionchar claochlaitheach ag tithíocht leormhaith, shábháilte agus inacmhainne ar phobail leochaileacha agus imeallaithe, agus go bhfuil tionchar suntasach aici ar shláinte na ndaoine agus ar fhorbairt shocheacnamaíoch a bpobal. Oibreoidh na Páirtithe chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar thithíocht leordhóthanach, shábháilte agus inacmhainne trí bheartais, straitéisí, cóid phleanála agus tógála a fhorbairt agus oibreoidh siad chun slumaí a uasghrádú.

4. Déanfaidh na Páirtithe rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chur chun cinn do chách, mar aon le córais fuinnimh sheanbhunaithe lena dtacaítear, *inter alia*, leis na hearnálacha uisce, seirbhísí sláintíochta agus tithíochta.

Caibidil 2

**Neamhionannas agus comhtháthú sóisialta**

*Airteagal 32*

**Comhtháthú agus cosaint shóisialta**

1. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe comhtháthú sóisialta a fheabhsú trí chomhionannas agus cuimsitheacht shóisialta níos fearr a bhaint amach de réir a chéile agus trína áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir le forbairt dhaonna agus shóisialta i gcomhthreo leis an bhforbairt eacnamaíoch, gan aon duine a fhágáil ar lár. Tabharfar aird ar leith ar na daoine sin atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear seanóirí agus dílleachtaí, i gcomhréir le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus an neamh-idirdhealaithe. Cuirfidh siad chun cinn, go háirithe:

(a) beartais eacnamaíocha atá dírithe ar shochaí níos cuimsithí, ionas gur féidir dáileadh níos fearr a dhéanamh ar ioncam agus ar luach a chruthaítear;

(b) beartais fhioscacha agus phá atá cothromasach agus fónta, lenar féidir athdháileadh níos fearr a dhéanamh ar rachmas, lena n-áirithítear leibhéil leormhaithe caiteachais shóisialta agus lena laghdaítear an geilleagar neamhfhoirmiúil;

(c) beartais shóisialta éifeachtacha agus rochtain chothromasach ar sheirbhísí sóisialta, ar chúnamh agus slándáil shóisialta, agus ar cheartas; agus

(d) beartais fostaíochta atá ceaptha chun fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil a bhaint amach do chách, lena n-áirítear do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus chun pá comhionann as obair chomhionann a bhaint amach.

2. Déanfaidh na Páirtithe forbairt agus cur chun feidhme beartas agus córas cosanta agus slándála sóisialta a chur chun cinn chun an bhochtaineacht a dhíothú agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú. Admhaíonn siad ról claochlaitheach na mbeartas agus na gcóras cosanta sóisialta i sochaithe, lena ndéantar an cothromas a chothú, an cuimsiú sóisialta agus idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, agus fás eacnamaíoch cuimsitheach cothromasach a neartú. Geallann siad go dtógfaidh siad córais cosanta sóisialta atá uilíoch ar bhonn forchéimnitheach agus atá faoi úinéireacht náisiúnta, lena n-áirítear bunchosaintí sóisialta a ghlacadh.

3. Déanfaidh na Páirtithe cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn chun a áirithiú go gcuimseofar go hiomlán sa tsochaí iad agus go mbeidh rannpháirtíocht chomhionann acu sa mhargadh saothair, agus a riachtanais shonracha á gcur san áireamh. Déanfaidh siad céimeanna nithiúla chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 13 Nollaig 2006, a shíniú, a dhaingniú agus a chur chun feidhme go hiomlán.

*Airteagal 33*

**Obair chuibhiúil**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad d'fhostaíocht iomlán tháirgiúil agus d'obair chuibhiúil a bhaint amach do gach bean agus fear, lena n-áirítear do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas. Chuige sin, cuirfidh siad chun cinn an Clár Oibre um Obair Chuibhiúil mar a leagtar amach é sa Dearbhú maidir le Ceartas Sóisialta ar mhaithe le Domhandú Cothrom ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), 2008.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a n-oibleagáidí mar chomhaltaí de EIS mar aon lena ngealltanais faoi Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus faoin obair leantach a ghabhann leis. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad don idirphlé sóisialta agus do chur chun cinn agus cur chun feidhme éifeachtach na gcroíchaighdeán saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainítear iad i gcoinbhinsiúin agus i bprótacail ábhartha EIS maidir le saoirse comhlachais agus leis an gceart chun cómhargála, don saothar éigeantais a dhíothú agus do dheireadh a chur leis an sclábhaíocht nua-aimseartha agus leis an ngáinneáil ar dhaoine, agus do dheireadh a chur le saothar leanaí agus tús áite á thabhairt do na cineálacha is measa de, d'aois íosta ag an obair, do luach saothair comhionann agus don neamh-idirdhealú i ndáil le fostaíocht. Déanfaidh siad iarrachtaí leanúnacha gan stad na coinbhinsiúin agus na prótacail sin a dhaingniú, nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí, mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill.

3. Déanfaidh na Páirtithe timpeallachtaí oibre sábháilte slána a chur chun cinn do gach oibrí. Glacfaidh siad bearta agus beartais maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde, sa gheilleagar foirmiúil agus sa gheilleagar neamhfhoirmiúil araon, agus cuirfidh siad chun feidhme iad, agus oibreoidh siad chun córas éifeachtach cigireachta saothair a bhunú agus a chothabháil, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta saothair mar atá sainithe ag EIS.

## Caibidil 3

## Daonra agus forbairt

*Airteagal 34*

**Déimeagrafaíocht**

1. Admhaíonn na Páirtithe gur féidir tionchar suntasach a bheith ag an bhfás déimeagrafach agus ag athruithe déimeagrafacha ar ghnóthachain san fhorbairt agus ar dhul chun cinn eacnamaíoch, agus oibreoidh siad le chéile i dtreo cur chuige comhtháite lena n-íoslaghdófar na dúshláin agus lena mbainfear an leas is mó is féidir as an díbhinn dhéimeagrafach. Chuige sin, beidh sé d'aidhm acu athchóirithe struchtúracha agus claochluithe i gcórais eacnamaíocha agus sóisialta a bhunú, a thacú, a chothabháil agus a chothú chun deiseanna cuibhiúla oideachais, fostaíochta agus slí beatha a chruthú do dhaonra óg atá ag teacht chun cinn.

2. Tacóidh na Páirtithe le próisis chuimsitheacha idirphlé maidir le beartais agus cuimseoidh siad treochtaí agus réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha sna beartais uile chun rannpháirtíocht iomlán ghníomhach leanaí agus daoine óga sa tsochaí a chumhachtú agus a chur chun cinn, agus chun riachtanais daoine scothaosta a chumhachtú agus a choimirciú agus chun a rannpháirteachas gníomhach a chumasú.

3. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar uirbiú atá cuimsitheach inbhuanaithe, trí rialachas agus pleanáil uirbeach éifeachtach, d'fhonn aon drochthionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon iarmhairtí diúltacha sóisialta agus eacnamaíocha eile a eascraíonn as fás tapa an daonra i limistéir uirbeacha. Oibreoidh siad chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin agus ar na deiseanna a thagann as uirbiú tapa, lena n-áirítear trí bheartais náisiúnta uirbeacha, pleanáil uirbeach chomhtháite rannpháirtíochta, seachadadh seirbhísí cathrach lena n-áirítear bainistiú dramhaíola, agus maoiniú na forbartha uirbí agus na mbonneagar uirbeach, d'fhonn cathracha agus bailte atá athléimneach agus ar féidir maireachtáil iontu a chruthú.

*Airteagal 35*

**An Óige**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga sa tsochaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus in obair leantach na mbeartas lena ndéantar difear dóibh. Áireofar air sin:

(a) tacú le sealbhú eolais, scileanna agus cumas chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, lena n-áirítear scileanna atá ábhartha maidir leis an margadh saothair, tríd an oideachas, tríd an ngairmoiliúint agus tríd an oiliúint theicniúil, agus trí rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha;

(b) deiseanna cuibhiúla fostaíochta a chruthú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht óige; agus

(c) cumhachtú na ndaoine óga agus saoránacht fhreagrach a chur chun cinn, trí spásanna a oscailt do rannpháirtíocht ghníomhach na hóige sa saol polaitiúil agus cultúrtha, agus i dtógáil agus i gcothú na síochána, lena n-áirítear d'fhonn cur i gcoinne an radacaithe agus an antoisceachais fhoréignigh.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné ríthábhachtach é timpeallacht shábháilte chothaitheach a sholáthar do leanaí ó thaobh daonra óg sláintiúil a chothú, agus iad in ann barr a gcumais a bhaint amach, lena n-áirítear gnéithe fisiciúla, síceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha. Oibreoidh siad chun a áirithiú go n-aithneofar agus go réadófar cearta agus riachtanais na gcailíní agus na mbuachaillí ón mbreith agus ón luath-óige go dtí an ógántacht agus iad ag teacht in inmhe ina ndaoine fásta. Oibreoidh siad chun feabhas a chur ar chosaint leanaí agus ar a rannpháirtíocht i gcinntí a bhaineann leo.

*Airteagal 36*

**An comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní**

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil an comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban bunriachtanach chun forbairt inbhuanaithe chothromasach agus fás cuimsitheach a bhaint amach. Gabhfaidh siad athchóirithe orthu féin, lena n-áirítear trí chreataí dlíthiúla a chruthú agus a chomhdhlúthú, chun cearta comhionanna a thabhairt do mhná ar acmhainní eacnamaíocha agus airgeadais, mar aon le rochtain ar thalamh agus ar acmhainní nádúrtha, agus ar úinéireacht agus rialú na talún agus na n-acmhainní nádúrtha sin, agus chun cearta comhionanna a thabhairt do mhná ar oidhreacht agus ar chineálacha eile maoine. Gabhfaidh siad gníomhaíochtaí orthu féin chun rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na mban sa saol polaitiúil a mhéadú.

Déanfaidh na Páirtithe, de bhreis ar rochtain chomhionann ar fhostaíocht agus ar choinníollacha cuibhiúla oibre, aitheantas don chúram neamhíoctha agus don obair tí a chur chun cinn trí sheirbhísí poiblí, bonneagar agus beartais cosanta sóisialta a sholáthar, agus trí fhreagrachtaí comhroinnte laistigh den líon tí agus den teaghlach i gcoitinne a chur chun cinn.

2. Geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus torthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe agus geallann siad go seasfaidh siad le sláinte gnéis agus atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, sa chomhthéacs sin.

3. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil bainistiú na sláinte míosta tábhachtach do shláinte na mban agus na gcailíní, agus dá ndínit, dá soghluaisteacht agus dá ndea-bhail, agus comhaontaíonn siad, dá bhrí sin, go ndéanfaidh siad bearta leormhaithe iomchuí tacaíochta a chur chun cinn.

Caibidil 4

**Cultúr**

*Airteagal 37*

**Cultúr agus forbairt inbhuanaithe**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur príomhghné den fhorbairt inbhuanaithe é an cultúr agus gur dlúthchuid é dá gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. Geallann siad go ndéanfaidh siad peirspictíocht chultúrtha a chomhtháthú ina mbeartais agus astraitéisí forbartha, trí shainiúlachtaí cultúrtha agus córais eolais áitiúla agus dhúchasacha a chur san áireamh.

2. Neartóidh na Páirtithe an méid a chuireann gníomhaithe cultúrtha leis an bhforbairt inbhuanaithe trína rannpháirtíocht in idirphlé feabhsaithe, i líonraí gairmiúla agus i gcomhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra.

*Airteagal 38*

**Éagsúlacht chultúrtha agus comhthuiscint**

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh gan bhac i saol cultúrtha an phobail, i gcomhréir le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus geallann siad go gcosnóidh siad agus go gcaomhnóidh siad cearta cultúrtha agus saoirse daoine iad féin a chur in iúl trí na healaíona.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad chun cinn fís don fhorbairt dhaonna agus shóisialta ina gcuimsítear idirphlé i measc cultúr agus aitheantas don éagsúlacht chultúrtha mar oidhreacht choiteann an chine dhaonna. Geallann siad go neartóidh siad an chomhthuiscint agus an t-eolas frithpháirteach ar chultúir a chéile, agus urraim chuí á léiriú don éagsúlacht, do luachanna uilíocha agus do chearta an duine, tríd an ngné chultúrtha san oideachas a chothú, chomh maith le malartuithe cultúrtha agus tionscnaimh chomhpháirteacha atá dírithe ar idirphlé idirchultúrtha a spreagadh.

3. Aithníonn na Páirtithe an ról atá ag an gcultúr i gcaomhnú na síochána agus an chomhtháthaithe náisiúnta. Dearbhaíonn siad gur den ríthábhacht é urraim a thabhairt d'éagsúlacht na gcultúr, don chaoinfhulaingt, don idirphlé agus don chomhar, i dtimpeallacht muiníne agus tuisceana frithpháirtí, chun an tsíocháin agus an tslándáil a bhunú agus a chothabháil agus sna próisis athmhuintearais, mar aon leis an gcomhchuimhne agus na naisc shóisialta a athbhunú i measc na bpobal. Neartóidh siad ról an chultúir ó thaobh fhorbairt na hathléimneachta de, agus ó thaobh téarnamh agus atógáil inbhuanaithe iar-ghéarchéime a bhaint amach, go háirithe san fhorbairt uirbeach.

*Airteagal 39*

**An oidhreacht chultúrtha agus na hearnálacha cruthaitheacha**

1. Cuirfidh na Páirtithe aitheantas na hoidhreachta chun cinn mar fhachtóir aontaitheach, lena bhféadfaí féiniúlachtaí agus oidhreachtaí éagsúla a léiriú, agus cruthú comhluachanna a chothú acu. Oibreoidh siad chun an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe araon a chosaint, a chaomhnú, a choimeád slán agus a fhorbairt, i gcomhréir le caighdeáin agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta mar mheán don chomhtháthú sóisialta, don chruthaitheacht agus don nuálaíocht.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gur cuid dhílis den fhás eacnamaíoch cuimsitheach, den éagsúlú agus de chruthú deiseanna fostaíochta iad earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear na healaíona comhaimseartha. Chuige sin, tacóidh siad leis an bhfiontraíocht chultúrtha agus le forbairt fhadtéarmach earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

3. Déanfaidh na Páirtithe bearta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta atá ann, chun allmhairiú, onnmhairiú agus aistriú úinéireachta aindleathach maoine cultúrtha a chosc agus a chomhrac. Déanfaidh siad caomhnú, fothú acmhainneachta agus comhoibriú i measc gairmithe de chuid na hoidhreachta cultúrtha, na bpobal foinse agus na n-institiúidí cultúrtha a chur chun cinn, agus saothróidh siad comhar idirnáisiúnta agus idirphlé leanúnach chun rochtain ar an oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn.

*TEIDEAL IV*

***Fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach, inbhuanaithe***

*Airteagal 40*

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé a gcaidreamh eacnamaíoch a neartú ar mhaithe leis an leas coiteann agus ar mhaithe leis an sochar frithpháirteach, d'fhonn claochlú struchtúrach eacnamaíoch a bhaint amach trí fhás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach inbhuanaithe i gcomhréir leis na SDGanna, agus a leibhéil forbartha faoi seach á gcur san áireamh. Saothróidh siad straitéisí comhtháite ina gcuimsítear gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na forbartha inbhuanaithe. Déanfaidh siad bearta iomchuí chun poist chuibhiúla a ghiniúint do chách agus chun tacú leis an aistriú chuig geilleagair astaíochtaí ísle atá tíosach ar acmhainní. Tacóidh siad le cumhachtú socheacnamaíoch na ngrúpaí imeallaithe, na mban agus na hóige.

2. Tacóidh na Páirtithe le forbairt na hearnála príobháidí, agus déanfaidh siad infheistíocht intíre agus choigríche a tharraingt chucu féin agus a choinneáil, lena n-áirítear infheistíochtaí óna ndiaspóra. Neartóidh siad an trádáil agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir leis an eolaíocht, leis an teicneolaíocht, leis an nuálaíocht agus leis an taighde d'fhonn geilleagair láidre iomaíocha éagsúlaithe a bhunú, d'fhonn an comhtháthú réigiúnach a dhoimhniú, agus comhtháthú gheilleagair Chomhaltaí OACPS i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda a chothú. Oibreoidh siad i dtreo cobhsaíocht fheabhsaithe mhaicreacnamaíoch agus airgeadais chun infheistíocht mhéadaithe a ghiniúint agus chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a láidriú. Comhaontaíonn siad go bhfeabhsóidh siad na hacmhainneachtaí táirgeachta agus rialála, go neartóidh siad an fhiontraíocht agus go ndéanfaidh siad an mhonaraíocht agus an tionsclú a chur chun cinn, ag díriú ar an nuálaíocht agus ar an mbreisluach san earnáil tháirgiúil agus san earnáil seirbhísí. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí a neartú chun claochlú struchtúrach eacnamaíoch a éascú agus chun trádáil inbhuanaithe a fheabhsú.

3. Cuirfidh na Páirtithe idirphlé poiblí príobháideach chun cinn is idirphlé ina ndíreofar ar shaincheisteanna lena n-imrítear tionchar dearfach ar a n-iarrachtaí i dtaca le claochlú eacnamaíoch agus le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, agus rachaidh siad i mbun plé leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir agus áiritheoidh siad go ndéanfar cearta an duine agus croíchaighdeáin saothair a urramú agus a chosaint.

## Caibidil 1

## **Infheistíocht**

### *Airteagal 41*

### **Infheistíocht inbhuanaithe fhreagrach a shlógadh**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin infheistíocht inbhuanaithe fhreagrach a shlógadh d'fhonn fás agus forbairt eacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe a fheabhsú. Chuige sin, bunóidh siad timpeallacht fhabhrach infheistíochta, lena meallfar infheistíocht intíre agus choigríche, lena n-áirítear infheistíocht óna ndiaspóra, agus a lena ndéanfar cothabháil ar an gceart rialáil trí chreataí rialála, riaracháin agus beartais atá trédhearcach, intuartha agus éifeachtúil.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfaidh siad tacaíocht do na hathchóirithe agus do na beartais eacnamaíocha agus institiúideacha is gá atá bunaithe ar straitéis fhoriomlán forbartha tíre agus atá comhleanúnach agus sineirgisteach ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn timpeallacht fhabhrach a chruthú don infheistíocht inbhuanaithe agus d'fhonn forbairt earnála príobháidí dinimiciúla, inmharthana agus iomaíche a éascú.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun córais fhónta airgeadais a bhunú chun infheistíocht a shlógadh do thionscadail inbhuanaithe. Déanfaidh siad bearta chun tacú le hinfheistíocht trí rochtain ar mhaoiniú a mhéadú trí chúnamh teicniúil, deontais, ráthaíochtaí agus ionstraimí nuálacha airgeadais chun riosca a mhaolú, muinín infheisteoirí a mhéadú agus foinsí príobháideacha agus poiblí airgeadais a ghiaráil. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh siad san áireamh freisin gur gá aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamaí agus, ag an am céanna, áiritheoidh siad breisíocht infheistíochta nach mbeadh tar éis tarlú murach na bearta tacaíochta sin. Tabharfaidh siad aird ar leith ar na hearnálacha tosaíochta a shocraítear in Airteagal 44(6).

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad feabhas ar an timpeallacht rialála agus ar cháilíocht, infhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí airgeadais agus neamhairgeadais, chun tacú le forbairt micrifhiontar agus fiontar beag agus mheánmhéide (MFBManna) i gcomhthéacs slógadh infheistíochta intíre.

5. Tuigeann agus aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá infheistíocht fhreagrach ag na gníomhaithe ábhartha mar bhealach chun luach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil fadtéarmach inbhuanaithe a bhaint amach. Chun tacú leis an gcuspóir sin, cuirfidh siad chun cinn cleachtais freagrachta sóisialta corparáidí (CSR) agus iompar freagrach gnó (RBC), lena n-áirítear treoirlínte cur chun feidhme, caighdeáin agus ionstraimí infheidhme a aithnítear go hidirnáisiúnta agus lena soláthraítear treoraíocht d'infheisteoirí, do rialtais agus do ghníomhaithe eile maidir le CSR agus RBC a chur chun feidhme mar chomhlánú ar dhlíthe náisiúnta agus ar reachtaíocht eile is infheidhme.

### *Airteagal 42*

### **Infheistíocht a éascú agus a chosaint**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-éascóidh siad infheistíocht trí reachtaíocht, rialacháin agus beartais arb é is aidhm dóibh bacainní rialála agus riaracháin a laghdú, an trédhearcacht a fheabhsú agus iomaíocht atá díobhálach don infheistíocht a sheachaint. Comhaontaíonn siad go bhforbrófar na bearta sin ar bhealach trédhearcach, agus go soláthrófar go poiblí iad chun idirphlé poiblí príobháideach a spreagadh agus chun deis a sholáthar do na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun úsáid éifeachtach uirlisí digiteacha a chur chun cinn chun infheistíocht a éascú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe, i gcomhréir lena straitéisí faoi seach, ar a thábhachtaí atá sé deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint leormhaith a sholáthar d'infheistíochtaí seanbhunaithe, a mbeidh an chóir a dhéanfar orthu neamh-idirdhealaitheach agus a n-áireofar uirthi sásraí éifeachtacha chun díospóidí a chosc agus a réiteach. Chuige sin, athdhearbhaíonn siad a thábhachtaí atá sé comhaontuithe idirnáisiúnta infheistíochta a thabhairt i gcrích lena gcaomhnófar go hiomlán a gceart ceannasach infheistíocht a rialáil chun críoch beartais phoiblí dlisteanach.

4. Neartóidh na Páirtithe acmhainneacht na n-institiúidí ábhartha poiblí agus príobháideacha infheistíocht a chur chun cinn agus a éascú go héifeachtach, agus díospóidí a bhaineann le hinfheistíocht a chosc agus a láimhseáil.

## Caibidil 2

## **Fás eacnamaíoch, éagsúlú agus tionsclú**

### *Airteagal 43*

### **Fás cuimsitheach inbhuanaithe**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá an claochlú eacnamaíoch, forbairt na hearnála príobháidí agus an dul chun cinn tionsclaíoch ar mhaithe le fás cuimsitheach inbhuanaithe. Cuirfidh siad fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil chun cinn do chách trí fheabhas a chur ar an iomaíochas, ar an éagsúlú, ar an digitiú, ar an nuálaíocht, ar an rochtain ar mhaoiniú, ar an mbreisluach sna hearnálacha monaraíochta agus seirbhísí, agus ar naisc idir earnálacha agus tionscail. Tabharfaidh siad aird ar leith MFBManna áitiúla agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhfhoirmiúla a chur ar bhonn foirmiúil.

2. Déanfaidh na Páirtithe an t-aistriú chuig geilleagar íseal-astaíochtaí agus atá tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Tacóidh siad le cineálacha inbhuanaithe cur chuige maidir le tomhaltas agus táirgeadh, le bainistiú dramhaíola agus ceimiceán atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus le bearta lena laghdaítear gach cineál truaillithe. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné ríthábhachtach de chur chun cinn na forbartha eacnamaíche inbhuanaithe é an t-uirbiú dea-bhainistithe. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile, dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin agus ar na deiseanna a eascraíonn as uirbiú tapa, agus tacóidh siad leis an bhforbairt uirbeach agus le bonneagair uirbeacha agus le naisc éifeachtacha idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, go háirithe chun tacú le cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta agus cumhachtú na mban, na hóige agus na ndaoine is boichte agus is leochailí. Comhaontaíonn siad freisin go n-áiritheoidh siad go n-urramófar na caighdeáin saothair agus shóisialta a chumhdaítear i gcoinbhinsiúin agus prótacail EIS agus go n-áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ann ar an gceartas faoi phróis chuí, lena n-áirítear leigheasanna iomchuí éifeachtacha.

### *Airteagal 44*

### **Claochlú eacnamaíoch agus tionsclú**

1. Neartóidh na Páirtithe an comhar i réimse an chlaochlaithe eacnamaíoch, lena n-áirítear an tionsclú. Cuirfidh siad chun cinn an t-aistriú ó spleáchas ar thráchtearraí go geilleagair éagsúlaithe, agus déanfaidh siad tairbhiú acmhainní nádúrtha, breisiú luacha agus comhtháthú i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda a chur chun cinn. Comhaontaíonn siad ar an ról tábhachtach atá ag an earnáil seirbhísí sa chlaochlú eacnamaíoch agus sa tionsclú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tacú le forbairt a dhéanamh ar acmhainneachtaí táirgeachta, ar tháirgiúlacht fheabhsaithe, ar an éagsúlú agus ar an iomaíochas. Féachfaidh siad le srianta ó thaobh an tsoláthair de a shárú, *inter alia* trí nuálaíocht agus feabhsú teicneolaíochta agus scaipeadh na nuálaíochta agus an fheabhsaithe sin a chur chun cinn, trí thimpeallachtaí feabhsaithe gnó agus infheistíochta, trí acmhainneachtaí rialála neartaithe, trí chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch chomh maith le margaí éifeachtúla caipitil agus córais fhónta airgeadais a fhorbairt chun go mbeidh rochtain níos fearr ann ar mhaoiniú, go háirithe ag an earnáil phríobháideach. Chuige sin, dearbhaíonn siad a thábhachtaí atá digitiú an gheilleagair chun dlús a chur le fothú na hacmhainneachta táirgeachta. Beidh an fócas ar earnálacha agus ar thionscail lena mbaineann breisluach ard agus poitéinseal mór ó thaobh cruthú post cuibhiúil.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin feabhas a chur ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais trí bheartais fhioscacha agus airgeadaíochta atá fónta trédhearcach a shaothrú agus athchóirithe eacnamaíocha agus struchtúracha a chur chun cinn chun timpeallacht fhabhrach a chruthú d'infheistíochtaí méadaithe agus chun forbairt na hearnála príobháidí a chothú. Aithníonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá neamhspleáchas na mbanc ceannais ó thaobh a gcuspóirí beartais a leagan síos agus a mbeartais airgeadaíochta a sheoladh. Ina theannta sin, comhaontaíonn siad go gcothabhálfaidh siad an t-idirphlé agus go malartóidh siad faisnéis idir a n-údaráis, de réir mar is iomchuí, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar bhunghnéithe gheilleagair na bPáirtithe faoi seach.

4. Déanfaidh na Páirtithe iarrachtaí a threisiú san oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme agus sa taighde agus nuálaíocht, agus déanfaidh siad na bearta sin a nascadh ar bhealach níos éifeachtaí le deiseanna agus riachtanais scileanna an mhargaidh saothair. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun taithí a chéile a ghiaráil, lena n-áirítear ó thaobh forbairt acmhainneachtaí táirgeachta trí fhorbairt scileanna agus trí aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn, ó thaobh naisc a chothú idir gnólachtaí de chuid Chomhaltaí OACPS agus de chuid Pháirtí an AE, agus béim á leagan ar MFBManna.

5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an ról suntasach atá ag an mbonneagar chun aghaidh a thabhairt ar shrianta ó thaobh an tsoláthair de agus ó thaobh slabhraí iomaíocha breisluacha réigiúnacha agus foréigiúnacha a fhorbairt trí ghluaiseacht éifeachtúil earraí, seirbhísí agus caipitil a éascú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun bonneagar éifeachtúil inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear aeriompar, iompar ar tír agus muiriompar, fuinneamh, uisce agus nascacht dhigiteach agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais éagsúla na ngeilleagar is lú forbairt, talamhiata agus oileánach. Dá réir sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun acmhainní poiblí agus príobháideacha a shlógadh lena n-áirítear trí infheistíocht le haghaidh forbairt bonneagair.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe, agus iad ag gealladh go saothróidh siad fás eacnamaíoch comhroinnte, go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile, *inter alia*, ar na réimsí seo a leanas, a measfar gur earnálacha tosaíochta iad: talmhaíocht agus gnó talmhaíochta, beostoc agus leathar, an geilleagar gorm, iascach, tionscail mhianadóireachta agus eastóscacha, tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, turasóireacht inbhuanaithe, fuinneamh inbhuanaithe, TFC, agus iompar. Leagann na Páirtithe béim ar ról suntasach na n-earnálacha sin maidir le breisluach, cruthú post cuibhiúil, acmhainneachtaí táirgeachta a fheabhsú agus maidir leis na hiarrachtaí foriomlána claochlú eacnamaíoch a bhaint amach. Dá réir sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun tiomántóirí an fháis do gach earnáil a shonrú, chun infheistíocht a shlógadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na srianta lena gcuirtear bac ar naisc siar agus ar aghaidh a bhunú.

7. Cuirfidh na Páirtithe an t-idirphlé chun cinn, spreagfaidh siad aistriú scileanna agus teicneolaíochta, oibreoidh siad chun slabhraí breisluacha a fheabhsú, agus neartóidh siad an comhar chun eispéiris a chomhroinnt agus chun dea-chleachtais a scaipeadh san earnáil talmhaíochta. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin chun tacú le sásraí agus le creataí chun táirgeadh talmhaíochta atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a mhéadú.

*Airteagal 45*

**Forbairt na hearnála príobháidí**

1. Ag aithint dóibh a thábhachtaí atá forbairt na hearnála príobháidí maidir le claochlú eacnamaíoch agus cruthú post, beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe an fhiontraíocht a chur chun cinn agus iomaíochas na bhfiontar a fhorbairt agus a fheabhsú. Díreofar go háirithe ar MFBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, go háirithe trí chreataí cumasúcháin dlíthiúla, riaracháin agus institiúideacha a chur chun cinn, d'fhonn iad a chomhtháthú go rathúil i slabhraí inbhuanaithe soláthair agus breisluacha. Tabharfar aird freisin ar an earnáil neamhfhoirmiúil agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhfhoirmiúla a uasghrádú ina ngníomhaíochtaí foirmiúla agus ar spreagadh a thabhairt do chomhtháthú cuspóirí a bhaineann leis an inbhuaine i samhlacha gnó. Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe go dtacóidh siad le forbairt na fiontraíochta i measc na mban agus na hóige i gcomhthéacs a gcumhachtaithe eacnamaíoch agus chur chun cinn na forbartha cuimsithí. Dearbhaíonn siad a thábhachtaí atá sé acmhainneachtaí réigiúnacha agus náisiúnta a fhorbairt chun feabhas a chur ar an iomaíochas sa mhonaraíocht mheánteicneolaíochta agus ardteicneolaíochta.

2. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhóraim ghnó de chuid na hearnála príobháidí. Neartóidh siad an comhar chun eispéiris a chomhroinnt agus chun dea-chleachtais a scaipeadh lena gcothaítear an fhiontraíocht, lena gcuirtear an t-idirphlé agus teagmhálacha ar bhonn gnólacht le gnólacht chun cinn, agus lena músclaítear aistrithe scileanna agus teicneolaíochta.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gá straitéisí a bhunú agus beartais um chuimsiú airgeadais níos fearr agus reachtaíocht iomchuí a fhorbairt, agus rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí airgeadais agus neamhairgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear trí shásraí um maoiniú nuálach forbraíochta, agus aird ar leith á tabhairt ar chreidmheas inacmhainne a sholáthar d'fheirmeoirí teaghlaigh, d'fheirmeoirí beaga, do FBManna, do mhná agus d'fhiontraithe óga.

4. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil ról lárnach ag foinsí airgeadais poiblí agus ag foinsí airgeadais príobháideacha araon ó thaobh tacú le forbairt na hearnála príobháidí, go háirithe trí uirlisí agus sásraí amhail comhpháirtíochtaí phríobháideacha poiblí (CPPanna) agus maoiniú cumaiscthe, agus i ndáil le hinfheistíocht a spreagadh in earnálacha ábhartha éagsúla, lena n-áirítear forbairt bonneagair. Dá réir sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun creataí agus straitéisí trédhearcacha intuartha a fhorbairt maidir le húsáid CPPanna, lena n-áirítear acmhainneachtaí institiúideacha a neartú chun tionscadail a chaibidil, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu faoi shocrú CPP.

## Caibidil 3

## Eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus taighde

### *Airteagal 46*

### Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht

1. Aithníonn na Páirtithe ról na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta (STI) ó thaobh teorainneacha an eolais a leathnú, ó thaobh an t-aistriú a luathú agus dul chun tosaigh de léim i dtreo na forbartha inbhuanaithe trí chlaochlú eacnamaíoch, trí bhreisiú slabhraí breisluacha agus trí naisc idir gnólachtaí, ó thaobh forbairt eolais agus cumhachtú daoine, mná agus daoine óga go háirithe, a chothú, agus ó thaobh tacú le lucht déanta cinntí agus beartais agus an fhorbairt inbhuanaithe á saothrú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo sochaithe eolais a fhorbairt. Comhaontaíonn siad go n-infheisteoidh siad i gcaipiteal daonna, go ndéanfaidh siad glacadh creataí beartais agus rialála atá comhleanúnach uileghabhálach a chur chun cinn, agus go bhforbróidh siad nascacht bhonneagair agus uirlisí digiteacha.

3. Cuirfidh na Páirtithe leis an gcomhar ar bhonn comhleasa, ag tógáil ar na sásraí atá ann cheana agus ag an am céanna ag cíoradh bealaí nua chun faisnéis eolaíoch agus theicniúil a chistiú, faoi réir chosaint iomchuí éifeachtach na gceart maoine intleachtúla. Cuirfidh siad eolas dúchasach, traidisiúnta agus áitiúil chun cinn mar uirlis chun bearnaí eolais agus teicneolaíochta in earnálacha ábhartha a dhúnadh.

4. Spreagfaidh na Páirtithe infheistíocht i gcruthú, scaipeadh agus aistriú teicneolaíochtaí nua, agus aird ar leith á tabhairt ar theicneolaíochtaí glana nuálacha lena gcosnaítear an comhshaol. Cuirfidh siad an fuinneamh inathnuaite chun cinn agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht táirgeachta agus rialála a fhorbairt.

5. Díreoidh na Páirtithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí ar an tsochaí, rachaidh siad i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus áiritheoidh siad go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus breithneoidh siad éifeachtaí na teicneolaíochta bunathraithí, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus an róbataic.

6. Aithníonn na Páirtithe ról an spáis mar chumasóir le haghaidh tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha, lena n-áirítear i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, rialachas na n-aigéan, an iompair, an fhuinnimh, na talmhaíochta, na mianadóireachta agus na foraoiseachta. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile ar ábhair leasa choitinn i ngníomhaíochtaí sibhialta spáis amhail an taighde spáis, feidhmchláir agus seirbhísí na gCóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte, forbairt na gcóras méadúcháin atá bunaithe ar shatailítí, úsáid feidhmchláir agus seirbhísí um Fhaire na Cruinne agus na Domhaneolaíochta.

### *Airteagal 47*

### Taighde agus forbairt

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil taighde agus forbairt ríthábhachtach maidir le rathúnas eacnamaíoch agus deiseanna oibre cuibhiúla a chruthú, agus gur féidir leo rannchuidiú go mór le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach.

2. Spreagfaidh na Páirtithe eolas nua a ghiniúint agus a scaipeadh, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige, lena n-áirítear éifeachtaí díobhálacha, ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí á gcur san áireamh. Tacóidh siad le feabhsú scileanna chun cos a choinneáil leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus leis an nuálaíocht, agus tacóidh siad le soghluaisteacht agus oiliúint taighdeoirí. Cuirfidh siad comhpháirtíochtaí chun cinn idir an earnáil tionsclaíochta, an t-aos acadúil agus an earnáil phoiblí chomh maith le gníomhaíochtaí na hearnála príobháidí atá dírithe ar eolas a bhailiú agus ar smaointe a thástáil chun táirgí nua a bhfuil poitéinseal tráchtála iarbhír iontu a ghiniúint, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar an óige mar nuálaithe.

3. Déanfaidh na Páirtithe infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt a chur chun cinn go háirithe i gcodanna ard-bhreisluacha de shlabhraí breisluacha, agus féachfaidh siad le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, go háirithe i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, an fhuinnimh, na sábháilteachta agus na slándála bia, agus na sláinte.

*Airteagal 48*

**TFC agus an geilleagar digiteach**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an deighilt dhigiteach a laghdú trí chomhar a chur chun cinn maidir le forbairt na sochaí digití ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí trí rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear TFC arna n-oiriúnú do na cúinsí áitiúla. Tacóidh na Páirtithe le bearta lena gcumasaítear rochtain éasca ar TFC trí, i measc nithe eile, úsáid a bhaint as foinsí inacmhainne agus inathnuaite fuinnimh agus trí líonraí gan sreang ar chostas íseal a fhorbairt agus athimscaradh. Oibreoidh siad freisin i dtreo chomhlántacht agus chomhchuibhiú níos fearr na gcóras cumarsáide agus iad a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil ról lárnach ag an ngeilleagar digiteach ó thaobh athrú a threisiú agus a luathú is athrú ar féidir leis éagsúlú eacnamaíoch suntasach a thiomáint, poist a chruthú agus fás as cuimse a chumasú. Comhaontaíonn siad go ndéanfaidh siad an digitiú a chur ar aghaidh d'fhonn costais idirbhirt a laghdú agus neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú, agus é mar aidhm uileghabhálach acu an táirgiúlacht agus an inbhuaine a fheabhsú.

3. Déanfaidh na Páirtithe an fhiontraíocht dhigiteach a chur chun cinn agus a thacú, go háirithe i measc na mban agus na hóige, agus claochlú digiteach MFBManna. Spreagfaidh siad forbairt na ríomhthráchtála chun slabhraí soláthair a athchóiriú agus margaí a leathnú, agus spreagfaidh siad leathnú na ríomhbhaincéireachta, lena n-áirítear chun costais seoltán a laghdú, agus spreagfaidh siad réitigh ríomhrialachais a imscaradh.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtaca le forbairt agus bainistiú beartas príobháideachais agus cosanta sonraí, bearta a chur chun cinn chun sreabha sonraí a éascú, agus tacú leis an gcreat rialála chun táirgeadh, díol agus seachadadh táirgí agus seirbhísí digiteacha a chur chun cinn.

## Caibidil 4

## **Comhar trádála**

*Airteagal 49*

**Trádáil agus forbairt inbhuanaithe**

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus cosaint an chomhshaoil spleách ar a chéile agus go dtreisíonn siad a chéile. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad, ag féachaint go cuí dá leibhéil forbartha faoi seach, d'fheabhas a chur ar chomhtháthú na forbartha inbhuanaithe, arb é atá ann an fhorbairt eacnamaíoch, an fhorbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, i ngach gné dá gcaidreamh trádála chun fás inbhuanaithe a chur chun cinn. Chuige sin, spreagfaidh na Páirtithe ina gcaidreamh trádála ardleibhéal cosanta comhshaoil, sóisialta agus saothair, go háirithe na gealltanais sin cuspóirí na SDGanna arna gcomhaontú faoi Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, arb iad na gealltanais iad a shonraítear in Airteagal 54, Caibidlí 1 go 3 de Theideal V agus Caibidil 2 de Theideal III den Chuid seo. Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe nár cheart bearta comhshaoil agus sóisialta a úsáid chun críoch cosantaíochta.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gur míchuí trádáil agus infheistíocht a spreagadh trí ísliú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta intíre a thugtar i ndlíthe comhshaoil nó saothair, nó a dhéantar i bhforfheidhmiú na cosanta sin, nó an t-ísliú sin a thairiscint.

3. Aithníonn na Páirtithe a gcearta faoi seach chun cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le beartas forbartha inbhuanaithe a chinneadh agus a leibhéil cosanta intíre féin a bhunú sna réimsí sóisialta, saothair agus comhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, de réir mar a mheasann siad is iomchuí, ar choinníoll nach bhfuil na dlíthe agus na beartais arna nglacadh ar neamhréir lena ngealltanais i leith caighdeáin chosanta a aithnítear go hidirnáisiúnta agus i leith comhaontuithe ábhartha.

4. Déanfaidh na Páirtithe trádáil táirgí a fhaightear trí bhainistiú inbhuanaithe, trí chaomhnú agus trí úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha a chur chun cinn. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile freisin chun go gcuirfear chun cinn trádáil earraí agus seirbhísí agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear i dtaca le táirgí monaraithe agus athmhonaraithe ísealcharbóin, fuinneamh inathnuaite, agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun comhleanúnachas agus tacaíocht fhrithpháirteach idir beartais trádála, saothair agus comhshaoil a chur chun cinn, agus neartóidh siad an t-idirphlé agus an malartú faisnéise agus dea-chleachtas maidir le gnéithe trádála den fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear le páirtíocht geallsealbhóirí ábhartha. Sa chomhthéacs sin, comhaontaíonn siad go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin chun cleachtais freagrachta sóisialta corparáidí agus iompar freagrach gnó , lena n-áirítear treoirlínte, caighdeáin agus ionstraimí infheidhme a aithnítear go hidirnáisiúnta, a chur chun cinn trí na cleachtais sin a chuimsiú i ngníomhaíochtaí trádála agus gnó. Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm ag an gcomhar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann le gnéithe trádála de scéimeanna dearbhaithe inbhuanaithe deonacha príobháideacha agus poiblí atá nasctha, *inter alia*, leis an saothar, leis an gcomhshaol, le caomhnú na bithéagsúlachta, le húsáid agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní foraoise agus le cleachtais inbhuanaithe iascaireachta agus le trádáil táirgí iascaigh a bhainistítear go hinbhuanaithe.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcothabhálfaidh siad nó go mbunóidh siad, i gcás inarb iomchuí, córais chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na gcaighdeán agus na gcomhaontuithe ábhartha sóisialta, saothair agus comhshaoil a aithnítear go hidirnáisiúnta agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin, i gcomhthéacs a gcaidrimh trádála, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí institiúideacha a neartú chun an reachtaíocht ábhartha a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 50*

**Socruithe trádála**

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cur leis an méid a baineadh amach le Comhaontú Cotonou i gcomhthéacs a gcaidrimh trádála. Leagann siad béim ar thábhacht na trádála ina gcaidreamh foriomlán agus gabhann siad orthu féin diansaothrú agus éagsúlú sreabh trádála a chur chun cinn chun a leasa fhrithpháirtigh, go háirithe d'fhonn geilleagair chomhaltaí OACPS a chomhtháthú sna slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go seolfar an comhar trádála i gcomhréir leis an gcóras iltaobhach riailbhunaithe trádála d'fhonn feabhas a chur ar thrádáil shaor, chothrom agus oscailte chun fás agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe i gComhaltaí OACPS. Chuige sin, comhlíonfar leis an gcomhar na hoibleagáidí a ghlacann na Páirtithe orthu féin laistigh de chreat na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), lena n-áirítear forálacha le haghaidh cóir speisialta agus dhifreálach.

3. Admhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé socruithe trádála a thabhairt i gcrích, chun deiseanna trádála níos mó a bhaint amach agus chun a lánpháirtiú éifeachtach sa gheilleagar domhanda a chothú. Aithníonn na Páirtithe a gceart faoi seach dul i mbun socruithe réigiúnacha nó iltaobhacha chun bearta neamhtharaife lena ndéantar difear do thrádáil earraí agus seirbhísí a laghdú nó a dhíothú. Ina theannta sin, féachann na Páirtithe le teorannú a dhéanamh ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag a socruithe trádála faoi seach le tríú páirtithe ar na staideanna iomaíocha a theachtann gach Páirtí díobh i margaí baile na bpáirtithe eile.

4. Aithníonn na Páirtithe, ag cuimhneamh ar an ngá atá ann tógáil ar na socruithe fabhracha trádála agus ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche CCEnna) atá acu cheana mar ionstraimí dá gcomhar trádála, go neartófar an comhar go príomha chun tacú le cur chun feidhme nithiúil na n-ionstraimí sin atá ann cheana.

5. Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh an creat CCE cuimsitheach agus go gcuirfear san áireamh ann ilchineálacht na staideanna i gComhaltaí agus i réigiúin OACPS ag céimeanna éagsúla den phróiseas CCE, agus leibhéal forbartha Chomhaltaí OACPS. Athdhearbhaíonn sínitheoirí na CCEnna a thiomanta atá siad gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán iad, rud ba cheart a bheith ina chuidiú lena bhfás agus a bhforbairt eacnamaíoch agus ag an am céanna ag cur leis na próisis lánpháirtithe réigiúnacha a dhoimhniú san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé raon feidhme CCEnna a leathnú agus aontachas na mBallstát nua a spreagadh. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcothabhálfaidh siad nó go mbunóidh siad, ar na leibhéil iomchuí, socruithe ACC-AE chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CCEnna agus chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar fhorbairt gheilleagair Chomhaltaí OACPS ar fud réigiúin ACC agus ar a bpróisis lánpháirtithe réigiúnaigh.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe sna CCEanna faoi seach go dtuigtear gurb ionann na tagairtí atá i gComhaontú Cotonou do na forálacha maidir le bearta iomchuí agus tagairtí do na forálacha comhfhreagracha sa Chomhaontú seo.

7. Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe go gcuideoidh a gcomhar le dlús a chur le hiarrachtaí agus próisis lánpháirtithe réigiúnaigh san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus le trádáil réigiúnach laistigh de ACC a spreagadh a thuilleadh.

8. Leagann na Páirtithe béim ar a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht ghníomhach in EDT agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile trí theacht chun bheith ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí sin agus trína gclár oibre agus a ngníomhaíochtaí a leanúint go dlúth. Comhaontaíonn siad go mbeidh dlúthchomhar eatarthu chun a leasanna coiteanna sa chomhar idirnáisiúnta eacnamaíoch agus trádála, in EDT go háirithe, a shonrú agus a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, tabharfar aird ar leith ar an rochtain ar mhargadh an Aontais Eorpaigh agus ar mhargaí eile atá ag earraí agus seirbhísí de bhunadh Chomhaltaí OACPS a fheabhsú.

9. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá an tsolúbthacht i rialacha EDT chun na leibhéil éagsúla forbartha i dtíortha agus réigiúin ACC a chur san áireamh chomh maith leis na deacrachtaí a bhíonn ann a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, comhaontaíonn siad ina theanna sin go mbeidh comhar eatarthu chun an acmhainneacht is gá agus is iomchuí a fhorbairt chun a dtiomantais faoi EDT a chur chun feidhme go héifeachtach. Aithníonn na Páirtithe freisin an cur chuige nuálach maidir le cóir speisialta agus dhifreálach ar gné dhílis de Chomhaontú EDT um Éascú Trádála (TFA) é, lena gcuirtear ar chumas LDCanna agus na dtíortha i mbéal forbartha a ngealltanais a chur chun feidhme ina n-iomláine, ag brath ar an tacaíocht trádála is gá a chur i gcrích i gcomhréir lena bhfógraí cur chun feidhme faoi TFA.

10. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an idirphlé chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leasa choitinn trádála agus ar shaincheisteanna leasa choitinn a bhfuil baint acu le trádáil. Comhaontaíonn siad go ndéanfaidh siad páirtíocht na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí san idirphlé sin a chur chun cinn.

*Airteagal 51*

**Trádáil seirbhísí**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe gur cumhachtach an t-inneall í an trádáil seirbhísí chun a ngeilleagair a fhás agus a fhorbairt agus athdhearbhaíonn siad ina theannta sin a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi seach faoi Chomhaontú Ginearálta EDT maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

2. Geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go bhfeabhsóidh siad an trádáil seirbhísí, go háirithe ó thaobh modhanna soláthair lena ngabhann leas onnmhairithe dóibh, lena n-áirítear gluaiseacht daoine nádúrtha chun críoch gnó, agus in earnálacha a measann siad gur tosaíochtaí iad, lena n-áirítear earnáil TFC, turasóireacht, iompar, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí airgeadais, agus seirbhísí spóirt agus earnálacha tosaíochta eile de réir mar is iomchuí.

3. Agus Airteagal 39(2) á chur san áireamh, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht soláthair seirbhísí a bhaineann le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an trádáil seirbhísí d'fhonn an rochtain ar mhargaí a éascú agus an trádáil a fheabhsú. Ina theannta sin, comhaontaíonn siad go neartóidh siad a gcomhar chun tacú le forbairt creataí agus acmhainneachtaí rialála intíre, chun feabhas a chur ar chumas na soláthraithe seirbhíse rialacháin agus caighdeáin Pháirtí an AE agus Chomhaltaí OACPS a chomhlíonadh ar an leibhéal ilchríochach, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta, agus chun spreagadh a thabhairt do bhunú comhaontuithe aitheantais fhrithpháirtigh, i gcás inarb iomchuí, sna hearnálacha seirbhísí lena ngabhann leas frithpháirteach dá dtagraítear i mír 2.

5. Admhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá seirbhísí costéifeachtacha éifeachtúla muiriompair mar an phríomhchóir iompair lena n-éascaítear an trádáil. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar iomaíochas na seirbhísí muiriompair tríd an nascacht a neartú chun feabhas a chur ar shreabhadh sábháilte earraí agus daoine san earnáil muiriompair. Chuige sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile sna fóraim iomchuí chun an muiriompar a léirscaoileadh mar an phríomhchóir iompair chun an trádáil a éascú. Cumasóidh siad rochtain ar na margaí muiriompair idirnáisiúnta agus ar chalafoirt agus ar sheirbhísí sna calafoirt, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus tráchtála. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun seirbhísí costéifeachtacha éifeachtúla muiriompair a fhorbairt agus a chur chun cinn i gComhaltaí OACPS d'fhonn rannpháirtíocht oibreoirí Chomhaltaí OACPS i seirbhísí loingseoireachta idirnáisiúnta a mhéadú.

*Airteagal 52*

**Réimsí atá bainteach le trádáil**

1. Admhaíonn na Páirtithe tábhacht mhéadaitheach na mbeart neamhtharaife (NTManna) sa trádáil de réir mar a thiteann bacainní taraifí. Aithníonn siad, dá bhrí sin, gur gá comhar a bheith ann d'fhonn faireachán a dhéanamh ar bhacainní neamhriachtanacha ar an trádáil agus iad a bhaint, agus ar an gcaoi sin an trádáil idir Páirtí an AE agus Comhaltaí OACPS agus i measc Chomhaltaí OACPS a mhéadú agus a éascú. I ndáil leis sin, comhaontaíonn na Páirtithe go gcothabhálfaidh siad nó go mbunóidh siad, i gcás inarb iomchuí, socruithe chun aghaidh a thabhairt ar NTManna a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar onnmhairí chuig margadh an taoibh eile.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfeabhsóidh siad an comhar eatarthu i réimse an chaighdeánaithe agus an deimhnithe earraí chun bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar an trádáil a chosc, a shainaithint agus a dhíothú laistigh de raon feidhme Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil ('Comhaontú BTT') agus féachfaidh siad le tógáil air tríd an trédhearcacht a mhéadú agus a neartú. Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh comhar eatarthu chun inniúlachtaí teicniúla agus bonneagar institiúideach a bhunú agus a fheabhsú maidir le hábhair a bhaineann le bacainní teicniúla ar an trádáil.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe cearta gach Páirtí bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú chun beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint ar a chríoch, agus é á áirithiú ag an am céanna nach gcruthófar leis na bearta SPS sin arna nglacadh ag gach Páirtí bacainní neamhriachtanacha ar an trádáil, de bhun Chomhaontú EDT ar Chur i bhFeidhm Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('Comhaontú SPS'). Chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe go bhfeabhsóidh siad an comhar eatarthu chun prionsabail agus disciplíní Chomhaontú SPS a chur chun feidhme go héifeachtach agus a leibhéil forbartha faoi seach á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláintíochta agus fíteashláintíochta, lena n-áirítear frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a bhainistiú, agus ábhair a bhaineann le leas ainmhithe, chun acmhainneachtaí na bPáirtithe a neartú agus rochtain ar mhargaí an Pháirtí eile a fheabhsú agus, ag an am céanna, an leibhéal iomchuí cosanta do dhaoine, d'ainmhithe agus do phlandaí a choimirciú.

4. Admhaíonn na Páirtithe go mbeartaítear leis an gcóras maoine intleachtúla dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn trí obair chruthaitheach agus nuálaíocht theicneolaíoch a spreagadh, go háirithe idir Páirtí an AE agus réigiúin ACC, agus ag an am céanna geilleagar atá níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, mar a shonraítear in Airteagal 7 de Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS'), ar cheart dó rannchuidiú le cur chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche agus le haistriú agus scaipeadh na teicneolaíochta, chun leasa fhrithpháirtigh táirgeoirí agus úsáideoirí eolais theicneolaíoch agus ar bhealach a chabhródh le leas sóisialta agus eacnamaíoch, agus le cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le cearta maoine intleachtúla a chosaint, lena n-áirítear cóipcheart agus cearta gaolmhara, trádmharcanna, tásca geografacha, dearaí tionsclaíocha, topagrafaíochtaí ciorcad iomlánaithe, cearta maidir le cineálacha plandaí agus paitinní. Áireofar ar an gcosaint sin freisin cosaint i gcoinne iomaíocht éagórach agus cosaint faisnéise neamhnochta. Leagann na Páirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé, sa chomhthéacs sin, go gcloífí le Comhaontú TRIPS, leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, arna dhéanamh in Rio de Janiero an 5 Meitheamh 1992, agus leis na coinbhinsiúin dá dtagraítear i gCuid I de Chomhaontú TRIPS, i gcomhréir lena leibhéal forbartha. Leagann na Páirtithe béim freisin ar a thábhachtaí atá an comhar agus an cúnamh teicniúil i réimse na maoine intleachtúla maidir leis na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna is gá chun forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla a áirithiú d'fhonn leibhéal éifeachtach cumhdaigh a bhaint amach, go háirithe i gComhaltaí OAC.

5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur den ríthábhacht é beartais agus rialacha éifeachtacha fónta iomaíochta a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme d'fhonn timpeallacht atá neamhdhíobhálach don infheistíocht, próiseas tionsclaithe inbhuanaithe agus trédhearcacht i ndáil le rochtain ar mhargaí a fheabhsú agus a dhaingniú. Dá bhrí sin, geallann siad go ndéanfaidh siad rialacha agus beartais náisiúnta nó réigiúnacha a chur chun feidhme chun dul i ngleic go héifeachtach le cleachtais ghnó fhrithiomaíocha, lena n-áirítear fóirdheontais a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna ndeonú ag na Páirtithe, a bhféadfaí leo feidhmiú cuí na margaí a shaobhadh agus dochar a dhéanamh do leasanna trádála na bPáirtithe eile. Gabhann na Páirtithe orthu féin cothrom iomaíochta a áirithiú idir rannpháirtithe sa mhargadh poiblí agus sa mhargadh príobháideach. Comhaontaíonn siad freisin an comhar a threisiú sa réimse seo d'fhonn beartais éifeachtacha iomaíochta a fhoirmliú agus a thacú leis na húdaráis iomchuí náisiúnta agus réigiúnacha, ar beartais iad a n-áirítear leo de réir a chéile go ndéantar na rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú go héifeachtúil. Sa chomhthéacs sin, comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh comhar eatarthu chun na hacmhainneachtaí leormhaithe a fhorbairt d'fhonn an creat dlíthiúil iomchuí a bhunú le haghaidh chosaint na hiomaíochta agus d'fhonn é a fhorfheidhmiú trí ghníomhaireachtaí iomaíochta iomchuí, go háirithe ar chríoch Chomhaltaí OACPS.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go méadóidh siad an comhar chun oibriú níos fearr na margaí idirnáisiúnta tráchtearraí agus trédhearcacht na margaí a áirithiú.

7. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá soláthar poiblí trédhearcach chun forbairt eacnamaíoch agus tionsclú a chur chun cinn. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá an comhar chun feabhas a chur ar an gcomhthuiscint ar a gcórais soláthair phoiblí faoi seach. Geallann na Páirtithe go mbeidh siad dílis do phrionsabail na trédhearcachta, an iomaíochais agus intuarthacht na gcóras soláthair agus go mbeidh comhar eatarthu maidir leo.

*Airteagal 53*

**Éascú trádála**

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé costais trádála a laghdú chun fás cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach ina ngeilleagair. Dá bhrí sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun nósanna imeachta allmhairithe, onnmhairithe, idirthurais agus custaim eile a shimpliú, lena n-áirítear digitiú na nósanna imeachta custaim agus imréitigh, agus chun trédhearcacht na rialachán custaim agus trádála a mhéadú agus trádáil dhlisteanach a éascú, ag tógáil ar na gealltanais a thug siad faoi seach faoi TFA. I gcomhréir le TFA, tá cúnamh teicniúil leormhaith intuartha de dhíth ar Chomhaltaí OACPS chun cur lena n-acmhainneachtaí an Comhaontú seo a chur chun feidhme ina iomláine. Ina theannta sin, geallann na Páirtithe an cúnamh sin a chur ar fáil de réir riachtanais cur chun feidhme Chomhaltaí OACPS, mar a tugadh fógra faoin méid sin faoi TFA.

*TEIDEAL V*

***Inbhuaine comhshaoil agus an tAthrú aeráide***

*Airteagal 54*

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil díghrádú an chomhshaoil, úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus an t-athrú aeráide ina mbagairt thromchúiseach ar réadú na forbartha inbhuanaithe agus go bhfuil beatha, cáilíocht saoil agus slite beatha na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht á gcur i mbaol acu. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe an gá atá le hardleibhéal cosanta don chomhshaol agus le caomhnú éifeachtach agus bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Athdhearbhaíonn siad freisin gur gá teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíocht uaillmhianach chun éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a bhainistiú agus a laghdú agus chun a ngeilleagair a chur ar chonairí fáis ísealcharbóin inbhuanaithe athléimneacha agus ag an am céanna rannchuidiú le poist chuibhiúla a chruthú do chách.

2. Déanfaidh na Páirtithe an inbhuaine comhshaoil, comhrac an athraithe aeráide agus saothrú an fháis atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a phríomhshruthú i ngach beartas, plean agus infheistíocht. Féachfaidh siad le comhghuaillíochtaí éifeachtacha a thógáil i suíomhanna idirnáisiúnta ar shaincheisteanna ábhartha d'fhonn gníomhaíocht dhomhanda a thiomáint chun tosaigh agus rannpháirteachas cuiditheach le húdaráis áitiúla, leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach a áirithiú. Déanfaidh na Páirtithe na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ar páirtithe iontu iad a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an athléimneacht a chothú agus a neartú, i gcás na bpobal leochaileach go háirithe, i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide, agus i bhfianaise tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine.

4. Cuirfidh na Páirtithe an méid seo a leanas san áireamh agus iad ag cur na hinbhuaine comhshaoil chun cinn, ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le tubaistí nádúrtha: (i) leochaileacht na SIDS, naLDCanna, na dTíortha Talamhiata i mBéal Forbartha (LLDCAnna) agus na ndaonraí cósta, lena n-áirítear na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu oiriúnú, go háirithe don bhagairt ón athrú aeráide agus ó ídiú na n-acmhainní nádúrtha; (ii) nochtadh agus leochaileacht tíortha do thriomaigh, do thuilte, don chreimeadh cósta, don ghanntanas uisce, don díghrádú talún agus foraoise, do chailliúint na bithéagsúlachta, don dífhoraoisiú agus d'fhadhbanna gaineamhlúcháin; (iii) an gá atá ann an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a íoslaghdú, a sheachaint agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear feiniméin a thagann chun cinn go mall amhail ardú ar leibhéal na mara; (iv) na naisc idir straitéisí maidir leis an athrú aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste, an athléimneacht agus an tslándáil bia; (v) an ról ríthábhachtach atá ag éiceachórais nádúrtha maidir leis an tslándáil bia agus cothú a áirithiú, agus maidir leis an athrú aeráide a chomhrac; (vi) an nasc idir díghrádú an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide agus an t-easáitiú agus an imirce; agus (vii) tionchar diúltach an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an tsíocháin agus ar an tslándáil.

Caibidil 1

**Inbhuaine comhshaoil**

*Airteagal 55*

**An comhshaol agus acmhainní nádúrtha**

1. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo an comhshaol a chaomhnú, a chumhdach, a fheabhsú agus a athshlánú. Chuige sin, déanfaidh siad bearta a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear maidir le hardluach bithéagsúlachta agus cumhdach éiceachóras nádúrtha, cáilíocht an aeir, cáilíocht an uisce, ganntanas uisce agus triomaigh, bainistiú dramhaíola, an truailliú tionsclaíoch agus guaiseacha tionsclaíocha agus bainistiú ceimiceán.

2. Tacóidh na Páirtithe le caomhnú agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear talamh, uisce, foraoisí, bithéagsúlacht agus éiceachórais. Cuirfidh siad chun cinn gníomhaíocht chun deireadh a chur le gáinneáil ar speicis chosanta flóra agus fána, agus chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar tháirgí neamhdhleathacha fiadhúlra agus ar sholáthar na dtáirgí sin. Déanfaidh siad rialachas inbhuanaithe tionachta talún, iascaigh agus foraoisí a chur chun cinn.

3. Déanfaidh na Páirtithe ionstraimí dlí, straitéisí comhtháite comhshaoil agus forbartha, agus an dea-chleachtas ó thaobh comhtháthú cúrsaí bithéagsúlachta sna hearnálacha ábhartha uile a chur chun cinn d'fhonn stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus soláthar na seirbhísí éiceachóras a chothabháil. Déanfaidh na Páirtithe cuir chuige éiceachóras-bhunaithe agus réitigh dhúlra-bhunaithe a chur chun cinn d'fhonn cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Aithníonn siad a thábhachtaí atá éiceachórais agus an bhithéagsúlacht chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus chun na héiceachórais uile a chaomhnú agus a athneartú, lena n-áirítear éiceachórais uisceacha agus talún. Déanfaidh siad freisin rialachas na limistéar faoi chosaint a bhunú, a bhainistiú agus a fheabhsú.

4. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann éiceachórais nádúrtha, foraoisí go háirithe, gnáthóga ar fáil d'ainmhithe agus do phlandaí, agus go bhfuil ról tábhachtach acu maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, maidir le caomhnú na bithéagsúlachta agus maidir leis an ngaineamhlú agus an díghrádú talún a chosc agus a chomhrac. Aithníonn na Páirtithe freisin go soláthraíonn foraoisí, bogaigh agus sabhánaí cosaint uisce agus ithreach agus cosaint ar ghuaiseacha nádúrtha, agus go soláthraíonn siad seirbhísí comhshaoil eile. Agus an méid sin thuas á chur san áireamh, déanfaidh na Páirtithe caomhnú agus athneartú na n-éiceachóras go léir, lena n-áirítear foraoisí, a chur chun cinn.

5. Saothróidh na Páirtithe comhrac an ghaineamhlúcháin, an díghrádaithe talún agus an an triomaigh , agus féachfaidh siad le talamh agus ithir dhíghrádaithe a athneartú agus a athshlánú chun bainistiú inbhuanaithe talún a bhaint amach agus timpeallacht dhíghrádú-neodrach a bhaint amach. Laghdóidh siad cailliúint na bithéagsúlachta, cruthóidh siad deiseanna fostaíochta agus cuideoidh siad le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí agus feidhmeanna éiceachórais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar ullmhacht agus ar athléimneacht i leith riosca triomaigh, chomh maith le rioscaí agus tionchar stoirmeacha gainimh agus deannaigh a laghdú a thuilleadh.

6. Déanfaidh na Páirtithe rochtain agus comhroinnt tairbhí chothrom chothromasach a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha agus rochtain iomchuí ar na hacmhainní sin a chur chun cinn, mar a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta.

7. Tacóidh na Páirtithe le cur chun cinn chur chuige an gheilleagair chiorclaigh agus le cleachtais inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe, agus féachfaidh siad le leas a bhaint as na deiseanna infheistíochta a chuirtear ar fáil leis na teicneolaíochtaí glana is fearr atá ar fáil.

## Caibidil 2

## **Aigéin, farraigí agus acmhainní mara**

### *Airteagal 56*

### **Rialachas na n-aigéan**

1. Aithníonn na Páirtithe na brúnna daonna atá ag dul i méid agus an tionchar carnach a bhíonn acu ar na farraigí agus ar na haigéin, agus admhaíonn siad gurb ionann a gcineál agus leas coiteann idirnasctha a bhfuil a chaomhnú, a chosaint agus rialachas ina fhreagracht chomhroinnte ar gá gníomhaíochtaí comhchoiteanna comhordaithe ó na geallsealbhóirí ina leith. Athdhearbhaíonn na Páirtithe cineál uilíoch agus aontaithe UNCLOS mar bhonn do ghníomhaíocht agus comhar náisiúnta, réigiúnach agus domhanda sna hearnálacha mara agus muirí.

2. Neartóidh na Páirtithe rialachas na n-aigéan agus tabharfaidh siad aghaidh go héifeachtach ar na brúnna méadaitheacha ar na farraigí agus ar na haigéin, lena ndéantar athléimneacht na n-éiceachóras mara agus a rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó a chur i mbaol.

3. Déanfaidh na Páirtithe cosaint agus athneartú na n-éiceachóras mara agus caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní mara, lena n-áirítear i limistéir lasmuigh dá ndlínse faoi seach, a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn aigéin fholláine tháirgiúla a bheith ann. Cuirfidh siad bainistiú inbhuanaithe iascaigh chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, trí chomhar le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha bainistithe iascaigh agus trí iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac. Déanfaidh na Páirtithe caomhnú speiceas uisceach atá i mbaol a chur chun cinn mar aon le gníomhaíochtaí chun truailliú agus bruscar mara a rialú agus aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide, lena n-áirítear aigéadú na n-aigéan.

4. Déanfaidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe geilleagair ghoirm a chur chun cinn d'fhonn rannchuidiú na n-aigéan le slándáil bia agus le cothú a áirithiú, slite beatha a fheabhsú, deiseanna fostaíochta a chruthú, agus cothromas sóisialta agus dea-bhail chultúrtha a áirithiú don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht.

5. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme beartas agus straitéisí don fhás gorm chun bainistiú comhtháite aigéan a chur chun cinn lena ndéanfar éagsúlacht, táirgiúlacht, athléimneacht, croífheidhmeanna agus luach intreach na n-éiceachóras mara a athneartú, a chosaint agus a chothabháil.

6. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le gach gné de rialachas na n-aigéan a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an ardú ar leibhéal na mara agus na hiarmhairtí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige, le mianadóireacht ar ghrinneall na farraige, le hiascach, le truailliú mara, agus le taighde agus forbairt.

## Caibidil 3

## **An tAthrú aeráide**

### *Airteagal 57*

### **Gealltanais aeráide**

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil drochthionchair an athraithe aeráide agus na hathraitheachta aeráide ina mbagairt ar bheatha agus ar shlí bheatha na ndaoine. Deimhníonn siad go bhfuil siad tiomanta do ghníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar a thionchair agus chun comhar a dhéanamh ar bhealach práinneach comhordaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal idir-réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta chun an fhreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a neartú.

2. Déanfaidh na Páirtithe Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide,anrna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Tá rún daingean ag na Páirtithe an sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, feabhas a chur ar an gcumas oiriúnú, leochaileachtaí a laghdú agus an athléimneacht a neartú, agus gach infheistíocht agus gach sreabhadh airgeadais a bheith comhsheasmhach le Comhaontú Pháras.

### *Airteagal 58*

### **Gníomhú ar son na haeráide**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go ngníomhóidh siad ar son na haeráide chun aghaidh a thabhairt ar oiriúnú, ar mhaolú, agus ar mhodhanna cur chun feidhme agus a bheith dírithe ar na tíortha is leochailí, lena n-áirítear SIDS, stáit ísle cósta, LDCanna agusLLDCanna.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad chun feidhme agus go rianóidh siad an dul chun cinn i dtreo a rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) agus comhaontaíonn siad go ndéanfaidh siad a seacht ndícheall straitéisí forbartha íseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa fadtéarmacha do lár an chéid a cheapadh agus a chur in iúl d'fhonn an sprioc theochta a comhaontaíodh i gComhaontú Pháras a bhaint amach, agus na freagrachtaí coiteanna ach difreáilte atá orthu agus a gcumais faoi seach á gcur san áireamh, i bhfianaise imthosca éagsúla náisiúnta. Geallann siad na naisc idir na NDCanna, Clár Oibre 2030 agus a straitéisí náisiúnta a fheabhsú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go rachaidh siad i mbun pleanáil don oiriúnú, i mbun forfheidhmiú agus go ndéanfaidh siad faireachán ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme pleananna oiriúnaithe náisiúnta (PONanna) agus straitéisí eile. Geallann siad struchtúir rialachais éifeachtacha a bhunú agus a neartú chun na críche sin. Aithníonn siad gur gá neartú breise a dhéanamh ar chomhtháthú PONAanna agus straitéisí oiriúnaithe eile i straitéisí agus i bpróisis náisiúnta chun forbairt inbhuanaithe aeráid-díonach a bhaint amach.

*Airteagal 59*

**An t-athrú aeráide agus slándáil**

Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar an mbagairt slándála a thagann ón athrú aeráide agus ó dhíghrádú an chomhshaoil, go háirithe i staideanna leochaileachta agus i gcás na dtíortha is leochailí. Forbróidh na Páirtithe straitéisí athléimneachta agus an bhagairt slándála á cur san áireamh.

## Caibidil 4

## **Tubaistí nádúrtha**

*Airteagal 60*

**Laghdú agus bainistiú rioscaí tubaiste**

1. Aithníonn na Páirtithe na tionchair dhiúltacha ar an bhforbairt inbhuanaithe a bhíonn ag tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear súnámaí, creathanna talún agus brúchtaí bolcánacha, chomh maith le minicíocht agus déine mhéadaitheach na bhfeiniméan a bhaineann leis an aeráid amhail cioclón agus spéirlingí, tuilte agus triomaigh.

2. Cuirfidh na Páirtithe beartais agus straitéisí comhleanúnacha chun cinn ar gach leibhéal chun leochaileachtaí agus tiomántóirí eile riosca a shainaithint. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar an tubaist-athléimneacht i leith iarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha tubaistí agus tabharfaidh siad aird ar leith ar chomhordú, ar chomhlántacht agus ar shineirgí idir laghdú rioscaí tubaiste agus straitéisí um oiriúnú don athrú aeráide. Tabharfaidh na Páirtithe faoi ghníomhaíocht luathrabhaidh agus faoi ghníomhaíocht choisctheach agus cuirfidh siad feabhas ar an laghdú rioscaí agus ar an ullmhacht tríd an gcumarsáid agus an rialachas riosca ar leibhéal an phobail a neartú agus tríd an laghdú rioscaí tubaiste a chomhtháthú go héifeachtach i straitéisí forbartha.

3. Déanfaidh na Páirtithe measúnú riosca, bainistiú riosca agus athléimneacht riosca uileghabhálach a chomhtháthú go córasach ina ngníomhaíocht, agus é á áirithiú gur féidir le daoine aonair, le pobail, le hinstitiúidí agus le tíortha ullmhú go maith do shuaití agus d'iarshuaití, iad a sheasamh, oiriúnú dóibh agus téarnamh go tapa astu, lena n-áirítear i gcás inar mó na tionchair ná na hiarrachtaí is fearr oiriúnú, gan dochar a dhéanamh do na hionchais fhadtéarmacha forbartha.

4. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar rioscaí tubaiste trí chur chuige comhtháite ilghuaise, lena gcumhdaítear an tuiscint ar riosca tubaiste, neartú an rialachais ina leith, agus cur le hacmhainneachtaí institiúideacha chun infheistíochtaí rioscabhunaithe a chur chun feidhme go héifeachtach. Áiritheoidh siad go mbeidh forthorthaí cuimsitheacha cothromasacha ann chun athléimneacht na ndaoine is leochailí a neartú.

5. Forbróidh na Páirtithe straitéisí chun an athléimneacht uirbeach agus tuaithe a neartú d'fhonn an bainistiú riosca tubaiste a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar lonnaíochtaí neamhphleanáilte.

*Airteagal 61*

**Freagairt ar thubaistí agus téarnamh as tubaistí**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil luathfhreagairt chomhordaithe ar thubaistí nádúrtha ríthábhachtach don athshlánú agus don téarnamh iar-thubaiste. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá measúnuithe comhordaithe ar riachtanais, ullmhacht fheabhsaithe do thubaistí agus an acmhainneacht tabhairt faoi fhreagairtí áitiúla, luatha agus éifeachtacha lena bhfreastalaítear ar riachtanais na ndaoine a ndéanann géarchéim difear dóibh, lena n-áirítear trí straitéisí éifeachtacha cumarsáide.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfar tús áite leis na hiarrachtaí um fhreagairt ar thubaistí agus um théarnamh as tubaistí, sa ghearrthéarma, do chúnamh agus athshlánú éigeandála, lena n-áirítear tacaíocht don luath-théarnamh. Comhaontaíonn siad go mbeidh sé d'aidhm ag an gcúnamh iar-éigeandála an fhóirithint ghearrthéarmach a nascadh le forbairt níos fadtéarmaí trí phróiseas téarnaimh inbhuanaithe, atógáil ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear iarrachtaí athfhoirgníochta agus athshlánú an chreata shóisialta agus chultúrtha. Is éard atá i gceist leis sin comhordú feabhsaithe idir na geallsealbhóirí daonnúla agus na geallsealbhóirí forbartha ó thús na géarchéime chun athléimneacht na bpobal a bhfuil difear déanta dóibh a neartú mar is ceart.

*TEIDEAL VI*

***Imirce agus soghluaisteacht***

*Airteagal 62*

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad d'fheabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht, faoi threoir phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na comhpháirtíochta agus na freagrachta comhpháirtí. Glacfaidh siad cur chuige uileghabhálach, comhleanúnach, pragmatach agus cothrom, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus, i gcás inarb infheidhme, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus prionsabal na ceannasachta agus a gcuid inniúlachtaí faoi seach á gcur san áireamh. Aithníonn siad go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag an imirce agus ag an tsoghluaisteacht ar an bhforbairt inbhuanaithe nuair a dhéantar iad a bhainistiú go maith agus admhaíonn siad gur gá aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an imirce neamhrialta ar na tíortha tionscnaimh, idirthurais agus cinn scríbe. Aontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad chun acmhainneachtaí a fheabhsú d'fhonn gach gné den imirce a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad do dhínit na ndídeanaithe agus na n-imirceach uile a áirithiú agus do chearta an duine ó thaobh na ndídeanaithe agus na n-imirceach de a chosaint. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar ghnéithe ábhartha uile na himirce agus na soghluaisteachta dá dtagraítear sa Teideal seo ina n-idirphlé comhpháirtíochta rialta.

Caibidil 1

**Imirce dhleathach agus soghluaisteacht dhleathach**

*Airteagal 63*

**Imirce dhleathach agus soghluaisteacht dhleathach**

1. Féachfaidh na Páirtithe le tairbhe a bhaint as imirce agus soghluaisteacht atá sábháilte, ordúil agus rialta, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach. Chuige sin, oibreoidh siad chun bealaí dleathacha don imirce a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear imirce lucht saothair agus scéimeanna soghluaisteachta eile, agus tosaíochtaí náisiúnta agus riachtanais an mhargaidh saothair á gcur san áireamh.

2. Oibreoidh na Páirtithe chun ceanglais thrédhearcacha agus éifeachtacha maidir le ligean isteach agus cónaí a chur chun feidhme chun críche oibre, taighde, staidéir, oiliúna agus seirbhís dheonach, d'fhonn imirce chiorclach agus soghluaisteacht a éascú. Neartóidh na Páirtithe trédhearcacht na faisnéise maidir leis na rialacha imirce is infheidhme.

3. Measfaidh na Páirtithe gurb ionann an imirce chiorclach agus modh chun fás agus forbairt a chothú i dtíortha tionscnaimh agus i dtíortha cinn scríbe. Chuige sin, breithneoidh siad scéimeanna don imirce chiorclach, agus cuirfidh siad chun feidhme agus feabhsóidh siad, de réir mar is iomchuí, na creataí dlíthiúla chun nósanna imeachta athiontrála náisiúnach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó Comhalta OACPS a chónaíonn go dlíthiúil ar chríocha Comhaltaí OACPS nó Ballstát an Aontais, faoi seach, a éascú agus breithneoidh siad gnéithe dá n-ath-lánpháirtiú sna tíortha tionscnaimh chun a áirithiú gur féidir leis an taithí nó na cáilíochtaí atá gnóthaithe acu dul chun tairbhe don mhargadh saothair áitiúil agus don phobal áitiúil.

4. Rachaidh na Páirtithe i mbun idirphlé maidir le nósanna imeachta lena dtreoraítear an imirce dhleathach, lena n-áirítear athaontú teaghlaigh agus, de réir mar is iomchuí, inaistritheacht ceart pinsin. Ina theannta sin, saothróidh na Páirtithe malartú oscailte maidir le saincheisteanna víosaí agus maidir leis an tsoghluaisteacht agus teagmhálacha idirphearsanta a éascú, lena n-áirítear i réimsí amhail turasóireacht, cultúr, spórt, oideachas, taighde, agus gnó, d'fhonn an chomhthuiscint a chothú agus comhluachanna a chur chun cinn.

5. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn an comhar idir gníomhaireachtaí agus institiúidí ábhartha, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sochaí sibhialta agus sóisialta, d'fhonn tionscadail chomhpháirteacha taighde a spreagadh, bearnaí scileanna a shainaithint chomh maith le deiseanna infheistíochta agus fostaíochta, agus meastóireacht ar bheartais agus straitéisí imirce lucht saothair.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun trédhearcacht agus inchomparáideacht na gcáilíochtaí uile a fheabhsú, d'fhonn aitheantas na gcáilíochtaí sin a éascú ar mhaithe le rochtain ar fhoghlaim bhreise chomh maith leis an nglacadh atá leo sa mhargadh saothair a éascú.

7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun córais na gclárlann stádais shibhialta a fheabhsú agus a nuachóiriú d'fhonn slándáil agus eisiúint cártaí aitheantais agus pasanna a fheabhsú.

*Airteagal 64*

**Lánpháirtiú agus neamh-idirdhealú**

1. Saothróidh na Páirtithe iarrachtaí chun beartais éifeachtacha lánpháirtithe a ghlacadh ina leith siúd a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar a gcríocha arb é is aidhm dóibh cearta a dheonú agus oibleagáidí a fhorchur ar cearta agus oibleagáidí iad atá inchomparáide le cearta agus oibleagáidí a saoránach agus chun comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. I ndáil leis sin, tacóidh na Páirtithe le straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun náisiúnaigh Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó de Chomhalta OACPS a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríocha Chomhaltaí de OACPS nó Ballstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a lánpháirtiú sna margaí saothair agus sna sochaithe óstacha, agus iad ag tacú siad leis an gcomhar agus leis an gcomhordú a dhéanann gníomhaithe éagsúla atá ag obair ar lánpháirtiú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear an rialtas áitiúil agus an tsochaí shibhialta, agus iad ag neartú an chomhair agus an chomhordaithe sin.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó de Chomhalta OACPS a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríocha Chomhaltaí OACPS nó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, go bhfeabhsófar an neamh-idirdhealú sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, agus go bhforbrófar bearta in aghaidh an chiníochais agus na seineafóibe.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh an chóir a chuirtear ar náisiúnaigh Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó de Chomhalta OACPS a bhfuil cónaí orthu go dlíthúil ar chríocha Chomhaltaí de OACPS nó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, saor ó aon idirdhealú atá bunaithe ar náisiúntacht maidir le dálaí oibre, luach saothair agus dífhostú, i ndáil leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh gach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus an Chomhalta de OACPS, faoi seach. Chuige sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh na rialacha imirce agus na sásraí earcaíochta bunaithe ar phrionsabail chothroma eiticiúla lena n-áirithítear go gcaitear go cothrom agus faoi dhínit le gach náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de Chomhalta OACPS a chónaíonn go dlíthiúil ar chríocha Chomhaltaí OACPS nó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, sna tíortha óstacha agus go gcosnófar iad i gcoinne an dúshaothraithe.

## Caibidil 2

## **Imirce agus forbairt**

*Airteagal 65*

**Imirce agus forbairt**

Comhaontaíonn na Páirtithe gur féidir leis an imirce dhea-bhainistithe a bheith ina foinse rathúnais, nuálaíochta agus forbartha inbhuanaithe agus comhaontaíonn siad ina theannta sin go ndéanfaidh siad comhar le tíortha tionscnaimh agus go dtabharfaidh siad tacaíocht dóibh, *inter alia* trí dheiseanna fáis agus fostaíochta a threisiú, tríd an infheistíocht, forbairt na hearnála príobháidí, an trádáil agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus an ghairmoiliúint, an tsláinte, an chosaint shóisialta agus an tslándáil a chur chun cinn, go háirithe don óige agus do mhná. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun dálaí a chruthú lena ndéanfaí teorannú ar an tionchar diúltach a bhíonn ag caillteanas scileanna ar fhorbairt tíortha tionscnaimh.

*Airteagal 66*

**Diaspóra agus forbairt**

Admhaíonn na Páirtithe an ról fóinteach atá ag diaspóraí agus na slite éagsúla a rannchuidíonn comhaltaí na ndiaspóraí le forbairt a dtíortha tionscnaimh, lena n-áirítear trí mhaoiniú, infheistíocht, aistriú eolais, saineolais agus teicneolaíochta, naisc chultúrtha, líonraí agus sásraí, agus i bpróisis náisiúnta athmhuintearais.

*Airteagal 67*

**Seoltáin**

1. Féachfaidh na Páirtithe le haistriú seoltán atá níos saoire, níos sláine, níos tapúla agus comhlíontach ó thaobh an dlí de a chur chun cinn, ionas go n-éascófar infheistíochtaí táirgiúla intíre, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus ionstraimí nuálacha.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun costais idirbhirt na seoltán a laghdú go costas faoi bhun 3 % agus chun deireadh a chur le conairí seoltán lena ngabhann costais níos airde ná 5 %, i gcomhréir le spriocanna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, agus chun creataí rialála a fheabhsú ar mhaithe le páirtíocht níos fearr ag gníomhaithe neamhthraidisiúnta.

*Airteagal 68*

**Imirce theas-theas**

1. Admhaíonn na Páirtithe a ábhartha atá an imirce theas-theas ó thaobh dúshlán agus deiseanna araon, lena n-áirítear na tairbhí a d'fhéadfaí a bhaint as an imirce theas-theas ó thaobh fhorbairt inbhuanaithe na dtíortha tionscnaimh, na dtíortha idirthurais agus na dtíortha cinn scríbe. Chuige sin, tacóidh na Páirtithe le beartais agus le gníomhaíochtaí chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i dtíortha tionscnaimh, i dtíortha idirthurais agus i dtíortha cinn scríbe a chur chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch na sreabh imirce theas-theas ar thíortha tionscnaimh, idirthurais agus cinn scríbe a mhaolú, agus feabhsóidh siad an comhar ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

*Airteagal 69*

**Tubaistí nádúrtha, an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil**

1. Cuirfidh na Páirtithe san áireamh an gaol idir an imirce, lena n-áirítear an t-easáitiú, agus tubaistí nádúrtha, an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil.

2. Gníomhóidh na Páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine easáitithe trí straitéisí a ghlacadh maidir le maolú, oiriúnú agus athléimneacht i leith tubaistí nádúrtha, agus maidir le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil, ar gach leibhéal ábhartha, lena n-áirítear ar leibhéil idir-réigiúnacha.

Caibidil 3

**Imirce neamhrialta**

*Airteagal 70*

**Bunchúiseanna na himirce neamhrialta**

1. Dearbhaíonn na Páirtithe an tiomantas polaitiúil comhpháirteach aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh agus freagairtí leormhaithe a fhorbairt ina leith.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu srian a chur leis na sreabha imirce neamhrialta, agus an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán acu. I ndáil leis sin, admhaíonn siad na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag an imirce neamhrialta ar thíortha tionscnaimh, ar thíortha idirthurais agus ar thíortha cinn scríbe, lena n-áirítear na dúshláin dhaonnúla agus slándála a bhaineann léi. Admhaíonn na Páirtithe an baol méadaithe atá ann go bhfulaingeodh imircigh sáruithe ar chearta an duine agus go mbeidís ina n-íospartaigh gháinneála agus mhí-úsáide agus comhaontaíonn siad go gcuirfidh siad bearta chun feidhme chun na himircigh sin a chosaint i gcoinne dúshaothrú agus mí-úsáid de gach cineál.

*Airteagal 71*

**Smuigleáil imirceach**

1. Méadóidh na Páirtithe na hiarrachtaí comhpháirteacha coireacht trasteorann na smuigleála imirceach a chosc, agus cuirfidh siad go comhpháirteach leis na hiarrachtaí deireadh a chur le saoirse ó phionós eagraíochtaí coiriúla trí imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach.

2. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh creataí reachtacha agus institiúideacha iomchuí i bhfeidhm, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, go háirithe an Prótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer a ghabhann leis. Geallann siad freisin feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus comhar oibríochtúil, póilíneachta agus breithiúnach a chothú.

*Airteagal 72*

**Gáinneáil ar dhaoine**

Déanfaidh na Páirtithe an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus leis an bPrótacal a ghabhann leis chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith. Cuirfidh na Páirtithe feabhas freisin ar an gcosc, lena n-áirítear trí chur i gcoinne shaoirse ó phionós na ndéantóirí coire uile, agus áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ag gach íospartach ar na cearta a bhfuil siad ina dteideal, agus aird ar leith á tabhairt ar leochaileacht na mban agus na leanaí.

*Airteagal 73*

**Bainistiú comhtháite teorainneacha**

Déanfaidh na Páirtithe bainistiú comhtháite teorainneacha a chur chun cinn agus tacóidh siad leis, lena n-áirítear rialú teorann, bailiú agus comhroinnt faisnéise agus rúnfhaisnéise, agus cosc a chur ar tháirgeadh agus úsáid doiciméad calaoiseach, mar aon le comhar oibríochtúil, póilíneachta agus breithiúnach maidir le himscrúduithe agus le hionchúisimh choiriúla.

Caibidil 4

**Filleadh, athligean isteach agus ath-lánpháirtiú**

*Airteagal 74*

**Filleadh agus athligean isteach**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart imircigh atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh agus athdhearbhaíonn siad an oibleagáid dhlíthiúil atá ar gach Ballstát den Aontas Eorpach agus ar gach Comhalta de OACPS a gcuid náisiúnach féin, atá i láthair go neamhdhleathach ar chríocha Chomhaltaí de OACPS nó Bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh , faoi seach, a athligean isteach gan choinníollacht agus gan foirmiúlachtaí breise seachas an fíorú dá bhforáiltear i mír 3. Chuige sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le filleadh agus athligean isteach agus áiritheoidh siad go gcosnófar agus go n-urramófar go hiomlán cearta agus dínit daoine aonair, lena n-áirítear le linn aon nós imeachta a thionscnaítear chun imircigh atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh chuig a dtíortha tionscnaimh.

2. Glacfaidh gach Ballstát den Aontas Eorpach le filleadh agus le hathligean isteach náisiúnach dá chuid atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Comhalta de OACPS, arna iarraidh sin don Stát sin, gan foirmiúlachtaí breise seachas an fíorú dá bhforáiltear i mír 3 i ndáil leis na daoine sin nach bhfuil doiciméad taistil bailí ina seilbh acu.

Glacfaidh gach Comhalta de OACPS le filleadh agus le hathligean isteach aon náisiúnach dá chuid atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, arna iarraidh sin don Bhallstát sin, gan foirmiúlachtaí breise seachas an fíorú dá bhforáiltear i mír 3 i gcás na ndaoine sin nach bhfuil doiciméad taistil bailí ina seilbh acu.

Maidir le Ballstáit an Aontas Eorpaigh, níl feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo ach amháin i dtaca le daoine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh acu. Maidir le Comhaltaí OACPS, níl feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo ach amháin i dtaca le daoine a meastar gur náisiúnaigh dá gcuid iad i gcomhréir lena gcóras dlí féin.

3. Freagróidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Comhaltaí OACPS go pras d'iarrataí ar athligean isteach arna gcur ar a chéile acu. Cuirfidh siad próisis fíorúcháin i gcrích trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta sainaitheantais is iomchuí agus is éifeachtúla, d'fhonn náisiúntacht an duine lena mbaineann a fhionnadh agus doiciméid taistil iomchuí a eisiúint chun críoch fillte, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Ní choiscfidh aon ní san Iarscríbhinn sin filleadh duine faoi shocruithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla idir an Stát a gcuirtear iarraidh ar athligean isteach faoina bhráid agus an Stát a mbeidh iarraidh ar athligean isteach á chur isteach aige.

4. D'ainneoin na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 101(5), má mheasann Páirtí gur mhainnigh Páirtí eile cloí leis an teorainn ama dá dtagraítear in Iarscríbhinn I i gcomhréir le Caighdeán 5.26 de Chaibidil 5 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, tabharfaidh sé fógra dá réir sin don Pháirtí eile. Má leanann an Páirtí eile sin den mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Páirtí a thugann an fógra bearta comhréireacha a ghlacadh ag tosú ó 30 lá tar éis an fógra a thabhairt.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas seo faoi chuimsiú an idirphlé comhpháirtíochta rialta.

*Airteagal 75*

**Ath-lánpháirtiú**

Fiosróidh na Páirtithe bealaí chun comhoibriú chun filleadh deonach a chur chun cinn agus chun ath-lánpháirtiú inbhuanaithe daoine a fhilltear a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí chláir inbhuanaithe ath-lánpháirtithe. Tabharfar aird ar leith ar riachtanais daoine atá ag filleadh agus ar leochaileach a gcás, amhail leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus íospartaigh gháinneála.

Caibidil 5

**Cosaint agus tearmann**

*Airteagal 76*

**Dídeanaithe agus daoine easáitithe eile**

1. Tá na Páirtithe tiomanta do chosaint agus dínit dídeanaithe agus daoine easáitithe eile a threisiú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*, agus, i gcás inarb infheidhme, leis an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

2. Tacóidh na Páirtithe le lánpháirtiú dídeanaithe agus daoine easáitithe eile i dtíortha óstacha mar is iomchuí agus neartóidh siad acmhainneachtaí thíortha an chéad tearmainn, na dtíortha idirthurais agus na dtíortha cinn scríbe. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun slándáil i gcampaí dídeanaithe a sholáthar do dhídeanaithe agus do dhaoine easáitithe atá i dtíortha idirthurais agus i dtíortha óstacha, agus chun rochtain ar an gceartas, ar chúnamh dlí, ar chosaint finnéithe, ar thacaíocht leighis agus shochshíceolaíoch a sholáthar dóibh.

3. Tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar dhaoine ar leochaileach a gcás agus ar a riachtanais shonracha, lena n-áirítear mná, leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha, agus prionsabal leasanna an linbh á chur san áireamh.

CUID III

**COMHAONTAIS DHOMHANDA AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA**

*Airteagal 77*

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn a leasanna coiteanna a chur chun cinn agus a chosaint agus d'fhonn an t-iltaobhachas a chaomhnú agus a neartú. Geallann siad go rachaidh siad i gcomhar le chéile ar mhaithe le domhan níos síochánta, níos comhoibríche agus níos córa, ar domhan é a luíonn go dlúth le luachanna coiteanna na síochána, an daonlathais, chearta an duine, an smachta reachta, an chomhionannais inscne, na forbartha inbhuanaithe, chaomhnú an chomhshaoil agus chomhrac an athraithe aeráide. Comhaontaíonn siad ar a thábhachtaí atá sé comhghuaillíochtaí domhanda a thógáil agus a threisiú chun córas iltaobhach éifeachtach a bhaint amach agus torthaí maithe air ó thaobh dul i ngleic le dúshláin dhomhanda le go mbeidh domhan níos sábháilte agus níos fearr ann do chách.

*Airteagal 78*

**Iltaobhachas agus rialachas domhanda**

1. Tá na Páirtithe tiomanta don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus an t-iltaobhachas mar an príomhphrionsabal aige agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Cuirfidh siad an t-idirphlé idirnáisiúnta chun cinn agus féachfaidh siad le réitigh iltaobhacha a aimsiú chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht dhomhanda.

2. Déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha a dhaingniú nó chun aontachas a dhéanamh leo, de réir mar is iomchuí, agus iad a chur chun feidhme agus a chomhtháthú sa dlí náisiúnta.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an rialachas domhanda a neartú agus tacú leis na hathchóirithe riachtanacha agus an nuachóiriú ar institiúidí iltaobhacha ionas go mbeidh siad níos ionadaíche, níos freagrúla, níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí.

4. Déanfaidh na Páirtithe a gcur chuige il-gheallsealbhóra i leith an iltaobhachais a dhoimhniú trí dhul i mbun plé leis an tsochaí shibhialta, leis an earnáil phríobháideach agus leis na comhpháirtithe sóisialta ar bhealach níos éifeachtaí chun freagairtí ar dhúshláin dhomhanda a fhorbairt.

*Airteagal 79*

**Comhar in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim idirnáisiúnta**

1. Féachfaidh na Páirtithe le rúin chomhpháirteacha, dearbhuithe comhpháirteacha agus ráitis chomhpháirteacha a ghlacadh, seasaimh a chomhordú agus, i gcás inarb iomchuí, vótáil a chomhordú, agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh bunaithe ar na leasanna atá i bpáirt acu, ar an urraim fhrithpháirteach agus ar an gcomhionannas, chun láithreacht fheabhsaithe agus guth níos láidre in eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha a áirithiú.

2. Bunóidh na Páirtithe módúlachtaí oibríochtúla iomchuí chun comhar éifeachtach agus comhordú éifeachtach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chruinnithe aireachta a thionól ar leibhéal Chomhaltaí OACPS agus Pháirtí an AE. Féachfaidh siad le bonn coiteann eatarthu a shainaithint ar bhonn rialta, ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal oibríochtúil araon, i dtaobh sraith téamaí straitéiseacha agus féachfaidh siad le dul i bpáirt le chéile maidir le saincheisteanna comhleasa agus leasa dhomhanda chun dlús a chur le gníomhaíocht dhomhanda.

3. Féadfaidh na Páirtithe iarrachtaí gníomhacha a dhéanamh dlúthchomhar a dhéanamh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le tríú tíortha agus le grúpálacha a bhfuil na luachanna agus na leasanna céanna i bpáirt acu, d'fhonn réitigh chomhoibritheacha ar na dúshláin atá i bpáirt acu a uasmhéadú aon uair is féidir.

*Airteagal 80*

**Réimsí gníomhaíochta idirnáisiúnta**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go dtabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na tosaíochtaí straitéiseacha a shonraítear i gCuid II, agus i réimsí eile imní freisin de réir mar a mheasfaidh siad is gá.

2. Déanfaidh na Páirtithe an comhar agus an t-idirphlé a neartú chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a áirithiú. Glacfaidh siad cur chuige cuimsitheach comhtháite chun coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu, ar cur chuige é a bheidh bunaithe ar chomhpháirtíochtaí leathana, doimhne, marthanacha réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Oibreoidh siad ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal idirnáisiúnta chun éifeachtacht na rannpháirtíochta iltaobhaí don tsíocháin agus don tslándáil inbhuanaithe a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí neartaithe leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaithe réigiúnacha agus foréigiúnacha. Tabharfaidh siad aghaidh ar choireanna tromchúiseacha is údar imní don chomhphobal idirnáisiúnta agus ar bhagairtí slándála idirnáisiúnta amhail an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an ailtireacht idirnáisiúnta um rialú arm, um neamhleathadh agus um dhí-armáil a chur chun cinn agus a neartú, chomh maith leis an gcibearshlándáil a fheabhsú agus an chibearchoireacht a chomhrac.

3. Glacfaidh na Páirtithe páirt i bhfóraim idirnáisiúnta chun tacú le noirm agus comhaontuithe idirnáisiúnta chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint do chách, chun an comhionannas inscne a bhaint amach, agus chun an daonlathas agus an smacht reachta a fheabhsú. Oibreoidh siad i gcomhar le comhlachtaí agus sásraí na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus tabharfaidh siad tacaíocht iomlán d'obair Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Bunóidh siad comhghuaillíochtaí trasréigiúnacha chun freastal ar luachanna coiteanna agus ar leasanna coiteanna, de réir mar is iomchuí.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile ar mhaithe le gnóthú na SDGanna agus treochlár eile arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir le cur chun cinn na forbartha daonna agus sóisialta. Oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile ar an leibhéal idirnáisiúnta chun an méid seo a leanas a dhéanamh.

(a) deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus leis an ocras;

(b) aghaidh a thabhairt ar an neamhshlándáil bia agus freagairt di;

(c) rochtain uilíoch ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta agus inacmhainne amhail oideachas, sláinte, uisce, sláintíocht agus tithíocht a chur chun cinn;

(d) mná agus an óige a chumhachtú; agus

(e) na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint agus a gcuimsiú sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil a éascú, agus a rannchuidiú leis an saol sin, agus gan aon duine a fhágáil ar lár.

Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht an chórais idirnáisiúnta airgeadais agus airgeadaíochta a neartú chun rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú forbartha a áirithiú d'fhonn tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe.

5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile ar an leibhéal idirnáisiúnta chun fás agus forbairt eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach trí bhearta atá dírithe ar chlaochlú struchtúrach eacnamaíoch, ar phoist chuibhiúla a chruthú do chách, agus ar Chomhaltaí OACPS a chomhtháthú sa gheilleagar domhanda, lena n-áirítear trí chomhtháthú réigiúnach agus ilchríochach. Déanfaidh na Páirtithe an córas riailbhunaithe iltaobhach trádála a chaomhnú agus a threisiú, agus EDT ina chroílár, ina fheidhmeanna uile, chun a áirithiú go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda trádála ar bhealach éifeachtach agus leas a bhaint as poitéinseal forbartha na trádála.

6. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis an gcomhar chun gníomhaíocht chomhpháirteach láidir chinntitheach a chur chun cinn i ndáil leis an inbhuaine comhshaoil agus i ndáil leis an athrú aeráide, agus chun an uaillmhian dhomhanda a mhéadú agus chun an bealach a réiteach chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Seasfaidh siad le noirm agus comhaontuithe idirnáisiúnta lena soláthraítear sochair phoiblí dhomhanda agus lena gcosnaítear na glúnta atá le teacht, lena n-áirítear iarrachtaí chun rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú.

7. Oibreoidh na Páirtithe le comhpháirtithe ar fud an domhain chun cur chuige uileghabhálach iomlánaíoch a shaothrú maidir le gach gné a bhaineann leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht, bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na freagrachta comhpháirtí, agus na comhpháirtíochta.

CUID IV

## MODHANNA COMHAIR AGUS CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 81*

### Modhanna éifeachtacha éagsúlaithe comhair

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go slógfaidh siad acmhainní airgeadais agus acmhainní neamhairgeadais araon chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú seo a bhaint amach ar bhonn leasanna coiteanna, de mheon na fíor-chomhpháirtíochta, agus i gcomhréir leis an bprionsabal nach bhfágfar aon duine ar lár. Leagann siad béim ar a thábhachtaí atá maoiniú don fhorbairt mar ghné ríthábhachtach de chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh na modhanna comhair éagsúlaithe, agus go gcuimseofar raon beartas agus ionstraimí leo, ó gach foinse agus gníomhaí atá ar fáil. Comhaontaíonn siad freisin go ndéanfar na modhanna comhair a oiriúnú ionas go mbeidh siad ina léiriú ar chuspóirí, straitéisí agus tosaíochtaí na dtíortha éagsúla agus na réigiún éagsúil arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal ilchríochach agus ar an leibhéal idir-réigiúnach agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhonn na gcuspóirí, na straitéisí agus na dtosaíochtaí sin.

3. Athdhearbhaíonn Páirtí an AE a thiomanta atá sé do phrionsabail éifeachtacht na forbartha, eadhon úinéireacht na dtosaíochtaí forbartha ag na tíortha comhpháirtíochta, comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, díriú ar thorthaí, ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht fhrithpháirteach.

*Airteagal 82*

### Comhar um fhorbairt idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn Páirtí an AE a thiomantas polaitiúil d'acmhainní an chomhair um fhorbairt a fheabhsú d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí dheireadh a chur leis an mbochtaineacht agus trí dhíghrádú an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide a chomhrac. Geallann Páirtí an AE an leibhéal iomchuí acmhainní airgeadais a chur ar fáil i gcomhréir lena rialacháin agus lena nósanna imeachta inmheánacha.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe, agus acmhainní á leithdháileadh, go dtabharfar tosaíocht do na tíortha is mó gátar, ina bhféadfaidh na hacmhainní sin an tionchar is mó a bheith acu, go háirithe LDCanna, tíortha ísealioncaim, tíortha ina bhfuil géarchéim agus coinbhleacht, tíortha iar-ghéarchéime agus/nó staideanna leochaileacha agus somhillte iarchoinbhleachta, lena n-áirítear SIDS, agus LLDCanna. Tabharfar aird chuí freisin ar na dúshláin shonracha a bhíonn roimh na tíortha meánioncaim, go háirithe i ndáil leis an neamhionannas, leis an eisiamh sóisialta agus leis an rochtain atá acu ar acmhainní.

3. Slógfaidh Páirtí an AE acmhainní chun tacú le cláir i Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus rannchuideoidh sé leis an gcomhar réigiúnach, idir-réigiúnach agus idir-ilchríochach agus le tionscnaimh atá dírithe ar an gcomhar a neartú idir na Páirtithe maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus ábhair imní choitinn.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfaidh an comhar a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, amhail cláir thacaíochta beartais earnála, bearta comhair riaracháin agus theicniúil, fothú acmhainneachta, socruithe triantánacha, agus go bhféadfar é a sholáthar trí chineálacha éagsúla maoinithe agus nósanna imeachta, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach, ráthaíochtaí buiséadacha agus oibríochtaí measctha.

5. Gabhfaidh Páirtí an AE agus na Comhaltaí is mó dul chun cinn de OACPS de chúram orthu féin cineálacha nua rannpháirteachais a fhorbairt, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais nuálacha agus cómhaoiniú.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus cuirfidh siad chun cinn úsáid acmhainní airgeadais chun slógadh acmhainní intíre a chothú, chun cúnamh daonnúil agus cúnamh éigeandála a sholáthar, chun aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne, ar riachtanais nua nó ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, chun an trádáil a éascú, agus chun tionscnaimh nó tosaíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn.

7. Maidir le haon chinneadh tacaíocht bhuiséadach a sholáthar, comhaontaíonn na Páirtithe:

(a) go mbeidh sé bunaithe ar shraith shoiléir critéar incháilitheachta agus measúnú cúramach ar na rioscaí agus ar na sochair;

(b) go mbeidh sé bunaithe ar úinéireacht na tíre féin, cuntasacht fhrithpháirteach agus tiomantas i bpáirt do luachanna agus do phrionsabail uilíocha;

(c) go n-áireofar ann idirphlé maidir le beartais atreisithe, rialachas feabhsaithe a áireamh, agus iarrachtaí á gcomhlánú chun níos mó a bhailiú agus níos mó a chaitheamh ar bhealach níos fearr; agus

(d) go ndéanfar é a dhifreáil ar bhealach lena ndéanfar freagairt níos fearr níos fearr do chomhthéacs polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta na tíre tairbhíche.

8. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad intuarthacht agus slándáil na sreabh acmhainní a chur chun cinn agus go gcuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí feabhas breise a chur ar an mbealach a ndéanann siad an comhar um fhorbairt a bhainistiú agus a chur chun feidhme, go háirithe trí chomhordú agus comhleanúnachas níos fearr agus trína gcuid buntáistí comparáideacha faoi seach, lena n-áirítear an taithí atá acu ar an aistriú, a chur san áireamh.

9. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh an clársceidealú bunaithe ar idirphlé luath, leanúnach agus cuimsitheach idir Páirtí an AE agus Comhaltaí OACPS, lena n-áirítear údaráis náisiúnta agus áitiúla, eagraíochtaí réigiúnacha, ilchríochacha agus idirnáisiúnta agus ina mbeidh parlaimintí, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach chun úinéireacht dhaonlathach ar an bpróiseas a fheabhsú agus chun tacaíocht do straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha a spreagadh. Comhaontaíonn siad go ndéanfar an clársceidealú a shioncronú, i gcás inarb iomchuí, le timthriallta straitéiseacha na dtairbhithe agus geallann siad go ndéanfaidh siad a n-institiúidí, a gcórais agus a nósanna imeachta a úsáid. Comhaontaíonn siad freisin go soláthrófar creat sainiúil saincheaptha ilbhliantúil le haghaidh an chomhair, lena n-áirítear modhanna éagsúlaithe comhair, mar thoradh ar an gclársceidealú.

10. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar an comhar le tríú tíortha agus le gníomhaithe eile, lena n-áirítear an comhar theas-theas agus an comhar triantánach, a spreagadh i gcás ina mbeidh breisluach soiléir agus buntáiste comparáideach cruthaithe ann.

11. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú agus tionchar na n-acmhainní airgeadais, tráth a chomhaontófar go frithpháirteach, d'fhonn éifeachtacht chláreagrú agus leithdháiltí na cabhrach a fheabhsú.

12. Neartóidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le húsáid fhónta acmhainní airgeadais, lena n-áirítear trí chomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 83*

**Acmhainní poiblí intíre**

1. Na Comhaltaí de OACPS is páirtithe sa Chomhaontú seo, athdhearbhaíonn siad go bhfuil rún daingean acu slógadh na n-acmhainní intíre a fheabhsú. Cuirfidh siad chun cinn timpeallachtaí lena méadaítear sreabha príobháideacha intíre agus lena dtreisítear an trádáil mar inneall forbartha.

2. Na Comhaltaí de OACPS is páirtithe sa Chomhaontú seo, féachfaidh siad leis an mbailiú ioncaim a fheabhsú trí chórais chánach nuachóirithe, trí bheartas cánach feabhsaithe, trí bhailiú cánach níos éifeachtúla, agus trí riarachán cánach neartaithe athchóirithe. Oibreoidh siad i dtreo cothroime, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcóras cánach a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an mbonn cánach a leathnú agus trí iarrachtaí leanúnacha an earnáil neamhfhoirmiúil a chomhtháthú sa gheilleagar foirmiúil i gcomhréir le himthosca na tíre. Neartóidh siad an dlisteanacht fhioscach trí éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcaiteachais phoiblí a fheabhsú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go méadóidh siad na hiarrachtaí sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac d'fhonn iad a dhíothú, go mbeidh comhar eatarthu chun sócmhainní caillte agus caipiteal caillte a aisghabháil, agus go neartóidh siad na dea-chleachtais maidir le haischur sócmhainní d'fhonn an fhorbairt inbhuanaithe a chothú. Déanfaidh siad bearta frith-éillithe, frithchalaoise agus frithsciúrtha airgid a chur chun cinn agus tabharfaidh siad faoi bhearta chun dul i ngleic le seachaint cánach, le himghabháil cánach agus le cleachtais dhíobhálacha chánach eile, trí chomhar idirnáisiúnta méadaithe, trí rialáil intíre fheabhsaithe mar aon le hacmhainneachtaí neartaithe agus trí mhalartú faisnéise.

4. Feabhsóidh na Páirtithe an dea-rialachas airgeadais agus cánach, an trédhearcacht agus an chuntasacht agus beidh comhar eatarthu chun an céanna a neartú. Tá siad tiomanta don chomhar idirnáisiúnta cánach a uas-scálú ar bhealach cuimsitheach, cothrom agus trédhearcach agus, i ndáil leis sin, comhaontaíonn siad go mbeidh comhar eatarthu i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cánach idirnáisiúnta.

*Airteagal 84*

**Acmhainní príobháideacha intíre agus idirnáisiúnta**

1. Admhaíonn na Páirtithe gur comhlánú ríthábhachtach ar na hiarrachtaí forbartha náisiúnta iad sreabha caipitil phríobháidigh. Forbróidh siad beartais agus, i gcás inarb iomchuí, neartóidh siad creataí agus ionstraimí rialála chun dreasachtaí na hearnála príobháidí a ailíniú ar bhealach níos fearr le spriocanna poiblí. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun infheistíocht inbhuanaithe agus fhreagrach a shlógadh, chun an earnáil phríobháideach a spreagadh le bheith rannpháirteach mar chomhpháirtí sa phróiseas forbartha, agus chun infheistíocht a dhéanamh i réimsí atá ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe.

2. Féachfaidh na Páirtithe le húsáid a bhaint as cumasc de dheontais agus d'iasachtaí mar aon le ráthaíochtaí mar ghiaráil chun maoiniú príobháideach a tharraingt chucu agus chun aghaidh a thabhairt ar chlistí sa mhargadh, agus saobhadh margaidh á theorannú ag an am céanna.

3. Admhaíonn na Páirtithe gur príomhfhoinse phríobháideach mhaoinithe don fhorbairt inbhuanaithe iad seoltáin. Cuirfidh siad reachtaíocht agus creataí rialála ábhartha i bhfeidhm chun margadh iomaíoch trédhearcach a chruthú d'aistrithe airgid níos saoire, níos tapúla agus níos sábháilte trí chainéil dhlíthiúla agus oifigiúla i dtíortha tionscnaimh agus i dtíortha fála araon, agus chun réitigh nuálacha inacmhainne a bhunú chun aistrithe a dhéanamh. Spreagfaidh siad giniúint táirgí airgeadais nuálacha agus ginfidh siad dreasachtaí chun an méid a chuireann a ndiaspóra leis an bhforbairt a neartú. Cuirfidh siad an t-idirphlé chun cinn i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha poiblí agus príobháideacha go léir chun sreabha íocaíochtaí a éascú d'fhonn a dtionchar ar an bhforbairt a fheabhsú.

*Airteagal 85*

**Fiachas agus inbhuaine fiachais**

1. Geallann na Páirtithe go mbeidh fiachas inbhuanaithe i bhfad na haimsire trí bheartais chomhordaithe atá dírithe ar fhiachas a mhaoiniú, a mhaolú, a athstruchtúrú nó a bhainistiú de réir mar is iomchuí. Comhaontaíonn siad go gcabhróidh siad le tíortha a n-acmhainneachtaí bainistithe fiachais a fhorbairt agus straitéisí fiachais meántéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt.

2. Leagann na Páirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh féichiúnaithe agus creidiúnaithe le chéile chun géarchéimeanna fiachais a chosc agus a réiteach. Comhaontaíonn siad gur gá an t-idirphlé, an chomhroinnt faisnéise agus an trédhearcacht a neartú, ionas go mbeidh measúnuithe agus anailísí ar inbhuaine fiachais bunaithe ar shonraí uileghabhálacha, oibiachtúla agus iontaofa.

3. Geallann na Páirtithe, i bhfianaise na nasc atá ann idir an fiachas agus an fás eacnamaíoch, go rachaidh siad i mbun idirphlé agus comhair i gcomhthéacs an phlé idirnáisiúnta maidir le fadhb ghinearálta an fhiachais, gan dochar do phlé sonrach a bheidh ar siúl i bhfóraim ábhartha.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go rannchuideoidh siad, de réir mar is iomchuí, le tionscnaimh faoisimh fiachais arna bhformheas go hidirnáisiúnta d'fhonn ualach seirbhísithe fiachais chomhaltaí OACPS a laghdú.

CUID V

**CREAT INSTITIÚIDEACH**

*Airteagal 86*

**Institiúidí comhpháirteacha**

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo na hinstitiúidí comhpháirteacha seo a leanas ar leibhéal chomhaltaí OACPS agus Páirtí an AE: Comhairle Airí OACPS-AE, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra de chuid OACPS-AE (OACPS-AE ALSOC) agus Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AE. Déanann na Páirtithe leis seo freisin, mar institiúidí comhpháirteacha do gach ceann de na Prótacail Réigiúnacha, Comhairle Airí, Comhchoiste agus Tionól Parlaiminteach a bhunú.

2. Féachfaidh na Páirtithe le comhordú agus comhlántacht a áirithiú idir institiúidí comhpháirteacha an Chomhaontaithe seo agus na hinstitiúidí comhpháirteacha de chuid creataí nó comhaontuithe eile ar páirtithe iontu iad, lena n-áirítear na EPAnna, gan dochar d'fhorálacha ábhartha iontu.

*Airteagal 87*

**Cruinnithe Mullaigh na gCeann Stáit nó Rialtais**

Féadfaidh na Páirtithe teacht le chéile i gcruinniú ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais, ar chomhaontú comhpháirteach, i bhformáid iomchuí, ar bhonn clár ama agus clár oibre a chomhaontófar go frithpháirteach.

*Airteagal 88*

**Comhairle Airí OACPS-AE**

1. Is é a bheidh i gComhairle Airí OACPS-AE, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta. Is é an Cathaoirleach a ainmneoidh Comhaltaí OACPS, ar thaobh amháin, agus an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí an AE, ar an taobh eile, a dhéanfaidh comhchathaoirleacht air.

2. Tiocfaidh Comhairle Airí OACPS-AE le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach trí bliana agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le díriú orthu. Féadfaidh breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe de réir mar is iomchuí.

3. Féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, amhail saincheisteanna trádála agus airgeadais forbartha. Féadfaidh sé freisin cumhachtaí a tharmligean chuig ALSOC OACPS-EU freisin.

4. Is iad feidhmeanna Chomhairle Airí OACPS-AE:

(a) treoir pholaitiúil straitéiseach a sholáthar;

(b) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an Chomhaontaithe seo;

(c) treoirlínte beartais a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha is gá chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme; agus

(d) comhsheasaimh a ghlacadh agus comhaontú ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta agus comhordú in eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta a éascú.

5. Glacfaidh Comhairle Airí OACPS-AE cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe go léir mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí maidir le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear i mír 4 de chomhthoil na bPáirtithe. Ní bheidh a cuid imeachtaí bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe an Aontais Eorpaigh, ar a laghad leath de na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar a laghad dhá thrian de na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar rialtais Chomhaltaí OACPS i láthair. Féadfar ionadaí a chur in ionad aon chomhalta de Chomhairle Airí OACPS-AE nach bhfuil in ann a bheith i láthair. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta sin. Cuirfidh Comhairle Airí OACPS-AE tuarascáil faoi bhráid Chomhthionól Parlaiminteach OACPS-AE maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Scrúdóidh sí rúin agus moltaí arna nglacadh ag ag Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AEagus cuirfidh sí san áireamh iad.

6. Féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a leagtar síos i mír 5 maidir leis an nós imeachta i scríbhinn.

7. Glacfaidh Comhairle Airí OACPS-AE a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú dá cuid, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm.

*Airteagal 89*

**Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra de chuid OACPS-AE**

1. Is é a bheidh i gCoiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra de chuid OACPS-AE (OACPS-AE ALSOC), ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus Ard-Rúnaí OACPS i gcáil *ex officio* agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh. Tiocfaidh ALSOC OACPS-AE le chéile i gcruinniú go bliantúil agus i seisiúin speisialta ar iarratas ó na Comhchathaoirligh, agus go háirithe chun ullmhú do sheisiúin Chomhairle Airí OACPS-AE. Is iad na Páirtithe céanna a shealbhaíonn oifig Chomhchathaoirligh Chomhairle Airí OACPS-AE a bheidh ina gcomhchathaoirligh uirthi. Déanfaidh sé a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe. Féadfaidh breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe de réir mar is iomchuí.

2. Ullmhóidh ALSOC OACPS-AE seisiúin Chomhairle Airí OACPS-AE agus cuideoidh sé léi agus í ag comhlíonadh a cúraimí agus cuirfidh sé i gcrích aon sainordú a chuirfidh Comhairle Airí OACPS-AE de chúram air.

3. Glacfaidh ALSOC OACPS-AE a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú dá chuid, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 90*

**Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AE**

1. Beidh gach comhalta de na trí Thionól Pharlaiminteacha Réigiúnacha ina chomhalta de Chomhthionól Parlaiminteach OACPS-AE. Tiocfaidh Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AE le chéile i gcruinniú uair sa bhliain, mar atá leagtha amach a thuilleadh ina rialacha nós imeachta, dá dtagraítear i mír 3. Beidh Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus comhalta parlaiminte de Chomhaltaí OACPS, a ainmneofar de réir a nósanna imeachta faoi seach, ina gcomhchathaoirligh air.

2. Is iad seo a leanas feidhmeanna Chomhthionól Parlaiminteach OACPS-AE, mar chomhlacht comhairleach:

(a) rúin a ghlacadh agus moltaí a dhéanamh d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach; agus

(b) próisis dhaonlathacha a chur chun cinn, comhar idir parlaimintí a chothú, agus cuidiú le tuiscint níos fearr a bheith ann idir pobail Chomhaltaí OACPS agus pobail an Aontais Eorpaigh.

3. Glacfaidh Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AE a rialacha nós imeachta ag a chéad cruinniú, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 91*

**Cruinniú Mullaigh Réigiúnach**

Féadfaidh na Páirtithe i ngach Prótacal Réigiúnach a chinneadh teacht le chéile i gcruinniú ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais ag eatraimh a chomhaontóidh na Páirtithe faoi seach ar bhonn clár ama agus clár oibre a chomhaontófar go frithpháirteach.

*Airteagal 92*

**Na Comhairlí Réigiúnacha Airí**

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Comhairle Airí do gach ceann de na trí Phrótacal Réigiúnacha:

(a) is é a bheidh i gComhairle Airí na hAfraice-AE, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS san Afraic ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta;

(b) is é a bheidh i gComhairle Airí Mhuir Chairib-AE, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS i Muir Chairib ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta; agus

(c) is é a bheidh i gComhairle Airí an Aigéin Chiúin-AE, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS san Aigéan Ciúin ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta.

Beidh gach Comhairle Réigiúnach Airí faoi chomhchathaoirleacht an Chathaoirligh a bheidh ainmnithe faoi seach ag Comhaltaí Stáit OACPS na hAfraice, Mhuir Chairib nó an Aigéin Chiúin, ar thaobh amháin, agus an Chathaoirligh a bheidh ainmnithe ag Páirtí an AE, ar an taobh eile, de réir a nósanna imeachta féin.

Tiocfaidh gach Comhairle Réigiúnach Airí le chéile ag eatraimh arna gcomhaontú ag na Páirtithe faoi seach, i gcomhdhéanamh is cuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le díriú orthu agus ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus déanfaidh sí cinntí de chomhthoil.

2. Is iad feidhmeanna gach Comhairle Réigiúnaí Airí:

(a) tosaíochtaí a leagan síos agus, de réir mar is cuí, pleananna gníomhaíochta a bhunú i ndáil le cuspóirí a bPrótacail Réigiúnaigh faoi seach;

(b) cinntí a ghlacadh agus moltaí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha dá bPrótacal Réigiúnach faoi seach, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le hathbhreithniú nó leasú a dhéanamh air, i gcomhréir le hAirteagal 99(5); beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe go léir sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach, mura sonraítear a mhalairt; agus

(c) idirphlé a sheoladh agus tuairimí a mhalartú maidir le haon saincheisteanna leasa choitinn.

3. Glacfaidh gach Comhairle Réigiúnach Airí cinntí nó déanfaidh sí moltaí de chomhthoil. Ní bheidh a cuid imeachtaí bailí ach amháin má bhíonn ionadaithe ón Aontas Eorpach, ar a laghad leath na mBallstát den Aontas Eorpach agus dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar réigiún faoi seach na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin i láthair. Aon chomhalta d'aon Chomhairle Réigiúnach Airí nach féidir leis a bheith i láthair, féadfar ionadaí eile a chur ina ionad. Feidhmeoidh an t-ionadaí cearta uile an chomhalta sin.

4. Maidir le gach Comhairle Réigiúnach Airí:

(a) féadfaidh sí cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn; beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 88 maidir leis an nós imeachta i scríbhinn atá ag an gComhairle Réigiúnach Airí;

(b) féadfaidh sí fochoistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, agus féadfaidh sí cumhachtaí a tharmligean chuig an gComhchoiste Réigiúnach faoi seach;

(c) cuirfidh sí tuarascáil faoi bhráid Chomhairle Airí OACPS-AE maidir leis an bPrótacal faoi seach a ghabhann leis a chur chun feidhme; agus

(d) glacfaidh sí a rialacha nós imeachta laistigh ag a céad cruinniú, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 93*

**Na Comhchoistí Réigiúnacha**

1. Beidh ar gach Comhchoiste Réigiúnach, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS san Afraic i ndáil le Prótacal na hAfraice-AE, ionadaí ó gach Comhalta de OACPS i Muir Chairib i ndáil le Prótacal Mhuir Chairib-AE, agus ionadaí ó gach Comhalta de OACPS san Aigéan Ciúin i ndáil le Prótacal an Aigéan Ciúin-AE, ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh, agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

2. Is iad na Páirtithe a shealbhaíonn oifig Chomhchathaoirligh gach Comhairle Réigiúnach Airí faoi seach a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar gach Comhchoiste Réigiúnach. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra ó aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

3. Ullmhóidh gach Comhchoiste Réigiúnach na seisiúin agus cuideoidh sé leis an gComhairle Réigiúnach Airí faoi seach agus í ag comhlíonadh a cúraimí agus cuirfidh sé i gcrích aon sainordú a chuirfidh an Chomhairle Réigiúnach Airí faoi seach de chúramair.

4. Glacfaidh gach Comhchoiste Réigiúnach a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú dá chuid, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 94*

**Na Tionóil Pharlaiminteacha Réigiúnacha**

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Tionól Parlaiminteach Réigiúnach i ndáil le gach ceann de na trí Phrótacal Réigiúnacha a bheidh faoi chomhchathaoirleacht Feisire de Pharlaimint na hEorpa, ar thaobh amháin, agus Comhalta den Pharlaimint ó na Páirtithe san Afraic, i Muir Chairib nó san Aigéan Ciúin faoi seach, a bheidh ainmnithe mar Chathaoirleach, ar an taobh eile, a bheidh ainmnithe i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

(a) beidh Tionól Parlaiminteach na hAfraice-AE comhdhéanta, ar thaobh amháin, d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus, ar an taobh eile, de Chomhaltaí Parlaiminte ó gach Stát is Páirtí san Afraic, agus iad ar comhlíon;

(b) beidh Tionól Parlaiminteach Mhuir Chairib-AE comhdhéanta, ar thaobh amháin, d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus, ar an taobh eile, de Chomhaltaí Parlaiminte ó gach Stát is Páirtí i Muir Chairib, agus iad ar comhlíon;

(c) beidh Tionól Parlaiminteach an Aigéin Chiúin-AE comhdhéanta, ar thaobh amháin, d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus, ar an taobh eile, de Chomhaltaí Parlaiminte ó gach Stát is Páirtí san Aigéan Ciúin, agus iad ar comhlíon.

2. Mar chomhlacht comhairleach, tiocfaidh gach Tionól Parlaiminteach Réigiúnach le chéile i gcruinniú go háirithe roimh chruinnithe den Chomhairle Réigiúnach Airí ábhartha. Maidir leis sin, déanfar clár oibre na Comhairle Réigiúnach Airí ábhartha a thabhairt go tráthúil do gach Tionól Parlaiminteach, agus féadfaidh sé, ar an mbonn sin, moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Airí ábhartha, agus cuirfear cinntí agus moltaí na Comhairle Réigiúnach Airí ábhartha i bhfios dó.

3. Maidir le gach Tionól Parlaiminteach Réigiúnach:

(a) féadfaidh sé rúin a ghlacadh agus aon saincheisteanna a bhaineann lena Phrótacal Réigiúnach faoi seach a phlé;

(b) féadfaidh sé próisis dhaonlathacha a chur chun cinn trí idirphlé agus trí chomhairliúchán agus tuiscint níos fearr a éascú idir pobail an Aontais Eorpaigh agus pobail na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin;

(c) déanfaidh sé idirchaidreamh le Comhthionól Parlaiminteach OACPS-AE maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gComhaontú seo, chun comhordú agus comhleanúnachas a áirithiú; agus

(d) glacfaidh sé a rialacha nós imeachta ag a chéad cruinniú, ach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 95*

**Rannpháirteachas leis na geallsealbhóirí**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil rannpháirteachas leis na geallsealbhóirí, go háirithe leis na húdaráis áitiúla, leis an tsochaí shibhialta, agus le hionadaithe ón earnáil phríobháideach, lárnach do chinnteoireacht fheasach agus do chuspóirí na Comhpháirtíochta seo a chur chun cinn.

2. Cuirfear na geallsealbhóirí ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchuir a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe ag féachaint do chruinnithe na Comhairle Airí faoi seach.

3. Chun rannpháirteachas den sórt sin a chur chun cinn, déanfar sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha leis na geallsealbhóirí a chur ar bun de réir mar is iomchuí.

4. Cuirfear torthaí na gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí in iúl don Chomhairle Airí, don Chomhchoiste nó don Tionól Parlaiminteach ábhartha, de réir mar is iomchuí.

CUID VI

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 96*

**Cur i bhfeidhm críochach**

Beidh feidhm ag an gConradh seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin agus, ar an taobh eile, maidir le críocha Chomhaltaí OACPS.

*Airteagal 97*

**Comhaontuithe agus socruithe eile**

Ní chuirfidh conradh, coinbhinsiún, comhaontú ná socrú ar bith de chineál ar bith idir Ballstát amháin nó níos mó den Aontas Eorpach agus Comhalta amháin nó níos mó de OACPS bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 98*

**Toiliú a bheith faoi cheangal, teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach**

1. Cuirfidh na Páirtithe in iúl go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú seo i gcomhréir lena rialacha inmheánacha agus lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis an dáta a bheidh a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach chun na críche sin tugtha chun críche ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit agus ag dhá thrian ar a laghad de Chomhaltaí OACPS chun na críche sin agus a bheidh a n-ionstraimí lena léirítear a dtoiliú a bheith faoi cheangal taiscthe acu in Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ("an taiscí'), a sheolfaidh cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht OACPS.

3. Aon Chomhalta de OACPS nach mbeidh na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2 curtha i gcrích aige faoin dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2, ní fhéadfaidh sé é sin a dhéanamh ach amháin laistigh de 12 mhí ón dáta sin. I gcás na gComhaltaí sin de OACPS, beidh an Comhaontú seo infheidhme an chéad lá den dara mí tar éis thaisceadh a n-ionstraimí lena léirítear a dtoiliú a bheith faoi cheangal leis an taiscí, a chuirfidh cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht OACPS. Tabharfaidh na Comhaltaí sin de OACPS aitheantas do bhailíocht aon bhirt a rinneadh chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme tar éis an dáta a tháinig sé i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2.

4. D’ainneoin mhíreanna 2 agus 3, féadfaidh an tAontas Eorpach agus Comhaltaí OACPS an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach, ina iomláine nó go páirteach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach. Cuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm sealadach an chéad lá den dara mí tar éis dháta sínithe an chomhaontaithe seo sara gcuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm sealadach tabharfaidh, an tAontas Eorpach fógra do Chomhaltaí OACPS na codanna den Chomhaontú seo a chuirfear i bhfeidhm go sealadach.

*Airteagal 99*

**Ré agus athbhreithniú**

1. Tá an Comhaontú seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse thosaigh 20 bliain. Trí bliana roimh dheireadh na tréimhse tosaigh sin, rachaidh na Páirtithe i mbun idirphlé d’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha lena rialófar a gcaidreamh ina dhiaidh sin. Déanfar an Comhaontú seo a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhse aonair cúig bliana mura rud é go gcomhaontóidh na Páirtithe ar chinneadh lena bhfoirceannfar nó lena bhfadófar é roimh dheireadh na tréimhse tosaigh 20 bliain.

2. Féadfaidh na Páirtithe tograí le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú seo a chur faoi bhráid Chomhairle Airí OACPS-AE tráth nach déanaí ná sé mhí roimh chruinniú ábhartha Chomhairle Airí OACPS-AE. Déanfaidh Comhairle Airí OACPS-AE aon leasuithe a fhormheas agus beidh siad faoi réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 98 maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo.

3. Laistigh de shé mhí ó dhul in éag Chlár Oibre 2030, rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíochta d’fhonn tosaíochtaí straitéiseacha an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú agus a athleasú, lena n-áirítear Prótacal na hAfraice, Prótacal Réigiúnach Mhuir Chairib agus Prótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin, agus d’fhonn aon leasuithe eile is gá a thabhairt isteach. Tiocfaidh an Comhaontú leasaithe i bhfeidhm i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 98 le haghaidh theacht i bhfeidhm agus chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo.

4. Féadfaidh na Páirtithe tograí le haghaidh leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur faoi bhráid Chomhairle Airí OACPS-AE tráth nach déanaí ná sé mhí roimh chruinniú ábhartha Chomhairle Airí OACPS-AE. Déanfaidh Comhairle Airí OACPS-AE aon leasuithe a fhormheas.

5. Féadfaidh na Páirtithe sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach tograí le haghaidh leasuithe ar a bPrótacal a chur faoi bhráid na Comhairle Réigiúnaí Airí faoi seach agus faoi bhráid Chomhairle Airí OACPS-AE tráth nach déanaí ná 120 lá roimh chruinniú ábhartha na Comhairle Réigiúnaí Airí faoi seach. Glacfaidh an Chomhairle Réigiúnach Airí faoi seach aon leasuithe agus tabharfar fógra fúthu láithreach do Chomhairle Airí OACPS-AE, a fhéadfaidh a toiliú a thabhairt laistigh de 120 lá ón dáta a thugtar fógra, lena n-áirítear trí nós imeachta i scríbhinn nó trí tharmligean cumhachta chuig OACPS-AE ALSOC. Féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE diúltú a toiliú a thabhairt i ndáil le leasú a mheastar nach bhfuil i gcomhréir leis an gComhaontú seo, agus tabharfaidh sí fógra faoi na cúiseanna a bhí lena diúltú don Chomhairle Réigiúnach Airí ábhartha. Mura ndiúltófar toiliú laistigh de 120 lá ón dáta a thugtar fógra, measfar gurb ionann é sin agus toiliú. Tiocfaidh an Prótacal Réigiúnach leasaithe i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis dháta an toilithe.

6. Féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE aon bhearta idirthréimhseacha is gá a ghlacadh má bheartaítear Comhaontú nua a dhéanamh idir na Páirtithe agus go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú sin i bhfeidhm nó go gcuirfear i bhfeidhm go sealadach é.

*Airteagal 100*

**Foirceannadh**

Féadfaidh Páirtí an AE an Comhaontú seo a fhoirceannadh i ndáil le gach Comhalta de OACPS agus féadfaidh gach Comhalta de OACPS é a fhoirceannadh i ndáil le Páirtí an AE. Beidh éifeacht leis an bhfoirceannadh sé mhí tar éis don taiscí an fógra i scríbhinn ina thaobh a fháil. ar seolaí é a chuirfidh cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht OACPS.

*Airteagal 101*

**Díospóidí a réiteach agus oibleagáidí a chomhlíonadh**

1. Déanfaidh na Páirtithe aon bhearta ginearálta nó sonracha is gá chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh. Tabharfaidh siad aghaidh ar dhibhéirseachtaí agus ar dhíospóidí i dtaobh chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo eatarthu agus díreoidh siad ar cheisteanna maidir le léiriú an Chomhaontaithe seo i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Gan dochar do na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 3 go 9 den Airteagal seo agus in Airteagal 74(4), féadfar aon cheist a bhaineann le léiriú an Chomhaontaithe seo a réiteach trí chomhairliúcháin laistigh de Chomhairle Airí OACPS-AE nó, ar chomhaontú na bPáirtithe, d'fhochoiste speisialta nó d'aon sásra iomchuí eile a thuairiscíonn do Chomhairle Airí OACPS-AE. Cuirfidh na Páirtithe an fhaisnéis ábhartha is gá i láthair chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an ábhar, d'fhonn aghaidh a thabhairt air ar bhealach tráthúil cairdiúil.

3. Chun críocha mhíreanna 4 go 9, tagraítear leis an téarma 'Páirtí' don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit, de pháirt, agus do gach Comhalta de OACPS, den pháirt eile.

4. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar na dibhéirseachtaí eatarthu i gcomhthéacs an idirphlé comhpháirtíochta dá dtaigraítear in Airteagal 3, d'fhonn teacht roimh staideanna ina measfadh Páirtí amháin gur ghá dul ar iontaoibh na gcomhairliúchán dá bhforáiltear seo i míreanna 5 agus 6.

5. Má mheasann Páirtí gur mhainnigh an Páirtí eile aon cheann de na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé fógra faoin méid sin don Pháirtí eile, agus cuirfidh sé ar fáil an fhaisnéis ábhartha go léir is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an staid, d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 90 lá ón dáta a thugtar fógra. I gcás ina measann na Páirtithe nach leor é an tréimhse sin, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin struchtúrtha chórasacha. I gcás nach mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 120 lá ó thús na gcomhairliúchán sin, féadfaidh an Páirtí a thug an fógra bearta a ghlacadh atá comhréireach leis an mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh.

6. D'ainneoin mhír 5, má mheasann Páirtí go bhfuil sárú á dhéanamh ag an bPáirtí eile ar aon cheann de na heilimintí sár-riachtanacha mar a leagtar amach in Airteagail 9 agus 18, seachas i gcás práinn speisialta, nó i gcásanna tromchúiseacha éillithe mar a leagtar amach in Airteagal 12, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile, agus an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an staid á cur i láthair aige, d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 60 lá ón dáta a thugtar fógra. I gcás ina measann na Páirtithe nach leor é an tréimhse sin, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin struchtúrtha chórasacha. Agus cineál déthaobhach na gcomhairliúchán sin á chaomhnú, beidh comhchoiste speisialta rannpháirteach, ach é sin a bheith comhaontaithe ag na Páirtithe lena mbaineann, le linn chéim na gcomhairliúchán. Déanfaidh an Comhchoiste Speisialta, a bheidh comhdhéanta den líon céanna ionadaithe ó Pháirtí an AE agus ó Chomhaltaí OACPS agus iad ag cloí le prionsabail na fíor-chomhpháirtíochta agus na cuntasachta frithpháirtí, comhairle a sholáthar maidir le hoibleagáidí a chomhlíonadh agus tabharfaidh sé cúnamh de réir mar is iomchuí ionas go gcomhlíonfaidh an Páirtí lena mbaineann na gníomhaíochtaí is gá chun na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo. Is é an Páirtísin, agus an Páirtí sin amháin, atá agus a bheidh freagrach as a chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh. I gcás nach mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 90 lá ó thús na gcomhairliúchán dá dtagraítear sa mhír seo, féadfaidh an Páirtí a thug an fógra bearta iomchuí a ghlacadh.

7. Má mheasann ceachtar Páirtí gurb ionann sárú ar aon cheann de na heilimintí sár-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 18 agus cás práinne speisialta, féadfaidh sé bearta iomchuí a ghlacadh le héifeacht láithreach, gan comhairliúcháin roimh ré. Tagraíonn 'cásanna práinne speisialta' do chásanna eisceachtúla ina ndéantar sárú fíor-thromchúiseach neamhnáireach ar cheann de na heilimintí sár-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 18.

8. Déanfar bearta iomchuí dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus beidh siad comhréireach leis an mainneachtain oibleagáidí faoin gComhaontú seo achomhlíonadh. Tabharfar tosaíocht dóibh siúd is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta iomchuí an Comhaontú seo a chur ar fionraí, go páirteach nó ina iomláine. Tar éis na bearta iomchuí a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, féadfar comhairliúcháin a ghairm chun an staid a scrúdú go mion agus chun teacht ar réitigh lena bhféadfar na bearta iomchuí a tharraingt siar.

9. Comhaontaíonn na Páirtithe go seolfar comhairliúcháin ar an leibhéal is fearr agus san fhoirm is fearr a mheastar a chabhródh chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá thaobh. Comhaontaíonn siad go bhféadfaidh na gníomhaithe ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bheith páirteach sa phróiseas comhairliúchán arna chomhaontú ag na Páirtithe lena mbaineann, agus cineál déthaobhach na gcomhairliúchán á chaomhnú.

*Airteagal 102*

**Aontachas**

1. Féadfaidh aon Bhallstát nua den Aontas Eorpach teacht chun bheith ina Pháirtí sa Chomhaontú seo ó dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach trí bhíthin clásail chun na críche sin san ionstraim aontachais. Mura ndéantar foráil san ionstraim aontachais leis an Aontas Eorpach d'aontachas uathoibríoch an Bhallstáit nua leis an gComhaontú, aontóidh an Ballstát lena mbaineann don Chomhaontú seo trí ghníomh aontachais a thaisceadh leis an taiscí, a sheolfaidh cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht OACPS.

2. Aon iarraidh ar aontachas leis an gComhaontú seo a dhéanfaidh stát neamhspleách is comhalta de OACPS nó aon stát neamhspleách eile a bhfuil a shaintréithe struchtúracha agus a staid eacnamaíoch agus shóisialta inchomparáide le saintréithe struchtúracha agus staid eacnamaíoch agus shóisialta chomhaltaí OACPS, déanfar í a thíolacadh do Chomhairle Airí OACPS-AE. Má fhormheasann Comhairle Airí OACPS-AE an iarraidh, aontóidh an stát lena mbaineann don Chomhaontú seo trí ghníomh aontachais a thaisceadh leis an taiscí, a sheolfaidh cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht OACPS.

3. Athbhreithneoidh na Páirtithe na héifeachtaí ar an gComhaontú seo de bharr aontachas stát nua leis.

4. Féadfaidh Comhairle Airí OACPS-AE cinneadh a dhéanamh maidir le haon bhearta idirthréimhseacha nó leasaitheacha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

*Airteagal 103*

**Stádas breathnóra**

D'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, féadfar stádas breathnóra sna institiúidí chomhpháirteacha arna bunú le Cuid V den Chuid Ginearálta den Chomhaontú seo a dheonú do thríú gníomhaithe, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus eagraíochtaí ilchríochacha, le cinneadh ón institiúid chomhpháirteach ábhartha.

*Airteagal 104*

**Téacsanna barántúla**

Tarraingíodh an Comhaontú seo suas i ndúblach sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs díobh.

PRÓTACAIL RÉIGIÚNACHA

# PRÓTACAL RÉIGIÚNACH NA hAFRAICE

CUID I

## CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

Caibidil 1

### Cineál agus raon feidhme

*Airteagal 1*

#### Fíor-chomhpháirtíocht

1. Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn 'Páirtithe' na páirtithe iomchuí atá faoi cheangal ag an bPrótacal seo de bhun Airteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

2. Rialófar an caidreamh idir na Páirtithe leforálacha sána Coda Ginearálta den Chomhaontú seo agus leis na tosaíochtaí straitéiseacha faoin bPrótacal seo, a bheidh comhlántach agus lena n-athneartófar a chéile, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

3. Cuirfidh na Páirtithe an Prótacal seo chun feidhme de mheon na comhúinéireachta, na cómhalartachta, na cuntasachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, maille le freagrachtaí comhlántacha ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

*Airteagal 2*

#### Tosaíochtaí straitéiseacha

1. Déanfaidh na Páirtithe bearta sonracha sna príomhréimsí rannpháirteachais seo a leanas a leagtar amach i gCuid II den Phrótacal seo:

(a) fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach inbhuanaithe;

(b) forbairt dhaonna agus shóisialta;

(c) an comhshaol, bainistiú acmhainní nádúrtha agus an t-athrú aeráide;

(d) síocháin agus slándáil;

(e) cearta an duine, daonlathas agus rialachas;

(f) imirce agus soghluaisteacht.

2. Féadfaidh na Páirtithe réimsí eile rannpháirteachais agus comhair a chomhaontú de chomhthoil.

*Airteagal 3*

#### Lánpháirtiú agus comhar réigiúnach agus ilchríochach

1. Cothóidh na Páirtithe idirnaisc agus naisc straitéiseacha idir an Afraic agus an tAontas Eorpach.

2. Tacóidh na Páirtithe leis an lánpháirtiú réigiúnach agus ilchríochach san Afraic mar bhealaí éifeachtacha chun an tsíocháin agus an rathúnas a bhaint amach, agus chun tosaíochtaí an Phrótacail seo a bhaint amach, agus cuspóirí Chlár Oibre 2063 de chuid an Aontais Afracaigh (AA) ('Clár Oibre 2063') agus creataí réigiúnacha ábhartha eile á gcur san áireamh.

3. Tacóidh na Páirtithe le lánpháirtiú eacnamaíoch réigiúnach san Afraic *inter alia* trí fhorbairt margaí níos mó, idirnascacht níos fearr agus saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí, caipitil, saothair agus teicneolaíochta, i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear Comhphobal Eacnamaíoch Afracach, arna dhéanamh in Abuja an 3 Meitheamh 1991, agus an Comhaontú lena mbunaítear an Limistéar Saorthrádála Mór-roinne Afracach, arna dhéanamh in Kigali an 21 Márta 2018.

4. Tacóidh na Páirtithe le AA agus le heagraíochtaí réigiúnacha chun an tsíocháin, an tslándáil, an daonlathas agus an rialachas a chur chun cinn i gcomhthéacs sásraí réigiúnacha agus ilchríochacha amhail an Struchtúr Afracach um Shíocháin (APSA) agus um Shlándáil agus an Struchtúr Afracach um Rialachas (AGA).

5. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go mbeidh comhleanúnachas agus comhlántacht ann idir an Prótacal seo agus an chomhpháirtíocht idir-ilchríochach arna sainiú i gcruinnithe mullaigh i ndiaidh a chéile idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach agus i ndoiciméid toraidh ghaolmhara. Agus iad ag iarraidh na tosaíochtaí ilchríochacha a leagtar amach i gClár Oibre 2063 a bhaint amach, aithníonn na Páirtithe ról AA agus ról na bpobal eacnamaíoch réigiúnach (RECanna) maidir le saincheisteanna ilchríochacha agus trasréigiúnacha. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh siad dul i mbun plé agus comhair maidir le saincheisteanna trasréigiúnacha agus ilchríochacha leis na tíortha Afracacha nach páirtithe sa Chomhaontú seo iad.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go rachaidh siad i mbun plé leis na RECanna agus go neartóidh siad an comhar leo, agus an ról atá acu mar bhunchlocha faoin gclár oibre um lánpháirtiú na hAfraice á admháil dóibh. Comhaontaíonn siad freisin go gcomhoibreoidh siad le gníomhaithe réigiúnacha agus ilchríochacha ábhartha eile atá toilteanach agus in ann spriocanna coiteanna a chur chun cinn.

7. Spreagfaidh na Páirtithe comhar réigiúnach leis na Tíortha agus na Críocha Thar Lear (OCTanna) atá comhlachaithe leis an Aontas Eorpach agus leis na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais Eorpaigh i réimsí leasa choitinn.

## Caibidil 2

## **Gníomhaithe agus próisis**

### *Airteagal 4*

### **Forálacha institiúideacha**

1. Is iad seo a leanas na hinstitiúidí comhpháirteacha arna mbunú leis an bPrótacal seo, a ndéantar a gcomhdhéanamh agus a bhfeidhm a shainiú sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo:

(a) Comhairle Airí na hAfraice-AE;

(b) Comhchoiste na hAfraice-AE;

(c) Tionól Parlaiminteach na hAfraice-AE.

2. Cuirfidh na Páirtithe treoraíocht straitéiseach agus pholaitiúil na gCruinnithe Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach san áireamh agus an Prótacal seo á chur chun feidhme acu.

### *Airteagal 5*

### **Comhairliúchán leis na geallsealbhóirí**

Bunóidh na Páirtithe sásraí le haghaidh comhairliúchán oscailte trédhearcach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear údaráis áitiúla, ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta agus ionadaithe de chuid na hearnála príobháidí, chun iad a choimeád ar an eolas agus chun a n-ionchur a bhailiú do phróisis pholaitiúla agus do chur chun feidhme an Phrótacail seo, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

*Airteagal 6*

**Cur chun feidhme agus faireachán**

1. Déanfaidh na Páirtithe, maidir le gach réimse rannpháirteachais, socruithe éifeachtacha comhair a chur chun cinn agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí gaolmhara a sheoladh ar an leibhéal intíre, réigiúnach, iltíre agus ilchríochach is iomchuí. Chuige sin, aithníonn siad ról na n-eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha i gcur chun feidhme an Phrótacail seo agus féachfaidh siad le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha a threisiú.

2. Déanfaidh na Páirtithe faireachán ar chur chun feidhme an Phrótacail seo, lena n-áirítear trí chur chuige il-gheallsealbhóra. Féadfaidh siad é a athbhreithniú ar bhonn rialta agus, de réir mar is iomchuí, féadfaidh siad a raon feidhme a athcheartú agus a leathnú i réimsí rannpháirteachais atá ann cheana agus i réimsí nua rannpháirteachais, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 99(5) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

CUID II

**NA PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR**

*TEIDEAL I*

***Fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach, inbhuanaithe***

*Airteagal 7*

Déanfaidh na Páirtithe fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn ar mhaithe leis an leas frithpháirteach agus leis an sochar frithpháirteach trí chlaochlú agus éagsúlú eacnamaíoch struchtúrach a chothú, trí phoist ar ardchaighdeán lena ngabhann dálaí oibre cuibhiúla a chruthú, agus trí lánpháirtiú eacnamaíoch réigiúnach a chur ar aghaidh. Infheisteoidh siad i gcaipiteal daonna agus i scileanna daonna, cuirfidh siad creat fónta maicreacnamaíoch chun cinn agus cruthóidh siad timpeallacht ghnó a bheidh ina cuidiú le sreabha méadaithe infheistíochta agus le forbairt mhéadaithe na hearnála príobháidí. Déanfaidh na Páirtithe bearta agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí a neartú chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun rioscaí comhshaoil eile a íoslaghdú, ag tacú le hathrú paraidíme ar tháirgeadh agus ar thomhaltas, agus bonneagair aeráid-díonacha, fuinneamh inathnuaite agus teicneolaíochtaí glana, bainistiú fónta dramhaíola agus ceimiceán, agus bainistiú comhtháite uisce á gcur chun cinn, d'fhonn an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó dhíghrádú an chomhshaoil agus d'fhonn aistriú de réir a chéile go geilleagair chiorclacha a éascú. Bainfidh na Páirtithe leas as príomhearnálacha ina bhfuil fás mór agus acmhainn mhór iontu poist chuibhiúla a chruthú, agus as sin tiocfaidh lánpháirtiú i slabhraí ardluacha réigiúnacha agus domhanda. Féachfaidh siad lena áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as deiseanna díghlasáilte gnó, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar an óige, agus go ndéanfar croíchaighdeáin saothair a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta éifeachtach.

Caibidil 1

**Claochlú eacnamaíoch**

*Airteagal 8*

**Rialachas eacnamaíoch**

1. Déanfaidh na Páirtithe an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a fheabhsú agus athchóirithe struchtúracha agus beartais eacnamaíocha, fhioscacha agus airgeadaíochta iomchuí a chur chun cinn lena gcruthaítear an spás a bhfuil géarghá leis chun infheistíocht a mhéadú, chun poist a chruthú agus chun an earnáil phríobháideach a fhorbairt, agus chun athléimneacht i leith suaití eacnamaíocha a neartú. Éascóidh siad próiseas an athchóirithe eacnamaíoch trí fheabhas a chur ar an tuiscint chomhroinnte agus ar an malartú faisnéise ar bhunghnéithe a ngeilleagar agus ar fhoirmiú agus cur chun feidhme beartas eacnamaíoch.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtacóidh siad le prionsabail an dea-rialachais eacnamaíoch, go nglacfaidh siad bearta chun an bainistiú airgeadais phoiblí a fheabhsú, go n-oibreoidh siad i dtreo inbhuaine an fhiachais phoiblí, go neartóidh siad córais staidrimh náisiúnta agus réigiúnacha agus sásraí faireachais iltaobhaigh, agus go gcuirfidh siad chun cinn feidhmiú trédhearcach buiséid lena ngabhann rochtain phoiblí ar dhoiciméid, córais éifeachtacha rialaithe agus córas soláthair phoiblí atá iomaíoch, trédhearcach agus cuntasach.

*Airteagal 9*

**Caipiteal daonna agus scileanna**

1. Neartóidh na Páirtithe an caipiteal daonna trí infheistíocht a dhéanamh i réimsí an oideachais, an fheabhsaithe scileanna agus an fhothaithe acmhainneachta d'fhonn éilimh an mhargaidh saothair a shásamh agus an táirgiúlacht saothair a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar phrionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe. Áiritheoidh siad go mbeidh na córais agus na curaclaim náisiúnta oideachais dírithe ar riachtanais fostaíochta na todhchaí agus go ndéanfaidh siad spriocanna a éiríonn as riachtanais náisiúnta acmhainneachta a bhaint amach.

2. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn córais oideachais agus oiliúna teicniúla agus gairme atá éileamhthiomáinte, lena n-áirítear trí dhul i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, agus iad oiriúnaithe do riachtanais agus do dheiseanna na margaí saothair áitiúla agus réigiúnacha, i limistéir thuaithe agus iargúlta go háirithe.

3. Comhoibreoidh na Páirtithe chun beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena bhfeabhsófar scileanna digiteacha agus an litearthacht dhigiteach agus lena ndéanfar iad a lánpháirtiú sa chóras oideachais.

*Airteagal 10*

**Timpeallacht ghnó agus timpeallacht infheistíochta**

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar chreataí rialála náisiúnta agus réigiúnacha agus simpleoidh siad rialacháin agus próisis ghnó, laghdóidh siad agus cuíchóireoidh siad foirmiúlachtaí riaracháin, neartóidh siad an comhar agus cuirfidh siad le hacmhainneachtaí chun beartais éifeachtacha iomaíochta a chur chun feidhme. Glacfaidh siad creataí rialála oscailte, trédhearcacha agus soiléire le haghaidh gnó agus infheistíochta, lena ngabhann cosaint do chearta maoine, do chearta talún agus do chearta maoine intleachtúla. Áiritheoidh siad córais chánach éifeachtacha, thrédhearcacha agus intuartha agus feabhsóidh siad ról na n-údarás custaim maidir le trádáil a éascú, agus na rialacha atá i bhfeidhm chun calaois agus sáruithe eile a chomhrac á bhforfheidhmiú. Cuirfidh siad beartais chun cinn lena bhfeabhsófar ábharthacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht institiúidí an mhargaidh saothair, agus an chothromaíocht cheart idir an tsolúbthacht agus cosaint na n-oibrithe á haimsiú.

2. Tacóidh na Páirtithe le hathchóirithe ar an earnáil airgeadais trí bhearta lena gcuirtear chun cinn feabhas ar rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí airgeadais, go háirithe i gcás micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), forbairt agus idirnascacht margaí airgeadais, agus comhtháthú na margaí caipitil chun leithdháileadh éifeachtúil coigiltis ar infheistíocht tháirgiúil agus ar an earnáil phríobháideach a áirithiú. Beidh sé mar aidhm acu iomaíocht a chothú idir soláthraithe seirbhísí airgeadais, earnálacha inmharthana baincéireachta agus neamhbhaincéireachta a fhorbairt agus seirbhísí airgeadais soghluaiste agus digiteacha a neartú d'fhonn an rochtain ar mhaoiniú a mhéadú, go háirithe ag micrifhiontair agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide. Beidh sé d'aidhm acu freisin feabhas a chur ar a gcomhoibriú ó thaobh caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus ó thaobh margaí oscailte, cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí eile agus rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí móibíleacha a áirithiú.

3. Féachfaidh na Páirtithe le faisnéis ábhartha shorochtana a sholáthar don lucht gnó agus d'infheisteoirí maidir le deiseanna gnó agus maidir leis an gcaoi le gnólachtaí nua a chur ar bun san Afraic agus san Aontas Eorpach. Tacóidh siad le hidirphlé struchtúrtha poiblí príobháideach, le líonrú idir oibreoirí eacnamaíocha agus le forbairt comhpháirtíochtaí gnó, chun a áirithiú go gcuirfear peirspictíochtaí ón earnáil phríobháideach san áireamh sna hiarrachtaí chun rioscaí infheistíochta a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar infheistíocht inbhuanaithe agus tús áite á thabhairt do chláir oibre um athchóiriú na timpeallachta infheistíochta.

4. Tacóidh na Páirtithe le fothú acmhainneachta na n-údarás poiblí chun feabhsuithe beartais agus athchóirithe rialála ar an timpeallacht ghnó agus ar an timpeallacht infheistíochta a shaothrú, lena n-áirítear trí oiliúint agus trí aistrithe eolais agus saineolais.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar machnamh iomchuí ar shaincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht ghnó agus leis an timpeallacht infheistíochta san idirphlé eatarthu.

*Airteagal 11*

**Bonneagar**

1. Tacóidh na Páirtithe le forbairt inbhuanaithe athléimneach i bpríomh-bhonneagair amhail fuinneamh, iompar, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus nascacht dhigiteach chun claochlú a ngeilleagar a éascú, agus an Clár maidir le Forbairt Bonneagair san Afraic á chur san áireamh.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tionscadail a shainaithint, a chur chun cinn agus a mhaoiniú i gcomhpháirt ar tionscadail iad atá ag súil a chuideoidh le claochlú a ngeilleagar.. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun bonneagar dea-spriocdhírithe a thógáil agus a chothabháil, lena n-áirítear páirceanna tionsclaíocha agus criosanna próiseála onnmhairithe, chun tacú le tionscail agus earnálacha iomaíocha atá nasctha le margaí domhanda.

3. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar rialachas na hearnála bonneagair. Slógfaidh siad infheistíocht, cuirfidh siad feabhas ar shlógadh acmhainní intíre, spreagfaidh siad comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha agus bainfidh siad earraíocht as scileanna agus nuálaíocht na hearnála príobháidí i dtaca le bonneagar agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-éascóidh siad forbairt agus cothabháil bonneagair inbhuanaithe athléimneach trí thacaíocht fheabhsaithe airgeadais, theicneolaíoch agus theicniúil, agus aird ar leith á tabhairt ar na tíortha is lú forbairt, ar thíortha talamhiata i mbéal forbartha agus ar stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS).

*Airteagal 12*

**Maoin intleachtúil**

1. Déanfaidh na Páirtithe an comhar maidir le cearta maoine intleachtúla a neartú, lena n-áirítear i bhfoirmliú an chreata rialála chun na cearta sin a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú, agus na bunchuspóirí beartais á gcur san áireamh.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí a neartú chun cearta maoine intleachtúla a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú ar an leibhéal intíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ilchríochach.

3. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh nósanna imeachta forfheidhmiúcháin ar fáil faoina ndlí chun go mbeidh ar chumas sealbhóirí cirt gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh in aghaidh aon ghníomh a dhéantar de shárú ar chearta maoine intleachtúla.

4. Forbróidh na Páirtithe acmhainneachtaí chun clárú agus cosaint tásc geografach (TGanna) a chur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia Afracacha agus Eorpacha araon. Tabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le cur chun feidhme Straitéis Ilchríochach an AA maidir le Tásca Geografacha san Afraic, agus tacóidh siad le pobail áitiúla leas iomlán a bhaint as TGanna chun gur féidir leo bogadh suas slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda.

*Airteagal 13*

**Infheistíocht**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin oibriú i gcomhpháirt chun infheistíocht inbhuanaithe fhreagrach ó fhoinsí intíre agus coigríche, poiblí agus príobháideacha a dhíghlasáil. Tabharfaidh siad aird ar leith ar earnálacha atá fíor-riachtanach don fhorbairt eacnamaíoch, ina bhfuil ardacmhainn maidir le cruthú post inbhuanaithe, go háirithe in earnálacha lena dtugtar breisluach, agus cothóidh siad inbhuaine comhshaoil.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-éascóidh siad infheistíocht trí reachtaíocht, rialáil agus beartais, a ndéanfaidh siad forbairt orthu ar dhóigh thrédhearcach, ag spreagadh idirphlé poiblí príobháideach agus ag soláthar deis do na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach.

3. Cuirfidh na Páirtithe dlús le hiarrachtaí chun an timpeallacht infheistíochta agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú. Tacóidh siad le bearta lena ndúnfar bearnaí in eolas na n-infheisteoirí coigríche ar dhálaí infheistíochta áitiúla. Cuirfidh siad teagmhálacha gnó agus líonraí faisnéise chun cinn, agus éascóidh siad infheistíochtaí comhpháirteacha agus comhfhiontair.

4. Déanfaidh na Páirtithe úsáid éifeachtach agus níos straitéisí na hinfheistíochta poiblí a chur chun cinn chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a phlódú isteach trí chumasc, trí ráthaíochtaí agus trí ionstraimí airgeadais nuálacha eile, chun acmhainní breise a ghiaráil ó mhargaí caipitil, infheistíocht a dhí-rioscú agus rochtain ar mhaoiniú a éascú. Cuirfidh na Páirtithe san áireamh tionscnaimh eile lena rannchuidítear le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach san Afraic a mhaoiniú agus a chur chun cinn chun comhleanúnachas a áirithiú.

5. Déanfaidh na Páirtithe freagracht shóisialta chorparáideach (FSC) agus iompar freagrach gnó (IFG) a chur chun cinn ó thús deireadh an tslabhra breisluacha, trí chreataí beartais tacaíochta a sholáthar lena spreagtar gnólachtaí glacadh le cleachtais ábhartha agus lena dtacaítear le comhlíonadh, cur chun feidhme agus scaipeadh na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, agus le obair leantach ina leith, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoirlínte OECD d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta. Aithneoidh siad go ndéanann tionscnaimh dheonacha eile, lena n-áirítear féinrialáil an tionscail, a gcion féin ar mhaithe leis an inbhuaine agus le FSC.

*Airteagal 14*

**Tionsclú**

1. Cuirfidh na Páirtithe tionsclú cuimsitheach inbhuanaithe chun cinn san Afraic tríd an nuálaíocht agus tríd an bhforbairt theicneolaíoch, agus béim ar earnálacha ard-bhreisluacha agus dlúthshaothair.

2. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn claochlú gheilleagair na hAfraice agus a n-aistriú ó spleáchas ar thráchtearraí go geilleagair éagsúlaithe trí chóireáil áitiúil agus próiseáil áitiúil amhábhar, trí mhonarú breisluacha agus trí chomhtháthú i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda, lena n-áirítear tríd an Straitéis maidir le Forbairt Thionsclaíoch Luathaithe san Afraic a chur san áireamh.

3. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo scrogaill lena gcuirtear bac ar fhorbairt thionsclaíoch a dhíghlasáil. Tabharfaidh siad aghaidh ar shrianta ó thaobh an tsoláthair de, cuirfidh siad feabhas ar an táirgiúlacht, spreagfaidh siad úsáid ardteicneolaíochtaí TFC agus intleachta saorga, agus tacóidh siad leis an gclaochlú digiteach, agus teicneolaíochtaí sóisialta, soghluaisteachta, anailísíochta agus néalríomhaireachta (SMAC) á gcur san áireamh. Cothóidh siad cleachtais aeráidchliste agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus úsáid fuinnimh ghlain inacmhainne.

4. Féachfaidh na Páirtithe le naisc thionsclaíocha a chruthú trí bhreisluach méadaithe a bheith ann do thíortha talmhaíochta agus do thíortha atá ar mhórán acmhainní, *inter alia*. Cothóidh siad caidreamh idir tionscail bheaga agus tionscail níos mó san Afraic. Forbróidh siad an earnáil seirbhísí chun a áirithiú go gcuirfidh sí go héifeachtúil leis an tionsclú.

5. Déanfaidh na Páirtithe forbairt MFBManna san Afraic a éascú, lena n-áirítear trí naisc a fhorbairt laistigh den Afraic agus trí shineirgí a fhorbairt le cuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Tacóidh siad le beartais chun an fhiontraíocht a fhorbairt i measc na hóige agus na mban i gcomhthéacs a gcumhachtaithe eacnamaíoch agus chur chun cinn na forbartha cuimsithí.

*Airteagal 15*

**Forbairt na hearnála príobháidí**

1. Déanfaidh na Páirtithe ról na hearnála príobháidí a chur chun cinn agus a neartú mar thiomántóir éifeachtach de chuid na forbartha inbhuanaithe, bunaithe ar FSC agus ar IFG. Soláthróidh siad timpeallacht chumasúcháin chun poitéinseal na fiontraíochta atá bunaithe ar dheiseanna a dhíghlasáil agus chun earraíocht níos fearr a bhaint as bonn fiontraíochta na hAfraice, ag comhcheangal meascán uirlisí amhail maoiniú, seirbhísí agus oiliúint, cultúr gnó agus creataí rialála, an nuálaíocht agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua-aimseartha. Tabharfaidh siad aird ar leith ar an earnáil neamhfhoirmiúil agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhfhoirmiúla a chur ar bhonn foirmiúil.

2. Bunóidh na Páirtithe an creat ceart gnó agus tacóidh siad le MFBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta chun deiseanna fáis a thapú, lena n-áirítear trí thionscnaimh le haghaidh a n-idirnáisiúnaithe a chur chun cinn. Neartóidh siad seirbhísí tacaíochta do MFBManna trí dhíriú ar bhearta tionlacain, ar rochtain ar an margadh, ar fhothú acmhainneachta agus ar uasghrádú gnó. Déanfaidh siad an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chur chun cinn agus tacóidh siad leo, i measc na hóige agus na mban go háirithe.

3. Tacóidh na Páirtithe le hidirphlé struchtúrtha idir earnálacha príobháideacha na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh agus leis an gcomhar idir MFBManna na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le cruthú timpeallachta feabhsaithe gnó lena gcumasófar fás sna hearnálacha eacnamaíocha go léir.

4. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn tiomantas agus gníomhaíocht na hearnála príobháidí maidir le forbairt gnó ghlais agus maidir leis an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear tríd an bhfiontraíocht shóisialta a fhorbairt agus trí rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe a éascú.

5. Spreagfaidh agus éascóidh na Páirtithe úsáid níos leithne a n-airgeadraí faoi seach ina n-idirbhearta idirnáisiúnta.

*Airteagal 16*

**Comhar trádála**

1. Cuirfidh na Páirtithe, ag admháil dóibh a thábhachtaí atá an trádáil toisc go gcuirtear go mór leis an bhfás agus leis an bhforbairt eacnamaíoch dá barr, borradh faoi dheiseanna trádála chun a gcomhleasa. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht trádála a fhorbairt agus chun na coinníollacha creata agus na beartais a shocrú chun sreabha trádála méadaithe eatarthu a éascú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfear an comhar trádála chun feidhme i gcomhréir iomlán le forálacha EDT, lena n-áirítear cóir speisialta agus dhifreálach.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhforbrófar an comhar trádála go príomha ar a socruithe um thrádáil fhabhrach atá ann cheana agus ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (‘na CCEnna’).

4. Tacóidh sínitheoirí leis na CCEnna lena gcur chun feidhme, lena n-áirítear an fhéidearthacht a raon feidhme a leathnú agus aontachas comhaltaí nua i gcás inarb iomchuí.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tacú, lena n-acmhainn faoi seach, le cur chun feidhme an Limistéir Saorthrádála Mór-roinne Afracaigh.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil cur chun feidhme na CCEnna, an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Limistéar Saorthrádála Mór-roinne Afracaigh agus socruithe trádála infheidhme eile comhlántach agus go dtacaíonn siad lena chéile agus go gcuidíonn siad leis an bpróiseas lánpháirtithe réigiúnaigh agus ilchríochaigh a dhoimhniú faoin gclár oibre um thrádáil agus um chlaochlú struchtúrach de chuid an Aontais Afracaigh.

7. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcothabhálfaidh siad nó go mbunóidh siad, ar na leibhéil iomchuí, socruithe comhpháirteacha chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CCEnna agus socruithe trádála infheidhme eile a phlé, agus measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar fhorbairt gheilleagair na hAfraice agus ar a bpróisis lánpháirtithe réigiúnaigh agus ilchríochaigh.

8. Tacóidh na Páirtithe le próisis lánpháirtithe eacnamaíoch réigiúnaigh, lena n-áirítear trí éascú trádála agus comhchuibhiú rialála agus cuirfidh siad chun cinn trádáil laistigh den Afraic agus lánpháirtiú tíortha Afracacha i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda. Comhaontaíonn siad freisin go ndéanfaidh siad cruthú agus comhdhlúthú margaí réigiúnacha le haghaidh earraí agus seirbhísí a éascú agus a spreagadh.

9. Tacóidh na Páirtithe le tionscnaimh lena laghdófar agus lena ndíchuirfear bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar an trádáil faoi raon feidhme Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (‘Comhaontú BTT’). Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun rialacháin agus cleachtais sláintíochta agus fíteashláintíochta a neartú de bhun Chomhaontú EDT maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (‘Comhaontú SPS’). Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, go háirithe, chun caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt lena dtacófar le creataí beartais ábhartha na bPáirtithe. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun trédhearcacht a fheabhsú agus bearta rialála á bhforbairt agus caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta á gcur chun feidhme (tástáil, deimhniúchán, calabrú). Tabharfaidh siad aghaidh, i measc nithe eile, ar shaincheisteanna a bhaineann le méadreolaíocht agus le creidiúnú saotharlann agus comhlachtaí eile um measúnú comhréireachta maille le bonneagar leormhaith faireachais margaidh.

10. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimse an éascaithe trádála, ag cur lena ngealltanais faoi seach faoi Chomhaontú EDT um Éascú Trádála (an ‘CÉT’). Glacfaidh siad bearta, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, chun Comhaontú BTT, Comhaontú SPS agus Comhaontú ÉT a chur chun feidhme, agus tacóidh siad le comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta trí fhothú acmhainneachta iomchuí.

11. Déanfaidh na Páirtithe forbairt an mhargaidh a spreagadh trí naisc bhonneagair agus tabharfaidh siad tús áite do dheireadh a chur le bacainní agus srianta neamhriachtanacha a bhíonn le sárú ag onnmhairí idir an Afraic agus an tAontas Eorpach.

12. Geallann na Páirtithe, de réir leibhéal a bhforbartha agus a dtosaíochtaí, go bhfeabhsóidh siad an rochtain mhargaidh atá ag earraí ar mhargaí na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na comhaontuithe trádála atá ann cheana.

## Caibidil 2

## Príomhearnálacha

*Airteagal 17*

### Talmhaíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun táirgeadh, táirgiúlacht agus próiseáil talmhaíochta atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a mhéadú, d'fhonn slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe a láidriú, ag feabhsú slite beatha, ag cruthú poist chuibhiúla, ag feabhsú slabhraí breisluacha agus ag méadú ioncam. Neartóidh siad cleachtais aeráid-díonacha, déanfaidh siad bainistiú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn, cuirfidh siad deireadh le dreasachtaí lena ngintear patrúin táirgthe neamh-inbhuanaithe, agus bainfidh siad úsáid as na teicneolaíochtaí is inbhuanaithe, is tíosaí ar fhuinneamh agus a bhfuil an lorg is ísle carbóin acu. Áiritheoidh siad an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe trí aird a thabhairt ar gach gné den inbhuaine agus neartóidh siad athléimneacht a gcóras agraibhia in aghaidh rioscaí aeráide agus comhshaoil agus turraingí eisginiúla.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, chun nasc níos fearr a dhéanamh idir gnólachtaí Afracacha agus gnólachtaí an Aontais Eorpaigh san earnáil agraibhia, chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun saineolas an Aontais Eorpaigh agus na hAfraice maidir le forbairt na talmhaíochta a thabhairt le chéile. Tacóidh siad le cur chun feidhme Chlár Uileghabhálach Forbartha Talmhaíochta na hAfraice (CAADP).

3. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis an infheistíocht, ag socrú rialacha agus rialacháin atá fabhrach d'infheisteoirí chun infheistíocht phríobháideach fhreagrach a chur chun cinn agus chun go mbeidh rath uirthi san earnáil agraibhia. Tacóidh siad le forbairt slabhraí breisluacha agraibhia inbhuanaithe, *inter alia* trí bhonneagair thuaithe fheabhsaithe, trí ghairmoiliúint agus oideachas gairme feabhsaithe, trí thaighde agus teicneolaíochtaí talmhaíochta, agus trí rochtain éascaithe ar mhaoiniú agus ar mhargaí.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun deiseanna a fheabhsú do tháirgeoirí, próiseálaithe agus onnmhaireoirí talmhaíochta rochtain a fháil ar mhargaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Déanfaidh siad fothú acmhainneachta i réimse na gcaighdeán SPS, scéimeanna cóirthrádála don agraphróiseáil, rochtain ar sheirbhísí, ar chomhairle talmhaíochta agus ar theicneolaíochtaí iomchuí a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar acmhainneacht na bhfeirmeoirí óga, na mban, na bhfeirmeoirí beaga agus na bhfeirmeoirí teaghlaigh. Cuirfidh siad le hacmhainneachtaí na n-eagraíochtaí feirmeoireachta teaghlaigh agus MFBManna i dtaca le teicnící táirgthe agus próiseála trí bheartais chumhachtaithe, go háirithe do dhaoine óga agus do mhná.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i ndáil le rialachas na hearnála talmhaíochta, go mór mór trí bhearta tacaíochta do chórais faisnéise agus luathrabhaidh chun géarchéimeanna a chosc, trí cheapadh beartas cuimsitheach agus trí acmhainneachtaí na n-eagraíochtaí gairmiúla a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ilchríochach. Éascóidh siad an rochtain ar thalamh talmhaíochta agus ar chearta oidhreachta, lena n-áirítear ag feirmeoirí teaghlaigh, ag daoine óga agus ag mná.

*Airteagal 18*

### Beostoc agus leathar

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar tháirgeadh inbhuanaithe beostoic, ar thréadachas agus ar bhuailteachas trasteorann , chun slabhraí breisluacha beostoic a fhorbairt, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar acmhainneacht na n-eagraíochtaí gairmiúla, agus chun tacú le próiseáil, caomhnú, trádáil agus forbairt táirgí ainmhithe amhail leathar, bainne agus feoil, agus aird á tabhairt ar an inbhuaine comhshaoil, ar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ar an bhforbairt shocheacnamaíoch agus ar an bhfás cuimsitheach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin chun an bonneagar próiseála agus margaíochta beostoic agus táirgí beostoic a nuachóiriú d'fhonn rochtain ar mhargaí a éascú agus margaí idir-réigiúnacha san Afraic a neartú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an earnáil beostoic a fhorbairt agus a nuachóiriú i gcomhréir le cuspóirí CAADP, agus an Straitéis Forbartha Beostoic don Afraic á cur san áireamh.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun sláinte ainmhithe a fheabhsú, chun seirbhísí tréidliachta a fheabhsú agus chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní agraithréadacha a áirithiú. Spreagfaidh siad bunú creataí rialála náisiúnta agus réigiúnacha iomchuí agus neartú na gcumas taighde tréidliachta. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as galair thrasteorann ainmhithe trí na sásraí faireacháin agus an comhar eipidéimeolaíoch trasteorann a neartú.

*Airteagal 19*

**An geilleagar gorm agus iascach**

1. Tacóidh na Páirtithe leis an ngeilleagar gorm, lena ndéanfar réiteach idir an fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus slite beatha feabhsaithe, an cothromas sóisialta, caomhnú na n-éiceachóras mara agus intíre agus a mbithéagsúlachta, agus an athléimneacht i leith an athraithe aeráide, agus lena neartófar slándáil an tsoláthair bia agus córais thrédhearcacha, iontaofa agus shlána bia.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad infheistíocht inbhuanaithe fhreagrach sa gheilleagar gorm a chur chun cinn agus go dtacóidh siad le hidirghabháil spriocdhírithe chun tuilleadh infheistíochta ón earnáil phríobháideach a spreagadh. Déanfaidh siad bainistiú comhtháite dobharcheantar agus pleanáil spáis mhara a chur chun cinn chun réiteach a dhéanamh idir éilimh ilúsáide agus cosaint an chomhshaoil. Déanfaidh siad forbairt agus aistriú na teicneolaíochta agus comhroinnt eolais, nuálaíochtaí, dea-chleachtais agus ceachtanna arna bhfoghlaim i dtaca le geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh.

3. Déanfaidh na Páirtithe iascach mara agus intíre inbhuanaithe a chur chun cinn chun poist a chruthú, chun ioncam a ghiniúint, ar mhaithe le comhrac na bochtaineachta, agus ar mhaithe le slándáil fheabhsaithe bia agus le cothú feabhsaithe. Déanfaidh siad comhfhiontair a éascú, cuirfidh siad an breisluach chun cinn agus tabharfaidh siad aghaidh ar chaillteanais iarghabhála éisc trí bhearta iomchuí, agus cothóidh siad rochtain níos fearr ar mhargaí. Cuirfidh siad feabhas ar shochair shóisialta agus eacnamaíocha an iascaigh ar mhionscála lena n-áirítear an ceardiascach trí shlabhraí breisluacha iascaigh inbhuanaithe a thógáil agus trí infheistíochtaí agus acmhainneachtaí áitiúla a neartú agus aird á tabhairt ar rannpháirtíocht daoine leochaileacha agus imeallaithe.

4. Áiritheoidh na Páirtithe caomhnú agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní mara agus iascaigh intíre chun stoic éisc a chothabháil ar leibhéil inbhuanaithe chun an ró-iascaireacht a chosc, chun tacú le cur chun feidhme beartas aeráidchliste agus chun tionchair dhiúltacha na hiascaireachta ar an gcomhshaol nádúrtha a íoslaghdú. Déanfaidh siad an comhar réigiúnach a chur chun cinn agus dea-chleachtais a chothú i ndáil le bainistiú iascaigh, lena n-áirítear bailiú agus tuairisciú sonraí agus staidrimh iascaigh a chur chun cinn.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun dobharshaothrú inbhuanaithe mara agus intíre a fhorbairt trí phleanáil spáis éifeachtach, trí chur chuige éiceachórasbhunaithe, trí rochtain níos fearr ar mhaoiniú agus trí chothrom iomaíochta níos fearr d'infheisteoirí, agus áiritheoidh siad ag an am céanna go sásófar leis ábhair imní na bpobal áitiúil.

6. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn forbairt inbhuanaithe na turasóireachta cósta agus muirí lena ngintear ioncam agus lena gcruthaítear poist, agus aird chuí á tabhairt ar na gnéithe comhshaoil agus sóisialta.

7. Déanfaidh na Páirtithe iniúchadh ar na bpoitéinseal atá i ngníomhaíochtaí muirí inbhuanaithe atá nuálach, úr agus ag teacht chun cinn, lena n-áirítear fuinneamh taoide. Bunóidh siad na creataí rialála agus beartais is gá lena bhforbairt amach anseo, ag tacú le taighde agus ag laghdú scrogaill theicniúla chun rochtain d'infheisteoirí a éascú agus rioscaí don mhuirthimpeallacht á seachaint ag an am céanna.

8. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme straitéisí agus pleananna gníomhaíochta don gheilleagar gorm. Éascóidh siad rannpháirteachas na hearnála príobháidí agus geallsealbhóirí eile i dtaca le forbairt agus cur chun feidhme geilleagair ghoirm inbhuanaithe. Tabharfaidh siad aird chuí ar fhorbairt na SIDS, ag aithint dóibh a spleáchas ar an aigéan.

*Airteagal 20*

**Tionscail eastóscacha agus próiseáil eastóscach**

1. Cuirfidh na Páirtithe earnáil na dtionscal eastóscach chun cinn chun fás agus forbairt cuimsitheach inbhuanaithe agus claochlú gheilleagair na hAfraice a bhaint amach. Spreagfaidh na Páirtithe infheistíocht i dtionscail eastóscacha agus i bpróiseáil eastóscach, agus aird á tabhairt ar phrionsabal cheannasacht na dtíortha ar acmhainní nádúrtha. Cuirfidh siad lánpháirtiú níos fearr chun cinn idir slabhraí breisluacha na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh.

2. Déanfaidh na Páirtithe rochtain chothrom, fhreagrach agus neamhshaofa ar acmhainní eastóscacha a chur chun cinn, agus urraim iomlán á tabhairt do cheannasacht na dtíortha ar a n-acmhainní nádúrtha, agus cothóidh siad trádáil inbhuanaithe idir oibreoirí na hAfraice agus oibreoirí an Aontais Eorpaigh, agus cearta na bpobal a ndéantar difear dóibh á gcosaint acu. Tacóidh siad le forbairt, comhchuibhiú agus cur chun feidhme beartas comhleanúnach agus creataí láidre rialála agus dlíthiúla chun acmhainní eastóscacha a thaiscéaladh, a shaothrú, a láimhseáil, a cheadúnú, a chonrú, a chur faoi cháin, a phróiseáil agus a onnmhairiú. Spreagfaidh siad rannpháirtíocht MFBManna áitiúla in earnáil na dtionscal eastóscach trí aistriú scileanna agus teicneolaíochta a éascú chun cur lena n-iomaíochas, d'fhonn iad a bheith ina ngníomhaithe iomlána sna slabhraí breisluacha.

3. Cuirfidh na Páirtithe an dea-rialachas chun cinn san earnáil eastóscach ar mhaithe leis an bhforbairt shocheacnamaíoch. Neartóidh siad an reachtaíocht intíre chun a áirithiú go gcomhlíonfar na prionsabail agus na treoirlínte a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus straitéisí réigiúnacha á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí. Déanfaidh siad calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac, agus áiritheoidh siad go n-íocfaidh na hoibreoirí uile na cánacha, na táillí agus na ríchíosanna atá dlite do na tíortha óstacha. Bainfidh siad úsáid as modhanna dlíthiúla náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun saothrú agus trádáil neamhdhleathach acmhainní mianraí a chomhrac.

4. Tacóidh na Páirtithe le tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun an trédhearcacht agus an chuntasacht a fheabhsú maidir le húsáid agus bainistiú acmhainní eastóscacha, lena n-áirítear trí Phróiseas Kimberley agus an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach agus tionscnaimh ábhartha eile maidir le mianraí a eastóscadh agus a fhoinsiú ar bhealach freagrach agus inbhuanaithe, amhail Treoraíocht ECFE i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca, a chur chun cinn.

5. Tacóidh na Páirtithe le forbairt reachtaíochta iomchuí agus sásraí iomchuí, agus aird á tabhairt ar riachtanais mianadóirí ceardaíochta agus mionscála, ar riachtanais na bpobal áitiúil agus na sochaí sibhialta, agus a rannpháirteachas á chothú san am céanna, chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní eastóscacha a shaothrú ar bhealach cuimsitheach inbhuanaithe. Déanfaidh siad an inbhuaine comhshaoil, cleachtais aeráidchliste, dálaí oibre cuibhiúla, sláinte agus sábháilteacht na bpobal áitiúil agus urraim do chearta an duine a chur chun cinn, i gcomhréir le hoibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí táirgeachta na bhfiontraithe áitiúla a fhorbairt sna slabhraí breisluacha eastóscacha mar aon le hacmhainneachtaí na mianadóirí ceardaíochta agus mionscála, agus spreagfaidh siad comhpháirtíochtaí sóisialta idir cuideachtaí mianadóireachta, pobail áitiúla agus geallsealbhóirí ábhartha eile. Déanfaidh siad gníomhaíochtaí léarscáilíochta agus taiscéalaíochta náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun cinn chun feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise geolaíche agus na gcóras bainistithe geoshonraí san Afraic.

*Airteagal 21*

**Monarú**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun monarú inbhuanaithe a chothú san Afraic, agus forbróidh siad straitéisí saincheaptha a bheidh deartha chun an spleáchas ar tháirgeadh príomhúil bunleibhéil a laghdú agus chun breisluach a chruthú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach.

2. Forbróidh na Páirtithe beartais chun tuilleadh infheistíocht dhíreach intíre agus choigríche san earnáil monaraíochta a tharraingt chucu. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun tacú le hacmhainneacht MFBManna. Cuirfidh siad an nuálaíocht agus braislí, líonraí agus comhpháirtíochtaí ardmhonaraíochta chun cinn.

3. Féachfaidh na Páirtithe le cion na monaraíochta dlúthshaothair a mhéadú. Comhoibreoidh siad chun teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhshamhlú d'fhonn na slabhraí soláthair a chlaochlú agus an táirgeadh a nuachóiriú.

4. Tacóidh na Páirtithe le hiarrachtaí an trádáil earraí monaraithe a mhéadú trí naisc le margaí agus trí éascú trádála, lena n-áirítear le haghaidh caighdeáin cháilíochta fheabhsaithe agus bonneagar feabhsaithe. Neartóidh siad an lánpháirtiú réigiúnach chun poitéinseal monaraíochta na hAfraice a dhíghlasáil agus chun feabhas a chur ar a hiomaíochas sna margaí domhanda.

*Airteagal 22*

**Seirbhísí**

1. Déanfaidh na Páirtithe bearta lena dtacaítear le hearnáil seirbhísí bhríomhar théagartha a fhorbairt chun an bealach a réiteach do thrádáil mhéadaithe seirbhísí, onnmhairí agus infheistíochtaí, agus le lánpháirtiú réigiúnach neartaithe agus le comhar idir-réigiúnach neartaithe.

2. Forbróidh na Páirtithe beartais agus bearta earnáilsonracha chun aghaidh a thabhairt ar chonstaicí rialála, chun creataí institiúideacha agus rialála a fheabhsú agus chun an acmhainneacht soláthair seirbhísí a neartú. Tacóidh siad le cur chun feidhme Chomhaontú Ginearálta EDT maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), neartóidh siad an comhar réigiúnach, laghdóidh siad ilroinnt na margaí seirbhísí san Afraic, neartóidh siad giniúint agus anailís sonraí ar an trádáil seirbhísí, agus tacóidh siad le faireachán a dhéanamh ar chomhtháthú seirbhísí agus ar an tionchar a bhíonn ag athchóirithe ar ísliú na gcostas trádála.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an trádáil seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear gluaiseacht daoine nádúrtha chun críoch gnó idir an Afraic agus an tAontas Eorpach, agus béim ar leith á leagan ar phríomhearnálacha mar gheall ar a bhfás agus forbairt eacnamaíoch, amhail TFC, sláinte, seirbhísí airgeadais, dáileadh, turasóireacht, foirgníocht agus seirbhísí innealtóireachta gaolmhara, i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht soláthair seirbhísí a bhaineann le tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú.

*Airteagal 23*

**Iompar**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtreo córais iompair atá nua-aimseartha, sábháilte, slán agus inbhuanaithe a bhaint amach, agus feabhas á chur ar an idirnascacht laistigh den Afraic agus idir an Afraic agus an tAontas Eorpach.

2. Feabhsóidh na Páirtithe rialachas foriomlán na hearnála iompair, ag forbairt agus ag cur chun feidhme rialacháin éifeachtúla lena bhféadfaidh iomaíocht chóir a bheith ann laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu. Beidh sé mar aidhm leo tionchar na modhanna iompair ar an gcomhshaol a laghdú trí fhuinneamh glan a chur chun cinn trí bhíthin caighdeáin fheabhsaithe bhreosla agus trí bhíthin teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh.

3. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis an infheistíocht chun tacú le forbairt bhreise a dhéanamh ar bhonneagair iompair agus ar ghréasáin iompair (eadhon bóithre, aer, uisce, iarnród), agus aird ar leith á tabhairt ar bhonneagair lúb ar lár agus ar a gcothabháil, agus an Clár maidir le Forbairt Bonneagair san Afraic á chur san áireamh. Feabhsóidh siad an rochtain atá ag pobail tuaithe agus iargúlta ar bhonneagair bhunúsacha chun a bhforbairt shocheacnamaíoch a fheabhsú. Oibreoidh siad i dtreo bonneagar agus saoráidí calafoirt inbhuanaithe a neartú agus scrúdóidh siad na féidearthachtaí a bhaineann le calafoirt ghlasa a chruthú.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile in earnáil na heitlíochta, lena n-áirítear trí thacú le bunú agus neartú mhargadh aonair aeriompair na hAfraice. Déanfaidh siad an infheistíocht a neartú, an comhar rialála a leathnú agus a dhoimhniú mar aon le feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar shlándáil agus ar an bhfaireachas ar an aerspás, lena n-áirítear a gcumas freagairt do bhagairtí agus do rioscaí gaolmhara.

*Airteagal 24*

**Fuinneamh inbhuanaithe**

1. Féachfaidh na Páirtithe le dlús a chur leis an rochtain atá ar fhuinneamh inbhuanaithe inacmhainne, le bonneagair fuinnimh athléimneacha a fhorbairt, i limistéir thuaithe go háirithe, agus le forbairt fuinnimh inathnuaite agus úsáid éifeachtúil fuinnimh a chur chun cinn. Déanfaidh siad úsáid na dteicneolaíochtaí fuinnimh agus ísealcharbóin is éifeachtúla a chur chun cinn i ngach earnáil. go háirithe sa talmhaíocht, sa mhonaraíocht, sna tionscail eastóscacha agus sa turasóireacht.

2. Cuirfidh na Páirtithe an tslándáil fuinnimh chun cinn agus déanfaidh siad idirnaisc éifeachtacha fuinnimh a bhunú agus a atreisiú laistigh den Afraic agus idir an Afraic agus an tAontas Eorpach, chun soláthar fuinnimh iontaofa inacmhainne a áirithiú. Tabharfaidh siad aghaidh ar dhúshláin rialála, eacnamaíocha, shochaíocha agus eile a bhaineann le conairí straitéiseacha fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt.

3. Déanfaidh na Páirtithe margaí fuinnimh atá oscailte, trédhearcach, iomaíoch agus feidhmiúil a éascú trí chreataí dlíthiúla agus rialála a ghlacadh lena spreagtar infheistíocht i bhfuinneamh inbhuanaithe, i stóráil fuinnimh agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Cuirfidh siad deireadh de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise atá díobhálach don chomhshaol. Gabhann siad orthu féin an chomhpháirtíocht idir earnálacha príobháideacha na hAfraice agus an Aontais Eorpaigh a neartú, agus rannpháirteachas na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha a neartú, chun borradh a chur faoin infheistíocht i nginiúint inbhuanaithe fuinnimh, in éifeachtúlacht fuinnimh agus i rochtain ar fhuinneamh. Slógfaidh siad infheistíocht i meascán éagsúlaithe fuinnimh ghlain don leictreachas, agus tús áite á thabhairt d'acmhainní inathnuaite. Tacóidh siad le cur chun feidhme tionscnamh ábhartha náisiúnta agus réigiúnach fuinnimh san Afraic, lena n-áirítear trí rannchuidiú le cuspóirí Thionscnamh Fuinnimh Inathnuaite na hAfraice.

4. Déanfaidh na Páirtithe éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a chur chun cinn ag gach céim den slabhra fuinnimh, ó ghiniúint go tomhaltas. Comhaontaíonn siad go n-oibreoidh siad i dtreo an acmhainneacht giniúna agus stórála fuinnimh inbhuanaithe a mhéadú, agus go bhfeabhsóidh siad an bonneagar tarchurtha agus dáileacháin trí réitigh a chur chun cinn atá sábháilte, inbhuanaithe, tíosach ar acmhainní agus aeráidchliste, agus lena rannchuidítear ar bhealach níos éifeachtaí leis an mbochtaineacht a dhíothú.

5. Tacóidh na Páirtithe le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, ilghnéitheach, costéifeachtach agus inbhuanaithe, agus béim ar theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite agus ar theicneolaíochtaí astaíochtaí ísle agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus coigilte fuinnimh, trí acmhainneachtaí a neartú agus comhpháirtíochtaí, naisc agus comhfhiontair Afraic-AE idir oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn. Déanfaidh siad comhghréasáin le haghaidh taighde agus nuálaíochta maidir le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn.

6. Tacóidh na Páirtithe le hathchóirithe earnála agus le forbairt creataí iomchuí rialála agus beartais chun idirnascacht réigiúnach agus comhar réigiúnach i réimse an fhuinnimh a áirithiú. Neartóidh siad malartáin chumhachta réigiúnacha mar mheán le haghaidh margaí agus trádáil fuinnimh trasteorann comhtháite.

*Airteagal 25*

**TFC agus an geilleagar digiteach**

1. Cuirfidh na Páirtithe leis an rochtain atá ar TFC atá oscailte, inacmhainne agus slán, lena n-áirítear trí thacú le hinfheistíochtaí príobháideacha agus poiblí. Féachfaidh siad leis na hinstitiúidí rialála is gá a bhunú chun soláthraithe seirbhíse a cheadúnú, chun iompraíocht iomaíoch a chur chun cinn agus chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le tomhaltóirí agus go mbeidh sonraí agus tomhaltóirí faoi chosaint.

2. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an rochtain atá ar theicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha, agus bunóidh siad nascacht dhigiteach inacmhainne, lena n-áirítear trí chreat beartais agus rialála cuiditheach. Cuirfidh siad feabhas ar an timpeallacht ghnó agus éascóidh siad an rochtain atá ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí tacaíochta gnó chun fiontraíocht arna cumasú go digiteach a chothú agus chun an digitiú a phríomhshruthú, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha i ngach earnáil eacnamaíoch agus é de chuspóir leis sin fás agus claochlú eacnamaíoch cuimsitheach a bhaint amach.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú, go háirithe trí chreataí iomchuí, dlíthiúla agus institiúideacha a bhunú agus a oiriúnú, chun poitéinseal an gheilleagair dhigitigh a dhíghlasáil, lena n-áirítear an ríomhthráchtáil, i dtaca le cruthú post agus le forbairt eacnamaíoch, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar an óige.

4. Tacóidh na Páirtithe leis an aistriú chuig geilleagair eolasbhunaithe.

*Airteagal 26*

**Turasóireacht**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú ar mhaithe le forbairt chothrom inbhuanaithe na turasóireachta, lena gcothaítear forbairt eacnamaíoch, lena ngintear fostaíocht agus lena ndéantar comhtháthú cúinsí comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nach mbaineann ach le tionscal na turasóireachta.

2. Treiseoidh na Páirtithe an infheistíocht i gcur chun cinn agus i bhforbairt táirgí turasóireachta, agus aird chuí á tabhairt ar staid iomaíochta MFBManna. Neartóidh siad naisc idir an turasóireacht agus earnálacha eacnamaíocha ábhartha eile, amhail talmhaíocht, foraoiseacht, iompar, an geilleagar gorm, tionscail chultúrtha agus oidhreacht, d'fhonn tairbhí socheacnamaíocha na turasóireachta a bharrfheabhsú.

3. Cuirfidh na Páirtithe le cosaint agus le cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha agus na n-acmhainní nádúrtha, agus aird ar leith á tabhairt acu ar chosaint an chomhshaoil agus an fhiadhúlra. Urramóidh siad sláine agus leasanna na bpobal áitiúil agus déanfaidh siad a rannpháirtíocht sa phróiseas forbartha turasóireachta a uasmhéadú, go háirithe an turasóireacht agus an éiceathurasóireacht tuaithe agus pobail.

4. Forbróidh na Páirtithe tionscnaimh lena gcuirtear an turasóireacht inbhuanaithe chun cinn agus lena bhfeabhsaítear caighdeáin seirbhíse. Cuirfidh siad oiliúint agus malartuithe taithí chun cinn agus comhroinnfidh siad faisnéis agus staidreamh comhleasa in earnáil na turasóireachta.

## Caibidil 3

## **Eolaíocht, forbairt teicneolaíochta, taighde agus nuálaíocht**

*Airteagal 27*

### **Forbairt eolaíochta agus teicneolaíochta**

Neartóidh na Páirtithe an comhar i réimsí na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar mhaithe leis an leas frithpháirteach, agus é mar aidhm acu an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda agus an t-iomaíochas réigiúnach a fheabhsú.

*Airteagal 28*

### **Taighde agus nuálaíocht**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go slógfaidh siad acmhainní chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chothú arb é is aidhm leo tacú le fás agus forbairt eacnamaíoch chuimsitheach, agus leis an aistriú chuig sochaithe agus geilleagair eolasbhunaithe.

2. Déanfaidh na Páirtithe forbairt bonneagar agus saoráidí taighde a spreagadh. Cothóidh siad taighde bunúsach agus taighde feidhmeach, lena n-áirítear i réimsí na hinnealtóireachta agus na hintleachta saorga, agus spreagfaidh siad sonraí oscailte d'fhonn barr feabhais eolaíochta a bheadh chun tairbhe an dá thaobh a bhaint amach. Cuirfidh siad chun cinn taighde arna dhéanamh in ollscoileanna, in institiúidí agus in ionaid taighde san Afraic, agus aird ar leith á tabhairt ar fhothú acmhainneachta agus ar aistriú teicneolaíochta agus oilteachta. Feabhsóidh siad an rannpháirtíocht i dtaighde, i bhforbairt agus aistriú teicneolaíochta domhanda, i nuálaíocht agus i dtáirgeadh eolais.

3. Déanfaidh na Páirtithe scéimeanna nuálacha soghluaisteachta agus oiliúna do mhic léinn, don aos acadúil agus do thaighdeoirí a chur chun cinn agus tacóidh siad leo, agus cuirfidh siad le hacmhainneacht na n-institiúidí ardoideachais líonrú éifeachtach a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht. Spreagfaidh siad an idirphlé, malartú eolais agus comhoibriú idir an pobal acadúil, taighdeoirí agus nuálaithe, agus an earnáil phríobháideach, d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú agus d'fhonn éiceachórais fiontraíochta a neartú.

*Airteagal 29*

### **Teicneolaíocht spáis agus gheospásúil**

1. Bainfidh na Páirtithe leas as na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le heolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus feidhmeanna spáis maidir le hábhair leasa choitinn i réimse na ngníomhaíochtaí sibhialta spáis, amhail taighde spáis, feidhmchláir agus seirbhísí na gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte, forbairt na gcóras méadúcháin atá bunaithe ar shatailítí, faire na cruinne agus an domhaneolaíocht, go háirithe an úsáid is féidir a bhaint as réamhrabhadh agus as faireachas. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun forbairt a dhéanamh ar mhargadh agus tionscal spáis freagrach inbhuanaithe a chuirfidh a riachtanais faoi seach chun cinn agus a ghníomhóidh ina leith.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun gníomhaíochtaí a sheoladh lena saothrófar teicneolaíochtaí agus feidhmeanna spáis don fhorbairt inbhuanaithe agus chun leas daoine a fheabhsú agus lena dtabharfar aghaidh ar dheiseanna agus dúshláin shocheacnamaíocha na hAfraice, agus Straitéis Beartas agus Straitéis Spáis na hAfraice á cur san áireamh. Feabhsóidh siad an rochtain atá ar shonraí, faisnéis, seirbhísí agus táirgí spásdíorthaithe.

*TEIDEAL II*

***Forbairt dhaonna agus shóisialta***

*Airteagal 30*

Oibreoidh na Páirtithe i dtreo an bhochtaineacht de gach cineál a dhíothú faoi 2030, an neamhionannas a chomhrac, an comhionannas inscne a bhaint amach, agus na dálaí a chruthú lena gcuirfear ar chumas gach duine saol faoi dhínit a theachtadh, páirt a ghlacadh sa saol daonlathach agus rannchuidiú go gníomhach le fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Cothóidh siad cosaint shóisialta d'fhonn an bhochtaineacht a dhíothú agus neamhionannais a chomhrac, agus mar mhodh chun timthriall féin-neartaithe a chur ar bun i dtreo forbairt chuimsitheach, chothromasach agus inbhuanaithe. Infheisteoidh said i gcaipiteal daonna mar chuid dhílis den fhorbairt dhaonna agus shóisialta, agus mar bhealach chun infhostaitheacht daoine óga a mhéadú chun feabhas a chur ar an táirgiúlacht agus ar an bhfiontraíocht.

Caibidil 1

**Forbairt dhaonna**

*Airteagal 31*

**Oideachas**

1. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe rochtain uilíoch, chuimsitheach agus chothromasach ar oideachas ar ardchaighdeán a bhaint amach ar gach leibhéal, ó réamhscolaíocht go hardoideachas, lena n-áirítear rátaí feabhsaithe clárúcháin agus coinneála. Feabhsóidh siad cáilíocht an oideachais fhoirmiúil agus na foghlama neamhfhoirmiúla, oibreoidh siad i gcomhar le chéile i dtaca le forbairt curaclaim agus feabhsóidh siad an bonneagar agus an trealamh in ionaid oideachais. Tabharfaidh siad aird ar leith ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, agus ar na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas, agus iad siúd atá i staideanna éigeandála agus leochaileachta.

2. Déanfaidh na Páirtithe seachadadh agus cur i bhfeidhm méadaithe na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) agus na n-ealaíon do chách a chur chun cinn. Déanfaidh siad úsáid teicneolaíochtaí digiteacha inrochtana agus inacmhainne, agus forbairt scileanna digiteacha agus litearthachta do chách, a chur chun cinn.

3. Féachfaidh na Páirtithe le dlús a chur le clárú agus le cáilíocht san oideachas treasach, san oiliúint theicniúil agus sa ghairmoiliúint, agus san fhoghlaim obairbhunaithe agus san fhoghlaim aosach, le forbairt a dhéanamh ar mhais chriticiúil d'oibrithe oilte nuálaíochta agus de dhaoine a bhfuil an-oideachas orthu agus le freagairt go héifeachtach do riachtanais shonracha eacnamaíocha.

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun aithint agus trédhearcacht cáilíochtaí, agus dearbhú cáilíochta feabhsaithe agus ábharthacht, a spreagadh. Cuirfidh siad leis an tacaíocht do thionscnaimh shonracha chun soghluaisteacht mac léinn, comhaltaí foirne, acadóirí agus taighdeoirí idir an Afraic agus an tAontas Eorpach a éascú. Cothóidh siad comhpháirtíochtaí idir institiúidí agus cuirfidh siad forbairt agus aistriú eolais chun cinn.

*Airteagal 32*

**Sláinte**

1. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach mar aon le rochtain chothromasach ar sheirbhísí cúraim sláinte riachtanacha ar ardchaighdeán, lena n-áirítear trí chórais náisiúnta sláinte neartaithe agus trí shaoráidí cúraim sláinte nua-aimseartha atá ag feidhmiú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun básmhaireacht agus galracht inchoiscthe i measc máithreacha, leanaí agus naonáin nuabheirthe a dhíothú. Beidh sé mar aidhm acu rochtain uilíoch ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a sholáthar. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ráta tarlaithe agus ualach méadaitheach na ngalar neamhtheagmhálach.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le galair theagmhálacha agus le galair veicteoir-iompartha, lena n-áirítear galair thrópaiceacha a ndéantar faillí orthu. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar phaindéimí amhail VEID/SEIF, eitinn agus maláire, agus chun an ráta básanna a tharlaíonn dá mbarr a laghdú go mór. Tacóidh siad le rochtain ar chógais, vacsaíní agus diagnóisic bhunriachtanach atá sábháilte agus inacmhainne, lena n-áirítear rochtain uilíoch ar chóir leighis fhrith-aisvíreasach le haghaidh daoine a bhfuil VEID/SEIF orthu.

4. Déanfaidh na Páirtithe an acmhainneacht maidir le hullmhacht agus freagairt éigeandála a neartú chun ráigeanna de ghalair agus bagairtí eile sláinte, amhail frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, a bhrath agus a chosc agus chun freagairt dóibh, agus cur chuige ‘aon sláinte amháin’ á ghlacadh acu. Comhaontaíonn siad go n-uas-scálóidh siad an tacaíocht a thugtar do chórais náisiúnta agus réigiúnacha coisc, faireachais agus faireacháin sláinte.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtaca le heolas áitiúil ar an leigheas traidisiúnta agus rialáil an leighis thraidisiúnta a chur chun cinn sna gníomhaíochtaí sláinte poiblí.

*Airteagal 33*

**Uisce, sláintíocht agus tithíocht**

1. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar áiteanna cónaithe nua-aimseartha ar féidir maireachtáil iontu go héasca agus lena ngabhann bunseirbhísí ar ardchaighdeán.

2. Déanfaidh na Páirtithe rochtain ar thithíocht inacmhainne chuibhiúil do chách i lonnaíochtaí inbhuanaithe daonna a chur chun cinn, agus pleanáil chríochach éifeachtach agus tionacht talún á gcur san áireamh, agus córais úsáide agus bhainistíochta le linn dóibh beartais tithíochta a achtú. Oibreoidh siad i dtreo cion na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i slumaí a laghdú agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun slumaí agus lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla a uasghrádú.

3. Cothóidh na Páirtithe an rochtain uilíoch ar uisce atá leordhóthanach, sábháilte, inrochtana go fisiciúil agus inacmhainne lena úsáid ar bhonn pearsanta agus tís, lena n-áirítear trí bhainistiú inbhuanaithe comhtháite acmhainní uisce agus córas uisce, agus úsáid agus athchúrsáil níos éifeachtúla uisce.

4. Cuirfidh na Páirtithe dlús le rochtain fhisiciúil, inacmhainne agus inghlactha ar shláintíocht do chách, i ngach réimse den saol, ar sláintíocht í atá sábháilte, sláinteach, slán, agus inghlactha go sóisialta agus go cultúrtha, agus lena ndéantar príobháideacht a sholáthar agus dínit a áirithiú.

5. Méadóidh na Páirtithe an rochtain ar sheirbhísí fuinnimh inbhuanaithe do chách agus tacóidh siad le héifeachtúlacht i ndáil le húsáid fuinnimh teaghlach.

*Airteagal 34*

**Slándáil bia agus cothú feabhsaithe**

1. Cuirfidh na Páirtithe leis an rochtain ar bhia sábháilte cothaitheach d’fhonn sprioc dhíothú an ocrais a bhaint amach agus gortaí agus cineálacha eile géarchéimeanna bia a dhíothú. Tacóidh siad le bunú córas leormhaith soláthair agus stórála bia.

2. Déanfaidh na Páirtithe gach cineál míchothaithe a chomhrac, lena n-áirítear trí tháirgeadh agus dáileadh feabhsaithe bia, agus trí shláintíocht agus dálaí comhshaoil níos fearr. Tacóidh siad le táirgeadh agus táirgiúlacht inbhuanaithe talmhaíochta, lena n-áirítear ar leibhéal an iascaigh ar mhionscála chun ligean lena bpoitéinseal iomlán mar fhoinsí ríthábhachtacha don tslándáil bia agus cothaithe, *inter alia* trí rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú a bheith ag táirgeoirí beaga agus bonneagar forbartha uisciúcháin, stórála agus iompair chun rochtain ar an margadh a éascú agus chun sábháilteacht agus cáilíocht táirgí bia a áirithiú.

3. Cuirfidh na Páirtithe le hathléimneacht na bpobal is leochailí i leith turraingí a bhaineann le bia trí bhíthin eangacha neartaithe sábháilteachta sóisialta. Cuirfidh siad feabhas ar an gcomhordú idir an ghníomhaíocht forbartha agus an ghníomhaíocht dhaonnúil, ionas go mbeifear in ann gorta agus cineálacha eile géarchéime bia a thuar agus a chosc agus ullmhú lena n-aghaidh, agus áiritheoidh siad go ngníomhófar go tráthúil chun bia a chur ar fáil go háitiúil.

Caibidil 2

## Neamhionannas agus comhtháthú sóisialta

*Airteagal 35*

### Neamhionannas agus cosaint shóisialta

1. Déanfaidh na Páirtithe forbairt agus cur chun feidhme beartas agus córas cosanta agus slándála sóisialta a chur chun cinn chun an bhochtaineacht a dhíothú, neamhionannais a chomhrac agus an comhtháthú sóisialta a fheabhsú.

2. Tacóidh na Páirtithe le ról claochlaitheach na mbeartas agus na gcóras cosanta sóisialta, lena ndéantar an cothromas a chothú, an cuimsiú sóisialta agus idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, agus fás eacnamaíoch cuimsitheach, cothromasach agus inbhuanaithe a neartú. Beidh sé d'aidhm acu córais cosanta sóisialta atá uilíoch agus faoi úinéireacht náisiúnta a thógáil de réir a chéile, lena n-áirítear trí íosrátaí cosanta sóisialta a ghlacadh, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine ar leochaileach a gcás.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtaca le méadú ioncaim an 40 % is ísle den daonra a bhaint amach agus a chothú ar ráta atá níos airde ná an meán náisiúnta.

4. Féachfaidh na Páirtithe lena áirithiú go soláthraítear slándáil shóisialta do gach duine atá ag obair san earnáil fhoirmiúil. Féachfaidh siad freisin le líon na ndaoine san earnáil neamhfhoirmiúil agus sa gheilleagar tuaithe a bhfuil rochtain acu ar shlándáil shóisialta a mhéadú, d'fhonn uilíocht a bhaint amach de réir a chéile.

5. Forbróidh na Páirtithe tionscnaimh chun tacú leis an aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil go dtí an geilleagar foirmiúil, lena n-áirítear rochtain ar chreidmheas agus ar mhicreamhaoiniú, agus bearta neartaithe cosanta sóisialta.

6. Déanfaidh na Páirtithe idirphlé idir eagraíochtaí na bhfostóirí agus eagraíochtaí na n-oibrithe sa gheilleagar foirmiúil agus sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear trí fothú acmhainneachta.

*Airteagal 36*

### Obair chuibhiúil

1. Tacóidh na Páirtithe le forbairt agus le cur chun feidhme beartas maicreacnamaíoch, fostaíochta agus sóisialta lena ndírítear ar fhostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil a chruthú do chách, go háirithe don óige agus do mhná agus do dhaoine agus grúpaí leochaileacha chomh maith.

2. Déanfaidh na Páirtithe margaí saothair cuimsitheacha dea-fheidhmiúla a fhorbairt agus a chothabháil agus glacfaidh siad bearta lena dtabharfar aghaidh ar an ngeilleagar neamhfhoirmiúil agus lena gcoiscfear cleachtais éagóracha saothair.

3. Tacóidh na Páirtithe le bearta lena n-áiritheofar deiseanna fostaíochta comhionanna agus luach saothair comhionann as obair ar luach comhionann agus ráthóidh siad saoire thuismitheoireachta íoctha leormhaith san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Glacfaidh siad bearta coisctheacha agus cosanta i gcoinne gach cineál idirdhealaithe san ionad oibre, áiritheoidh siad urraim do chearta bunúsacha ag an obair agus cuirfidh siad feabhas ar dhálaí sláintiúla agus sábháilte do na hoibrithe.

4. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo saothar leanaí a dhíothú, agus tabharfaidh siad tús áite do dhíothú na gcineálacha is measa de.

*Airteagal 37*

**Daoine faoi mhíchumas**

1. Déanfaidh na Páirtithe teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag gach duine faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, i bhfianaise chur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

2. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun a áirithiú go gcuimseofar daoine faoi mhíchumas go hiomlán sa tsochaí agus go nglacfaidh siad páirt i ngach réimse den saol poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear i ngnóthaí daonlathacha agus polaitiúla agus i bpróisis chinnteoireachta. Déanfaidh siad aon chleachtais dhíobhálacha agus gach cineál dúshaothraithe, foréigin agus mí-úsáide nó idirdhealaithe i gcoinne daoine faoi mhíchumas a chosc, a chomhrac agus a dhíothú agus cosnóidh siad gaolta, cúramóirí nó idirghabhálaithe i gcoinne idirdhealú ar bhonn a gcomhlachais le daoine faoi mhíchumas.

3. Déanfaidh na Páirtithe rochtain chomhionann agus saor ó bhacainní ar sheirbhísí sóisialta, ar chóir iompair agus ar bhonneagar fisiciúil eile mar aon le gníomhaíochtaí áineasa agus cultúrtha do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus tacóidh siad le modhanna malartacha cumarsáide, i gcás inarb iomchuí, chun go bhféadfar iad a chuimsiú go hiomlán sa tsochaí.

4. Déanfaidh na Páirtithe rochtain chomhionann ar mhargaí saothair a chur chun cinn, ag toirmeasc aon idirdhealú ar bhonn míchumais maidir le gach cineál agus gach coinníoll fostaíochta. Tacóidh siad le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach trí bheartais spriocdhírithe agus trí bhearta dreasachta, lena n-áirítear don fhéinfhostaíocht agus don fhiontraíocht.

*Airteagal 38*

**Cultúr, spórt agus teagmhálacha idirphearsanta**

1. Tacóidh na Páirtithe leis an gcultúr mar inneall don fhorbairt inbhuanaithe agus don fhorbairt eacnamaíoch. Cruthóidh siad timpeallacht chumasúcháin don nuálaíocht chultúrtha, don éagsúlacht chultúrtha agus don fhorbairt chultúrtha, agus do chruthú, cosaint, táirgeadh agus dáileadh saothar cultúrtha. Spreagfaidh siad úsáid teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide chun a gcultúr a chur chun cinn.

2. Cuirfidh na Páirtithe le cosaint agus le cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha inláimhsithe agus doláimhsithe, agus le héagsúlacht an léirithe chultúrtha, d'fhonn an chomhthuiscint a fheabhsú agus malartuithe cothroma cultúrtha a chothú.

3. Féachfaidh na Páirtithe le soghluaisteacht gairmithe cultúir agus cúrsaíocht saothar ealaíne a chur chun cinn, agus le tionscnaimh chomhpháirteacha a chur i gcrích in earnálacha éagsúla de chuid an chultúir agus na cruthaitheachta. Spreagfaidh siad malartuithe agus idirphlé idirchultúrtha i measc eagraíochtaí óige agus sochaí sibhialta ón Afraic agus ón Aontas Eorpach.

4. Tacóidh na Páirtithe le forbairt tionscal cruthaitheach. Oibreoidh siad i dtreo bearta tacaíochta a chur ar bun d'fhonn cruthú ealaíne a spreagadh agus malartú léirithe ealaíne a éascú.

5. Cuirfidh na Páirtithe an spórt chun cinn mar thiomántóir don fhorbairt inbhuanaithe, don chuimsiú sóisialta, don neamh-idirdhealú agus do chur ar aghaidh chearta an duine. Féachfaidh siad le saoráidí leormhaithe a fhorbairt agus le rannpháirtíocht daoine i ngníomhaíochtaí spóirt agus i ngníomhaíochtaí eile corpoideachais a spreagadh. Tacóidh siad freisin leis an spórt mar mhodh don idirphlé idirchultúrtha agus don chomhar idir náisiúin, mar mhodh chun coinbhleacht agus foréigean a chosc, agus mar mhodh don athmhuintearas iarchoinbhleachta.

Caibidil 3

## Daonra agus forbairt

*Airteagal 39*

### Déimeagrafaíocht

1. Admhaíonn na Páirtithe gur gá na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú d'fhonn freastal níos fearr ar mhianta agus ar ábhair dhóchais na nglúnta atá le teacht san Afraic agus san Aontas Eorpach.

2. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar staidreamh agus sonraí maidir leis an daonra ar fad a bhailiú, a anailísiú, a stóráil agus a scaipeadh go córasach i gcomhréir le caighdeáin eitice, rúndachta agus príobháideachta agus cuirfidh siad sonraí agus treochtaí san áireamh ina bpleananna forbartha.

3. Cumhachtóidh na Páirtithe an óige agus na mná agus infheisteoidh siad iontu, agus a ról ríthábhachtach sna próisis dhéimeagrafacha á admháil dóibh. Déanfaidh siad cearta an duine do mhná agus don óige a chur chun cinn agus soláthróidh siad an t-oideachas agus na scileanna atá de dhíth orthu dóibh. Slógfaidh siad infheistíocht agus díghlasálfaidh siad deiseanna eacnamaíocha chun earraíocht a bhaint as poitéinseal daonraí móra daoine óga.

*Airteagal 40*

### Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban

1. Neartóidh na Páirtithe an comhar arb é is aidhm dó rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách a fheabhsú agus a mhéadú, i ngach earnáil den saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Áiritheoidh siad go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach beartas agus clár.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun forbairt dhaonna agus shóisialta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn. Féachfaidh siad le gach bacainn i réimsí na sláinte agus an oideachais a dhíothú chun deireadh a chur le héagothromaíochtaí inscne. Oibreoidh siad i dtreo rochtain uilíoch chothrom ar oideachas foirmiúil agus ar ghairmoiliúint chun go mbainfidh mná agus cailíní barr a bpoitéinsil amach agus chun cabhrú leo a mianta a chomhlíonadh. Áiritheoidh siad go mbeidh na hábhair foghlama agus na modhanna teagaisc inscne-fhreagrúil agus spreagfaidh siad mná agus cailíní chun tabhairt faoin léann i ndisciplíní ETIM.

3. Éascóidh na Páirtithe rochtain chomhionann ag mná ar dheiseanna eacnamaíocha, ar fhostaíocht, ar sheirbhísí creidmheasa agus airgeadais, agus ar rialú agus úsáid talún agus sócmhainní táirgiúla eile. Tacóidh siad le banfhiontraithe, díothóidh siad an bhearna phá idir na hinscní agus cuirfidh siad deireadh le rialacháin agus cleachtais idirdhealaitheacha. Déanfaidh siad bearta éifeachtacha chun gníomhartha gnéasachais a shainaithint agus chun gníomhú ina gcoinne agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an idirdhealaithe ar bhonn gnéis amhail noirm dhiúltacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne, lena n-áirítear sna mórmheáin chumarsáide.

4. Neartóidh na Páirtithe guth na mban agus na gcailíní mar aon lena rannpháirtíocht sa saol polaitiúil trí bhearta chun paireacht inscne a bhaint amach i bpróisis thoghchánacha, beartais agus rialachais agus i bpoist shinsearacha rialtais, lena n-áirítear comhlachtaí bunreachtúla agus gnólachtaí faoi úinéireacht stáit, agus déanfaidh siad a ról gníomhach i dtaca le cothú na síochána agus an athmhuintearais a chur chun cinn.

5. Achtóidh agus forfheidhmeoidh na Páirtithe reachtaíocht lena gcosnaítear mná agus cailíní ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean gnéis agus inscnebhunaithe, teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach, agus gáinneáil.

6. Geallfaidh na Páirtithe go ndéanfaidh siad Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Cuirfidh siad béim freisin ar an ngá atá le rochtain uilíoch ar fhaisnéis agus ar oideachas sláinte gnéis agus atáirgthe atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus uileghabhálach, agus treoraíocht theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le hoideachas gnéasachta á cur san áireamh, agus cuirfidh siad béim chomh maith ar an ngá atá le seachadadh na seirbhísí cúraim sláinte ábhartha. Déanfaidh siad daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail a ghabhann leis an gCairt Afracach um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal maidir le Cearta na mBan san Afraic, arna dhéanamh in Banjul, an 26 Meitheamh 1981 ('Prótacal Maputo'), a chur chun cinn agus a spreagadh agus tacóidh siad le cur chun feidhme éifeachtach Phlean Gníomhaíochta Maputo, 2016-2030, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 41*

**An Óige**

1. Tacóidh na Páirtithe le fiontraíocht óige agus gabhfaidh siad de chúram orthu féin fostaíocht chuibhiúil a áirithiú do dhaoine óga, lena n-áirítear trí thacú leo scileanna a bhaineann leis an margadh saothair a shealbhú trí oideachas, trí ghairmoiliúint agus oiliúint theicniúil, agus trí rochtain fheabhsaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha, agus chun rochtain ar thalamh agus ar chreidmheas a éascú. Bunóidh siad seirbhísí fostaíochta a thacaíonn le daoine óga chun daoine óga a nascadh le deiseanna fostaíochta.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun daoine óga a chumhachtú agus oibreoidh siad chun spás a oscailt ar mhaithe lena gcuimsiú gníomhach i bpróisis chinnteoireachta agus lena rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus polaitiúil agus in iarrachtaí i dtaca le cothú na síochána agus an athmhuintearais. Cuirfidh siad chun cinn beartais agus cláir don óige imeallaithe, lena n-áirítear cláir abhcóideachta don óige, chun an deis agus an spreagadh a thabhairt dóibh ath-lánpháirtiú sa tsochaí.

3. Tacóidh na Páirtithe le tionscnaimh lena ndírítear ar rochtain ar bhunseirbhísí ar ardchaighdeán a áirithiú do gach leanbh, ar earcú agus úsáid leanaí i staideanna coinbhleachta a chosc agus ar dheireadh a chur le gach cineál foréigin agus cleachtas díobhálach i gcoinne leanaí, lena n-áirítear pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, saothar leanaí, mí-úsáid leanaí agus pionós corpartha, agus béim ar leith á leagan ar leanaí i staideanna leochaileachta.

*Airteagal 42*

**Uirbiú inbhuanaithe agus forbairt tuaithe inbhuanaithe**

1. Cuirfidh na Páirtithe borradh faoi phoitéinseal na gcathracha mar mhoil don fhás inbhuanaithe cuimsitheach agus don nuálaíocht.

2. Déanfaidh na Páirtithe pleanáil inbhuanaithe maidir le húsáid talún agus bainistiú cothromasach na margaí talún a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar éadálacha talún agus cearta maoine atá trédhearcach agus rialaithe. Cuirfidh siad chun cinn freisin an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus cathracha cliste sábháilte a bhaineann leas as deiseanna ón digitiú agus ó theicneolaíochtaí. Comhtháthóidh siad réitigh maidir le táirgeadh fuinnimh inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh, spreagfaidh siad úsáid tháirgiúil fuinnimh, cuirfidh siad feabhas ar bhainistiú dramhaíola agus rachaidh siad i ngleic le gach cineál truaillithe. Feabhsóidh siad réitigh soghluaisteachta uirbí agus áiritheoidh siad go ndéanfar soláthar seirbhísí agus bonneagair a dhearadh chun go mbeidh siad neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol agus go n-úsáidfear acmhainní go héifeachtúil. Neartóidh siad athléimneacht na gcathracha i leith turraingí, agus bainfidh siad earraíocht as na deiseanna atá ann i dtaca le geilleagar íseal-astaíochtaí aeráid-díonach.

3. Déanfaidh na Páirtithe forbairt chríochach chothrom na ngeilleagar tuaithe agus na bpobal tuaithe a chur chun cinn, ag díriú go háirithe ar fhostaíocht agus ar ghiniúint ioncaim. Cuirfidh siad dlús le héagsúlú na tuaithe trí bhreisluach a chur le táirgí áitiúla agus trí acmhainní nádúrtha agus cultúrtha a shaothrú. Déanfaidh siad beartais chríochacha agus uirbeacha a bheidh cuimsitheach, cothrom agus comhtháite a chur chun cinn, mar aon le comhordú il-leibhéil rialtais agus iad ag cothú rannpháirteachas gníomhach na n-údarás áitiúil agus na bpobal áitiúil, agus ag cruthú naisc níos láidre idir limistéir thuaithe agus limistéir uirbeacha.

*TEIDEAL III*

## ***An comhshaol, bainistiú acmhainní nádúrtha agus an tAthrú aeráide***

*Airteagal 43*

Cuirfidh na Páirtithe gníomhaíocht uaillmhianach i gcrích chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó, chun cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú, agus chun acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, d'fhonn an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil a stopadh agus a aisiompú, agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Glacfaidh siad bearta sonracha chun cailliúint na bithéagsúlachta a laghdú agus a chosc, chun éiceachórais a chothabháil agus a athneartú, chun fiadhúlra a chosaint agus trádáil neamhdhleathach fiadhúlra a chomhrac, chun bainistiú inbhuanaithe uisce, talún agus acmhainní nádúrtha eile a chur chun cinn, chun rialachas na n-aigéan a neartú, chun gach cineál truaillithe a chomhrac, chun bainistiú fónta dramhaíola a chur chun cinn, agus chun athléimneacht i leith tubaistí nádúrtha a chothú. Oibreoidh said le chéile chun go gcoiscfidh siad tionchair an athraithe aeráide agus díghrádú an chomhshaoil de bheith ag gníomhú go fóill mar iolraitheoirí bagartha lena ngabhann impleachtaí tromchúiseacha don tsíocháin agus don tslándáil. Cuirfidh siad dlús leis an aistriú chuig conairí níos glaise don fhorbairt i bpríomhearnálacha eacnamaíocha, cuirfidh siad geilleagair chiorclacha agus éifeachtúlacht acmhainní chun cinn, agus tacóidh siad le fuinneamh glan agus inbhuanaithe agus le teicneolaíochtaí ísealcharbóin, ag áirithiú go mbeidh fás eacnamaíoch fite fuaite leis an aistriú chuig astaíochtaí ísle agus chuig inbhuaine comhshaoil. Féachfaidh siad le comhghuaillíochtaí éifeachtacha a thógáil i suíomhanna idirnáisiúnta d'fhonn dlús a chur le gníomhaíocht dhomhanda. Cuirfidh siad leis an acmhainneacht comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ar páirtí iontu iad a chur chun feidhme agus déanfaidh siad inbhuaine comhshaoil, cuspóirí maidir leis an athrú aeráide agus saothrú an fháis ghlais a phríomhshruthú i mbeartais, pleananna agus infheistíochtaí náisiúnta agus áitiúla. Cuirfidh siad chun cinn rannpháirteachas cuiditheach na n-údarás áitiúil, na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí, agus urraim do chearta gach duine, lena n-áirítear pobail dhúchasacha mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus pobail áitiúla.

Caibidil 1

## **Inbhuaine comhshaoil agus bainistiú acmhainní nádúrtha**

*Airteagal 44*

### **Bithéagsúlacht agus éiceachórais**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go ndéanfar an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú, a chosaint agus a athneartú, ionas go leanfaidh na seirbhísí suntasacha eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a sholáthraíonn siad de thacaíocht a thabhairt do dhea-bhail an duine agus don fhás eacnamaíoch. Déanfaidh siad straitéisí agus pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus a Phrótacail.

2. Déanfaidh na Páirtithe reachtaíocht a achtú agus straitéisí comhtháite a ghlacadh chun cúinsí bithéagsúlachta a chuimsiú i ngach earnáil ábhartha. Tacóidh siad le roghanna nuálacha, amhail réitigh dhúlrabhunaithe nó agrai-éiceolaíocht, chomh maith le luacháil éicisheirbhísí, chun príomhshruthú na bithéagsúlachta a uasmhéadú.

3. Glacfaidh na Páirtithe cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar phríomhthiomántóirí chaillteanas na ngnáthóg amhail athrú ar thalamhúsáid, leathnú na feirmeoireacht leorchothaithí, agus forbairt talmhaíochta tráchtála, limistéar uirbeach agus bonneagar fuinnimh. Déanfaidh siad bearta chun rialú a dhéanamh ar shaothrú foraoisí, ar réiteach talún le haghaidh curaíochta, ar thinte, ar innilt ainmhithe agus ar speicis ionracha. Déanfaidh siad úsáid inbhuanaithe agus athshlánú foraoisí, coillearnach, talún féaraigh, bogach agus limistéar eile a bhfuil cumhdach fásra acu a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Déanfaidh siad speicis agus éagsúlacht ghéiniteach plandaí agus ainmhithe, bídís de chineál talún, fionnuisce nó mara, a chothabháil agus a fheabhsú.

4. Cuirfidh na Páirtithe dlús lena gcuid iarrachtaí rialachas limistéar faoi chosaint a bhunú, a bhainistiú go héifeachtach agus a fheabhsú ar mhaithe le caomhnú na bithéagsúlachta.

5. Déanfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus na bpobal dúchasach a neartú, mar a leagtar amach inDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP), i gcaomhnú éiceachóras, lena n-áirítear trí thurasóireacht inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn agus trí phoist agus deiseanna eacnamaíocha eile a chruthú.

*Airteagal 45*

**Geilleagar ciorclach**

1. Déanfaidh na Páirtithe giniúint dramhaíola ag an bhfoinse a chosc nó a íoslaghdú. Feabhsóidh siad in-athúsáidteacht táirgí, in-athchúrsáilteacht agus éifeachtúlacht acmhainní chun an táirgeadh agus an tomhaltas a oiriúnú do ghnóthú geilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear trí sheirbhísí leormhaithe bailithe agus sórtála dramhaíola agus trí thionscnaimh agus saoráidí athchúrsála atá fónta ó thaobh an chomhshaoil. Geallann siad go nglacfaidh siad beartais maidir leis an ngeilleagar ciorclach chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, chun táirgí a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus ar acmhainní, chun an rogha atá ar fáil do thomhaltóirí a leathnú agus chun bainistiú dramhaíola a fheabhsú.

2. Bunóidh na Páirtithe na creataí rialála intíre agus na sásraí forfheidhmithe intíre is gá chun ceimiceáin agus dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil agus chun comhaontuithe iltaobhacha ábhartha a chur chun feidhme. Déanfaidh siad na bearta is gá chun dumpáil agus trádáil neamhdhleathach dramhaíola guaisí, lena n-áirítear ábhair radaighníomhacha, dramhaíl cheimiceach agus orgánach, a chomhrac i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíola Guaiseacha agus a nDiúscairt, arna dhéanamh in Basel an 22 Márta 1989, agus forálacha Choinbhinsiún Bamako maidir le Cosc ar Dhramhaíolacha Guaiseacha a Allmhairiú chuig an Afraic agus maidir le Rialú ar Ghluaiseacht agus ar Bhainistiú Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha laistigh den Afraic, arna dhéanamh in Bamako an 30 Eanáir 1991, á gcur san áireamh. Déanfaidh siad substaintí guaiseacha a chosc nó a íoslaghdú i dtimthriallta ábhair agus bainisteoidh siad ceimiceáin i dtáirgí ar feadh a saolré. Tacóidh siad le cinnteoireacht fheasach maidir le bearta iomchuí chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, lena n-áirítear i gcoinne truailliú a eascraíonn as dramhaíl a bhainistítear go míchuí, agus chun damáiste comhshaoil a bhaineann leis sin a leigheas.

3. Rachaidh na Páirtithe i ngleic go héifeachtach le gach cineál truaillithe. Déanfaidh siad bearta a bheidh dírithe ar thruailliú a bhrath, a chosc agus a thuairisciú. Méadóidh siad na hiarrachtaí chun truailliú plaisteach a chosc agus chun plaistigh agus micreaphlaistigh a thabhairt amach as an gcomhshaol. Scrúdóidh siad deiseanna le haghaidh comhar neartaithe i ndáil le truailliú aeir a chomhrac. Músclóidh siad feasacht maidir leis na rioscaí a bhaineann le truailliú don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol agus maidir leis na tairbhí iomadúla a bhaineann le cáilíocht aeir fheabhsaithe, lena n-áirítear trí fheachtais for-rochtana phoiblí.

*Airteagal 46*

**Rialachas na n-aigéan**

1. Neartóidh na Páirtithe rialachas na n-aigéan i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) chun aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú, ag laghdú na mbrúnna ar na haigéin agus ar na farraigí agus ag cur forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm chun cinn agus ag cur leis an eolas ar na haigéin.

2. Áiritheoidh na Páirtithe caomhnú agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní mara ar an leibhéal déthaobhach, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltaobhach, go háirithe i gcomhthéacs comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

3. Déanfaidh na Páirtithe tionscnaimh a chothabháil nó a ghlacadh chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN) a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cur chun feidhme beartas agus beart chun táirgí NNN a eisiamh ó shreabha trádála. Cuirfidh siad chun cinn agus forfheidhmeoidh siad go héifeachtach bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais, amhail scéimeanna breathnóirí, córais um fhaireachán soithí, ceadúnais agus údaruithe iascaireachta, taifeadadh agus tuairisciú gabhálacha, rialú trasloingsithe, cigireachtaí agus rialú stáit ar chalafoirt mar aon le bearta gaolmhara chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear smachtbhannaí de réir rialacháin intíre, atá dírithe ar stoic éisc a chaomhnú agus ró-iascaireacht a chosc.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh lena gcuirtear leis an róthoilleadh agus leis an ró-iascaireacht, go gcuirfidh siad deireadh le fóirdheontais lena gcuirtear le hiascaireacht NNN agus go staonfaidh siad ó fhóirdheontais nua den sórt sin a thabhairt isteach, á aithint dóibh gur cheart cóir speisialta agus dhifreálach iomchuí agus éifeachtach i ndáil leis na tíortha Afracacha i mbéal forbartha agus i ndáil le LDCanna a bheith ina cuid dhílis de chaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh.

5. Laghdóidh na Páirtithe na brúnna ar na haigéin trí éiceachórais chósta agus mhara a chosaint, a chaomhnú agus a athneartú, trí luach a chur ar chaipiteal nádúrtha mara agus cósta agus trí thruailliú mara, lena n-áirítear doirteadh ola, scriosadh ghrinneall na farraige, truailliú torainn agus bruscar mara, lena n-áirítear plaistigh agus micreaphlaistigh ó fhoinsí ar talamh agus ar muir, a chomhrac. Tacóidh siad le rialáil ar laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó longa agus beidh an rialáil sin ina sprioc acu agus tacóidh siad go gníomhach le cur chun feidhme práinneach straitéis tosaigh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a laghdú. Déanfaidh siad oibríochtaí glantacháin aigéin agus cósta a uas-scálú, agus aird ar leith á tabhairt ar chriosanna carntha i mórghuairneáin.

6. Déanfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí a bhaineann leis na haigéin lena rannchuidítear le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide.

7. Forbróidh na Páirtithe bearta a bhaineann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta mara ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil le fáil.

8. Aithníonn na Páirtithe na hábhair imní ghinearálta a cuireadh in iúl maidir leis an tionchar atá ag mianadóireacht ar ghrinneall na farraige ar an muirthimpeallacht agus ar a bithéagsúlacht. Bainfidh siad úsáid as an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil, cuirfidh siad prionsabal an réamhchúraim agus cur chuige na n-éiceachóras i bhfeidhm, agus cuirfidh siad taighde chun cinn agus comhroinnfidh siad dea-chleachtais i réimsí leasa choitinn a bhaineann le hacmhainní mianraí ar ghrinneall na farraige, chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú fónta comhshaoil ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta agus a bithéagsúlachta.

*Airteagal 47*

**Bainistiú talún agus díghrádú talún**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun díghrádú talún a chosc agus chun straitéisí comhtháite fadtéarmacha a fhorbairt chun talamh a chaomhnú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe.

2. Cuirfidh na Páirtithe cineálacha cur chuige comhtháite chun cinn agus glacfaidh siad bearta chun ithir a chaomhnú agus a fheabhsú. Déanfaidh siad creimeadh agus díghrádú ithreach agus meathlú airíonna fisiciúla, ceimiceacha agus bitheolaíocha na hithreach a chomhrac. Tabharfaidh siad aghaidh ar thruailliú de bharr gníomhaíochtaí talmhaíochta go sonrach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus feirmeoireachta ainmhithe. Áiritheoidh siad cearta inbhuanaithe cothromasacha talún agus tionacht inbhuanaithe chothromasach talún agus bainistiú inbhuanaithe talún, uisce agus acmhainní foraoise, agus cruthóidh siad deiseanna eacnamaíocha inbhuanaithe do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Áiritheoidh siad nach mbeidh creimeadh, truailliú ná aon chineál eile díghrádaithe talún mar thoradh ar úsáid talún ar bhonn neamhthalmhaíochta de chineál ar bith, lena n-áirítear oibreacha poiblí, mianadóireacht agus diúscairt dramhaíola, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

3. Déanfaidh na Páirtithe bearta le haghaidh pleanáil éifeachtach agus bonneagar éifeachtach maidir le húsáid talún lena neartaítear an athléimneacht i dtíortha i mbaol guaise, agus acmhainneachtaí freagartha do thubaistí á bhfeabhsú acu ag an am céanna. Déanfaidh siad bearta maolaithe agus athshlánaithe a phleanáil agus a chur chun feidhme bunaithe ar dhea-chleachtais, ar an eolas eolaíoch is fearr agus ar eolas agus taithí áitiúil i réimsí a ndéanann díghrádú talún difear dóibh.

*Airteagal 48*

**Foraoiseacha**

1. Déanfaidh na Páirtithe bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus úsáid inbhuanaithe acmhainní foraoisí a chur chun cinn. Cuirfidh siad stop le dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoisí, agus déanfaidh siad lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil a bhaineann léi a chomhrac.

2. Tacóidh na Páirtithe le tionscnaimh maidir le hathchóiriú an tírdhreacha foraoise chun dífhoraoisiú a aisiompú, comarclanna foraoise a bhunú, tírdhreacha foraoise díghrádaithe a athneartú, cláir foraoisithe a chur i gcrích i gcás inar gá, agus innilt foraoise a theorannú do shéasúir agus do dhéine lenar féidir foraoisí a athghiniúint.

3. Déanfaidh na Páirtithe slabhraí breisluacha inbhuanaithe tráchtearraí talmhaíochta agus foraoise a chur chun cinn, agus tosaíocht á tabhairt do chruthú post agus do dheiseanna eacnamaíocha eile i dtaca le caomhnú éiceachóras.

4. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta AE i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT), lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonacha a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme. Neartóidh siad an comhleanúnachas agus idirghníomhaíochtaí dearfacha ar leibhéal na tíre idir Plean Gníomhaíochta FLEGT agus Creat Vársá chun Astaíochtaí a Laghdú a Leanann Dífhoraoisiú agus Díghrádú Foraoise (REDD+).

5. Neartóidh na Páirtithe rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus na bpobal áitiúil i dtaca le cosaint foraoisí. Cuirfidh siad le feasacht an phobail maidir le dífhoraoisiú ar gach leibhéal agus spreagfaidh siad tomhaltas táirgí atá tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe. Déanfaidh siad úsáid breosla cócaireachta mhalartaigh inbhuanaithe ag pobail áitiúla a chur chun cinn agus tacóidh siad leis an úsáid sin.

*Airteagal 49*

**Fiadhúlra**

1. Tacóidh na Páirtithe le caomhnú *in situ* phríomh-thírdhreacha na hAfraice le haghaidh chaomhnú na bithéagsúlachta, go háirithe limistéir thrasteorann faoi chosaint ar gnáthóga iad do phríomhspeicis fiadhúlra, agus éascóidh siad nascacht leormhaith ionas gur féidir le himirce fiadhúlra a bheith ann agus ionas gur féidir le raonta speiceas oiriúnú don athrú aeráide. Neartóidh siad freisin na gníomhaireachtaí atá freagrach as limistéir faoi chosaint agus déanfaidh siad rannpháirtíocht na bpobal tuaithe i mbainistiú inbhuanaithe an fhiadhúlra agus na gcoillearnach a chur chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe gáinneáil ar fhiadhúlra a chomhrac trí thacú le beartais agus dlíthe a fhoirmliú agus a fhorfheidhmiú chun coir thromchúiseach a dhéanamh di, trí bhearta frithphóitseála agus faireachán ar fhorfheidhmiú an dlí a neartú, agus trí chomhordú idirnáisiúnta a chur chun cinn i gcomhthéacs an Chuibhreannais Idirnáisiúnta chun Coireacht Fiadhúlra a Chomhrac (ICCWC), lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES), arna dhéanamh in Washington an 3 Márta 1973, agus creataí idirnáisiúnta ábhartha eile. Cuirfidh siad le feasacht an phobail, cuirfidh siad oideachas ar thomhaltóirí agus imreoidh siad tionchar orthu, scriosfaidh siad stoc-chairn agus déanfaidh siad taidhleoireacht agus abhcóideacht ardphróifíle a chur chun cinn.

3. Tacóidh na Páirtithe le hiarrachtaí chun tomhaltas inbhuanaithe feola dufaire a chur chun cinn, agus ag an am céanna foinsí malartacha inacmhainne próitéine a fhorbairt agus slite beatha inbhuanaithe a fhorbairt.

*Airteagal 50*

**Bainistiú uisce agus fionnuisce**

1. Déanfaidh na Páirtithe a n-acmhainní uisce a bhainistiú ar mhodh inbhuanaithe d'fhonn ardleibhéil ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de a chothabháil. Déanfaidh siad bainistiú comhtháite acmhainní uisce a chur chun cinn agus cuirfidh siad beartais chun feidhme maidir le pleanáil, caomhnú, bainistiú, úsáid agus forbairt screamhuisce agus uisce dromchla, agus maidir le huisce báistí a bhailiú agus a úsáid. Déanfaidh siad foinsí agus éiceachórais uisce a chosaint agus a athneartú, coiscfidh siad truailliú uisce, déanfaidh siad fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil, agus cumasóidh siad forbairt uirbeach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil. Déanfaidh siad rannchuidiú earnáil an uisce a bharrfheabhsú d'fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó.

2. Déanfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn maidir le bainistiú acmhainní uisce trasteorann, d'fhonn inbhuaine fionnuisce a bhaint amach, d'fhonn díghrádú talún agus gaineamhlú a chosc, d'fhonn athléimneacht a chothú i leith guaiseacha a bhaineann le huisce, mar shampla tuilte, triomach agus truailliú, lena n-áirítear trí chórais bailithe agus stórála uisce, agus d'fhonn rioscaí coinbhleachtaí a chosc.

3. Tacóidh na Páirtithe le bainistiú inbhuanaithe uisce agus le dea-rialachas uisce ar gach leibhéal. Neartóidh siad an t-idirphlé agus spreagfaidh siad comhpháirtíochtaí idir údaráis phoiblí, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta.

4. Déanfaidh na Páirtithe saothrú agus bainistiú inbhuanaithe iascaigh fionnuisce a chur chun cinn d'fhonn stoic shláintiúla éisc a chothabháil agus d'fhonn aon tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol nádúrtha a íoslaghdú. Comhraicfidh siad iascaireacht NNN a dhéantar de shárú ar na dlíthe intíre. Déanfaidh siad acmhainneachtaí a neartú, an comhar réigiúnach a chur chun cinn, agus bearta a ghlacadh chun bainistiú agus rialachas an iascaigh fionnuisce a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Déanfaidh siad an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú in iascach fionnuisce agus i ndobharshaothrú fionnuisce, cuirfidh siad athneartú agus caomhnú na n-éiceachóras uisceach agus a mbithéagsúlachta chun cinn, agus comhraicfidh siad gach cineál truaillithe lena ndéantar difear do lochanna agus d'aibhneacha.

## Caibidil 2

## An tAthrú aeráide agus tubaistí nádúrtha

### *Airteagal 51*

### Gníomhú ar son na haeráide

1. Saothróidh na Páirtithe cuspóirí Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus beidh siad faoi threoir phrionsabail an chéanna. Achtóidh siad beartais agus cláir intíre atá uileghabhálach cuimsitheach maidir leis an aeráid chun dlús a chur le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras.

2. Déanfaidh na Páirtithe rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a leanann a chéile agus atá uaillmhianach (NDCanna) a fhoirmliú, a chur in iúl agus a chothabháil, déanfaidh siad pleananna oiriúnuithe náisiúnta uaillmhianacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, forbróidh siad físeanna fadtéarmacha i dtreo forbairt íseal-astaíochtaí agus aeráid-díonach agus déanfaidh siad infheistíocht in acmhainneachtaí chun maolú ar an athrú aeráide agus chun oiriúnú dó. Forbróidh siad faireachán, tuairisciú agus fíorú mar aon le córais mheastóireachta chun an dul chun cinn maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a rianú.

3. Déanfaidh na Páirtithe straitéisí fadtéarmacha a cheapadh chun astaíochtaí a eascraíonn ón earnáil iompair (bóthar, eitlíocht agus muir) a laghdú. Déanfaidh siad soghluaisteacht chliste uirbeach a chur chun cinn agus cothóidh siad cur chun feidhme cineálacha cur chuige beartais agus dreasachtaí dearfacha chun astaíochtaí ó bhainistiú neamh-inbhuanaithe talún, ó dhífhoraoisiú agus ó dhíghrádú foraoise a laghdú. Rachaidh siad i mbun fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus spreagfaidh siad tíortha chun dul i mbun an aistrithe fuinnimh. Cuirfidh siad deireadh de réir a chéile le fóirdheontais neamhéifeachtacha do bhreoslaí iontaise lena spreagtar tomhaltas diomailteach agus íoslaghdóidh siad na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ar a bhforbairt, ar bhealach lena dtabharfar cosaint do na pobail bhochta agus do na pobail a ndéantar difear dóibh. Neartóidh siad an comhar idirnáisiúnta chun linnte agus taiscumair GCT a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí.

4. Déanfaidh na Páirtithe céimniú amach uaillmhianach hidreafluaracarbón a chur chun cinn faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna dhéanamh in Montreal an 16 Meán Fómhair 1987, trí chomhoibriú chun tacú le daingniú Leasú Kigali ar an bPrótacal sin agus oibreoidh siad i dtreo a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras é chun céimniú amach uaillmhianach ar tháirgeadh agus ídiú hidreafluaracarbón ar fud an domhain a bhaint amach.

5. Aithneoidh na Páirtithe an bhagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil a thagann ón athrú aeráide agus ón díghrádú comhshaoil, go háirithe i staideanna leochaileachta agus sna tíortha is leochailí, agus gníomhóidh siad i leith na bagartha sin. Déanfaidh siad bearta agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun bearta oiriúnaithe agus athléimneachta a neartú chun cosc coinbhleachtaí a áirithiú trí chórais luathrabhaidh, agus na dúshláin slándála a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus fachtóirí riosca comhshaoil á gcur san áireamh acu, agus neartóidh siad an nasc idir an luathrabhadh agus an luathghníomhaíocht i réimsí éagsúla beartais, lena n-áirítear trí mheasúnuithe riosca agus tionchair.

6. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le drochéifeachtaí an athraithe aeráide, lena n-áirítear teagmhais adhaimsire agus feiniméan a thagann chun cinn go mall, a sheachaint agus a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu, ina gcuid iarrachtaí intíre agus idirnáisiúnta, agus sa chomhthéacs sin, tabharfaidh siad aitheantas don ról tábhachtach atá ag an bhforbairt inbhuanaithe ó thaobh an baol caillteanais agus damáiste a laghdú.

7. Gníomhóidh na Páirtithe chun sreabha airgeadais a ailíniú le bealach chun cinn i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus i dtreo forbairt aeráid-díonach.

8. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe feabhas a chur ar an eolas agus ar an acmhainneacht i ndáil le roghanna agus ionstraimí beartais agus le dea-chleachtais chun éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú ar feadh shaolré iomlán acmhainní nádúrtha agus táirgí. Oibreoidh siad le chéile chun cumas eolaíoch agus teicniúil, daonna agus institiúideach a neartú don ghníomhú ar son na haeráide agus le haghaidh bainistiú agus faireachán comhshaoil ar gach leibhéal ábhartha, agus aird ar leith á tabhairt ar na tíortha is leochailí. Déanfaidh siad úsáid teicneolaíochtaí spáis agus úsáid córas faisnéise a chur chun cinn.

9. Déanfaidh na Páirtithe an comhordú ar na leibhéil rialachais uile a neartú chun údaráis áitiúla a spreagadh agus a chumasú chun gealltanais uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh a dhéanamh agus a chur chun feidhme. Cuirfidh siad sineirgí chun cinn idir an riarachán poiblí, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus gnólachtaí príobháideacha agus cothóidh siad rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i dtreo geilleagar íseal-astaíochtaí GCT agus aeráid-díonach, lena n-áirítear trí thaighde comhpháirteach. Déanfaidh siad tionscnaimh atá ann cheana amhail Cúnant Domhanda na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh a chur chun cinn agus tacóidh siad le cur chun feidhme a bpleananna gníomhaíochta.

*Airteagal 52*

**Triomach agus gaineamhlú**

1. Déanfaidh na Páirtithe an gaineamhlú a chomhrac trí fheabhas a chur ar rialachas talún, an comhrac i gcoinne díghrádú talún agus ar bhainistiú inbhuanaithe talún agus uisce. Cuirfidh siad dlús leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus na spriocanna maidir le neodracht i ndáil le díghrádú talún atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun Gaineamhlú a Chomhrac, arna dhéanamh i bPáras an 17 Meitheamh 1994, mar aon le tionscnamh idirnáisiúnta agus réigiúnach ábhartha eile, lena n-áirítear tionscnamh an Bhalla Ghlais Mhóir.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun ullmhú le haghaidh éigeandálaí de dheasca triomaigh agus chun freagairt dóibh agus oibreoidh siad chun an athléimneacht i leith díghrádú comhshaoil, gaineamhlú, bagairtí gaolmhara sláinte agus géarchéimeanna daonnúla a láidriú trí aghaidh a thabhairt ar thosca is cúis le leochaileacht.

*Airteagal 53*

**Athléimneacht i leith tubaistí nádúrtha**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun athléimneacht daoine, sochaithe agus bonneagair a neartú i leith tubaistí nádúrtha, agus tionchar an athraithe aeráide á chur san áireamh. Cuirfidh siad chun cinn malartú faisnéise agus dea-chleachtas maidir le cur chun feidhme Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 agus faireachán a dhéanamh air trí straitéisí comhtháite náisiúnta agus áitiúla.

2. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn bainistiú rioscaí tubaiste, lena n-áirítear measúnú uileghabhálach ar rioscaí, cur chun feidhme pleananna laghdaithe riosca ar gach leibhéal, an nasc idir laghdú rioscaí tubaiste agus oiriúnú don athrú aeráide a neartú, agus bailiú agus úsáid staidrimh tubaiste agus sonraí caillteanais. Déanfaidh siad forbairt cultúir coisc riosca agus cosanta airgeadais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí uirlisí iomchuí nuálacha amhail sásraí aistrithe riosca.

3. Ullmhóidh na Páirtithe le haghaidh éigeandálaí a tharlaíonn mar thoradh ar theagmhais adhaimsire agus ar thubaistí nádúrtha amhail tuilte agus ardú leibhéal na farraige, creimeadh cósta agus sioltadh, agus gníomhóidh siad ina leith. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun tionchar teagmhas adhaimsire agus tubaistí nádúrtha a mheasúnú agus a mhaolú.

4. Neartóidh na Páirtithe an acmhainneacht le haghaidh freagairt tubaistí agus práinnfhreagairt ar bhonn réigiúnach, lena n-áirítear sásraí cosanta sibhialta, agus acmhainneacht na bpobal áitiúil agus na n-institiúidí áitiúla, ag díriú ar na teaghlaigh agus ar na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe.

5. Tacóidh na Páirtithe le húsáid teicneolaíochtaí spáis agus le húsáid córas faisnéise chun bearta coisc, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh a fheabhsú.

*TEIDEAL IV*

***Síocháin agus slándáil***

*Airteagal 54*

Cothóidh na Páirtithe comhar agus comhordú ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal idir-réigiúnach, ar an leibhéal ilchríochach agus ar an leibhéal domhanda chun an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn agus a choimeád san Afraic agus san Eoraip. Beidh siad ina gcrann taca ag iarrachtaí agus sásraí comhpháirteacha chun an tsíocháin a dhaingniú, chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál coireachta eagraithe agus bagairtí slándála, agus chun feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí, agus coimpléascacht na ndúshlán sin uile agus an gá aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leo á gcur san áireamh. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun maoiniú inbhuanaithe a áirithiú do gach gníomhaíocht síochána agus slándála.

*Airteagal 55*

**Comhar réigiúnach agus iltaobhach**

1. Neartóidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar institiúideach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin síochána agus slándála. Neartóidh siad an tacaíocht chun APSA a oibríochtú ar bhealach níos éifeachtúla, faoi mar atá beartaithe i gClár Oibre 2063. Spreagfaidh siad sineirgí idir APSA agus AGA i gcomhréir le clár oibre an Aontais Afracaigh um athchóiriú.

2. Tacóidh na Páirtithe le hiarrachtaí an Aontais Afracaigh agus na RECanna agus sásraí réigiúnacha agus socruithe eile um chomhar slándála réigiúnach chun sochaithe síochánta, cuimsitheacha agus athléimneacha a thabhairt i gcrích. Neartóidh siad an comhar idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, agus an comhar iltaobhach le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha ábhartha eile, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfaidh na Páirtithe úinéireacht áitiúil, cuimsitheacht, athléimneacht agus inbhuaine na ngníomhaíochtaí uile a chur chun cinn, agus iad i mbun plé le húdaráis agus pobail náisiúnta agus áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta náisiúnta agus áitiúil.

*Airteagal 56*

**Coinbhleachtaí agus géarchéimeanna**

1. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo réiteach síochánta a áirithiú ar na coinbhleachtaí uile idir stáit agus laistigh de stáit san Afraic. Cuirfidh siad cur chuige comhtháite chun feidhme maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, a bheidh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena ndéanfar a gcomhar straitéiseach a dhoimhniú agus lena bhfeabhsófar an ghníomhaíocht chomhpháirteach i ngach céim den timthriall coinbhleachta, ó chosc agus luathrabhadh go comhdhlúthú marthanach na síochána, trí idirghabháil, trí bhainistiú géarchéime, trí chobhsú, agus trí athchóiriú na hearnála slándála.

2. Tacóidh na Páirtithe le tionscnaimh agus le sásraí chun coinbhleachtaí a chosc agus chun nach gcuirfear an tsíocháin ná an tslándáil i mbaol. Gníomhóidh siad ar shlí chomhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí foréigneacha a bheith ag teacht chun cinn agus ag géarú, agus chun tacaíocht a threisiú do thionscnaimh thaidhleoireachta, d'iarrachtaí idirghabhála agus d'idirphlé ilpháirtí chun díospóidí agus coinbhleachtaí a réiteach ar bhealach síochánta. Chuige sin, tacóidh siad le hoibríochtú iomlán an Chórais Réamhrabhaidh Ilchríochaigh.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimsí an bhainistithe géarchéime agus an réitigh shíochánta coinbhleachta, lena n-áirítear trí chomhar idir oibríochtaí tacaíochta síochána faoi stiúir Afracach, oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh agus oibríochtaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe, i gcás ina ndéantar na hoibríochtaí sin a imscaradh sa chrios céanna.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le cobhsú iarchoinbhleachta, comhdhlúthóidh siad le cur chun feidhme na bpróiseas réitigh géarchéime agus tacóidh siad leo, tionlacfaidh siad próisis bhunreachtúla agus thoghchánacha, agus cuirfidh siad chun cinn an ceartas idirthréimhseach, próisis athmhuintearais agus bearta athlánpháirtithe le haghaidh íospartaigh coinbhleachtaí armtha agus cogaí. Tacóidh siad le hathshlánú agus le hatógáil na limistéar arna scriosadh de dheasca cogaíochta.

5. Déanfaidh na Páirtithe an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS) agus an clár oibre maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil (YPS) a chur chun cinn agus neartóidh siad ról gníomhach na mban agus na hóige sa tsíocháin agus sa tslándáil, ó luathrabhadh, idirghabháil go réiteach coinbhleachtaí, comhdhlúthú na síochána agus síochánaíocht, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCRanna), go háirithe Rún 1325 (2000) agus Rún 2250 (2015) ó UNSCR, chomh maith le beartais agus cinntí an Aontais Eorpaigh agus an Aontais Afracaigh.

*Airteagal 57*

**Sceimhlitheoireacht, antoisceachas foréigneach agus radacú**

1. Déanfaidh na Páirtithe gach cineál sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na tosca sin lena bhféadfaí timpeallacht a bheadh fabhrach don antoisceachas foréigneach agus don radacú a chruthú, lena n-áirítear trí chaoinfhulaingt reiligiúnach chothaithe agus idirphlé idir-reiligiúnach cothaithe, agus trí fhreagairt do na dúshláin a thagann as na naisc idir an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe trasnáisiúnta, agus lánurraim á tabhairt don smacht reachta agus don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine, an dlí um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

2. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar chun daoine aonair agus pobail a chumasú chun gníomhartha sceimhlitheoireachta, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú a chosc agus chun a n-athléimneacht ina leith sin a láidriú. Féachfaidh siad le dul i mbun plé leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear an óige, ceannairí reiligiúnacha agus an tsochaí shibhialta, chun comhthuiscint, éagsúlacht agus idirphlé idirchreidmheach a chur chun cinn, chun idirghabhálacha saincheaptha a shainaithint, agus chun cur i gcoinne earcaíocht ar líne agus as líne, i gcoinne radacú agus i gcoinne gríosú chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir le tacaíocht fheabhsaithe d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtreo chur chun feidhme na rún ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear UNSCRanna 2396 (2017) agus 2462 (2019), agus ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, agus i dtreo cur chun feidhme coinbhinsiún agus ionstraimí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe agus Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc.

4. Cuirfidh na Páirtithe dlús leis na hiarrachtaí i dtaobh malartú faisnéise agus saineolais maidir le grúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta, agus an smacht reachta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine á n-urramú go hiomlán acu. Tacóidh siad le tionscnaimh maidir le comhar um fhorfheidhmiú an dlí agus neartóidh siad an acmhainneacht an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach a chomhlíonann le cearta an duine, lena n-áirítear trí na fórsaí slándála a oiliúint agus a ghairmiúlú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chur faoi chois trí aon chistí agus aon sócmhainní eile a úsáidtear nó a leithdháiltear chun tabhairt faoi ghníomh sceimhlitheoireachta a shainaithint, a bhrath, a choigistiú agus a reo nó a urghabháil.

5. Cuirfidh na Páirtithe cosc ar lucht déanta gníomhartha sceimhlitheoireachta, an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe airm ollscriosta a fháil.

*Airteagal 58*

**Coireacht eagraithe**

1. Rachaidh na Páirtithe i ngleic le gach cineál coireachta eagraithe, go háirithe an gháinneáil ar dhaoine, ar mhionairm agus ar armáin éadroma, ar dhrugaí aindleathacha, ar ábhair ghuaiseacha, ar earraí cultúrtha agus fiadhúlra, agus ar choireacht chomhshaoil, trí fheabhas a chur ar bhainistiú rialaithe teorann, ar bhailiú agus ar chomhroinnt faisnéise agus sonraí, agus trí mhalartú saineolais agus cúnaimh theicniúil. Glacfaidh siad bearta reachtacha agus bearta eile i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus lena Phrótacail fhorlíontacha.

2. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh go hiomchuí ar gháinneáil ar dhaoine, i gcomhréir le caighdeáin Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus an Phrótacail chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith a ghabhann leis. Cuirfidh siad cosc ar gháinneáil ar dhaoine trí fhorfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a neartú chun cur i gcoinne shaoirse ó phionós gach déantóra ciona atá páirteach i slabhra na gáinneála, agus tríd an éileamh atá taobh thiar de gach cineál dúshaothraithe a dhíspreagadh. Áiritheoidh siad cosaint iomchuí d'íospartaigh, agus sainiúlacht inscne na coireachta á cur san áireamh, de bhrí go ndírítear ar mhná agus ar chailíní go díréireach agus le haghaidh teacht i dtír gnéasach go príomha.

3. Glacfaidh na Páirtithe bearta reachtacha agus bearta eile chun smuigléireacht imirceach a chosc agus a chomhrac trí fhorfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a neartú chun smuigleáil imirceach agus coireanna gaolmhara a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus i gcomhréir leis na Prótacail fhorlíontacha a ghabhann leis, lena n-áirítear an Prótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer.

4. Neartóidh na Páirtithe an comhar d'fhonn cosc agus comhrac a dhéanamh i leith úsáid a gcuid institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamh-airgeadais ainmnithe chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear éilliú, a sciúradh. Malartóidh siad faisnéis agus forfheidhmeoidh siad na bearta cuí chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac chun cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais a áirithiú. Tacóidh siad le bunú reachtaíochta agus comhlachtaí náisiúnta um aisghabháil sócmhainní, chomh maith le coigistiú agus slógadh sócmhainní coiriúla ar mhaithe le leas an phobail, lena leathnófar dliteanas coiriúil déantóirí coireanna agus éascaitheoirí coireanna agus lena n-áiritheofar go gcuirfear isteach ar shreabha neamhdhleathacha airgeadais, agus brabúis á gceilt ar choirpigh dá bharr.

5. Déanfaidh na Páirtithe reachtaíocht a achtú agus tionscnaimh a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcoireacht, lena n-áirítear an choireacht uirbeach agus an foréigean uirbeach. Cuirfidh siad rialú arm tine chun cinn d'fhonn éifeachtaí diúltacha an fhoréigin armtha ar an tsochaí agus ar dhaoine a chosc agus a laghdú agus d'fhonn timpeallacht shábháilte a chruthú don fhorbairt inbhuanaithe. Déanfaidh siad gach cineál foréigin a chomhrac agus tacóidh siad le híospartaigh an fhoréigin.

*Airteagal 59*

**Mionairm agus armáin éadroma**

1. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme éifeachtach an Chonartha Trádála Arm agus Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne Monarú Aindleathach agus Gáinneáil ar Airm Thine, a bPáirteanna, a gComhpháirteanna agus Armlón a chur chun cinn. Tacóidh siad leis an bPlean Gníomhaíochta i ndáil le Cur Chun Feidhme Straitéis an Aontais Afracaigh maidir le Leathadh, Cúrsaíocht agus Gáinneáil Aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom a Rialú, agus le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i gcoinne iomadú agus gáinneáil aindleathach mionarm agus armán éadrom lena gcothaítear coinbhleacht armtha agus sceimhlitheoireacht agus lena ngéaraítear coireacht armtha amhail fuadach agus póitseáil eallaigh, lena n-áirítear trí bhainistiú feabhsaithe stoc-charn, trí scriosadh armán agus armlón barrachais, trí mharcáil, trí chlárú agus rianú armán, agus trí rialuithe onnmhairithe agus allmhairithe.

*Airteagal 60*

**Cibearshlándáil agus cibearchoireacht**

1. Féachfaidh na Páirtithe le reachtaíocht agus bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le timpeallacht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá oscailte, saor, slán, cobhsaí, inrochtana agus síochánta. Oibreoidh siad chun forbairt agus cur chun feidhme norm iompraíochta freagraí sa chibearspás, faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, a chur chun cinn ar noirm iad a nglactar leo go hidirnáisiúnta, agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine á gcomhlíonadh go hiomlán acu.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac agus chun inneachar neamhdhleathach ar líne a dháileadh. Malartóidh siad faisnéis i dtaobh oideachas agus oiliúint imscrúdaitheoirí cibearchoireachta, i dtaobh imscrúdú ar chibearchoireacht agus i dtaobh eolaíocht fhóiréinseach dhigiteach, agus ardleibhéal cosanta sonraí á áirithiú acu ag an am céanna. Déanfaidh siad cultúr cibearshlándála a chur chun cinn agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, ag cur leis na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus i gCoinbhinsiún an AA maidir le Cibearshlándáil agus Cosaint Sonraí Pearsanta.

*Airteagal 61*

**Drugaí aindleathacha**

1. Neartóidh na Páirtithe cur chuige cothrom, comhtháite agus fianaise-bhunaithe a mbeartas maidir le drugaí. Féachfaidh siad le saothrú, táirgeadh agus gáinneáil drugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta coisc agus forfheidhmithe dlí níos éifeachtaí maidir leis an gcoireacht atá bainteach le drugaí a ghlacadh, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine.

2. Déanfaidh na Páirtithe iarrachtaí a threisiú agus a bhrostú ó thaobh an éilimh de, rachaidh siad i mbun cláir um chosc agus um oideachas, agus déanfaidh siad na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sláinte agus sóisialta drugaí. Cothóidh siad idirphlé leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta agus an t-aos acadúil, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar úsáid aindleathach drugaí.

*Airteagal 62*

**Slándáil mhuirí**

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ilchríochach lena gcuideofar leis an tslándáil mhuirí a chur chun cinn, go háirithe sa Mhuir Rua, i gCorn na hAfraice, san Aigéan Indiach agus i Murascaill na Guine. Cothóidh siad an comhar idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, agus le heagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha, agus spreagfaidh siad comhlántacht na n-iarrachtaí.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun gach cineál coireachta eagraithe trasnáisiúnta ar muir a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, ar mhionairm agus armáin éadroma, ar dhrugaí aindleathacha agus ar fhiadhúlra, agus smuigleáil imirceach. Déanfaidh siad gníomhartha píoráideachta agus robála armtha ar muir, lena n-áirítear gadaíocht ola agus gáis, a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois d'fhonn trádbhealaí sábháilte oscailte a áirithiú.

3. Cuirfidh na Páirtithe leis na hiarrachtaí iltaobhacha freagairt go héifeachtach do choireanna a dhéantar ar an mórmhuir. Forbróidh siad bearta chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus úinéireacht forfheidhmithe dlí na stát cósta agus na n-eagraíochtaí réigiúnacha, agus cuirfidh siad comhordú agus malartú faisnéise réigiúnach chun cinn chun dul i ngleic le bagairtí muirí agus chun cur i gcoinne cineálacha éagsúla coireachta a dhéantar ar muir.

4. Déanfaidh na Páirtithe sásraí idir-réigiúnacha um chomhroinnt faisnéise a fhorbairt agus a fheabhsú agus spreagfaidh siad faireachas muirí agus feasacht fearainn agus comhar idir gardaí cósta agus cabhlaigh na stát cósta.

5. Déanfaidh na Páirtithe saoirse na mórmhara, an tsaoirse loingseoireachta agus prionsabail, cearta agus oibleagáidí eile a leagtar síos sa dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a urramú, agus cur i bhfeidhm uilíoch UNCLOS, mar aon le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile á gcur chun cinn acu.

*Airteagal 63*

**Comhar i bhforfheidhmiú an dlí**

1. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le forfheidhmiú an dlí a neartú, lena n-áirítear trí chomhar straitéiseach idir comhlachtaí de chuid an Aontais Afracaigh amhail AFRIPOL agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh amhail EUROPOL, chun cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh gníomhaíochtaí líonraí eagraithe trasnáisiúnta coiriúla agus sceimhlitheoireachta i réigiún na hAfraice agus san Aontas Eorpach a éascú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile sa réimse cuardaigh agus tarrthála agus i gcás staideanna éigeandála eile, agus spreagfaidh siad stáit chun comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích sa chomhthéacs sin.

3. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha agus feabhsóidh siad bailiú agus comhroinnt faisnéise agus sonraí.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad chun acmhainneachtaí na bpóilíní a fheabhsú, lena n-áirítear trí chláir spriocdhírithe oiliúna do phóilíní ar an leibhéal straitéiseach, ar an leibhéal oibríochtúil agus ar an leibhéal oirbheartaíochta, atá oiriúnaithe do réaltachtaí chomhthéacs na hAfraice.

*TEIDEAL V*

***Cearta an duine, daonlathas agus rialachas***

*Airteagal 64*

Cuirfidh na Páirtithe chun cinn sochaithe athléimneacha, inbhuanaithe cuimsitheacha atá fréamhaithe in institiúidí agus próisis chinnteoireachta atá cuntasach, éifeachtach agus trédhearcach ar gach leibhéal, ina ndéantar cearta an duine, saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha a urramú, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh. Oibreoidh siad chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne. Áiritheoidh said spás oscailte agus cumasúcháin do dhaoine aonair agus don tsochaí shibhialta chun a mianta agus a n-ábhair imní a chur in iúl, chun a dtuairimí a chur in iúl agus chun a gcion féin a dhéanamh ar mhaithe le gach ábhar polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, agus iad ag cur leis an muinín atá ag daoine in institiúidí poiblí dá bharr.

*Airteagal 65*

**Cearta an duine**

1. Achtóidh na Páirtithe agus cuirfidh siad i ngníomh reachtaíocht lena rannchuidítear le cearta an duine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhall, bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha. Tacóidh siad le Cairt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal Cairte chomh maith le hionstraimí AGA a dhaingniú, a chomhtháthú sa dlí náisiúnta agus a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh na Páirtithe i bhfeidhm ina iomláine prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar aon fhoras, lena n-áirítear gnéas, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, nó stádas eile, agus tosaíocht á tabhairt san am céanna do ghlacadh dlí uileghabhálaigh comhionannais agus frith-idirdhealaithe. Déanfaidh siad bearta chun go mbeidh mná agus cailíní in ann cearta uile an duine a theachtadh go hiomlán agus chun iad a chumhachtú, lena n-áirítear trí spreagadh a thabhairt chun Prótacal Maputo a shíniú agus a dhaingniú, i gcás inar gá é sin fós, agus trína chur chun feidhme. Déanfaidh siad gach iarracht cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear tríd an gCairt Afracach um Chearta agus Leas an Linbh a shíniú agus a dhaingniú, i gcás inar gá é sin fós, agus trína chur chun feidhme. Glacfaidh siad bearta lena gcuirfear chun cinn teachtadh iomlán chearta an duine ag daoine ar de ghrúpaí mhionlaigh iad, ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil ailbíneachas orthu, chomh maith le daoine dúchasacha mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasacha (UNDRIP).

3. Déanfaidh na Páirtithe an tsaoirse ó phionós a chomhrac go héifeachtach, agus an smacht reachta agus feidhmiú neamhspleách, neamhchlaonta agus éifeachtach an chórais ceartais á n-áirithiú. Ráthóidh siad ceart na n-íospartach agus na marthanóirí cúiteamh leormhaith, éifeachtach agus pras a fháil.

4. Tacóidh na Páirtithe leis an gcóras Afracach um chearta an duine, go háirithe Coimisiún na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta an Phobail agus Cúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta an Phobail, chun stáit Afracacha a threorú i dtreo na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chomhlíonadh. Urramóidh agus caomhnóidh siad sláine agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí sin agus áiritheoidh siad go n-urramóidh gach stát Afracach breithiúnais Chúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal.

5. Neartóidh na Páirtithe acmhainneacht na sochaí sibhialta agus cosnóidh siad cosantóirí chearta an duine a ghníomhaíonn ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ilchríochach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun feasacht a ardú maidir le cearta an duine, lena n-áirítear trí chomhar le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine, le córais oideachais agus leis na meáin.

*Airteagal 66*

**Comhionannas inscne**

1. Áiritheoidh na Páirtithe an comhionannas os comhair an dlí agus rochtain chomhionann ar an gceartas, ar chosaint agus ar thairbhe an dlí do chách. Déanfaidh siad bearta chun rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna comhionanna a áirithiú, a fheabhsú agus a leathnú i ngach réimse den saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Áiritheoidh siad go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach beartas agus clár.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, gach cineál idirdhealaithe agus ciaptha, mar aon le foréigean teaghlaigh, a chosc agus a dhíothú, agus déanfaidh siad an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Déanfaidh siad gach beart is gá chun iarracht chomhbheartaithe a shlógadh chun deireadh a chur le pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, le ciorrú agus gearradh ball giniúna ban agus le cleachtais dhíobhálacha eile lena ndéantar idirdhealú ar mhná agus ar chailíní. Soláthróidh siad tacaíocht d'íospartaigh agus do mharthanóirí gach cineáil foréigin. Tá na Páirtithe tiomanta do chur chun feidhme iomlán, éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach an Choinbhinsiúin maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 18 Nollaig 1979, agus an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann leis.

3. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar cearta sóisialta na mban agus na gcailíní a urramú agus a chur chun cinn, go háirithe trí na bacainní go léir i réimse an oideachais ar ardchaighdeán agus na sláinte ar ardchaighdeán a bhaint agus trí dheireadh a chur le héagothromaíochtaí idir na hinscní. Treiseoidh siad cearta eacnamaíocha na mban agus na gcailíní.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go n-aithneofar leis an reachtaíocht atá ann ceart na mban agus na gcailíní páirt iomlán a ghlacadh i ngach réimse den saol poiblí agus cruthóidh siad dálaí agus deiseanna do mhná glacadh le poist chomhionanna, lena n-áirítear sa cheannaireacht pholaitiúil agus sa chinnteoireacht pholaitiúil. Déanfaidh siad ról na mban a neartú agus a rannpháirtíocht a chur ar aghaidh ar gach leibhéal i réimse na síochána agus na slándála, agus i réimse chosc agus réiteach na gcoinbhleachtaí, an fhoréigin agus an antoisceachais.

*Airteagal 67*

**Daonlathas**

1. Déanfaidh na Páirtithe luachanna agus prionsabail uilíocha an daonlathais a chur chun cinn agus a neartú. Déanfaidh siad an scaradh cumhachtaí a chosaint, an t-iolrachas polaitiúil a chur chun cinn agus trédhearcacht, rannpháirtíocht agus muinín sna próisis dhaonlathacha a neartú chomh maith le muinín idir ceannairí polaitiúla agus na daoine a neartú, lena n-áirítear trí thacú le daingniú agus cur chun feidhme na Cairte Afracaí um Dhaonlathas, um Thoghcháin agus um Rialachas.

2. Áiritheoidh na Páirtithe sláine na bpróiseas toghchánach trí thoghcháin chuimsitheacha, thrédhearcacha agus inchreidte a ráthú, agus timthriallta toghchánacha agus forálacha bunreachtúla á n-urramú, agus urraim chuí á tabhairt don cheannasacht. Déanfaidh siad caighdeáin agus dea-chleachtais idirnáisiúnta agus réigiúnacha i mbainistiú toghchán a chur chun cinn agus neartóidh siad coimisiúin toghcháin neamhspleácha neamhchlaonta, lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta idir na páirtithe polaitiúla uile agus na hiarrthóirí polaitiúla uile. Cuirfidh siad leis an gcomhar maidir le breathnóireacht thoghchánach, lena n-áirítear obair leantach ar mholtaí ó bhreathnóireachtaí toghchánacha, de réir mar is iomchuí, agus neartóidh siad an comhar leis an Aontas Afracach agus le CERanna. Neartóidh siad na sásraí náisiúnta lena ndéantar díospóidí a bhaineann le toghcháin a réiteach ar bhealach tráthúil.

3. Neartóidh na Páirtithe acmhainneacht na bparlaimintí tofa a róil reachtacha, bhuiséadacha agus mhaoirseachta a chomhlíonadh, agus sainphribhléidí a gcomhaltaí uile á n-urramú.

4. Achtóidh na Páirtithe dlíthe agus rialacháin intíre lena n-aithneofar leibhéil éagsúla rialtais a bhfuil an sainordú acu a n-inniúlachtaí a fheidhmiú i gcomhréir le cumhachtaí tarmligthe. Neartóidh siad an riarachán áitiúil agus díláróidh siad an chumhacht chuig údaráis áitiúla arna dtoghadh go daonlathach mar a fhoráiltear don mhéid sin sna dlíthe náisiúnta.

5. Cuirfidh na Páirtithe sochaithe cuimsitheacha iolraíocha chun cinn. Cuirfidh siad deireadh le haon srianta ar shaoirse comhlachais, ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse comhthionóil shíochánta. Caomhnóidh siad agus leathnóidh siad spás cumasúcháin don tsochaí shibhialta i dtaca le habhcóideacht agus múnlú beartas, agus áiritheoidh siad meáin shaora neamhspleácha, chun deimhin a dhéanamh de go gcloífidh rialtais leis na leibhéil is airde trédhearcacht agus cuntasacht i mbainistiú gnóthaí poiblí. Cothóidh na Páirtithe caidreamh cuiditheach idir na saoránaigh agus an stát agus spreagfaidh siad feasacht ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar chearta an duine, lena n-áirítear trí chórais oideachais agus trí na meáin chumarsáide.

*Airteagal 68*

**Smacht reachta agus ceartas**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an smacht reachta a chomhdhlúthú agus chun institiúidí a neartú ar gach leibhéal i riaradh an cheartais. Seasfaidh siad le neamhspleáchas na mbreithiúna agus féachfaidh siad le feidhmiú neamhspleách, neamhchlaonta agus éifeachtach an chórais ceartais a áirithiú agus feabhas a chur ar rochtain éifeachtach chothromasach na saoránach ar an gceartas agus ar chúnamh dlíthiúil.

2. Déanfaidh na Páirtithe gach cineál céasta agus íde agus pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit i ngach comhthéacs, lena n-áirítear i gcomhthéacs na sceimhlitheoireachta, an bhainistithe géarchéime agus na himirce, a chosc, a cháineadh agus a dhíothú, agus iad ag tacú le daingniú agus le cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 10 Nollaig 1984, agus an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann leis.

3. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar sáruithe agus mí-úsáid an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cinedhíothú, chomh maith le hearcú leanbhshaighdiúirí agus foréigean gnéis agus inscnebhunaithe agus féiniúlachtbhunaithe, a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gceart. Neartóidh siad an córas reachtaíochta intíre agus an córas breithiúnach intíre, lena n-áirítear trí chomhar éifeachtach idir stáit agus trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach do stáit ar mian leo ionchúisimh intíre a sheoladh ar na coireanna idirnáisiúnta is tromchúisí.

4. Déanfaidh na Páirtithe athchóirithe ceartais a éascú, agus iad ag áirithiú córais agus nósanna imeachta cúirte nuachóirithe, trédhearcacha agus éifeachtúla, ag soláthar oiliúint leormhaith agus ag cur feabhas ar an rochtain ar reachtaíocht, ar an gcásdlí agus ar fhaisnéis dhlíthiúil eile, ag nuachóiriú na gcóras peannaideach agus ag uasmhéadú a róil athshlánúcháin, agus ag dul i ngleic le sáruithe ar chearta an duine ag fórsaí slándála.

*Airteagal 69*

**Dea-rialachas**

1. Tacóidh na Páirtithe le hiarrachtaí chun an dea-rialachas a chomhdhlúthú tríd an gcultúr daonlathach agus cleachtais dhaonlathacha a chur chun cinn, trí institiúidí rialachais cuntasacha, trédhearcacha agus freagrúla a thógáil agus a neartú ar gach leibhéal, agus tríd an iolrachas polaitiúil, an trédhearcacht pholaitiúil agus an chaoinfhulaingt pholaitiúil a chothú. Tacóidh siad le cur chun feidhme iomlán ionstraimí AGA agus spreagfaidh siad comhordú agus comhchuibhiú éifeachtach na mbeartas rialachais i measc stáit na hAfraice.

2. Cuirfidh na Páirtithe le cumas na rialtas ar gach leibhéal seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, riarachán poiblí atá éifeachtach, trédhearcach, cuntasach agus cuimsitheach a áirithiú, neamhchlaontacht agus éifeachtacht na gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí a chur chun cinn, agus rannpháirtíocht na saoránach agus rochtain na saoránach ar fhaisnéis phoiblí a chothú.

3. Tacóidh na Páirtithe le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus cuirfidh siad dlús le himscaradh réiteach ríomhrialachais atá soláimhsithe agus simplithe mar mhodh chun an rochtain ar fhaisnéis phoiblí agus ar sheirbhísí poiblí agus infhaighteacht na faisnéise poiblí agus na seirbhísí poiblí sin a fheabhsú, agus chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus mí-úsáid á cosc agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha á gcur chun cinn agus á gcosaint ag an am céanna.

*Airteagal 70*

**Riarachán poiblí, staidreamh agus sonraí pearsanta**

1. Forbróidh na Páirtithe acmhainneachtaí chun beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme, déanfaidh siad seirbhís shibhialta ghairmiúil éifeachtúil a fhorbairt, cuirfidh siad feabhas ar shásraí reachtacha agus rialachais agus neartóidh siad cumas na rialtas seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

2. Áiritheoidh na Páirtithe neamhchlaontacht, cothroime, próis chuí agus leanúnachas agus seirbhísí poiblí á seachadadh, agus tacóidh siad le hinstitiúidí atá cuntasach, cuimsitheach agus trédhearcach i ndáil le seirbhísí poiblí éifeachtacha éifeachtúla a sheachadadh, lena n-áirítear tríd an gCairt Afracach maidir le Luachanna agus Prionsabail na Seirbhíse Poiblí agus an Riaracháin a chur chun cinn.

3. Tacóidh na Páirtithe le táirgeadh, stóráil, bainistiú agus scaipeadh sonraí agus faisnéise staidrimh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ilchríochach, lena n-áirítear tríd an gCairt Afracach um Staidreamh a chur chun cinn mar an creat beartais le haghaidh forbairt staidrimh san Afraic. Forbróidh siad córais láidre, shlána agus chuimsitheacha sainaitheanta chun a áirithiú go soláthrófar sainaitheantas dlíthiúil do gach saoránach, lena n-áirítear tríd an gcóras clárúcháin shibhialta agus staidrimh beatha a neartú.

4. Áiritheoidh na Páirtithe ardleibhéal cosanta do cheart gach duine aonair chun príobháideachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta, i gcomhréir le caighdeáin iltaobhacha atá ann cheana agus le hionstraimí agus cleachtais dlí idirnáisiúnta. Féachfaidh siad le córais láidre cosanta sonraí a chothabháil agus lena áirithiú go bhforfheidhmeofar go héifeachtach iad trí údaráis neamhspleácha mhaoirseachta.

*Airteagal 71*

**Éilliú**

1. Bunóidh agus neartóidh na Páirtithe reachtaíocht, institiúidí agus bearta eile chun éilliú de gach sórt, calaois, coireanna corparáideacha airgeadais agus cionta gaolmhara a chosc agus a chomhrac san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear trí chaighdeáin agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, arna dhéanamh i Nua Eabhrac an 31 Deireadh Fómhair 2003. Glacfaidh siad bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun éilliú a chosc agus chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar go héifeachtach an reachtaíocht um éilliú, go seolfar imscrúduithe neamhchlaonta agus ionchúisimh neamhchlaonta agus go ndéanfar smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm i leith éilliú agus coireanna a bhaineann le héilliú. Glacfaidh siad bearta reachtacha agus bearta eile chun cosaint éifeachtach a sholáthar i gcoinne aon fhrithbheart a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n-áirítear sa chomhthéacs a bhaineann leis an obair, agus i gcoinne imeaglú a dhéanamh ar sceithirí a thuairiscíonn éilliú agus cionta gaolmhara agus ar fhinnéithe a thugann fianaise i dtaobh na gcionta sin, lena n-áirítear a gcéannacht a chosaint.

2. Glacfaidh na Páirtithe bearta reachtacha chun go gcumasófar reo agus coigistiú fáltas agus ionstraimeachtaí, nó maoine eile arb ionann a luach agus luach na bhfáltas agus na n-ionstraimeachtaí sin, a dhíorthaítear ó ghníomhartha éillithe agus ó chionta gaolmhara. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun fáltais agus ionstraimeachtaí den sórt sin a aisghabháil agus chun iad a thabhairt ar ais do na húinéirí dlisteanacha a raibh siad faoina n-úinéireacht roimhe sin sa tír thionscnaimh, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe. Glacfaidh siad bearta reachtacha agus bearta eile chun sciúradh fáltas ó éilliú a chomhrac.

3. Áiritheoidh na Páirtithe trédhearcacht agus cuntasacht i mbainistiú acmhainní poiblí, lena n-áirítear sócmhainní aisghafa agus sócmhainní aischurtha. Spreagfaidh siad gníomhaíochtaí lena dtacaítear le luachanna cultúir trédhearcachta, sláine agus dlíthiúlachta agus le hathrú ar dhearcthaí daoine i leith cleachtais éillitheacha. Neartóidh siad acmhainneacht agus saineolas an riaracháin phoiblí chun an t-éilliú a chomhrac. Taobhóidh siad le bunú sainchomhlachtaí i réimse an fhrithéillithe.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile in imscrúduithe ar ghníomhartha éillithe agus ar chionta gaolmhara, lena n-áirítear nuair a dhéantar iad in idirbhearta idirnáisiúnta gnó.

*Airteagal 72*

**Rialachas airgeadais**

1. Cuirfidh na Páirtithe bainistiú fónta airgeadais phoiblí chun cinn, lena n-áirítear slógadh éifeachtach trédhearcach ioncaim intíre, bainistiú éifeachtach trédhearcach buiséid agus úsáid éifeachtach trédhearcach ioncaim phoiblí i gcomhréir le prionsabail Thionscnamh Cánach Addis. Déanfaidh siad bainistiú inbhuanaithe fiachais phoiblí, córais soláthair inbhuanaithe agus tacaíocht do chomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta a chur chun cinn.

2. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar rialachas agus ar bhainistiú ioncaim acmhainní nádúrtha, le go mbeidh rath ar phobail agus ar shochaithe óna n-úsáid, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach agus Próiseas Kimberley a chomhlíonadh.

3. Déanfaidh na Páirtithe calaois chánach, imghabháil cánach, seachaint cánach agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac agus neartóidh siad aisghabháil sócmhainní. Oibreoidh siad i dtreo éifeachtúlacht, éifeachtacht, cinnteacht, trédhearcacht agus cothroime na gcóras cánach a áirithiú.

4. Glacfaidh na Páirtithe bearta nithiúla, lena n-áirítear trí reachtaíocht a achtú, agus neartóidh siad na hinstitiúidí agus na sásraí ábhartha chun prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais a chur chun feidhme.

*TEIDEAL VI*

***Imirce agus soghluaisteacht***

*Airteagal 73*

Glacfaidh na Páirtithe cur chuige uileghabhálach cothrom chun aghaidh a thabhairt ar an imirce. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad do chearta an duine atá ag gach dídeanaí agus imirceach a chosaint agus tabharfaidh siad aghaidh ar an imirce de mheon na dlúthpháirtíochta, na fíor-chomhpháirtíochta, na freagrachta comhpháirtí, agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Admhaíonn siad go bhfuil leasanna na hAfraice agus na hEorpa i dtaobh na himirce fite fuaite ina chéile agus gur féidir leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht a bheith ina bhfoinse rathúnais, nuálaíochta agus forbartha inbhuanaithe nuair a bhainistítear go maith iad. Rachaidh siad i mbun idirphlé agus comhair maidir le gach gné a bhaineann leis an imirce dhleathach agus neamhrialta, lena n-áirítear trí bhearta nithiúla a dhéanamh maidir leis an imirce dhleathach, maidir leis an imirce neamhrialta a shrianadh agus dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá léi, maidir leis smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac, maidir le haghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, maidir le beatha daoine a shábháil agus cosaint a áirithiú, maidir le rannpháirtíocht diaspóra agus infheistíocht le haghaidh forbairt inbhuanaithe a neartú, maidir le tionchar seoltán a uasmhéadú, maidir le feabhas a chur ar an gcomhar i dtaobh filleadh, athligean isteach agus ath-lánpháirtiú inbhuanaithe fillithe, chomh maith le haird ar leith a thabhairt ar dhaoine ar leochaileach a gcás, amhail mná, leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha agus ar a riachtanais shonracha. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh comhar eatarthu agus cur chuige comhtháite á shaothrú acu maidir le bainistiú teorainneacha chun gluaiseacht dhlisteanach daoine thar na teorainneacha a éascú agus chun srian a chur leis an imirce neamhrialta. Cuirfidh siad leis an gcomhar agus leis an idirphlé agus iad ag cur le tionscnaimh atá ann cheana, go háirithe an obair leantach ar Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta Vaileite, eadhon ar Phróisis Rabat agus Chartúm, agus ar an Idirphlé Idir-Ilchríochach idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir le hImirce agus Soghluaisteacht. Spreagfaidh na Páirtithe comhar triantánach idir tíortha fo-Shaháracha, Meánmhara agus Eorpacha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an imirce. Cothóidh na Páirtithe idirphlé agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna uile na himirce agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun straitéisí freagartha iomchuí ábhartha a chothú.

*Airteagal 74*

**Imirce dhleathach agus soghluaisteacht dhleathach**

1. Féachfaidh na Páirtithe le haistriú agus comhroinnt eolais a mhéadú agus le feabhas a chur ar scéimeanna soghluaisteachta lena n-éascaítear malartuithe acadúla do mhic léinn, do thaighdeoirí, do ghairmithe acadúla agus d'institiúidí.

2. Féachfaidh na Páirtithe le cuairteanna a éascú chun críoch gnó agus infheistíochta.

3. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe conairí a fhorbairt i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, i dtreo bhainistiú éifeachtach imirce agus shoghluaisteacht an lucht saothair, lena n-áirítear bearta iomchuí cosanta sóisialta agus comhrac aon chineáil dúshaothraithe.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun trédhearcacht agus inchomparáideacht cáilíochtaí a fheabhsú d'fhonn aitheantas do na cáilíochtaí sin a éascú agus an glacadh atá leo sa mhargadh saothair a éascú.

5. Déanfaidh na Páirtithe idirphlé, de réir mar is iomchuí, maidir le nósanna imeachta lena dtreoraítear iniomparthacht na gceart pinsin atá ag imircigh atá ina gcónaí go dlíthiúil.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le feachtais ardaithe feasachta a bhaineann leis an imirce dhleathach d'fhonn bonn eolais a chur faoi chinntí na n-imirceach agus faisnéis a thabhairt dóibh maidir leis na féidearthachtaí atá ann i dtaobh conairí sábháilte dleathacha imirce. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin faoi na féidearthachtaí i dtaobh athrú stádais ina ndlíchórais faoi seach.

7. Oibreoidh na Páirtithe chun ceanglais thrédhearcacha agus éifeachtacha maidir le ligean isteach agus cónaí a chur chun feidhme chun críche oibre, taighde, staidéir, oiliúna agus seirbhís dheonach, d'fhonn imirce chiorclach agus soghluaisteacht a éascú.

8. Éascóidh na Páirtithe rochtain ar nósanna imeachta chun teaghlaigh imirceach a athaontú agus leasanna an linbh á gcur san áireamh.

9. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun córais chlárúcháin shibhialta a fheabhsú agus a nuachóiriú agus chun doiciméid bhithmhéadracha taistil a eisiúint agus iad bunaithe ar shonraíochtaí na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí iarrachtaí a dhéanamh calaois céannachta agus brionnú doiciméad a chomhrac.

*Airteagal 75*

**Soghluaisteacht laistigh den Afraic**

1. Admhaíonn na Páirtithe a ábhartha atá an tsoghluaisteacht laistigh den Afraic agus na tairbhí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi maidir leis an lánpháirtiú réigiúnach agus maidir le forbairt inbhuanaithe na dtíortha óstacha agus na dtíortha tionscnaimh.

2. Geallann na Páirtithe go dtabharfaidh siad tacaíocht bhreise don chomhar laistigh den Afraic chun an imirce a bhainistiú, agus Creat Beartais Imirce an Aontais Afracaigh don Afraic á chur san áireamh.

*Airteagal 76*

**Diaspóra, seoltáin agus forbairt inbhuanaithe**

1. Déanfaidh na Páirtithe rannpháirteachas diaspóra i bhforbairt inbhuanaithe a dtíortha tionscnaimh a spreagadh agus tabharfaidh siad tacaíocht don rannpháirteachas sin. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun infheistíocht diaspóra agus cruthú gnó a chur chun cinn agus a éascú mar mhodh chun borradh a chur faoin bhforbairt áitiúil agus faoin bhfiontraíocht áitiúil i dtíortha tionscnaimh, agus chun eolas, taithí agus teicneolaíocht a aistriú.

2. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe costais idirbhirt seoltán a laghdú go suntasach go níos lú ná 3 %, go háirithe i gcás tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus deireadh a chur le conairí seoltán lena ngabhann costais níos airde ná 5 % i gcomhréir le spriocanna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, comhar a bheith eatarthu chun pointí rochtana a mhéadú le haghaidh seirbhísí seoltán, go háirithe i limistéir thuaithe, cuimsiú airgeadais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais nuálacha agus teicneolaíochtaí nua, agus feabhas a chur ar chreataí rialála le haghaidh rannpháirtíocht fheabhsaithe gníomhaithe neamhthraidisiúnta.

3. Tacóidh na Páirtithe le hobair institiúidí a chabhraíonn le cur chun feidhme straitéisí agus ionstraimí chun úsáid a bhaint as seoltáin agus infheistíocht diaspóra le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

*Airteagal 77*

**Imirce neamhrialta, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh agus chun freagairtí leormhaithe a fhorbairt i leith na mbunchúiseanna sin. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun tacú le tíortha tionscnaimh le straitéisí iomchuí, lena n-áirítear d'fhonn fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Gabhann na Páirtithe orthu féin an imirce neamhrialta a shrianadh trí chomhar feabhsaithe maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha, maidir le bailiú agus comhroinnt fheabhsaithe faisnéise, agus maidir le cothú an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh, ag féachaint go háirithe do thíortha tionscnaimh agus do thíortha idirthurais na sreabh imirce. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun líonraí cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil, i gcás inarb iomchuí, chun tacú le faireachas muirí agus chun beatha daoine a shábháil ar muir.

3. Déanfaidh na Páirtithe reachtaíocht a bhunú agus a chur chun feidhme, institiúidí a neartú agus iarrachtaí comhoibríocha a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála a chosaint agus cúnamh a thabhairt dóibh, agus smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus na Prótacail fhorlíontacha a ghabhann leis, go háirithe an Prótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer agus an Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar bhealaí imirce neamhrialta, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus trasréigiúnacha, agus chun iarrachtaí comhpháirteacha a fheabhsú chun na líonraí coiriúla a smuigleálann imircigh agus a dhéanann gáinneáil ar dhaoine a threascairt. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun faisnéis ábhartha agus rúnfhaisnéis choiriúil ábhartha a chomhroinnt maidir le bealaí gáinneála agus smuigleála agus maidir le líonraí coiriúla, lena n-áirítear maidir le *modus operandi* agus idirbhearta airgeadais, chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus chun straitéisí anailíse agus scaipthe a neartú. Áiritheoidh siad go ndéanfar an reachtaíocht ábhartha agus na bearta ábhartha a chur chun feidhme go héifeachtach ina gcoinne siúd a dhéanann dúshaothrú ar imircigh neamhrialta. Treiseoidh siad na hiarrachtaí i dtaobh imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla lucht déanta coireanna.

5. Tacóidh na Páirtithe le feachtais feasachta maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an imirce neamhrialta, agus úsáid á baint as na modhanna uile atá ar fáil ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil i gcomhréir le straitéisí agus cláir ábhartha.

*Airteagal 78*

**Filleadh, athligean isteach agus ath-lánpháirtiú**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart imircigh atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh agus athdhearbhaíonn siad an oibleagáid dhlíthiúil atá ar gach Ballstát den Aontas Eorpach agus ar gach Comhalta de OACPS a gcuid náisiúnach féin, atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Comhaltaí de OACPS nó Ballstáit an Aontais Eorpaigh faoi seach, a athligean isteach gan choinníollacht agus gan foirmiúlachtaí breise seachas an fíorú dá bhforáiltear i mír 3. Chuige sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le filleadh agus athligean isteach agus áiritheoidh siad go gcosnófar agus go n-urramófar go hiomlán cearta agus dínit daoine aonair, lena n-áirítear le linn aon nós imeachta a thionscnaítear chun imircigh atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh chuig a dtíortha tionscnaimh.

2. Glacfaidh gach Ballstát den Aontas Eorpach le filleadh agus le hathligean isteach náisiúnach dá chuid atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit OACPS, arna iarraidh sin don Bhallstát sin, gan foirmiúlachtaí breise ná an fíorú dá bhforáiltear i mír 3 i gcás leis na náisiúnach sin nach bhfuil doiciméad taistil bailí ina seilbh acu.

Glacfaidh gach Comhalta de OACPS le filleadh agus le hathligean isteach náisiúnach dá chuid atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, arna iarraidh sin don Bhallstát sin, gan foirmiúlachtaí breise seachas an fíorú dá bhforáiltear i mír 3 i gcás na ndaoine sin nach bhfuil doiciméad taistil bailí ina seilbh acu.

Maidir leis an Aontas Eorpach, níl feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo ach amháin maidir le daoine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh acu. Maidir le Comhaltaí OACPS, níl feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo ach amháin i dtaca le daoine a meastar gur náisiúnaigh dá gcuid iad i gcomhréir lena gcóras dlí féin.

3. Freagróidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Comhaltaí OACPS go pras d'iarrataí ar athligean isteach óna chéile.Cuirfidh siad próisis fíorúcháin i gcrích trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta sainaitheantais is iomchuí agus is éifeachtúla, d'fhonn náisiúntacht an duine lena mbaineann a fhionnadh agus doiciméid taistil iomchuí a eisiúint chun críoch fillte, mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I. Ní choiscfidh aon ní san Iarscríbhinn sin filleadh duine faoi shocruithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla idir an Stát a gcuirtear iarraidh ar athligean isteach faoina bhráid agus an Stát a mbeidh iarraidh ar athligean isteach á chur isteach aige.

4. D'ainneoin na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 101(5) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo, má mheasann Páirtí amháin gur mhainnigh Páirtí eile cloí leis an teorainn ama dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I i gcomhréir le Caighdeán 5.26 de Chaibidil 5 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, tabharfaidh sé fógra dá réir sin don Pháirtí eile. Má leanann an Páirtí sin den mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Páirtí a thugann an fógra bearta comhréireacha a ghlacadh, ag tosú amhail ó 30 lá tar éis an fógra a thabhairt.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad faireachán ar chur chun feidhme na ngealltanas sin faoi chuimsiú an idirphlé comhpháirtíochta rialta.

*Airteagal 79*

**Cosaint agus tearmann**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin ardleibhéal cosanta agus cúnaimh a áirithiú do dhaoine arna n-easáitiú go héigeantach, lena n-áirítear dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus daoine easáitithe ina dtír féin, agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus, i gcás inarb infheidhme, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go hiomlán acu, lena n-áirítear prionsabal bunúsach an *non-refoulement*.

2. Aithníonn na Páirtithe gur cheart do champaí dídeanaithe a bheith ina n-eisceacht agus, a mhéid is féidir, ina mbeart sealadach mar fhreagairt ar éigeandáil, agus gur cheart tosaíocht a thabhairt do lánpháirtiú inbhuanaithe dídeanaithe. Neartóidh siad an comhar chun lánpháirtiú inbhuanaithe dídeanaithe i bpobail óstacha agus ina dtíortha tearmainn a éascú. Tacóidh siad le cur chun feidhme Chreat Uileghabhálach Freagartha do Dhídeanaithe na Náisiún Aontaithe.

3. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn in ann cearta an duine a fheidhmiú trí rochtain shábháilte ar sheirbhísí bunúsacha, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta.

4. Seasfaidh na Páirtithe le leas an linbh i gcónaí, agus tabharfaidh siad rochtain iomlán ar an gcóras oideachais i dtimpeallachtaí sábháilte foghlama do gach dídeanaí linbh. Cuirfidh siad cur chuige inscne-fhreagrúil i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí leanaí agus chun a áirithiú nach ndéanfar coirpigh de leanaí ná nach mbeidh siad faoi réir bearta pionósacha mar gheall ar a stádas dídeanaí nó mar gheall ar stádas dídeanaí a dtuismitheoirí.

## PRÓTACAL RÉIGIÚNACH MHUIR CHAIRIB

CUID I

### CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

Caibidil 1

### Cineál agus raon feidhme

*Airteagal 1*

#### Fíor-chomhphháirtíocht

1. Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn 'Páirtithe' na páirtithe iomchuí atá faoi cheangal ag an bPrótacal seo de bhun Airteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

2. Rialófar an caidreamh idir na Páirtithe leis na forálacha sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo agus leis an bPrótacal seo, atá comhlántach agus a threisíonn a chéile, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfear an Prótacal seo chun feidhme, agus go mbeidh freagrachtaí comhlántacha ann ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, bunaithe ar phrionsabail na hurraime frithpháirtí agus na cuntasachta frithpháirtí, an chomhionannais agus na comhúinéireachta, agus trí rannpháirteachas na ngeallsealbhóirí ábhartha go léir. Cuirfidh siad an Prótacal seo chun feidhme ar bhealach lena gcuirfear leis na naisc dhomhain pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha i measc na bPáirtithe sa Chomhaontú seo agus lena gcuirfear na naisc sin ar aghaidh.

4. Tacóidh na Páirtithe le próisis réigiúnacha lánpháirtithe agus chomhair, cuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí tacú leis an iltaobhachas agus leis an ord domhanda riailbhunaithe, agus déanfaidh siad beartais agus bearta iltoiseacha comhleanúnacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn gach gné den fhorbairt inbhuanaithe a shaothrú, agus a gcreataí beartais agus a gcomhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta faoi seach á gcur san áireamh acu.

*Airteagal 2*

#### Tosaíochtaí straitéiseacha

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur de chineál leathan uileghabhálach Phrótacal réigiúnach Mhuir Chairib agus comhaontaíonn siad gurb iad seo a leanas, *inter alia*, tosaíochtaí straitéiseacha an Phrótacail seo:

(a) a gcomhpháirtíocht pholaitiúil a neartú, a mbeidh idirphlé rialta éifeachtach agus cur chun cinn leasanna coiteanna mar bhonn taca léi;

(b) an caidreamh eacnamaíoch a dhoimhniú, claochlú agus éagsúlú a chur chun cinn, agus tacú le fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach inbhuanaithe trí thrádáil, infheistíocht, forbairt na hearnála príobháidí agus tionsclú inbhuanaithe;

(c) inbhuaine comhshaoil agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a shaothrú agus bainistiú tubaistí a neartú;

(d) sochaithe cuimsitheacha, síochánta agus slána a fhorbairt, agus béim ar leith ar chearta an duine, comhionannas inscne, ceartas agus rialachas, lena n-áirítear rialachas airgeadais, agus slándáil na saoránach a fhorbairt;

(e) infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt dhaonna agus shóisialta, aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar neamhionannais atá ag dul i méid, leas a bhaint as an imirce, eolas, scileanna fiontraíochta agus infheistíocht an diaspóra a ghiaráil, agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

2. Tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar Háítí agus í ar an aon tír amháin is lú forbairt i Muir Chairib, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a laigí struchtúracha agus ag an am céanna ag tacú le comhdhlúthú a cuid institiúidí, ag cur feabhas ar an rialachas agus ar an mbochtaineacht agus ag laghdú na neamhionannas sóisialta.

*Airteagal 3*

**Iltaobhachas agus cothú comhghuaillíochtaí**

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas láidir don iltaobhachas. Cuirfidh siad leis an gcomhar agus, i gcás inarb iomchuí, bunóidh siad comhsheasaimh faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile.

2. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhairliúchán a neartú chun comhaontais straitéiseacha a thógáil i dtaobh saincheisteanna domhanda is ábhar leasa choitinn, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, rialachas na n-aigéan, forbairt inbhuanaithe, forbairt dhaonna agus shóisialta, cearta an duine agus saincheisteanna a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, agus le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí stát beag oileánach i mbéal forbartha (SIDS) laistigh de chreataí beartais ábhartha domhanda.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus infheidhme a shíniú, a dhaingniú nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí, agus iad a chur chun feidhme.

*Airteagal 4*

**Lánpháirtiú agus comhar réigiúnach**

1. Cuirfidh na Páirtithe lánpháirtiú agus comhar réigiúnach chun cinn i réigiún Mhuir Chairib mar mhodh tábhachtach chun an tsíocháin agus rathúnas a bhaint amach, chun geilleagair agus sochaithe inbhuanaithe athléimneacha a thógáil, agus chun iomaíochas a mhéadú i margaí idirnáisiúnta. Tacóidh siad le beartais agus acmhainneacht intíre chomhlántach a bhunú agus a neartú, agus ar an gcaoi sin rannchuideoidh siad le cobhsaíocht, comhtháthú agus rathúnas réigiúnach a chothú i Muir Chairib.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad an t-aitheantas uilíoch a thugtar do Mhuir Chairib mar chrios síochána a chur ar aghaidh. Cuirfidh siad forbairt inbhuanaithe Mhuir Chairib chun cinn freisin i bhfianaise a róil mar chumasóir an lánpháirtithe réigiúnaigh agus an chomhair réigiúnaigh sa réigiún.

3. Cuirfidh na Páirtithe leis an gcomhar le heagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú agus le tíortha agus críocha a bhfuil na luachanna céanna acu agus atá toilteanach agus ábalta spriocanna coiteanna a chur chun cinn, agus rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil réigiún Mhuir Chairib ina iomláine. Tacóidh siad, i gcás inarb iomchuí, le cineálacha cur chuige réigiúnacha a fhorbairt maidir le saincheisteanna comhleasa, lena n-áirítear leis an Muir Chairib i gcoitinne agus le Meiriceá Laidineach.

Caibidil 2

**Gníomhaithe agus próisis**

*Airteagal 5*

**Forálacha institiúideacha**

1. Is iad seo a leanas na hinstitiúidí arna mbunú leis an bPrótacal seo, a ndéantar a gcomhdhéanamh agus a bhfeidhmeanna a shainiú sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo:

(a) Comhairle Airí Mhuir Chairib-AE;

(b) Comhchoiste Mhuir Chairib-AE;

(c) Tionól Parlaiminteach Mhuir Chairib-AE.

2. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile i gcruinniú ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais chun stiúradh polaitiúil straitéiseach sholáthar don chomhpháirtíocht idir Muir Chairib agus tAontas Eorpach agus formhaoirseacht pholaitiúil straitéiseach uirthi a sholáthar.

*Airteagal 6*

**Tíortha agus Críocha Thar Lear agus na réigiúin is forimeallaí i réigiún Mhuir Chairib**

1. Déanfaidh na Páirtithe na naisc dhlútha stairiúla eacnamaíocha, chultúrtha agus dhaoine-bhunaithe idir Comhaltaí OACPS i Muir Chairib agus na Tíortha agus na Críocha thar lear (TCTLanna) atá comhlachaithe leis an Aontas Eorpach agus na réigiúin is forimeallaí de AE (RFanna) a neartú. Éascóidh na Páirtithe rannpháirtíocht TCTLanna agus RFanna i bpróisis lánpháirtithe agus comhair réigiúnacha, chomh maith le heagraíochtaí réigiúnacha, i gcás inarb iomchuí, go háirithe sna réimsí seo a leanas: trádáil, infheistíocht agus comhar eacnamaíoch; forbairt na hearnála príobháidí; fuinneamh; nascacht agus digitiú; forbairt dhaonna agus shóisialta; agus an t-athrú aeráide, inbhuaine comhshaoil, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus turasóireacht.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndeonófar ról breathnóirí sna hinstitiúidí comhpháirteacha a bhunaítear leis an bPrótacal seo do na TCTLanna i réigiún Mhuir Chairib.

*Airteagal 7*

**Comhairliúchán leis na geallsealbhóirí**

Déanfaidh na Páirtithe sásraí comhairliúcháin agus idirphlé leis na geallsealbhóirí ábhartha uile a bhunú agus a fhorbairt, lena n-áirítear údaráis áitiúla, ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta agus de chuid na hearnála príobháidí, chun iad a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu agus chun comhairliúchán a dhéanamh leo, agus chun a n-ionchur i bpróisis pholaitiúla a áirithiú agus chun an Prótacal seo a chur chun feidhme. Déanfar comhairliúchán agus idirphlé d'fhonn ionchuir a sholáthar do chruinnithe Chomhairle Airí Mhuir Chairib-AE.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme agus faireachán**

1. Cuirfidh na Páirtithe a ngealltanais chun feidhme ar an leibhéal is iomchuí, i gcomhréir lena gcreataí beartais faoi seach. Déanfaidh siad bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchar chur chun feidhme an Phrótacail seo a uasmhéadú agus chun rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí leasmhara go léir a threisiú.

2. Déanfaidh na Páirtithe faireachán agus athbhreithniú ar an bPrótacal seo chun a áirithiú go gcloítear go hiomlán, leis an gcur chun feidhme, le prionsabal na fíor-chomhpháirtíochta agus go bhfuil an cur chun feidhme ag teacht lena thosaíochtaí straitéiseacha. Féadfaidh siad é a athbhreithniú ar bhonn rialta agus, de réir mar a chomhaontaítear go frithpháirteach, a raon feidhme a leathnú go réimsí rannpháirteachais nua, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 99 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

CUID II

**PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR**

*TEIDEAL I*

***Fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach, inbhuanaithe***

*Airteagal 9*

Cuirfidh na Páirtithe fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach, inbhuanaithe chun cinn trí chlaochlú eacnamaíoch agus éagsúlú eacnamaíoch, trí athléimneacht eacnamaíoch threisithe, trí lánpháirtiú agus comhar réigiúnach ardleibhéil, trí chaidreamh eacnamaíoch agus trádála neartaithe, agus trí aistriú feabhsaithe i dtreo na lánfhostaíochta agus na hoibre cuibhiúla do chách. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun sreabha méadaithe trádála agus infheistíochta a éascú, trí fheabhas a chur ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais agus ar an timpeallacht ghnó, chun claochlú digiteach a chur chun cinn, chun forbairt agus tionsclú san earnáil phríobháideach a chur chun cinn, agus chun geilleagair íseal-astaíochtaí agus geilleagair aeráid-díonacha a chur chun cinn, á áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as deiseanna díghlasáilte gnó. Déanfaidh siad cearta an duine agus croíchaighdeáin saothair a urramú agus a chosaint, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta, déanfaidh siad inbhuaine comhshaoil a chur chun cinn agus rathúnas comhroinnte a chothú. Comhaontaíonn siad go ndíreoidh siad ar na príomhearnálacha eacnamaíocha agus ar na hearnálacha eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn, agus tionchar iolraitheach acu ar an bhfás inbhuanaithe, ar an mbreisluach, ar chruthú post agus ar dhíothú na bochtaineachta.

## Caibidil 1

## An creat eacnamaíoch foriomlán

*Airteagal 10*

### Cumasóirí na forbartha eacnamaíche

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais, neartóidh siad bainistiú an airgeadais phoiblí agus oibreoidh siad i dtreo inbhuaine an fhiachais phoiblí. Tacóidh siad le lánpháirtiú agus comhar eacnamaíoch réigiúnach i Muir Chairib chun go mbeidh ar chumas a tíortha tairbhe a bhaint as lánpháirtiú níos doimhne i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda. Déanfaidh siad rialacháin agus próisis ghnó a chomhchuibhiú agus a shimpliú, glacfaidh siad beartais fhónta iomaíochta, lena n-áirítear trédhearcacht maidir le fóirdheontais phoiblí, agus áiritheoidh siad córais éifeachtacha intuartha chánach, lena n-áirítear ar an leibhéal inréigiúnach.

2. Déanfaidh na Páirtithe timpeallacht dhlíthiúil chumasúcháin a chruthú, éifeachtúlacht na riarachán poiblí agus na gcóras breithiúnach a neartú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú trí cheanglais rialála a athchóiriú, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus cosaint talún agus maoine agus ceart maoine intleachtúla a áirithiú.

3. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn beartais lena bhfeabhsaítear ábharthacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na margaí saothair agus lena dtacaítear le soghluaisteacht an lucht saothair, lena n-áirítear an ghné inréigiúnach di. Cuirfidh siad chun cinn oideachas agus forbairt scileanna ar ardchaighdeán, agus forbróidh siad oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme iomchuí. Áiritheoidh siad go ndéanfar an dul chun cinn maidir le caipiteal daonna a oiriúnú do riachtanais agus do dheiseanna na margaí saothair agus go gcuirfidh rannpháirtíocht na hearnála príobháidí leis.

4. Tacóidh na Páirtithe le forbairt príomh-bhonneagar amhail fuinneamh, iompar, uisce agus sláintíocht agus nascacht dhigiteach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun leas a bhaint as deiseanna a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíoch agus as an ngeilleagar digiteach, lena n-áirítear i réimse na hintleachta saorga.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, go háirithe do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), lena n-áirítear trí sheirbhísí rialáilte baincéireachta agus neamhbhaincéireachta. Déanfaidh siad seirbhísí airgeadais digiteacha a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta arna gcomhaontú agus trí mhargaí éifeachtúla iontaofa, cosaint tomhaltóirí agus rochtain níos fearr ar sheirbhísí airgeadais móibíleacha a áirithiú.

6. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar gach cineál truaillithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear trí fhreagrachtaí a shainiú agus a shannadh go soiléir d'oibreoirí tionscail agus gnó ar fud an tslabhra soláthair ar bhonn ar bhonn phrionsabal na freagrachta leathnaithe táirgeora agus an phrionsabail íoc mar a thruaillítear. Tacóidh siad le tionscnaimh fáis ghlais, le héifeachtúlacht mhéadaithe i dtaobh úsáid acmhainní agus le glacadh teicneolaíochtaí agus próiseas tionsclaíoch atá glan agus fónta ó thaobh an chomhshaoil.

7. Déanfaidh na Páirtithe an geilleagar ciorclach a fhorbairt trí thomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn, lena n-áirítear trí acmhainneacht eolaíoch agus theicneolaíoch neartaithe, trí chaighdeáin, trí mhalartú dea-chleachtas agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar fhóirdheontais neamhéifeachtúla do bhreoslaí iontaise.

8. Déanfaidh na Páirtithe clárú agus cosaint tásc geografach a chur chun cinn agus tabharfaidh siad faoi ghníomhaíocht chun tacú le húsáid mhéadaithe na teicneolaíochta agus nuálaíochtaí chun luach níos mó a chruthú i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda.

*Airteagal 11*

### Infheistíocht

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, go háirithe in earnálacha breisluacha a bhfuil an-phoitéinseal iontu poist a chruthú ar bhealach inbhuanaithe agus fás mór eacnamaíoch a bhaint amach.

2. Déanfaidh na Páirtithe rialacha, nósanna imeachta agus ceanglais a bhaineann le hinfheistíocht a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú. Chuige sin, tabharfaidh siad tús áite do riachtanais shonracha MFBManna. Tacóidh siad le forbairt beartas, straitéisí agus uirlisí infheistíochta réigiúnacha.

3. Déanfaidh na Páirtithe infheistíocht i Muir Chairib a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear trí bhearta éascaithe gnó a neartú. Tacóidh siad a thuilleadh leis an infheistíocht trí thrédhearcacht, faisnéis agus feasacht infheisteoirí a fheabhsú maidir le deiseanna gnó agus maidir le dálaí agus nósanna imeachta infheistíochta. Éascóidh siad neartú na hanailíse teicniúla agus scileanna maidir le treochtaí eacnamaíocha agus bainistiú riosca le haghaidh infheistíochta.

4. Bainfidh na Páirtithe úsáid straitéiseach as airgeadas poiblí chun sásraí agus ionstraimí infheistíochta a neartú agus chun infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach a ghiaráil, lena n-áirítear trí airgeadas cumaisc the, ráthaíochtaí agus ionstraimí airgeadais nuálacha eile, agus inbhuaine fiachais á cur san áireamh go cuí.

*Airteagal 12*

**Forbairt na hearnála príobháidí agus tionsclú**

1. Tacóidh na Páirtithe le forbairt na hearnála príobháidí agus le tionsclú inbhuanaithe, agus ceapfaidh siad beartais chun fiontraíocht, éagsúlú agus táirgiúlacht a fheabhsú. Tabharfaidh siad tacaíocht bhreise d'iomaíochas na bhfiontar, *inter alia*, trí acmhainneacht neartaithe chomhlíontachta i dtaca le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, bearta feabhsaithe nuálaíochta agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú nuálach a chur i bhfeidhm. Cuirfidh siad an acmhainneacht institiúideach chun cinn chun rannchuidiú le ceapadh beartas eacnamaíoch agus trádála.

2. Tabharfaidh na Páirtithe tosaíocht d'fhorbairt fhiontraíocht na mban agus na hóige, go háirithe trí thacaíocht agus oiliúint spriocdhírithe ghnó a fhorbairt, agus trí rochtain ar theicneolaíocht agus ar mhaoiniú inacmhainne iontaofa.

3. Tacóidh na Páirtithe le fás agus iomaíochas micrifhiontar, MFBManna, cuirfidh siad forbairt réigiúnach gnó chun cinn agus éascóidh siad teagmhálacha gnólacht le gnólacht idir oibreoirí eacnamaíocha i Muir Chairib agus san Aontas Eorpach.

4. Tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar an earnáil neamhfhoirmiúil agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhfhoirmiúla a uasghrádú ina ngníomhaíochtaí foirmiúla, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe don fhorbairt gnó.

5. Déanfaidh na Páirtithe bunú agus neartú comhlachtaí réigiúnacha trádála agus gairmiúla san earnáil phríobháideach a spreagadh agus a éascú *inter alia* trí acmhainneacht fheabhsaithe theicniúil, taighde, abhcóideachta beartais agus institiúideach.

6. Cuirfidh na Páirtithe borradh faoin digitiú agus cuirfidh siad tionscnaimh thaighde, forbartha agus nuálaíochta chun cinn i bpríomhearnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear trí naisc a láidriú idir institiúidí tionscail, taighde agus acadúla, chun líon na dtáirgí ardluacha a fheabhsú, an t-iomaíochas a fheabhsú agus margaí nua a fhorbairt.

7. Cuirfidh na Páirtithe comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha méadaithe chun cinn mar mhodh chun caipiteal intíre agus eachtrach a shlógadh.

8. Tacóidh na Páirtithe le héifeachtúlacht mhéadaithe i dtaobh úsáid acmhainní agus le glacadh teicneolaíochtaí agus próiseas tionsclaíoch atá níos glaine agus níos fónta ó thaobh an chomhshaoil.

9. Déanfaidh na Páirtithe forbairt thionsclaíoch a chur chun cinn d'fhonn fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach. Glacfaidh siad beartais spriocdhírithe a bheidh ceaptha chun fás tionsclaíoch agus deiseanna tionsclaíocha a éascú, go háirithe trí naisc agus gníomhaíochtaí breisluacha a chruthú. Déanfaidh siad beartais thionsclaíocha náisiúnta agus réigiúnacha inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun iomaíochas na hearnála príobháidí a fheabhsú, go háirithe i dtaca le monaraíocht agus onnmhairí meánteicneolaíochta agus ardteicneolaíochta. Spreagfaidh siad agus éascóidh siad forbairt teicneolaíochtaí iomchuí chun éagsúlú a ngeilleagar a chur ar aghaidh i dtreo táirgeadh táirgí tionsclaíocha ardluacha.

10. Spreagfaidh na Páirtithe úsáid níos leithne a n-airgeadraí faoi seach in idirbhearta idirnáisiúnta.

*Airteagal 13*

**Comhar trádála**

1. Cuirfidh na Páirtithe próisis réigiúnacha lánpháirtithe agus comhair chun cinn i Muir Chairib, lena n-áirítear trí éascú neartaithe trádála agus comhchuibhiú neartaithe rialála ionas go mbeidh tíortha agus oibreoirí eacnamaíocha in ann leas a bhaint as trádáil lena gcomharsana agus a lánpháirtiú i bpríomhshlabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda a chothú. Déanfaidh siad bearta nithiúla chun tacú le forbairt Mhargadh agus Geilleagar Aonair CARICOM (CSME) agus forbairt Aontas Eacnamaíoch na hEagraíochta um Stáit i Muir Chairib Thoir (OECS).

2. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('CARIFORUM-AE EPA'), chun a éifeachtacht a threisiú mar uirlis chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun a ábharthacht tráchtála a áirithiú. Chuige sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun sásraí, nósanna imeachta agus institiúidí a neartú chun feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí táirgeachta agus rialála náisiúnta agus réigiúnacha. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin chun beartais tacaíochta iomchuí a thionscnamh chun sreabha méadaithe trádála a éascú, lena n-áirítear trí tháirgeadh agus fiontraíocht neartaithe, bonneagar ar ardchaighdeán, creataí feabhsaithe tacaíochta digití, infheistíocht mhéadaithe in earnálacha breisluacha agus forbairt a dhéanamh ar ríomhthráchtáil éifeachtach.

3. Cothóidh na Páirtithe an trádáil laistigh de mhór-réigiún Mhuir Chairib, lena n-áirítear na tíortha agus na críocha thar lear atá comhlachaithe leis an AE agus críocha eile, mar bhealach chun forbairt chuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn.

4. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme Chomhaontú EDT um Éascú Trádála agus éascóidh siad an trádáil, *inter alia* trí bhearta tacaíochta a ghlacadh chun na costais trádála agus an t-ualach airgeadais agus rialála a bhíonn ar MFBManna a laghdú.

5. Saothróidh na Páirtithe cóir nuálach speisialta agus dhifreálach le haghaidh comhaontuithe trádála iltaobhacha nó déthaobhacha nua i gcás inarb infheidhme, mar shampla trína áirithiú go léireofar, leis na solúbthachtaí i ngealltanais trádála, riachtanais acmhainneachta cur chun feidhme arna dtaispeáint go follasach.

Caibidil 2

**Earnálacha eacnamaíocha a dTugtar tosaíocht dóibh**

*Airteagal 14*

**Seirbhísí**

1. Cuirfidh na Páirtithe le hacmhainneacht rialála agus táirgeachta príomh-fho-earnálacha seirbhísí, *inter alia* trí bheartais earnálacha, creataí reachtacha agus acmhainneacht náisiúnta agus réigiúnach rialála a fhorbairt chun go gcuirfear ar chumas soláthróirí seirbhíse deiseanna margaidh a thapú faoi CCE CARIFORUM-AE, faoi CSME, faoi OECS agus faoi shocruithe réigiúnacha eile laistigh de Mhuir Chairib. Tabharfaidh siad aird ar leith ar na tionscail ghairmiúla, choinbhinsiúin, próiseála sonraí, áineasa, chultúrtha agus chruthaitheacha, agus ar sheirbhísí spóirt, oideachais, airgeadais, cumarsáide, closamhairc, iompair, comhshaoil agus turasóireachta.

2. Déanfaidh na Páirtithe straitéisí agus beartais chuí a fhorbairt chun rochtain ar mhaoiniú trádála agus ar sheirbhísí airgeadais a fheabhsú. Ina theannta sin, feabhsóidh siad an acmhainneacht sonraí agus staidreamh trádála seirbhísí a bhailiú, a stóráil, a scaipeadh agus a anailísiú.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun ról na seirbhísí san iomaíochas trádála a chur chun cinn agus a neartú, *inter alia* tríd an nuálaíocht a chothú sa mhonaraíocht a bhaineann le seirbhísí agus trí fheabhas a chur ar ról na seirbhísí mar ionchuir i dtáirgeadh earraí.

4. Tacóidh na Páirtithe le feabhas a chur ar acmhainneacht na gcomhlachtaí gairmiúla réigiúnacha rannchuidiú le caibidil agus cur chun cinn éifeachtach comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach.

*Airteagal 15*

**Geilleagar gorm**

1. Déanfaidh na Páirtithe forbairt geilleagar gorm inbhuanaithe nuálach a chur chun cinn. Agus an méid sin á dhéanamh acu, féachfaidh siad le cothromaíocht a bhaint amach idir fás eacnamaíoch agus cruthú post cuibhiúil, ar thaobh amháin, agus slándáil fheabhsaithe bia agus cothaithe, slite beatha feabhsaithe, cothromas sóisialta agus éiceachórais neartaithe aigéan, ar an taobh eile, agus rioscaí comhshaoil agus tionchair dhiúltacha éiceolaíocha á laghdú ag an am céanna. Tacóidh siad le cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige réamhchúraim agus eolaíochtbhunaithe i leith caomhnú agus cosaint éiceachóras mara agus bithéagsúlachta, agus i leith úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha. Cuirfidh siad infheistíocht intíre agus choigríche chun cinn, agus forbróidh siad an creat rialála agus an bonneagar is gá chun gníomhaíochtaí geilleagair ghoirm a chur chun cinn. Cuirfidh siad comhoibriú déthaobhach agus comhoibriú iltaobhach chun cinn freisin chun tacú le forbairt geilleagar gorm atá inbhuanaithe nuálach.

2. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar fhorbairt inbhuanaithe an iascaigh trí shlabhraí breisluacha inbhuanaithe iascaigh a chur chun cinn agus trí acmhainneachtaí áitiúla a fhorbairt chun táirgí iascaigh a phróiseáil agus chun riachtanais rialála na margaí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus riachtanais iascaigh ar mhionscála á gcur san áireamh agus dálaí oibre sábháilte sláintiúla cuibhiúla d'iascairí agus d'oibrithe á n-áirithiú.

3. Comhoibreoidh na Páirtithe chun dobharshaothrú inbhuanaithe, lena n-áirítear muirshaothrú, a fhorbairt trí phleanáil spáis éifeachtach, trí chloí le cur chuige éiceachórasbhunaithe agus trí chothrom iomaíochta níos fearr d'infheisteoirí, agus é á áirithiú acu go dtabharfar aghaidh ar ábhair imní na bpobal áitiúil.

4. Déanfaidh na Páirtithe deiseanna sa bhiteicneolaíocht mhara a thapú *inter alia,* trí thacú le taighde, trí chomhar a chothú idir an t-aos acadúil, oibreoirí eacnamaíocha agus lucht ceaptha beartas, trí aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus trí scrogaill theicniúla a laghdú chun rochtain d'infheisteoirí a éascú, agus rioscaí don mhuirthimpeallacht á seachaint ag an am céanna.

*Airteagal 16*

**Talmhaíocht**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun táirgeadh agus táirgiúlacht inbhuanaithe talmhaíochta a mhéadú agus a éagsúlú, d'fhonn an tslándáil bia agus cothú a fheabhsú, slite beatha a fheabhsú, poist chuibhiúla a chruthú agus ioncaim a leathnú trí rochtain a fháil ar mhargaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Neartóidh siad cleachtais aeráid-díonacha feirmeoireachta, go háirithe i bhfeirmeacha beaga, déanfaidh siad bainistiú inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha agus éicisheirbhísí a chur chun cinn, agus cuirfidh siad deireadh le dreasachtaí lena ngintear táirgeadh neamh-inbhuanaithe.

2. Neartóidh na Páirtithe taighde, oiliúint, eolaíocht agus nuálaíocht náisiúnta agus réigiúnach sa talmhaíocht chliste.

3. Láidreoidh na Páirtithe an infheistíocht san earnáil agraibhia, agus forbróidh siad an earnáil sin agus bunóidh siad rialacha agus rialacháin lena dtacófar le hinfheistíocht mhéadaithe san earnáil. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun deiseanna a fheabhsú do tháirgeoirí, do phróiseálaithe agus d'onnmhaireoirí rochtain a fháil ar mhargaí agus luach níos mó a ghabháil i slabhraí breisluacha áitiúla, réigiúnacha agus domhanda, lena n-áirítear trí úsáid bhreise a bhaint as an teicneolaíocht agus as an nuálaíocht, trí chur lena n-acmhainneacht bacainní neamhtharaife a chomhlíonadh, go háirithe bacainní teicniúla ar thrádáil agus caighdeáin sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus cóirthrádáil agus scéimeanna orgánacha a chur chun cinn chun breisluach a chruthú san agraphróiseáil.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh cearta comhionanna talún agus oidhreachta ag mná, agus cuirfidh siad leis an rochtain atá acu ar mhaoiniú agus ar mhargaí, agus ar sheirbhísí tacaíochta agus ar chomhairle talmhaíochta. Tacóidh siad freisin le fiontraíocht na hóige, lena n-áirítear trí sheirbhísí spriocdhírithe um leathadh eolais, um theicneolaíocht agus um maoiniú a sholáthar.

*Airteagal 17*

**Tionscail eastóscacha**

1. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn rochtain chothrom neamh-idirdhealaitheach ar eastóscadh inbhuanaithe, agus trádáil mianraí, agus amhábhar, agus urraim iomlán á tabhairt do cheannasacht tíortha ar a n-acmhainní nádúrtha agus cearta na bpobal a ndéantar difear dóibh á mbuanú. Cuirfidh siad comhroinnt chothrom acmhainní chun cinn agus déanfaidh siad saothrú neamhdhleathach acmhainní mianraí a chomhrac trí mheáin dhlíthiúla náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

2. Déanfaidh na Páirtithe trédhearcacht, cuntasacht agus bainistiú freagrach na dtionscal eastóscach a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach agus le gealltanais ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile.

3. Déanfaidh na Páirtithe freagracht shóisialta chorparáideach agus iompar freagrach gnó a neartú ó thús deireadh an tslabhra breisluacha, lena n-áirítear trí reachtaíocht ábhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh.

*Airteagal 18*

**Fuinneamh inbhuanaithe**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an tslándáil fuinnimh a neartú, chun rochtain ar fhuinneamh inbhuanaithe a áirithiú do chách, lena n-áirítear do na tomhaltóirí is leochailí agus do na príomhearnálacha eacnamaíocha, agus chun athléimneacht an bhonneagair fuinnimh a láidriú d'fhonn feabhas a chur ar inrochtaineacht, ar mharthanacht agus ar inacmhainneacht an fhuinnimh ghlain.

2. Éascóidh na Páirtithe margaí fuinnimh atá oscailte, trédhearcach agus a fheidhmíonn, ar margaí iad lena dtiomáintear infheistíocht chuimsitheach inbhuanaithe, go háirithe i nginiúint agus i gcomhghiniúint fuinnimh inathnuaite, i dtarchur agus i ndáileadh fuinnimh inathnuaite, agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Comhoibreoidh siad chun an fhiontraíocht san earnáil a fheabhsú.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i bhfuinneamh inathnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus aird á tabhairt ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme tionscnamh ábhartha náisiúnta agus réigiúnach fuinnimh agus ar chórais tacaíochta bonneagair ar ardchaighdeán.

4. Déanfaidh na Páirtithe éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a chur chun cinn ag gach céim den slabhra fuinnimh, ó ghiniúint go tomhaltas.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun idirnaisc éifeachtacha fuinnimh a bhunú agus a threisiú agus chun aistriú fuinnimh réigiún Mhuir Chairib a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, ilghnéitheach, costéifeachtach agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite agus íseal-astaíochtaí, chun aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus chun acmhainneacht dhaonna agus theicniúil agus taighde agus nuálaíocht a fhorbairt.

*Airteagal 19*

**Nascacht**

1. Neartóidh na Páirtithe nascacht idir-réigiúnach atá inbhuanaithe, uileghabhálach agus riailbhunaithe. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar naisc iompair, ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus ar an mbonneagar digiteach ar bhealach athléimneach inbhuanaithe. Saothróidh siad deiseanna eacnamaíocha, trí, *inter alia,* acmhainneacht theicniúil agus dhaonna na bpríomhghníomhaithe a neartú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtreo forbairt a dhéanamh ar chórais iompair agus córais ghaolmhara bhonneagair atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe, agus gluaiseacht daoine, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus gluaiseacht earraí á n-éascú agus á bhfeabhsú dá chionn sin. Beidh sé mar aidhm acu rochtain níos fearr a sholáthar ar shaoráidí tuaithe, uirbeacha, aeir, muirí, uiscebhealaí intíre, iarnróid agus iompair de bhóthar, lena n-áirítear trí chomhar idir-réigiúnach a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud réigiún Mhuir Chairib.

3. Treiseoidh na Páirtithe an infheistíocht i rialachas foriomlán na hearnála iompair agus cuirfidh siad feabhas ar an rialachas sin, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le srianta ar acmhainneacht agus trí fhorbairt agus cur chun feidhme rialachán éifeachtúil lena bhféadfaidh iomaíocht chóir a bheith ann laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu.

4. Cuirfidh na Páirtithe leis an rochtain ar TFC oscailte, inacmhainne agus slán do chách, lena n-áirítear trí thacú le hinfheistíocht spriocdhírithe. Forbróidh siad na creataí reachtacha agus na hinstitiúidí rialála is gá chun soláthraithe seirbhíse a cheadúnú, chun iompar iomaíoch a chur chun cinn, chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le tomhaltóirí agus chun tacú le cosaint sonraí agus tomhaltóirí.

5. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an rochtain ar nascacht leathanbhanda oscailte, inacmhainne, shlán agus iontaofa do chách agus forbróidh siad bonneagar digiteach, lena n-áirítear trí cháblaí feabhsaithe faoin bhfarraige agus trí theicneolaíochtaí tarchurtha nua-aimseartha eile. Forbróidh siad creataí beartais agus rialála chun ceadúnú éifeachtach soláthraithe seirbhíse a éascú, chun iompraíocht iomaíoch agus cóir chothrom agus cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn, agus chun rúndacht cumarsáidí agus cearta daoine i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a áirithiú.

6. Déanfaidh na Páirtithe bunú geilleagair dhigitigh réigiúnaigh a chur chun cinn chun poist chuibhiúla agus forbairt eacnamaíoch a ghiniúint, trí chreat rialála tacúil a chruthú chun an fhiontraíocht dhigiteach a chur chun cinn, chun infheistíocht a shlógadh, agus chun treisiú an digitithe san earnáil phríobháideach a éascú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha, chun ardáin ríomh-mhuiníne agus ríomhshínithe a fhorbairt lena dtacaítear le trádáil mhéadaithe a chur chun cinn, chun teacht chun cinn táirgí nua a chothú, chun forbairt agus úsáid na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha agus sonraí oscailte a chur chun cinn, agus chun cosaint tomhaltóirí agus cosaint sonraí pearsanta a chur ar aghaidh.

*Airteagal 20*

**Turasóireacht**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun forbairt chothrom inbhuanaithe na turasóireachta a chur chun cinn d'fhonn forbairt chuimsitheach eacnamaíoch a chothú. Áiritheoidh siad go ndéanfar cúinsí comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta, agus úsáid inbhuanaithe agus caomhnú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha eile, a gcomhtháthú i bpleanáil agus forbairt beartais turasóireachta.

2. Treiseoidh na Páirtithe an infheistíocht chun táirgí agus seirbhísí turasóireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, déanfar poist chuibhiúla a chruthú, trí chomhpháirtíochtaí nuálacha a chruthú le príomhoibreoirí eacnamaíocha, trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt caipitil dhaonna agus trí mhargaíocht a dhéanamh agus trí theagmhálacha gnólacht le gnólacht a éascú chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun caighdeáin seirbhíse a fheabhsú. Chuige sin, comhaontaíonn siad aird ar leith a thabhairt ar MFBManna.

3. Neartóidh na Páirtithe naisc idir an earnáil turasóireachta agus earnálacha ábhartha eacnamaíocha eile, go háirithe an earnáil talmhaíochta, an earnáil monaraíochta, an geilleagar gorm agus an earnáil iompair. Slógfaidh siad infheistíocht i bhfuinneamh inbhuanaithe, i mbonneagar bunúsach agus i seirbhísí bunúsacha, i dteicneolaíochtaí digiteacha, i staidreamh agus i bhforbairt dhaonna, chun iomaíochas agus inbhuaine an tionscail turasóireachta a fheabhsú.

4. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun na sochair shocheacnamaíocha is láidre ón turasóireacht a ghiniúint. Cuirfidh siad le caomhnú agus le cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha agus na n-acmhainní nádúrtha agus cuirfidh siad gach cineál nuálach turasóireachta chun cinn, agus ag an am céanna déanfar sláine agus leasanna na bpobal dúchasach a urramú, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus na bpobal áitiúil agus déanfar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sin i bpróiseas fhorbairt na turasóireachta a uasmhéadú.

*Airteagal 21*

**Taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir leis an eolaíocht, leis an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt theicneolaíoch d'fhonn tacú leis an éagsúlú eacnamaíoch, d'fhonn an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, d'fhonn an t-iomaíochas réigiúnach a fheabhsú agus d'fhonn teacht chun cinn geilleagair dhigitigh chuimsithigh a éascú. Forbróidh siad idirnascadh agus idir-inoibritheacht líonraí taighde, bonneagar agus seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí eolaíochta, agus cuirfidh siad an fhorbairt sin chun cinn ina gcomhthéacs réigiúnach.

2. Déanfaidh na Páirtithe forbairt acmhainneachta taighde, forbairt bonneagair agus saoráidí, forbairt foilseachán agus forbairt sonraí eolaíochta a chur chun cinn. Déanfaidh siad scéimeanna nuálacha oiliúna agus soghluaisteachta d'acadóirí agus do thaighdeoirí a chur chun cinn agus tacóidh siad leo. Feabhsóidh siad acmhainneacht na n-institiúidí ardoideachais comhoibriú go héifeachtach sa taighde agus sa nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch, lena n-áirítear trí rochtain ar scéimeanna malairte acadúla. Éascóidh siad comhoibriú idir riaracháin phoiblí, institiúidí acadúla agus fiontair. Cuirfidh siad sonraí oscailte agus an nuálaíocht chun cinn chun dul chun cinn eacnamaíoch a chur ar aghaidh agus chun sármhaitheas eolaíochta atá tairbheach do gach páirtí a shaothrú.

3. Tacóidh na Páirtithe le forbairt geilleagar eolasbhunaithe agus sochaithe digiteacha cuimsitheacha. Déanfaidh siad caomhnú agus úsáid an eolais thraidisiúnta, na bithéagsúlachta agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha eile, agus aistriú teicneolaíochta agus saineolais, a chur chun cinn.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le hábhair leasa choitinn i réimse na ngníomhaíochtaí spáis shibhialta, amhail taighde spáis, feidhmchláir agus seirbhísí na gcóras domhanda um shatailítí loingseoireacht, forbairt na gcóras méadúcháin atá bunaithe ar shatailítí agus faire na cruinne agus eolaíocht na cruinne, go háirithe maidir le sásraí réamhrabhaidh agus faireachais a úsáid.

*Airteagal 22*

**Cultúr agus tionscail chruthaitheacha**

1. Cuirfidh na Páirtithe an cultúr agus na tionscail chruthaitheacha chun cinn mar thiomántóirí le haghaidh forbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíoch agus le haghaidh poist chuibhiúla. Glacfaidh siad bearta, *inter alia* chun tacú le forbairt chruthaitheach agus le taibhithe agus léirithe ealaíne a dhigitiú. Malartóidh siad dea-chleachtais maidir le forbairt chultúrtha agus fiontraíocht a chur chun cinn.

2. Cuirfidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe chun cinn trí mhalartuithe cultúrtha neartaithe, trí chomhléiriúcháin agus comhthionscnaimh chultúrtha agus chruthaitheacha a chur chun cinn, agus trí shoghluaisteacht fheabhsaithe gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus cleachtóirí oideachais gaolmhara. Tacóidh siad le cúrsaíocht saothar ealaíne agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta sheanbhunaithe á n-urramú go hiomlán acu.

3. Tacóidh na Páirtithe leis an idirphlé idirchultúrtha idir an óige, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus daoine aonair ón Aontas Eorpach agus ó réigiún Mhuir Chairib.

*Airteagal 23*

**Monarú**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun monarú inbhuanaithe a chothú d'fhonn breisiú luacha a dhoimhniú, go háirithe maidir le honnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta, chun éagsúlú méadaithe a éascú agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as a phoitéinseal le haghaidh cúlnascálacha le príomhearnálacha eacnamaíocha amhail an talmhaíocht, an geilleagar gorm agus tionscail agus seirbhísí eastóscacha.

2. Forbróidh na Páirtithe beartais chun infheistíocht dhíreach intíre agus choigríche sa tionscal déantúsaíochta a tharraingt chucu. Cuirfidh siad an t-éascú gnó chun cinn chun comhoibriú idir piaraí a chur ar aghaidh, chun comhpháirtíochtaí tráchtála a dhoimhniú agus moil thionsclaíocha, éiceachórais thionsclaíocha agus gréasáin thionsclaíocha a fhorbairt.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bearta a fhorbairt chun iomaíochas an tionscail déantúsaíochta a mhéadú tríd an acmhainneacht táirgeachta a fheabhsú agus trí aghaidh a thabhairt ar shrianta amhail ganntanas lucht saothair oilte, lóistíocht agus easnaimh sa bhonneagar, agus rochtain theoranta ar airgeadas agus ar anailís mhargaidh. Tacóidh siad leis an taighde agus leis an nuálaíocht, déanfaidh siad forbairt agus cur i bhfeidhm na n-eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a chur chun cinn agus neartóidh siad naisc idir tionscail agus institiúidí taighde agus acadúla.

4. Tacóidh na Páirtithe le feabhsú na trádála earraí monaraithe *inter alia* trí naisc fheabhsaithe le margaí onnmhairiúcháin, trí acmhainneacht fheabhsaithe rialála trádála, trí éascú trádála, agus trí acmhainneacht chomhlíontachta neartaithe ó thaobh caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta saothair agus chomhshaoil a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 24*

**Seirbhísí idirnáisiúnta gnó agus airgeadais**

Oibreoidh na Páirtithe i dtreo earnáil gnó agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta riailbhunaithe a fhorbairt i Muir Chairib *inter alia* trí thacú le comhar spriocdhírithe chun creataí rialála Mhuir Chairib a neartú chun na caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a chomhlíonadh, beartais earnála iomchuí a fhorbairt, forbairt scileanna a fheabhsú agus chun cur le húsáid na dteicneolaíochtaí agus an digitithe. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall a áirithiú go ndéanfar na caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta don rialáil agus don mhaoirseacht san earnáil gnó agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar a gcríocha.

*TEIDEAL II*

***Inbhuaine comhshaoil, an tAthrú aeráide agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha***

*Airteagal 25*

Aithníonn na Páirtithe an bhagairt eiseach ar na tíortha a bhfuil difear déanta dóibh agus an tionchar ar shlite beatha a eascraíonn as cineál fadtéarmach na ndúshlán a bhaineann le hinbhuaine aeráide agus comhshaoil. Déanfaidh siad gníomhaíocht uaillmhianach chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó, chun cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú, agus chun úsáid agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a shaothrú, d'fhonn athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fhorbairt agus díghrádú an chomhshaoil a aisiompú. Glacfaidh siad bearta nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta, chun éiceachórais a chothabháil agus a athneartú, chun rialachas na n-aigéan a chur chun cinn, chun dífhoraoisiú a aisiompú, agus chun tubaistí nádúrtha agus guaiseacha antrapaigineacha a chosc agus freagairt dóibh, lena n-áirítear trí mhaoiniú aeráide, trí aistriú teicneolaíochta agus trí fhothú acmhainneachta a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí. Infheisteoidh siad san fhás glas, cuirfidh siad geilleagair chiorclacha chun cinn agus tacóidh siad leis an aistriú chuig forbairt aeráid-díonach agus íseal-astaíochtaí, agus iad ag áirithiú go gcomhlánófar an inbhuaine comhshaoil go hiomlán leis an bhfás eacnamaíoch. Comhoibreoidh na Páirtithe ar leibhéal mhór-réigiún Mhuir Chairib agus saothróidh siad an comhar theas-theas agus an comhar triantánach.

*Airteagal 26*

**Gníomhú ar son na haeráide**

1. Forbróidh na Páirtithe beartais agus cláir intíre uileghabhálacha agus chuimsitheacha maidir leis an aeráid, cuirfidh siad gníomhaíocht nithiúil chun feidhme chun dlús a chur le cur chun feidhme iomlán Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Chomhaontú Pháras a thagann faoina scáth, agus chun gníomhaíocht iltaobhach i leith an athraithe aeráide a choinneáil ar bun.

2. Déanfaidh na Páirtithe comhtháthú na mbeartas agus na mbeart maolaithe agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chur chun cinn i straitéisí agus i bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha agus in idirphléití beartais. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun gníomhaíocht oiriúnaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le drochéifeachtaí an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt air. Forbróidh siad córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, agus córais mheastóireachta chun an dul chun cinn maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a rianú.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) a ullmhú, a chur in iúl agus a thabhairt cothrom le dáta go forchéimneach, chun na bearta maolaithe náisiúnta agus réigiúnacha is gá a shaothrú chun cuspóirí na rannchuidithe sin a bhaint amach agus chun straitéisí fadtéarmacha a fhorbairt don fhorbairt ísealcharbóin aeráid-díonach.

4. Déanfaidh na Páirtithe pleananna oiriúnaithe náisiúnta um an athrú aeráide agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Déanfaidh siad bearta oiriúnaithe a chomhtháthú i ngach príomhearnáil leochaileach, lena n-áirítear bonneagair, agus forbróidh siad córas éifeachtach rialachais chun gníomhaíochtaí oiriúnaithe a chur chun feidhme agus chun malartú eolais agus dea-chleachtas maidir leis an athrú aeráide a éascú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

5. Gníomhóidh na Páirtithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta agus loingseoireachta, i gcomhréir lena ngealltanais agus lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoi Chomhaontú Pháras.

6. Oibreoidh na Páirtithe, i bhfianaise na mbagairtí ón athrú aeráide ar an tsíocháin agus ar an tslándáil agus ar dhea-bhail na ndaoine agus na bpobal, i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí oiriúnaithe agus maolaithe a neartú agus bearta cothaithe athléimneachta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar a leochaileacht.

7. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn go gcuirfear deireadh de réir a chéile le táirgeadh agus tomhaltas hidreafluaracarbón faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna dhéanamh in Montreal an 16 Meán Fómhair 1987, trí chomhar chun tacú le daingniú Leasú Kigali air agus trína áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras é.

8. Déanfaidh na Páirtithe cuíchóiriú ar fhóirdheontais neamhéifeachtacha do bhreoslaí iontaise lena spreagtar tomhaltas diomailteach, agus cuirfidh siad deireadh leo de réir a chéile, agus íoslaghdóidh siad na tionchair dhíobhálacha ar bhealach lena dtabharfar cosaint do na pobail bhochta agus leochaileacha. Déanfaidh siad an t-athrú go foinsí fuinnimh inathnuaite agus níos glaine a chur chun cinn i gcomhréir le gníomhaíochtaí faoi na NDCanna.

9. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun geilleagair ísealcharbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chur chun cinn trí fhás glas a neartú i bpríomhearnálacha eacnamaíocha agus in earnálacha eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear trí éiceanuálaíocht a ghlacadh, trí aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn, trí chaighdeáin a fhorbairt agus trí dhea-chleachtais a mhalartú.

10. Déanfaidh na Páirtithe uirlisí nuálacha maoinithe a fhorbairt agus sreabha airgeadais a ailíniú le conair chuig forbairt ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, agus díreoidh siad ar mhaoiniú cuimsitheach aeráide lena bhféachtar leis na daoine is boichte agus is leochailí a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Cuirfidh siad chun cinn ionstraimí beartais eacnamaíoch lena dtacaítear leis an ngníomhú ar son na haeráide, amhail praghsáil carbóin, ionstraimí margadhbhunaithe agus cánacha carbóin, de réir mar is iomchuí.

11. Cuirfidh na Páirtithe comhordú neartaithe chun cinn ar gach leibhéal rialtais chun gealltanais uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh a chur chun feidhme. Tabharfaidh siad spreagadh agus cumhacht do na húdaráis áitiúla agus tacóidh siad le tionscnaimh amhail Cúnant Domhanda na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh, agus Dlús leis an Aistriú chuig Fuinneamh Inathnuaite in SIDS.

12. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a n-acmhainneacht eolaíoch agus theicniúil dhaonna agus institiúideach a neartú maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus maidir le bainistiú agus faireachán comhshaoil, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí spáis agus córais faisnéise spáis agus chun seirbhísí uileghabhálacha aeráide a sholáthar, go háirithe do gheallsealbhóirí leochaileacha.

*Airteagal 27*

**Bithéagsúlacht, éiceachórais agus acmhainní nádúrtha**

1. Tacóidh na Páirtithe le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus athneartú éiceachóras, lena n-áirítear d'fhonn slí bheatha na bpobal dúchasach a fheabhsú mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP), agus na bpobal áitiúil, agus iad ag cur feabhas ar sheachadadh éicisheirbhísí agus ag cumasú fhorbairt inbhuanaithe a dtíortha. Déanfaidh siad an bhithéagsúlacht a chosaint, a athneartú agus a fheabhsú agus déanfaidh siad bearta chun dlús a chur le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht agus Phrótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na dTairbhí a eascraíonn as a nÚsáid a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, arna dhéanamh in Nagoya an 29 Deireadh Fómhair 2010. Comhoibreoidh siad sa chaibidlíocht iltaobhach maidir le hacmhainní nádúrtha, éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Aithníonn siad go n-áirítear i Muir Chairib éiceachórais leochaileacha agus bithéagsúlacht uathúil agus dá bhrí sin oibreoidh siad i gcomhar le chéile siad chun tacú lena gcosaint. Déanfaidh siad bearta chun an tionchar atá ag speicis choimhthíocha ionracha ar speicis agus éiceachórais áitiúla agus ar shlite beatha daoine a sheachaint nó a laghdú.

2. Déanfaidh na Páirtithe córais chomhtháite inbhuanaithe um bainistiú uisce a chur chun cinn, foinsí agus éiceachórais uisce a chaomhnú agus a chosaint, fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil, aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú talún agus ar thruailliú acmhainní uisce agus screamhuisce, agus rachaidh siad i ngleic le héiginnteacht maidir le hinfhaighteacht uisce trí chórais bhailithe agus stórála.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun ithreacha a bhainistiú agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe d'fhonn an ról ríthábhachtach atá acu a chaomhnú i réimsí, *inter alia*, na talmhaíochta, na tithíochta agus an bhonneagair, agus ó thaobh an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dá thionchair agus ó thaobh feidhmiú mar thaiscí nádúrtha uisce báistí.

4. Déanfaidh na Páirtithe an fiadhúlra a chosaint agus an gháinneáil ar fhiadhúlra a chomhrac trí thacú le glacadh agus forfheidhmiú beartas agus dlíthe chun coir thromchúiseach a dhéanamh di. Neartóidh siad bearta frithphóitseála agus an faireachán ar fhorfheidhmiú an dlí, agus déanfaidh siad comhordú idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Chuibhreannais Idirnáisiúnta chun Coireacht Fiadhúlra a Chomhrac (ICCWC), an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES), arna dhéanamh in Washington an 3 Márta 1973, agus creataí idirnáisiúnta ábhartha eile. Déanfaidh siad bearta chun feasacht an phobail a mhéadú, chun oideachas a chur ar thomhaltóirí agus chun tionchar a imirt orthu, chun stoc-chairn fiadhúlra agus táirgí fiadhúlra a ndearnadh gáinneáil neamhdhleathach orthu a scriosadh, chun cur le ról na bpobal áitiúil agus chun taidhleoireacht agus abhcóideacht ardphróifíle a chur chun cinn i dtaca leis an ngá atá ann an fiadhúlra a chosaint.

5. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo na creataí rialála agus na sásraí forfheidhmithe is gá a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar gach dramhaíl agus ar gach substaint ghuaiseach. Comhoibreoidh siad chun giniúint dramhaíola ag an bhfoinse a chosc nó a íoslaghdú agus chun feabhas a chur ar ath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht táirgí agus ar éifeachtúlacht acmhainní, lena n-áirítear trí chórais bhailithe éifeachtúla agus trí athchúrsáil éifeachtach, chun an táirgeadh agus an tomhaltas a oiriúnú i dtreo geilleagar ciorclach a bhaint amach. Déanfaidh siad bearta chun substaintí guaiseacha a chosc nó a íoslaghdú i dtimthriallta ábhair agus chun ceimiceáin i dtáirgí a bhainistiú ar feadh a saolré. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar bhainistiú cuí substaintí guaiseacha agus éilleán núicléach, agus chun deireadh a chur le bogadh trasteorann aindleathach na substaintí agus na n-éilleán sin trasna Mhuir Chairib.

6. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar gach cineál truaillithe agus músclóidh siad feasacht maidir leis na rioscaí a bhaineann le haerthruailliú don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol agus maidir leis na tairbhí iomadúla a bhaineann le cáilíocht aeir fheabhsaithe, lena n-áirítear trí fheachtais for-rochtana phoiblí.

7. Oibreoidh na Páirtithe chun creataí a fhorbairt chun éiceachórais leochaileacha agus an bhithéagsúlacht a chosaint, lena n-áirítear trí thacú le bearta chun coireanna comhshaoil a chomhrac. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun taighde a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear trí mhoil eolais agus comhpháirtíochtaí taighde a bhunú. Déanfaidh siad úsáid córas bainistíochta comhshaoil a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur chun cinn mar mhodh chun aon tionchar diúltach ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Neartófar leo rannpháirtíocht na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus na bpobal áitiúil i gcaomhnú éiceachóras, agus tosaíocht á tabhairt do chruthú post agus deiseanna eacnamaíocha eile.

*Airteagal 28*

**Foraoiseacha**

1. Déanfaidh na Páirtithe bainistiú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní foraoiseachta a chur chun cinn. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun dífhoraoisiú a aisiompú, chun tacú le hathfhoraoisiú, chun stop a chur le díghrádú foraoisí agus chun athshlánú a dhéanamh ar chumas foraoisí éicisheirbhísí a sholáthar.

2. Déanfaidh na Páirtithe slabhraí breisluacha inbhuanaithe táirgí foraoise a chur chun cinn, agus tosaíocht á tabhairt do chruthú post agus do leas a bhaint as deiseanna eacnamaíocha i gcaomhnú éiceachóras. Déanfaidh siad an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil a bhaineann léi a chomhrac, agus cuirfidh siad oibríochtaí freagracha mianadóireachta chun cinn.

3. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme sásraí inbhuaine amhail Plean Gníomhaíochta AE i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT), lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonacha a thabhairt chun críche agus/nó a chur chun feidhme. Neartóidh siad an comhleanúnachas agus idirghníomhaíochtaí dearfacha ar leibhéal na tíre idir sásraí inbhuaine agus Creat Vársá maidir le hAstaíochtaí a Laghdú i gcomhair Dífhoraoisiú agus Díghrádú Foraoise (REDD+).

4. Neartóidh na Páirtithe rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus na bpobal áitiúil i mbainistiú inbhuanaithe foraoisí. Músclóidh siad feasacht an phobail maidir leis an dífhoraoisiú ar gach leibhéal agus spreagfaidh siad táirgeadh agus tomhaltas táirgí atá tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh ó fhoraoisí a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe.

*Airteagal 29*

**Rialachas na n-aigéan**

1. Neartóidh na Páirtithe rialachas na n-aigéan i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), chun aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú, chun na brúnna ar na haigéin agus ar na farraigí a laghdú, agus chun forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm a chur chun cinn. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú chun acmhainní aigéin agus cósta a bhainistiú ar bhealach freagrach cuntasach, forbróidh siad bearta le haghaidh úsáid inbhuanaithe, bhainistiú agus chaomhnú na bithéagsúlachta i leith limistéir atá laistigh agus lasmuigh den dlínse náisiúnta, déanfaidh siad eolas agus taighde a chur chun cinn, agus éascóidh siad aistriú teicneolaíochta maidir le rialachas na n-aigéan. Déanfaidh siad gníomhaíochtaí i ndáil leis na haigéin ar gníomhaíochtaí iad lena rannchuideofar le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú sin.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun caomhnú agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní mara a áirithiú ar an leibhéal déthaobhach, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltaobhach, agus in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh .

3. Déanfaidh na Páirtithe forbairt agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a chur chun cinn, *inter alia* trí chreataí rialála is gá a ghlacadh, trí acmhainneachtaí feabhsaithe bainistithe, comhlíontachta agus forfheidhmithe, trí rochtain feabhsaithe ar mhaoiniú, trí dhea-chleachtais a chur chun cinn agus trí aistriú teicneolaíochta. Déanfaidh siad tionscnaimh a chothabháil nó a ghlacadh chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cur chun feidhme córas inrianaitheachta agus bearta chun táirgí NNN a eisiamh ó shreabha trádála. Cuirfidh siad chun cinn agus cuirfidh siad chun feidhme go héifeachtach faireachán, rialú agus faireachas, agus bearta forfheidhmiúcháin gaolmhara chun comhlíontacht a áirithiú, chun stoic éisc a chaomhnú agus chun an ró-iascaireacht a chosc, i gcomhréir le UNCLOS.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh lena gcuirtear leis an róthoilleadh agus leis an ró-iascaireacht, go gcuirfidh siad deireadh le fóirdheontais lena gcuirtear le hiascaireacht NNN agus go staonfaidh siad ó fhóirdheontais nua den sórt sin a thabhairt isteach, á aithint dóibh gur cheart cóir speisialta agus dhifreálach iomchuí agus éifeachtach i ndáil leis na tíortha i mbéal forbartha agus i ndáil le LDCanna a bheith ina cuid dhílis de chaibidlíocht na EDT maidir le fóirdheontais iascaigh agus d'aon chomhaontú a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun éiceachórais chósta agus mhara agus a mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athneartú, agus chun luacháil an chaipitil nádúrtha mara agus cósta a chur chun cinn. Forbróidh siad bearta chun tionchar aigéadú na n-aigéan ar éiceachórais na bithéagsúlachta mara, lena n-áirítear sceireacha coiréil, ar inbhuaine an iascaigh agus ar shlí bheatha na bpobal cósta atá ag brath ar acmhainní mara a chosc agus a mhaolú.

6. Rachaidh na Páirtithe i ngleic le muirthruailliú, lena n-áirítear truailliú torainn, agus laghdóidh siad bruscar mara, go háirithe plaistigh agus micreaphlaistigh. Díreoidh siad ar bhunchúiseanna an bhruscair mara, lena n-áirítear trí bheartais agus trí bhearta chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú. Déanfaidh siad oibríochtaí glantacháin aigéin agus cósta a uas-scálú, agus aird ar leith á tabhairt ar chriosanna carntha i mórghuairneáin.

7. Tacóidh na Páirtithe le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an tionscal muirí a rialú, agus tacóidh siad go gníomhach le cur chun feidhme práinneach straitéis tosaigh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú.

8. Forbróidh na Páirtithe bearta agus uirlisí bainistithe caomhnúcháin limistéarbhunaithe chun limistéir agus acmhainní cósta agus mara a chosaint agus a athneartú, lena n-áirítear limistéir mhara faoi chosaint, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil le fáil agus ar eolas na bpobal áitiúil.

9. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le gach gné de rialachas na n-aigéan a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann leis an ardú ar leibhéal na mara agus na hiarmhairtí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige.

10. Aithníonn na Páirtithe na hábhair imní ghinearálta a cuireadh in iúl maidir leis an tionchar atá ag mianadóireacht ar ghrinneall na farraige ar an muirthimpeallacht agus ar a bithéagsúlacht. Bainfidh siad úsáid as an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil, cuirfidh siad prionsabal an réamhchúraim agus cur chuige na n-éiceachóras i bhfeidhm, cuirfidh siad taighde chun cinn agus comhroinnfidh siad dea-chleachtais i réimsí leasa choitinn a bhaineann le hacmhainní mianraí ar ghrinneall na farraige, chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú fónta comhshaoil ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta agus a bithéagsúlachta.

*Airteagal 30*

**Athléimneacht i leith tubaistí nádúrtha agus bainistiú uileghabhálach tubaistí**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun athléimneacht daoine, sochaithe agus bonneagair a neartú i leith tubaistí nádúrtha, agus chun acmhainneachtaí faireacháin, luathrabhaidh agus measúnaithe riosca a mhéadú chun feabhas a chur ar bhearta coisc, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh i gcomhréir le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 ('Creat Sendai').

2. Déanfaidh na Páirtithe an athléimneacht a neartú trí infheistíocht a dhéanamh i gcosc agus in ullmhacht rioscaí tubaiste, trí iarrachtaí laghdaithe riosca a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí téarnaimh agus trí árachas riosca airgeadais agus réitigh aistrithe riosca inacmhainne a chur chun cinn. Cuirfidh siad chun cinn bailiú agus úsáid staidrimh tubaiste agus sonraí caillteanais, measúnú uileghabhálach ar riosca agus cur chun feidhme pleananna laghdaithe riosca ar gach leibhéal.

3. Glacfaidh na Páirtithe bearta chun an nasc idir laghdú rioscaí tubaiste agus oiriúnú don athrú aeráide a neartú, agus déanfaidh siad malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le Creat Sendai a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air. Tabharfaidh siad tosaíocht don athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus in aghaidh guaiseacha nádúrtha agus beidh an athléimneacht sin i gceartlár na n-iarrachtaí uile atógála agus téarnaimh, lena n-áirítear trí chur chuige 'atógáil ar bhealach níos fearr' a chur chun feidhme.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar thionchar tubaistí nádúrtha agus guaiseacha antrapaigineacha trí chabhair agus fóirithint dhaonnúil a sheachadadh go tráthúil agus go héifeachtúil.

5. Rialóidh na Páirtithe an rialachas cuimsitheach riosca ar gach leibhéal. Méadóidh siad freisin na hacmhainneachtaí faireacháin, luathrabhaidh agus measúnaithe riosca, agus feabhsóidh siad bearta náisiúnta agus réigiúnacha coisc, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh, lena n-áirítear sásraí cosanta sibhialta chun an acmhainneacht a neartú chun rioscaí tubaiste a laghdú ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach agus ionaid barr feabhais don nuálaíocht aeráide. Déanfaidh siad rannpháirtíocht na bpobal lena mbaineann, na sochaí sibhialta agus na n-údarás áitiúil a chur chun cinn maidir le freagairtí beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme, ag díriú ar na teaghlaigh agus ar na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe.

6. Cuirfidh na Páirtithe leis an athléimneacht chomhshaoil, *inter alia* trí thacú le húsáid TFC agus teicneolaíochtaí spáis chun dlús a chur le cosc tubaistí, le hullmhacht agus le próisis freagartha agus téarnaimh. Cothóidh siad deiseanna chun an taighde a neartú agus chun dea-chleachtais maidir le bainistiú riosca tubaistí a scaipeadh.

*TEIDEAL III*

***Cearta an duine, rialachas, síocháin agus slándáil***

*Airteagal 31*

Cothóidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar agus é d'aidhm acu gach gné den tslándáil a neartú agus sochaithe síochánta athléimneacha a bhaint amach. Déanfaidh siad cearta an duine, dínit an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chur chun cinn agus a chosaint go hiomlán, institiúidí cuntasacha trédhearcacha a thógáil, córais rialachais agus ceartais a neartú agus a ráthú go mbeidh spás leordhóthanach iomchuí cumasúcháin ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun a mianta a chur in iúl agus chun rannchuidiú le múnlú beartas. Chun na críche sin, tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar chearta na ndaoine óga, na mban agus na gcailíní, na bpobal dúchasach, mar a leagtar amach iad i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP), na seanóirí agus na ndaoine faoi mhíchumas, a chur chun cinn. Cuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí slándáil na saoránach a chur chun cinn agus an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac, go háirithe i ndáil le drugaí aindleathacha, slándáil mhuirí, cibearshlándáil, sciúradh airgid, bainistiú teorainneacha, éilliú, gach cineál gáinneála, agus trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón.

Caibidil 1

**Cearta an duine, ceartas agus rialachas**

*Airteagal 32*

**Cearta an duine**

1. Rannchuideoidh na Páirtithe le cearta an duine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Déanfaidh siad daingniú agus cur chun feidhme uilíoch ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn agus rannchuideoidh siad leis an daingniú agus leis an gcur chun feidhme sin, cuirfidh siad na hionstraimí sin atá glactha acu chun feidhme, agus breithneoidh siad aontachas leis na hionstraimí siúd nach páirtí iontu go fóill iad. Cuirfidh siad i bhfeidhm ina iomláine prionsabal an neamh-idirdhealaithe mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo lena dtugtar tosaíocht do dhlíthe uileghabhálacha comhionannais agus frith-idirdhealaithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

2. Comhoibreoidh na Páirtithe le chéile chun cosaint dlí a neartú chun cuntasacht as sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a áirithiú agus chun rochtain ar cheartas a chothú, agus soláthróidh siad leigheasanna iomchuí éifeachtacha d'íospartaigh agus do mharthanóirí sáruithe agus mí-úsáidí den sórt sin.

3. Cuirfidh na Páirtithe dlús le hiarrachtaí an comhionannas inscne agus teachtadh iomlán chearta an duine ag mná agus ag cailíní agus a gcumhachtú a bhaint amach.

4. Déanfaidh na Páirtithe cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, cuirfidh siad in éadan saothar leanaí agus mí-úsáid leanaí agus déanfaidh siad gach cineál dúshaothraithe leanaí a chomhrac.

5. Déanfaidh na Páirtithe cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus déanfaidh siad bearta níos láidre chun a áirithiú go gcuimseofar go hiomlán iad sa tsochaí.

6. Leanfaidh na Páirtithe de shásraí faireacháin ar chearta an duine a fhorbairt agus de thacú leo, lena n-áirítear a n-oibleagáidí tuairiscithe. Déanfaidh siad neamhspleáchas na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine a aithint agus a urramú, agus cothóidh siad timpeallacht shábháilte chumasúcháin ina mbeidh cosantóirí chearta an duine in ann oibriú gan bhac agus rochtain a bheith acu ar shásraí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh siad rannpháirtíocht na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus chosantóirí chearta an duine a chur chun cinn i struchtúir agus i bpróisis chomhairliúcháin. Áiritheoidh siad go mbeidh na pobail dhúchasacha rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach i ngach ábhar a bhaineann leo, mar a leagtar amach inDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP). Áiritheoidh siad go gcuirfear san áireamh sna próisis chomhairliúcháin ról an eolais thraidisiúnta agus na hábhair imní atá ag pobail áitiúla.

7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feasacht a mhúscailt faoi chearta an duine agus faoin daonlathas, lena n-áirítear trí chórais oideachais agus na meáin.

*Airteagal 33*

**Smacht reachta agus ceartas**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rochtain éifeachtach chothromasach ar an gceartas ag cách a fheabhsú agus beidh comhar eatarthu chun an smacht reachta a chomhdhlúthú agus chun institiúidí a neartú ar gach leibhéal i réimsí fhorfheidhmiú an dlí agus riar an cheartais. Chun na críche sin, cuirfidh na Páirtithe leis an rochtain ar sheirbhísí dlí atá ag daoine ar leochaileach a gcás.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun neamhspleáchas, cuntasacht agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a áirithiú. Saothróidh siad córais agus nósanna imeachta cúirte nuachóirithe agus éifeachtúla, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, cuirfidh siad leis an acmhainneacht ceartas a sheachadadh ar bhealach gasta cothrom, forbróidh siad an úsáid a bhaintear as sásraí um réiteach malartach díospóidí dlíthiúla, laghdóidh siad riaráistí agus coinneáil réamhthrialach iomarcach, soláthróidh siad oiliúint leormhaith, agus feabhsóidh siad an rochtain atá ag cleachtóirí dlí agus ag an bpobal ar reachtaíocht, ar chásdlí agus ar fhaisnéis dhlíthiúil eile.

3. Cuirfidh na Páirtithe i gcoinne gach cineál céasta agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach agus cáinfidh siad an céanna. Déanfaidh siad sáruithe ag fórsaí slándála a chosc agus tabharfaidh siad aghaidh orthu agus cuirfidh siad leis an urraim don smacht reachta feadh shlabhraí na slándála agus na mbreithiúna, lena n-áirítear trí oiliúint eitice. Neartóidh siad comhrac na saoirse ó phionós agus dhiúltú cheart na n-íospartach chun ceartais agus chun sásaimh, agus béim ar leith ar dhéantóirí sáruithe ar chearta an duine a thabhairt os comhair na cúirte.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun córais pheannaideacha a nuachóiriú agus a ról athshlánúcháin a uasmhéadú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an urraim do chearta príosúnach, trí chláir athshlánúcháin agus oideachais a chur chun feidhme, tríd an ráta ath-lánpháirtithe cimí sa tsochaí a mhéadú, trí thacú leis an gcúram do phríosúnaigh, trí oibriú i dtreo an plódú a dhíothú, trí bhainistiú, riarachán agus dálaí na bpríosún a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtais agus caighdeáin idirnáisiúnta agus trí roghanna eile ar phríosúnacht a sholáthar le haghaidh coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach.

*Airteagal 34*

**Rialachas**

1. Déanfaidh na Páirtithe bearta nithiúla chun institiúidí poiblí cuimsitheacha, cuntasacha agus trédhearcacha a fhorbairt. Neartóidh siad an acmhainneacht beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme, forbróidh siad seirbhís shibhialta atá cuntasach, éifeachtúil, trédhearcach agus gairmiúil, neartóidh siad seachadadh seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, feabhsóidh siad sásraí reachtacha agus rialachais, agus déanfaidh siad neamhchlaontacht agus éifeachtacht na gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí a chur chun cinn.

2. Neartóidh na Páirtithe acmhainneachtaí na bparlaimintí agus na n-institiúidí áitiúla, bardasacha, náisiúnta agus réigiúnacha chun urraim do phrionsabail agus do chleachtais an daonlathais a áirithiú agus a fheabhsú.

3. Déanfaidh na Páirtithe urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn, agus caomhnóidh siad agus leathnóidh siad spás cumasúcháin don tsochaí shibhialta, d'fhonn an chuntasacht dhaonlathach a fheabhsú.

4. Cuirfidh na Páirtithe dlús le húsáid níos leithne a bhaint as an ríomhrialachas agus as bonneagar seirbhísí digiteacha mar mhodh chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus infhaighteacht seirbhísí poiblí a fheabhsú, agus, ar an gcaoi sin, tacóidh siad le forbairt institiúidí poiblí atá cuntasach trédhearcach.

5. Déanfaidh na Páirtithe institiúidí, reachtaíocht agus sásraí a fhorbairt agus a neartú chun éilliú, breabaireacht, calaois agus coireanna corparáideacha a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear maidir le coigistiú agus aischur sócmhainní aisghafa. Áiritheoidh siad go bhforfheidhmeofar go héifeachtach an reachtaíocht frithéillithe, agus go seolfar imscrúduithe neamhchlaonta agus ionchúisimh neamhchlaonta, agus go ndéanfar smachtbhannaí agus pionóis éifeachtacha chomhréireacha a chur i bhfeidhm i leith éilliú agus coireanna a bhaineann le héilliú. Déanfaidh siad na caighdeáin agus na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 31 Deireadh Fómhair 2003, ag admháil dóibh gur saincheist thrasnáisiúnta é an t-éilliú atá nasctha le cineálacha eile coireachta trasnáisiúnta agus eacnamaíche agus ar gá iarrachtaí comhpháirteacha agus ildisciplíneacha lena haghaidh freisin ar leibhéil idirnáisiúnta.

*Airteagal 35*

**Rialachas airgeadais phoiblí agus rialachas airgeadais**

1. Cuirfidh na Páirtithe bainistiú fónta airgeadais phoiblí chun cinn, lena n-áirítear úsáid neartaithe éifeachtach an ioncaim phoiblí, bainistiú inbhuanaithe an fhiachais phoiblí, córais inbhuanaithe soláthair phoiblí agus tacaíocht do chomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta. Déanfaidh siad cuntasacht, trédhearcacht, cothroime, dlíthiúlacht agus ionracas níos fearr i mbainistiú acmhainní poiblí a chur chun cinn. Tacóidh siad le bearta chun córais éifeachtacha, chothromasacha agus thrédhearcacha caiteachais phoiblí a fhorbairt. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun slógadh acmhainní intíre i SIDS i Muir Chairib a neartú, chun tacú lena bhforbairt inbhuanaithe agus lena n-athléimneacht eacnamaíoch fheabhsaithe.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an t-airgeadas poiblí a neartú, *inter alia* trí chur leis an acmhainneacht caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, trí chreataí beartais agus bearta a fhorbairt chun éifeachtúlacht, éifeachtacht, trédhearcacht agus cothroime na gcóras cánach a mhéadú, agus trí chomhoibriú faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus faoi chuimsiú comhlachtaí airgeadais phoiblí domhanda ábhartha eile.

3. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun sreabha aindleathacha airgeadais, calaois chánach agus imghabháil chánach a chomhrac, agus laghdóidh siad na deiseanna seachaint cánach a dhéanamh, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin dhéthaobhacha agus iltaobhacha. Déanfaidh na Páirtithe prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais a chur i bhfeidhm, *inter alia*, trí reachtaíocht a achtú, beartais uileghabhálacha a fhorbairt, bearta nithiúla a ghlacadh agus institiúidí agus sásraí ábhartha a neartú.

Caibidil 2

## Coireacht agus slándáil

*Airteagal 36*

### Slándáil an duine agus slándáil na saoránach

1. Saothróidh na Páirtithe cur chuige comhtháite atá dírithe ar rioscaí coireachta a chosc agus a laghdú agus ar thionscnaimh athmhuintearas, athshlánaithe agus ath-lánpháirtithe a chur chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach, foréigean inscne agus foréigean teaghlaigh, a ionchúiseamh agus a chomhrac agus féachfaidh siad leis an bhforéigean sin a chosc. Beidh sé d'aidhm acu tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus do mharthanóirí, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a chumhachtú agus bearta a ghlacadh chun cur i gcoinne imeallú, íospairt agus stiogmatú.

3. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar an bhforéigean droinge trí bhearta uileghabhálacha laghdaithe riosca, coisc agus oideachais, trí sheirbhísí sóisialta leormhaithe a sholáthar, trí ghníomhaíochtaí pobalbhunaithe chun timthriall an fhoréigin a bhriseadh, agus trí dheiseanna malartacha slí bheatha a ghiniúint don óige agus do dhaoine leochaileacha. Tabharfaidh siad aghaidh ar rochtain agus úsáid mionarm agus armán éadrom agus a n-armlóin, d'fhonn éifeachtaí diúltacha an fhoréigin armtha ar an tsochaí agus ar dhaoine a chosc agus a laghdú.

4. Rachaidh na Páirtithe i ngleic leis na fadhbanna sóisialta agus slándála arna gcruthú de bharr díbirt coirpeach agus daoine aonair ón gcoigríoch a bhfuil a bpianbhreith curtha díobh acu, agus féachfaidh siad le hoibriú i gcomhar le chéile chun a n-athshlánú agus a n-ath-lánpháirtiú sa tsochaí a éascú, agus an ráta atitimeachais a íoslaghdú. Áiritheoidh siad go ndéanfar faisnéis ábhartha maidir le díbirt a mhalartú go tráthúil trí na bealaí iomchuí, i gcomhréir leis na comhaontuithe um chomhar riaracháin nó breithiúnach is infheidhme, agus déanfaidh siad comhar idir na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Phrótacal seo.

*Airteagal 37*

### Coireacht eagraithe

1. Rachaidh na Páirtithe i ngleic le gach cineál coireachta eagraithe, lena n-áirítear trí chomhar ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus trí bhearta reachtacha agus bearta eile a ghlacadh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus lena phrótacail fhorlíontacha. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cur lena gcumas ceanglais tuairiscithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Déanfaidh na Páirtithe smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí aindleathacha, ar ainmhithe agus plandaí fiáine atá i mbaol, ar shubstaintí guaiseacha agus ar dhramhaíl ghuaiseach a chomhrac. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh freisin ar choireanna comhshaoil, lena n-áirítear lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil a bhaineann léi. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile freisin chun gáinneáil ar mhionairm agus ar armáin éadroma agus ar a n-armlón agus ar ghnáth-armáin eile agus ar ítimí dé-úsáide a chomhrac. Agus é sin á dhéanamh acu, oibreoidh siad i gcomhar le chéile, *inter alia* chun brath mionarm agus armán éadrom neamhdhleathach agus a n-armlóin a neartú, chun a dtionscnamh a rianú, chun tacú lena scriosadh, chun cur lena n-acmhainneacht coireanna a bhaineann le gunnaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt.

2. Cuirfidh na Páirtithe le cosaint íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, déanfaidh siad imscrúdú agus ionchúiseamh déantóirí coire a chur ar aghaidh, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cásanna den gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a shainaithint agus forbróidh siad bearta éifeachtacha chun íospartaigh a ath-lánpháirtiú ina sochaithe. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh rochtain ag na híospartaigh uile ar a gcearta, agus leochaileacht ar leith na mban agus na leanaí á cur san áireamh. Déanfaidh na Páirtithe malartú faisnéise, lena n-áirítear rúnfhaisnéis choiriúil, a chur chun cinn agus neartóidh siad na hacmhainneachtaí chun beartais a fhorbairt agus chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine agus ar smuigleáil imirceach.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cosc agus comhrac a dhéanamh i leith úsáid a gcuid institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamh-airgeadais ainmnithe chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus chun fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh. Cuirfidh siad chun cinn malartú agus comhar faisnéise, lena n-áirítear maidir le fothú acmhainneachta agus cineálacha eile cúnaimh theicniúil. Déanfaidh siad bearta a fhorfheidhmiú chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, chun cur isteach ar shreabha aindleathacha airgeadais, agus ar an gcaoi sin brabúis a bhaint de choirpigh, agus chun cur chun feidhme éifeachtach iomlán mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais a áirithiú. Tacóidh siad le bunú agus neartú reachtaíochta agus comhlachtaí náisiúnta um aisghabháil sócmhainní, le sócmhainní coiriúla a choigistiú, a thabhairt ar ais agus a shlógadh ar mhaithe leis an bpobal, agus tacóidh siad le dliteanas coiriúil déantóirí agus éascaitheoirí coireanna a leathnú.

4. Neartóidh na Páirtithe an comhar chun coireanna ardteicneolaíochta, an chibearchoireacht agus coireanna leictreonacha, agus dáileadh inneachair neamhdhleathaigh ar líne, a chosc agus a chomhrac. Neartóidh siad an acmhainneacht aghaidh a thabhairt ar an gcibearchoireacht, *inter alia* trí acmhainní daonna a chomhthiomsú agus a oiliúint agus tríd an gcomhar a chothú idir lucht déanta beartas, oibreoirí eacnamaíocha agus taighdeoirí. Malartóidh siad faisnéis i dtaobh oideachas agus oiliúint imscrúdaitheoirí cibearchoireachta, i dtaobh imscrúdú ar chibearchoireacht agus i dtaobh eolaíocht fhóiréinseach dhigiteach. Admhaíonn siad go soláthraítear bonn le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus le caighdeáin idirnáisiúnta infheidhme eile chun an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus go gcuireann siad le forbairt beartas intíre maidir leis an gcibearchoireacht.

5. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun cur le hathléimneacht na ndaoine aonair agus na bpobal i leith na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Cuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí chun faisnéis agus saineolas maidir le grúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta a mhalartú, agus an smacht reachta, cearta an duine agus an ceart chun príobháideachta á n-urramú go hiomlán. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun déantóirí na sceimhlitheoireachta a thabhairt faoi réim an cheartais agus glacfaidh siad bearta chun athshlánú agus ath-lánpháirtiú sa tsochaí a éascú maidir le náisiúnaigh ó gach Ballstát den Aontas Eorpach agus ó gach páirtí is Stát de chuid Mhuir Chairib, faoi seach, ar náisiúnaigh iad a ndearnadh radacú orthu.

*Airteagal 38*

**Drugaí aindleathacha**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun maolú a dhéanamh ar na dúshláin, lena n-áirítear maidir le slándáil agus sláinte, a bhaineann le saothrú, táirgeadh agus tomhaltas drugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha aindleathacha, agus le gáinneáil agus iompar na substaintí sin trína gcríocha. Beidh an comhar sin ar leibhéal déthaobhach, ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal iltaobhach nó ar leibhéal triantánach de réir mar is iomchuí.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an soláthar drugaí agus an t-éileamh orthu a laghdú, ar bhonn phrionsabal na comhfhreagrachta agus freagrachta comhpháirtí agus bunaithe ar chur chuige comhtháite, cothrom, fianaisebhunaithe.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun acmhainneachtaí breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí a fheabhsú, lena n-áirítear a gcumais tuairiscithe. Déanfaidh siad grúpaí coiriúla eagraithe trasnáisiúnta a shainaithint, a chur as a riocht agus a threascairt trí shásraí neartaithe le haghaidh malartú faisnéise agus rúnfhaisnéise coiriúla a bhaineann le drugaí, agus imscrúduithe agus oibríochtaí comhpháirteacha á gcur chun cinn ag an am céanna, lena n-áirítear le tíortha comharsanachta.

4. Díreoidh na Páirtithe ar na fachtóirí riosca a bhaineann le mí-úsáid drugaí lena ndéantar difear do dhaoine aonair, do phobail agus do shochaithe. Neartóidh siad an smacht reachta agus forbróidh siad institiúidí agus seirbhísí poiblí cuntasacha, éifeachtacha agus cuimsitheacha chun an foréigean a bhaineann le drugaí a chomhrac.

5. Glacfaidh na Páirtithe bearta chun tacú le gníomhaíochtaí forbartha malartacha chun teacht in ionad saothrú agus táirgeadh neamhdhleathach drugaí i limistéir thuaithe agus uirbeacha, agus chun leas eacnamaíoch na bpobal leochaileach a bhfuil difear déanta dóibh a fheabhsú, agus cuimsiú sóisialta á chothú ag an am céanna ar leibhéal an phobail agus sa tsochaí trí chéile.

6. Déanfaidh na Páirtithe iarrachtaí a threisiú agus a bhrostú chun an t-éileamh a laghdú agus déanfaidh siad na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shláinte agus shóisialta drugaí. Déanfaidh siad bearta a bheidh oiriúnach ó thaobh aoise agus inscne de arna gcur in oiriúint do riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha, *inter alia* trí chláir choisc, chóireála, chúraim, athshlánaithe agus trí chláir um ath-lánpháirtiú sa tsochaí.

7. Díreoidh na Páirtithe ar bhagairtí nua agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus mí-úsáid neamhdhleathach substaintí sintéiseacha, lena n-áirítear ópóidigh, agus déanfaidh siad cláir a fhorbairt agus a fheabhsú agus cuirfidh siad feabhas ar shásraí tuairiscithe chun aghaidh a thabhairt ar úsáid aindleathach ceimiceán réamhtheachtach.

*Airteagal 39*

**Comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus bainistiú comhtháite teorainneacha**

1. Cothóidh na Páirtithe idirphlé agus comhar maidir le forfheidhmiú an dlí agus maidir le comhar breithiúnach straitéiseach. Déanfaidh siad an comhar idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a chur chun cinn chun faisnéis agus rúnfhaisnéis choiriúil a mhalartú go tráthúil, chun comhroinnt dea-chleachtas a spreagadh agus chun acmhainneachtaí a fhorbairt.

2. Tacóidh na Páirtithe leis an gcomhar réigiúnach slándála trí bhainistiú comhtháite teorainneacha a neartú, trí chomhroinnt faisnéise agus rúnfhaisnéise a neartú, agus trí bhailiú agus anailísiú sonraí a neartú, agus creataí dlíthiúla ábhartha maidir le cosaint sonraí pearsanta á n-urramú. Déanfaidh siad réiteach síochánta ar dhíospóidí agus conspóidí teorann a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Tacóidh siad le bearta forbartha muiníne agus le straitéisí sonracha forbartha, i gcás inarb iomchuí, chun muinín a láidriú agus chun teannas féideartha teorann a laghdú.

*Airteagal 40*

**Sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus eitlíochta**

1. Fairsingeoidh na Páirtithe an comhar maidir le cúrsaí muirí agus eitlíochta d'fhonn an tsábháilteacht agus an tslándáil a fheabhsú, agus feabhsóidh siad, *inter alia*, spriocdhíriú agus bainistiú lastais ardriosca, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe.

2. Cuirfidh na Páirtithe leis an tslándáil mhuirí, i gcomhréir le UNCLOS, trí fhreagairt a thabhairt ar bhagairtí ar longa agus ar shuiteálacha agus sócmhainní ríthábhachtacha muirí, trí fheabhas a chur ar an bhfaireachán agus trí na dlíthe agus na rialacháin ábhartha a fhorfheidhmiú. Gníomhóidh siad i gcoinne na píoráideachta, na robála armtha agus gach cineáil coireachta eagraithe ar muir, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí spáis.

*TEIDEAL IV*

***Forbairt dhaonna, comhtháthú sóisialta agus soghluaisteacht***

*Airteagal 41*

Tá rún daingean ag na Páirtithe gach cineál bochtaineachta a dhíothú faoi 2030, dul i ngleic leis an neamhionannas go héifeachtach, comhionannas inscne a bhaint amach agus mná agus an óige a chumhachtú chun a áirithiú go bhfuil an acmhainn is gá ag gach duine chun saol faoi dhínit a theachtadh. Tá rún daingean acu freisin an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, agus dálaí a chruthú chun go mbeidh daoine rannpháirteach go héifeachtach sa saol daonlathach agus chun go rannchuideoidh siad go gníomhach le fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Tabharfaidh siad aird ar leith ar dhaoine ar leochaileach a gcás, lena n-áirítear mná, leanaí, seanóirí, pobail dhúchasacha mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus pobail áitiúla agus daoine faoi mhíchumas. Déanfaidh siad bearta nithiúla chun cosaint shóisialta a chur chun cinn mar infheistíocht bhunúsach chun an bhochtaineacht a dhíothú agus chun an neamhionannas a chomhrac, agus mar mhodh tábhachtach chun timthriall féin-neartaithe a chruthú i dtreo forbairt eacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe, trí ghnóthachain eacnamaíocha a athinfheistiú ar bhonn níos leithne sa tsochaí agus i ndaoine agus trí athléimneacht shóisialta a mhéadú. Glacfaidh na Páirtithe cur chuige uileghabhálach cothrom maidir leis an imirce. Tabharfaidh siad aghaidh ar an imirce de mheon na dlúthpháirtíochta, na comhpháirtíochta agus na freagrachta comhpháirtí, agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach. Bainfidh na Páirtithe leas as tairbhí na himirce, cuirfidh siad lánpháirtiú imirceach chun cinn, déanfaidh siad eolas, scileanna fiontraíochta agus infheistíocht an diaspóra a ghiaráil agus bainfidh siad an úsáid is fearr is féidir as seoltáin mar fhoinse mhaoinithe don fhorbairt chuimsitheach inbhuanaithe. Ina theannta sin, saothróidh siad idirphlé oscailte maidir le soghluaisteacht idir an tAontas Eorpach agus an Mhuir Chairib agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun laghdú a chur ar an tionchar diúltach a bhíonn ag cailliúint scileanna ar fhorbairt tíortha.

Caibidil 1

**Seirbhísí sóisialta**

*Airteagal 42*

**Oideachas**

1. Déanfaidh na Páirtithe rochtain chuimsitheach, inacmhainne agus chothromasach ar an oideachas ar gach leibhéal a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn, agus cuirfidh siad feabhas ar cháilíocht an oideachais sin, lena n-áirítear trí chórais oideachais náisiúnta atá neartaithe agus cuimsitheach agus trí bhonneagar agus trealamh feabhsaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas. Tacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais inscne, chun timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt ina bhfuil comhdheiseanna oideachais agus gnóthachtáil oideachais inchomparáide ag buachaillí agus ag cailíní.

2. Déanfaidh na Páirtithe seachadadh agus cur i bhfeidhm méadaithe na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice agus na n-ealaíon do chách a chur chun cinn ar gach leibhéal den chóras oideachais.

3. Déanfaidh na Páirtithe úsáid teicneolaíochtaí nuálacha inrochtana inacmhainne chun críoch oideachais, agus forbairt scileanna digiteacha agus litearthachta do chách, a chur chun cinn.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun clárú agus cáilíocht in oideachas treasach, in oiliúint theicniúil agus i ngairmoiliúint, agus i bhfoghlaim neamhfhoirmiúil, obairbhunaithe agus ar feadh an tsaoil a threisiú, d'fhonn líon na ndaoine a bhfuil an-oideachas orthu agus líon na n-oibrithe oilte a mhéadú.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun forbairt acadúil a neartú, chun aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí a chur chun cinn agus chun soghluaisteacht mac léinn, comhaltaí foirne agus acadóirí idir Muir Chairib agus an tAontas Eorpach a éascú.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun taighde, forbairt agus nuálaíocht acadúil a chur chun cinn, *inter alia,* trí chomhar i measc príomhinstitiúidí a fheabhsú agus úsáid taighde agus anailíse eolaíochta a chur ar aghaidh d'fhonn barr feabhais acadúil atá tairbheach do gach páirtí a bhaint amach.

*Airteagal 43*

**Sláinte**

1. Déanfaidh na Páirtithe clúdach sláinte uilíoch inacmhainne agus rochtain chothromasach ar sheirbhísí sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chórais sláinte náisiúnta neartaithe, trí bhonneagar inbhuanaithe ar ardchaighdeán a fhorbairt agus trí rochtain a bheith ann ar chógais, vacsaíní agus diagnóisic riachtanach atá sábháilte inacmhainne.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ráta tarlaithe agus ualach méadaitheach na ngalar neamhtheagmhálach, agus bearta á ndéanamh acu i dtreo cosc agus rialú, lena n-áirítear trí aistí bia agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, trí uirlisí digiteacha a úsáid agus trí oideachas sláinte.

3. Déanfaidh na Páirtithe na hacmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú chun ráigeanna galar teagmhálach agus éigeandálaí sláinte eile ar cúis imní náisiúnta agus idirnáisiúnta iad a bhrath agus freagairt thapa éifeachtach a thabhairt orthu, ag leanúint de chur chuige 'aon sláinte amháin' lena gcuimsítear sláinte an duine, sláinte ainmhithe, plandaí agus éiceachórais.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sláinte poiblí, *inter alia*, trí úsáid a bhaint as córais luathrabhaidh chun faisnéis a mhalartú go tapa, pleananna comhleanúnacha agus ilearnála a fhorbairt chun feabhas a chur ar acmhainneacht na gcóras sláinte, ar sholáthar cógas, vacsaíní agus trealaimh sláinte atá riachtanach agus inacmhainne, lena n-áirítear diagnóisic, agus ar sheachadadh cúnaimh dhaonnúil agus fóirithinte daonnúla. Neartóidh siad an comhar idirnáisiúnta chun tionchar éigeandálaí sláinte poiblí domhanda a mhaolú.

5. Déanfaidh na Páirtithe taighde agus comhroinnt eolais, taithí agus dea-chleachtas san earnáil sláinte a chur chun cinn.

*Airteagal 44*

**Tithíocht, uisce agus sláintíocht**

1. Tacóidh na Páirtithe le rochtain uilíoch ar thithíocht chuibhiúil, shábháilte agus inacmhainne, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine leochaileacha agus imeallaithe, lena n-áirítear pobail dhúchasacha mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus pobail áitiúla, chun tionchar dearfach a imirt ar shláinte daoine, chun forbairt shocheacnamaíoch na bpobal a chur ar aghaidh agus chun aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais idir teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh thuaithe. Déanfaidh siad tithíocht aeráidchliste agus bonneagar aeráidchliste a chur chun cinn, *inter alia*, trí chóid foirgníochta a dhearadh agus a fhorfheidhmiú.

2. Cuirfidh na Páirtithe leis an rochtain ar sholáthar uisce sábháilte, inacmhainne agus inbhuanaithe, lena n-áirítear trí bhainistiú inbhuanaithe agus comhtháite acmhainní uisce a fhorbairt, trí bhainistiú dramhaíola soladaí agus trí bhearta athchúrsála uisce a chur chun cinn.

3. Déanfaidh na Páirtithe rochtain leormhaith, chothromasach agus inacmhainne ar sheirbhísí sláintíochta agus sláinteachais do chách a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na mban agus na gcailíní agus orthu siúd ar leochaileach a gcás.

4. Déanfaidh na Páirtithe rochtain uilíoch fheabhsaithe ar leictreachas inacmhainne a chur chun cinn agus úsáid éifeachtúil inbhuanaithe fuinnimh do chách a mhéadú.

*Airteagal 45*

**Uirbiú inbhuanaithe agus forbairt tuaithe inbhuanaithe**

1. Déanfaidh na Páirtithe timpeallacht chumasúcháin le haghaidh forbairt inbhuanaithe tuaithe agus uirbeach a chur chun cinn. Cothóidh siad pleanáil inbhuanaithe talamhúsáide, agus aird ar leith á tabhairt ar éadálacha talún agus cearta maoine atá trédhearcach agus rialaithe, ar shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus ar chathracha cliste sábháilte.

2. Déanfaidh na Páirtithe forbairt chothrom na ngeilleagar tuaithe agus na bpobal tuaithe a chur chun cinn, ag díriú go háirithe ar fhostaíocht agus ar ghiniúint ioncaim. Cuirfidh siad dlús leis an éagsúlú tuaithe trí luach a chur leis an táirgeadh áitiúil agus bainfidh siad leas as acmhainní nádúrtha agus cultúrtha.

3. Déanfaidh na Páirtithe beartais uirbeacha agus tuaithe a bheidh cuimsitheach, cothrom agus comhtháite a chur chun cinn, mar aon le comhordú il-leibhéil rialtais, trí rannpháirteachas gníomhach a chothú leis na húdaráis áitiúla agus leis na pobail áitiúla agus trí naisc níos láidre a chruthú idir limistéir thuaithe agus limistéir uirbeacha.

*Airteagal 46*

**Slándáil bia agus cothú feabhsaithe**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar bhia leordhóthanach, inacmhainne, sábháilte agus cothaitheach, d'fhonn deireadh a chur le gach cineál míchothaithe agus géarchéimeanna bia a sheachaint. Chun na críche sin, tabharfaidh siad aird ar leith ar na tíortha is leochailí, lena n-áirítear na tíortha sin a ndéanann tubaistí difear dóibh agus daoine ar leochaileach a gcás.

2. Déanfaidh na Páirtithe, á admháil dóibh an tionchar diúltach ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar chothú a bhíonn ag aschur laghdaithe talmhaíochta, ag spleáchas mór ar ítimí bia allmhairithe agus ag róshaothrú stoc éisc, a dtacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na talmhaíochta, an iascaigh agus an táirgthe bia áitiúil.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar thionchar géarchéimeanna bia agus chun gníomhaíocht thráthúil a áirithiú chun bia a chur ar fáil go háitiúil trí idirghabhálacha beartais a fhorbairt agus trí bhonneagar a fhorbairt, lena n-áirítear infheistiú i gcórais aeráid-díonacha iompair agus stórála. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais na bpobal is leochailí.

Caibidil 2

**Comhtháthú sóisialta**

*Airteagal 47*

**Comhionannas, cosaint shóisialta agus obair chuibhiúil**

1. Cuirfidh na Páirtithe an comhionannas chun cinn trí bheartais a ghlacadh chun tacú le méadú ioncaim na ndaoine is boichte den daonra a bhaint amach agus a chothú go forchéimneach de réir ráta atá níos airde ná an meán náisiúnta.

2. Déanfaidh na Páirtithe beartais chothromasacha fhónta fhioscacha eacnamaíocha agus shóisialta a chur chun cinn agus iad dírithe ar shochaithe níos cuimsithí a thabhairt i gcrích, lena ngabhfaidh dáileadh feabhsaithe ioncaim chun neamhionannas agus éagothromaíocht a laghdú.

3. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo an cumhdach cosanta sóisialta a leathnú, go háirithe do dhaoine ar leochaileach a gcás, d'fhonn uilíocht a bhaint amach go forchéimneach, trí líontáin sábháilteachta sóisialta, trí chinnteacht bunioncaim agus trí chórais cosanta sóisialta leormhaithe a bhíonn sofhreagrach i gcás turraingí. Déanfaidh siad taighde agus comhroinnt eolais, taithí agus dea-chleachtas maidir le cosaint shóisialta a chur chun cinn.

4. Déanfaidh na Páirtithe cruthú margaí cuimsitheacha dea-fheidhmiúla saothair a chur chun cinn, mar aon le beartais fostaíochta atá dírithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach i ndáil le hobair chuibhiúil do chách, agus pá cothrom lena soláthraítear caighdeán maith maireachtála, lena n-áirítear feabhas a chur ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta d'oibrithe. Comhraicfidh siad gach cineál teacht i dtír, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach agus oibre, in earnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon.

5. Díreoidh na Páirtithe ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear rochtain nuálach ar sheirbhísí airgeadais, ar chreidmheas agus ar mhicreamhaoiniú, agus bearta neartaithe cosanta sóisialta, d'fhonn aistriú rianúil chuig an ngeilleagar foirmiúil a éascú.

6. Déanfaidh na Páirtithe bearta nithiúla chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a chur ar aghaidh agus cuimsiú iomlán na ndaoine sin sa tsochaí gan idirdhealú de chineál ar bith, agus a rochtain chomhionann ar sheirbhísí sóisialta agus ar mhargaí saothair a chur chun cinn.

7. Cuirfidh na Páirtithe an comhtháthú sóisialta chun cinn trí, *inter alia*, an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe agus éagsúlacht léirithe cultúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

*Airteagal 48*

**Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní**

1. Neartóidh na Páirtithe beartais, cláir agus sásraí lena ndíreofar ar chomhionannas inscne a chur chun cinn agus ar chomhdheiseanna a áirithiú agus a fheabhsú le haghaidh rannpháirtíocht i ngach earnáil den saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Áiritheoidh siad go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach beartas, lena n-áirítear trí chreataí dlíthiúla a chruthú agus a chomhdhlúthú.

2. Áiritheoidh na Páirtithe sláine fhisiceach agus shíceolaíoch na mban agus na gcailíní trí bhearta reachtacha agus beartais a ghlacadh chun deireadh a chur le pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, agus trí dheireadh a chur le gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, go háirithe foréigean teaghlaigh in aghaidh na mban agus na bhfear, an gháinneáil ar dhaoine, gach cineál teacht i dtír gnéasach agus oibre, agus gach cineál ciaptha sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach. Éascóidh siad rochtain ar an gceartas agus cuirfidh siad cosc agus feachtais ardaithe feasachta chun cinn chun athrú iompraíochta a chur ar aghaidh, chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a áirithiú.

3. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme éifeachtach na gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha uile, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 18 Nollaig 1979, agus molfaidh siad go ndaingneofar a Phrótacal Roghnach.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar cearta na mban agus na gcailíní a urramú agus a chur chun cinn. Neartóidh siad a gcearta sóisialta, go háirithe i réimsí na sláinte agus an oideachais, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí pleanála teaghlaigh. Treiseoidh siad cearta eacnamaíocha na mban, lena n-áirítear trína rochtain ar dheiseanna eacnamaíocha, ar sheirbhísí airgeadais, ar theicneolaíocht chumasúcháin, ar fhostaíocht agus ar rialú agus úsáid talún agus sócmhainní táirgiúla eile a éascú. Tacóidh siad le banfhiontraithe, laghdóidh siad an bhearna phá idir na hinscní, agus cuirfidh siad deireadh le rialacháin agus cleachtais idirdhealaitheacha eile.

5. Déanfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht agus guth na mban agus na gcailíní sa saol polaitiúil a neartú, lena n-áirítear trí rochtain fheabhsaithe ar phróisis agus seasaimh thoghchánacha, bheartais agus rialachais, agus in iarrachtaí chun an pobal a fhorbairt.

6. Cumhachtóidh na Páirtithe eagraíochtaí ban agus cailíní agus neartóidh siad acmhainneacht na n-institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear na cineálacha uile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus cosaint a thabhairt ina gcoinne. Forbróidh siad sásraí imscrúdaithe agus cuntasachta maidir le ciapadh, soláthróidh siad cúram agus tacaíocht d'íospartaigh, agus déanfaidh siad dálaí sábháilteachta agus slándála do mhná agus do chailíní a chur chun cinn.

7. Geallfaidh na Páirtithe go ndéanfaidh siad Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Cuirfidh siad béim freisin ar an ngá atá le rochtain uilíoch ar fhaisnéis agus ar oideachas sláinte gnéis agus atáirgthe atá ar ardchaighdeán, uileghabhálach agus inacmhainne, agus treoraíocht theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le hoideachas gnéasachta á cur san áireamh, agus cuirfidh siad béim chomh maith ar an ngá atá le seachadadh seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe. Saothróidh siad cur chun feidhme éifeachtach Chomhdhearcadh Montevideo maidir le Daonra agus Forbairt, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 49*

**An Óige**

1. Forbróidh na Páirtithe beartais spriocdhírithe chun cumhachtú na hóige a chur chun cinn agus chun a rannpháirtíocht sa saol polaitiúil, sóisialta, saoránachta agus eacnamaíoch a éascú.

2. Tacóidh na Páirtithe le fiontraíocht na hóige agus déanfaidh siad cruthú post inbhuanaithe lena ngabhann dálaí oibre cuibhiúla do dhaoine óga a chur chun cinn i ngach earnáil, lena n-áirítear trí thacú leo scileanna a bhaineann leis an margadh saothair a shealbhú trí oideachas, oiliúint theicniúil agus gairmoiliúint agus rochtain níos fearr ar theicneolaíochtaí, agus trí thacú le seirbhísí fostaíochta chun daoine óga a nascadh le deiseanna fostaíochta agus le rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus le comhpháirtíochtaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta.

3. Bunóidh na Páirtithe struchtúir rialachais chun saoránacht fhreagrach daoine óga a chur chun cinn, chun tionchar daoine óga i bpróisis chinnteoireachta a mhéadú agus chun a rannpháirtíocht ghníomhach sa saol polaitiúil agus in iarrachtaí forbartha pobail a chothú. Déanfaidh siad rannpháirtíocht mhéadaithe daoine óga i ngníomhaíocht chomhshaoil a chur chun cinn, go háirithe i gcláir faireacháin ar an athrú aeráide agus i gcláir um oiriúnú don athrú aeráide.

4. Gabhfaidh na Páirtithe bearta ar láimh chun rochtain na hóige ar an gceartas a fheabhsú agus chun córais cosanta leanaí a neartú. Déanfaidh siad gach beart is iomchuí chun leanaí a chosaint ar gach cineál foréigin fhisiciúil nó meabhrach, gortaithe, mí-úsáide, faillí nó córa faillíche, drochíde agus teacht i dtír, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach.

5. Déanfaidh na Páirtithe cláir shóisialta agus cheartais a chur chun cinn chun ógchiontacht a chosc agus chun daoine óga a lánpháirtiú sa saol eacnamaíoch agus sóisialta. Tacóidh siad le hinstitiúidí, amhail scoileanna, eagraíochtaí sóisialta agus eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus grúpaí óige, a rannchuidíonn le hathléimneacht a fhorbairt i bpobail óige atá i mbaol agus i bpobail leochaileacha.

*Airteagal 50*

**Spóirt**

Cuirfidh na Páirtithe an spórt agus an corpoideachas chun cinn mar thiomántóir don fhorbairt, don tsláinte agus don dea-bhail inbhuanaithe, don chuimsiú sóisialta, don neamh-idirdhealú agus do chur ar aghaidh chearta an duine. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun leas a bhaint as cumhacht eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta an spóirt, *inter alia*, trí shaoráidí leormhaithe a fhorbairt, rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíochtaí fisiciúla eile a chur chun cinn, agus dea-chleachtais a mhalartú. Déanfaidh siad soghluaisteacht lucht spóirt agus gairmithe gaolmhara a chur chun cinn mar bhealach chun an t-idirphlé idirchultúrtha agus an comhar idirchultúrtha a neartú.

Caibidil 3

**Imirce, soghluaisteacht agus forbairt**

*Airteagal 51*

**Imirce, soghluaisteacht agus forbairt**

1. Admhaíonn na Páirtithe rannchuidiú imircigh agus a diaspóra a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil iontu le saol eacnamaíoch, sóisialta, polaitiúil agus cultúrtha a dtíortha óstacha. Tacóidh siad lena lánpháirtiú , *inter alia* trí fhiontraíocht, tacaíocht ghnó agus forbairt scileanna a chur chun cinn i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach. Athdhearbhaíonn siad a thiomanta atá siad do chearta an duine atá ag na himircigh uile agus ag na daoine uile atá easáitithe go héigeantach a urramú, lena n-áirítear dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine ar leochaileach a gcás, mná agus leanaí go háirithe.

2. Saothróidh na Páirtithe idirphlé oscailte chun soghluaisteacht agus tréimhsí fanachta gearrthéarmacha a chur chun cinn chun malartú a fheabhsú i réimsí amhail an turasóireacht agus an gnó, chomh maith le comhthuiscint a chothú agus comhluachanna a chur chun cinn. Cuirfear san áireamh freisin leis an malartú sin cás sonrach TCTLanna agus na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach, mar aitheantas ar a ghaire atá siad go fisiciúil agus ar naisc eacnamaíocha agus chultúrtha agus réimsí eile comhair.

3. Déanfaidh na Páirtithe breithniú ar scéimeanna don imirce chiorclach a fhorbairt, agus déanfaidh siad na creataí dlíthiúla a chur chun feidhme agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí, chun nósanna imeachta athiontrála náisiúnach Bhallstát an Aontais Eorpaigh nó Bhallstát OACPS a chónaíonn i gcríocha Chomhaltaí OACPS nó i gcríocha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a éascú. Breithneoidh siad gnéithe d'ath-lánpháirtiú náisiúnach Bhallstát an Aontais Eorpaigh nó Bhallstát OACPS a chónaíonn go dlíthiúil i gcríocha Chomhaltaí OACPS nó i gcríocha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi seach, sna tíortha tionscnaimh chun a áirithiú go bhféadfaidh an taithí nó na cáilíochtaí atá faighte acu dul chun tairbhe don mhargadh saothair áitiúil agus don phobal áitiúil.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun laghdú a chur ar an tionchar diúltach a bhíonn ag caillteanas scileanna ar fhorbairt na dtíortha tionscnaimh. Ina theannta sin, glacfaidh siad cur chuige comhleanúnach chun an oiliúint a chuirtear ar ghairmithe roghnaithe i Muir Chairib a chur ar aghaidh, ar cur chuige é a gcuimsítear leis scéimeanna oiliúna a leathnú agus clárú shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn.

5. Díreoidh na Páirtithe, agus tábhacht na seoltán mar fhoinse le haghaidh forbairt chuimsitheach inbhuanaithe má bhainistítear i gceart iad á haithint acu, ar chostais idirbhirt na seoltán a laghdú go níos lú ná 3 % agus ar dheireadh a chur le conairí seoltán a bhfuil costais níos airde ná 5 % ag gabháil leo faoi 2030, ar chuimsiú airgeadais a chur chun cinn trí ionstraimí airgeadais nuálacha agus teicneolaíochtaí nua, agus ar chreataí rialála a fheabhsú le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe gníomhaithe eacnamaíocha neamhthraidisiúnta. Cuirfidh na Páirtithe le rannchuidiú an diaspóra le forbairt inbhuanaithe a dtíortha tionscnaimh, trí infheistíocht diaspóra agus cruthú gnó a chur chun cinn agus a éascú mar mhodh chun borradh a chur faoin bhforbairt áitiúil agus faoin bhfiontraíocht áitiúil i dtíortha tionscnaimh agus chun eolas, taithí agus teicneolaíocht a aistriú.

6. Forbróidh na Páirtithe bearta chun leas a bhaint as tairbhí na himirce theas-theas agus chun aon tionchar diúltach a mhaolú ar bhonn phrionsabail na dlúthpháirtíochta, an rathúnais chomhroinnte agus na freagrachta comhpháirtí.

7. Déanfaidh na Páirtithe malartú dea-chleachtas idir Muir Chairib agus an tAontas Eorpach agus scéimeanna soghluaisteachta inréigiúnaí a chur chun cinn, lena n-áirítear saorghluaiseacht daoine i bpróisis lánpháirtithe réigiúnaigh.

# PRÓTACAL RÉIGIÚNACH AN AIGÉIN CHIÚIN

CUID I

## CREAT LE hAGHAIDH AN CHOMHAIR

Caibidil 1

## Cineál agus raon feidhme

*Airteagal 1*

### Fíor-chomhphháirtíocht

1. Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn 'Páirtithe' na páirtithe iomchuí atá faoi cheangal ag an bPrótacal seo de bhun Airteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

2. Rialófar an caidreamh idir na Páirtithe leis na forálacha sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo agus leis na haidhmeanna sonracha a leagtar amach sa Phrótacal seo, atá comhlántach agus a threisíonn a chéile, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go neartóidh siad an caidreamh eatarthu agus go dtreiseoidh siad an comhar eatarthu d'fhonn comhluachanna, leasanna coiteanna, freagrachtaí coiteanna agus oibleagáidí coiteanna a chur chun cinn. Déanfar an fhíor-chomhphháirtíocht sin a chur chun feidhme de mheon na hurraime frithpháirtí agus na cuntasachta frithpháirtí, an chomhionannais agus na comhúinéireachta.

*Airteagal 2*

### Iltaobhachas

1. Neartóidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar agus treiseoidh siad a gcuid iarrachtaí i dtaca leis an iltaobhachas agus leis an ord domhanda riailbhunaithe.

2. Déanfaidh na Páirtithe iarracht, trí idirphlé comhpháirtíochta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chuid Ghinearálta, comhghuaillíochtaí straitéiseacha a fhorbairt i dtaobh roinnt saincheisteanna domhanda, go háirithe maidir leis an athrú aeráide, rialachas na n-aigéan, an bhithéagsúlacht, forbairt eacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe, cearta an duine agus saincheisteanna a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. I gcás inarb iomchuí, comhordóidh siad a seasaimh faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe (NA) agus eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile. Déanfaidh siad bearta nithiúla chun na príomhchonarthaí agus príomhchoinbhinsiúin idirnáisiúnta a shíniú, a dhaingniú nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí, agus iad a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*

### Aidhmeanna

Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur de chineál leathan uileghabhálach an Prótacal seo agus comhaontaíonn siad gurb iad seo a leanas, *inter alia*, a aidhmeanna:

(a) a gcomhpháirtíocht pholaitiúil a neartú, agus idirphlé rialta agus cur chun cinn leasanna coiteanna mar bhonn taca léi;

(b) inbhuaine comhshaoil agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a shaothrú;

(c) sochaithe daonlathacha, síochánta agus ceartabhunaithe a fhorbairt, bunaithe ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas, agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas inscne agus rialachas airgeadais;

(d) tacú le fás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe trí infheistíocht threisithe agus trí fhorbairt san earnáil phríobháideach, agus aird ar leith á tabhairt ar an geilleagar gorm agus ar nascacht fheabhsaithe;

(e) tacú le bearta nithiúla arb é is aidhm dóibh rialachas na n-aigéan agus caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainn bhitheolaíoch na mara, lena n-áirítear an t-iascach, a neartú; agus

(f) infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt dhaonna agus shóisialta, agus aghaidh á tabhairt ar neamhionannais agus á áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár, agus aird ar leith á tabhairt ar an óige a chur chun cinn agus ar chumhachtú eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil na mban agus na gcailíní.

*Airteagal 4*

**Lánpháirtiú réigiúnach agus comhar réigiúnach**

1. Tacóidh na Páirtithe le próiseas an lánpháirtithe réigiúnaigh agus an chomhair réigiúnaigh i réigiún an Aigéin Chiúin mar bhealach chun dúshláin trasteorann a bhainistiú agus chun cur chun feidhme an Phrótacail seo a éascú d'fhonn tairbhe iomlán a bhaint as, agus a gcreataí ábhartha beartais á gcur san áireamh, lena n-áirítear an Creat um Réigiúnachas an Aigéin Chiúin.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad dlús leis an gcomhar le heagraíochtaí, tíortha agus críocha réigiúnacha a bhfuil na luachanna céanna acu agus atá toilteanach agus ábalta spriocanna coiteanna a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt orthu, ionas go rannchuideofar le forbairt pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta réigiún an Aigéin Chiúin trí chéile.

3. Déanfaidh na Páirtithe an comhar theas-theas agus an comhar triantánach a chur chun cinn agus tacóidh siad leis mar mhodh chun an comhar réigiúnach a neartú.

## Caibidil 2

## Gníomhaithe agus próisis

*Airteagal 5*

**Forálacha institiúideacha**

1. Is iad seo a leanas na hinstitiúidí comhpháirteacha arna mbunú leis an bPrótacal seo, mar a shainítear sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo, lena n-áirítear a gcomhdhéanamh agus a bhfeidhmeanna:

(a) Comhairle Airí an Aigéin Chiúin-AE;

(b) Comhchoiste an Aigéin Chiúin-AE;

(c) Tionól Parlaiminteach an Aigéin Chiúin-AE.

2. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile i gcruinniú ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach, ar bhonn clár ama agus clár oibre a chomhaontófar go frithpháirteach.

*Airteagal 6*

**Tíortha agus Críocha thar Lear i réigiún an Aigéin Chiúin**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go neartóidh siad na naisc idir na Tíortha agus na Críocha thar lear (TCTLanna) atá comhlachaithe leis an AE i réigiún an Aigéin Chiúin agus comhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin.

2. Féachfaidh na Páirtithe leis na TCTLanna a dhéanamh rannpháirteach sa lánpháirtiú réigiúnach, sa chomhar réigiúnach agus in eagraíochtaí réigiúnacha, de réir mar is iomchuí, go háirithe i réimsí an athraithe aeráide, na hinbhuaine comhshaoil, bhainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, na nascachta, agus na trádála agus na hinfheistíochta.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndeonófar ról breathnóirí sna hinstitiúidí comhpháirteacha arna mbunú leis an bPrótacal seo do na TCTLanna i réigiún an Aigéin Chiúin.

*Airteagal 7*

**Sásraí le haghaidh comhairliúchán agus rannpháirteachas leis na geallsealbhóirí**

Déanfaidh na Páirtithe sásraí comhairliúcháin agus idirphlé a bhunú leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla, ionadaithe na sochaí sibhialta, agus an earnáil phríobháideach, chun iad a choinneáil ar an eolas faoi chur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail seo agus chun ionchuir a bhailiú uathu ina leith, lena n-áirítear i bhfianaise Chomhairle Airí an Aigéin Chiúin-AE.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht**

1. Déanfaidh na Páirtithe, agus gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme acu i ndáil le gach réimse comhair, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil arna bhunú leis an gComhaontú seo, a gcreataí straitéiseacha agus a gcreataí beartais faoi seach a chur san áireamh, lena n-áirítear straitéisí réigiúnacha arna nglacadh ag Comhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin, de réir mar is iomchuí.

2. Gníomhóidh na Páirtithe agus cuirfidh siad bearta chun feidhme ar an leibhéal intíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltíre is iomchuí. Féachfaidh siad leis an tionchar is mó is féidir a imirt ar gheallsealbhóirí leasmhara, agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sin a threisiú, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta.

3. Déanfaidh na Páirtithe faireachán ar an bPrótacal seo lena áirithiú go gcuirfear gníomhaíochtaí agus bearta chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear trí chur chuige il-gheallsealbhóra. Féadfaidh siad é a oiriúnú do dhálaí a bhíonn ag athrú agus a raon feidhme a leathnú chun cur leis an gcomhar i réimsí atá ann cheana agus i réimsí nua, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 99(5) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

4. Déanfaidh na Páirtithe measúnuithe rialta neamhspleácha faireacháin agus meastóireachta ar na gníomhaíochtaí a bheartaítear sna príomhréimsí comhair faoin bPrótacal seo.

CUID II

**PRÍOMHRÉIMSÍ COMHAIR**

*TEIDEAL I*

***Inbhuaine comhshaoil agus an tAthrú aeráide***

*Airteagal 9*

Déanfaidh na Páirtithe, á admháil dóibh go bhfuil bagairt thromchúiseach ann ón athrú aeráide, ón ardú ar leibhéal na farraige agus ó dhíghrádú an chomhshaoil ó thaobh forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus ó thaobh shaol na ndaoine, agus aitheantas á thabhairt acu do na rioscaí suntasacha do na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, an athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fhorbairt agus an díghrádú comhshaoil a aisiompú. Cuirfidh siad gníomhaíocht uaillmhianach i gcrích chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó, chun na rioscaí a bhaineann le caillteanas agus damáiste a sheachaint agus a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu, chun cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú, agus chun tacú le bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha. Glacfaidh na Páirtithe bearta chun dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, chun éiceachórais a chothabháil agus a athneartú, chun rialachas na n-aigéan a chur chun cinn agus chun tubaistí a chosc agus chun freagairt dóibh. Infheisteoidh siad i bhfás glas, i ngeilleagair chiorclacha agus i bhfuinneamh inathnuaite, ionas go n-áiritheofar go mbeidh an fás eacnamaíoch fite fuaite san inbhuaine comhshaoil.

*Airteagal 10*

**Gníomhú ar son na haeráide**

1. Comhaontaíonn na Páirtithe, ag meabhrú dóibh chuspóirí, phrionsabail agus fhorálacha Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Chomhaontú Pháras agus béim á leagan acu ar an ngá atá ann dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda dul i ngleic leis an athrú aeráide i bhfianaise thorthaí Thuarascáil Speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide maidir le tionchair an athraithe aeráide 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch – go rannchuideoidh siad leis an laghdú ar astaíochtaí domhanda, i gcomhréir leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus go saothróidh siad iarrachtaí na leibhéil téimh dhomhanda a theorannú go conair 1.5 °C. Aithníonn siad a thábhachtaí atá sé astaíochtaí antrapaigineacha domhanda glan-nialasacha a bhaint amach a luaithe is féidir. Chuige sin, geallann siad go ndéanfaidh siad rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) i ndiaidh a chéile ar dul chun cinn iad de bhreis ar a gcuid NDCanna reatha agus ar léiriú iad ar an uaillmhian is mó is féidir, i bhfianaise cúinsí éagsúla náisiúnta, agus athdhearbhaíonn siad go bhfuil sé de chuspóir acu aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

2. Forbróidh na Páirtithe beartais agus cláir intíre uileghabhálacha chuimsitheacha maidir leis an aeráid, lena n-áirítear trí chreataí reachtacha agus rialachais, agus cuirfidh siad gníomhaíochtaí nithiúla i gcrích chun cur chun feidhme Chomhaontú Pháras a uas-scálú. Forbróidh siad córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, agus córais mheastóireachta chun an dul chun cinn maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a rianú.

3. Brostóidh na Páirtithe na hiarrachtaí oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide agus géaróidh siad ar na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear trí phleananna uaillmhianacha oiriúnaithe náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Déanfaidh siad beartais, straitéisí agus creataí reachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn an t-oiriúnú a chomhtháthú sna hearnálacha ábhartha socheacnamaíocha agus comhshaoil.

4. Geallann na Páirtithe, ag aithint dóibh go gcuireann earnálacha an fhuinnimh breosla iontaise agus an iompair go suntasach le hastaíochtaí carbóin, go bhforbróidh siad réitigh éifeachtúlachta fuinnimh agus réitigh fuinnimh inathnuaite agus go laghdóidh siad a thuilleadh na hastaíochtaí carbóin ó earnálacha an iompair talún, an iompair eitlíochta agus an iompair mhuirí. Neartóidh siad an ghníomhaíocht chomhoibritheach maidir le forbairt agus aistriú teicneolaíochta. Beidh sé d'aidhm acu fóirdheontais neamhéifeachtacha do bhreoslaí iontaise a chuíchóiriú agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais neamhéifeachtacha do bhreoslaí iontaise lena spreagtar tomhaltas diomailteach agus na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo a laghdú, ar bhealach lena dtabharfar cosaint do na pobail bhochta agus do na pobail a bhfuil difear déanta dóibh.

5. Déanfaidh na Páirtithe cineálacha cur chuige nach bhfuil margadhbhunaithe agus atá comhtháite, iomlánaíoch agus cothrom a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar na tionchair a ghabhann leis, agus aird á tabhairt ar a leochailí atá stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus a gcreataí ábhartha beartais á gcur san áireamh, lena n-áirítear an Creat um Fhorbairt Athléimneach san Aigéan Ciúin (FRDP) agus Comhpháirtíocht Athléimneachta an Aigéin Chiúin.

6. Tacóidh na Páirtithe le gníomhaíocht chun sreabha maoinithe a ailíniú le bealach chun cinn i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus i dtreo forbairt aeráid-díonach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun maoiniú aeráide ó réimse ilchineálach foinsí, ionstraimí agus cainéal a shlógadh chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme pleananna oiriúnaithe náisiúnta um an athrú aeráide agus NDCanna de bhreis ar na leibhéil reatha, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

7. Déanfaidh na Páirtithe laghdú uaillmhianach hidreafluaracarbón a chur chun cinn faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna dhéanamh in Montreal an 16 Meán Fómhair 1987, agus Leasú Kigali a rinneadh air. Spreagfaidh siad na Páirtithe uile sa Phrótacal seo an Leasú sin a dhaingniú agus a áirithiú go gcuirfear é chun feidhme go pras.

8. Neartóidh na Páirtithe an comhordú ar na leibhéil rialachais go léir agus gníomhóidh siad bunaithe ar an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil agus, de réir mar is iomchuí, bunaithe ar chórais eolais thraidisiúnta, dhúchasacha agus áitiúla, agus beidh an eolaíocht sin agus na córais eolais sin ina dtreoir acu. Spreagfaidh siad agus cumasóidh siad na húdaráis áitiúla chun gealltanais uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh a dhéanamh agus a chur chun feidhme. Déanfaidh siad tionscnaimh atá ann cheana amhail Cúnant Domhanda na Méaraí don Aeráid agus don Fhuinneamh a chur chun cinn agus tacóidh siad le cur chun feidhme a bpleananna gníomhaíochta.

9. Oibreoidh na Páirtithe le chéile i dtreo líonraí eolais a fhorbairt don oiriúnú don athrú aeráide agus don fhreagairt don athrú aeráide agus chun an acmhainneacht eolaíoch, theicniúil, dhaonna agus institiúideach maidir le gníomhú ar son na haeráide agus bainistiú agus faireachán comhshaoil a neartú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí spáis agus trí chórais faisnéise.

*Airteagal 11*

**An comhshaol agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha**

1. Tacóidh na Páirtithe le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus athneartú éiceachóras agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, agus an bhithéagsúlacht á nascadh le slite beatha. Déanfaidh siad an bhithéagsúlacht a chosaint, a athneartú agus a fheabhsú, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Iar-2020. Tacóidh siad le forbairt straitéisí fadtéarmacha a bheidh dírithe ar phríomhshruthú na bithéagsúlachta i gcreataí náisiúnta agus réigiúnacha i réigiún an Aigéin Chiúin, lena n-áiritheofar comhordú agus comhleanúnachas in institiúidí éagsúla, agus lena gcruthófar fianaise chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.

2. Déanfaidh na Páirtithe cur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le bainistiú inbhuanaithe agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus maidir leis an gcomhshaol ar gach leibhéal, lena n-áirítear geilleagar ciorclach glas a fhorbairt, agus neartóidh siad na sásraí forfheidhmithe i dtaca leis an mbainistiú agus an úsáid sin, agus riachtanais na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht á gcur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, cleachtais dhúchasacha, cleachtais thraidisiúnta agus gnásanna á gcur san áireamh.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bainistiú inbhuanaithe a n-acmhainní foraoise agus acmhainní eile crann a áirithiú, chun dífhoraoisiú a laghdú agus a aisiompú, chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil táirgí neamhdhleathacha adhmaid agus adhmadbhunaithe a chomhrac, chun feidhmeanna foraoisí nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí éiceachórais, a athneartú, agus chun mianadóireacht fhreagrach a chur chun cinn, agus éilimh ar fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bpobal atá ag dul i méid, á gcur san áireamh.

4. Déanfaidh na Páirtithe córais chomhtháite inbhuanaithe um bainistiú uisce a chur chun cinn, agus foinsí agus éiceachórais uisce á gcaomhnú agus á gcosaint, fuíolluisce á bhailiú agus á chóireáil, aghaidh á tabhairt ar dhíghrádú talún agus ar thruailliú acmhainní uisce agus screamhuisce, agus ar éiginnteachtaí maidir le hinfhaighteacht uisce trí chórais bailithe agus stórála uisce.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bagairt speiceas coimhthíoch ionrach a chomhrac maidir le díothú speiceas áitiúil, bithéagsúlacht, feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, slite beatha agus athléimneacht daoine, agus trádáil agus forbairt eacnamaíoch.

6. Rachaidh na Páirtithe i ngleic go héifeachtach le gach cineál truaillithe. Oibreoidh siad i dtreo na creataí rialála agus na sásraí forfheidhmithe is gá a bhunú chun bainistiú fónta a dhéanamh ar cheimiceáin agus ar dhramhaíl. Beidh sé mar aidhm acu giniúint dramhaíola ag an bhfoinse a chosc nó a íoslaghdú, agus feabhas a chur ar in-athúsáidteacht, ar in-athchúrsáilteacht agus ar éifeachtúlacht acmhainní chun an táirgeadh agus an tomhaltas a oiriúnú do bhaint amach an gheilleagair chiorclaigh. Déanfaidh siad bearta chun substaintí guaiseacha a chosc nó a íoslaghdú i dtimthriallta ábhair agus chun ceimiceáin i dtáirgí a bhainistiú ar feadh a saolré.

*Airteagal 12*

**Athléimneacht ó thubaistí**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun athléimneacht daoine, sochaithe, institiúidí agus bonneagair a fhorbairt i leith teagmhais tubaiste. Cuirfear san áireamh leo na naisc láidre idir tubaistí agus an t-athrú aeráide agus iarmhairtí tubaistí ar fhorbairt dhaonna agus shóisialta, slite beatha daoine, go háirithe grúpaí leochaileacha agus daoine aonair, an oidhreacht chultúrtha, sláine comhshaoil, forbairt eacnamaíoch agus slándáil an duine. Féachfaidh siad le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, agus a gcreataí beartais ábhartha á gcur san áireamh acu, lena n-áirítear an FRDP.

2. Cuirfidh na Páirtithe cur chuige iomlánaíoch chun cinn maidir le laghdú rioscaí tubaiste, lena n-áirítear an FRDP a chur san áireamh, trí infheistiú i gcosc rioscaí agus in ullmhacht do rioscaí, iarrachtaí ar laghdú riosca a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí téarnaimh agus árachas riosca airgeadais a chur chun cinn. Tacóidh siad le hathléimneacht na seirbhísí poiblí, an bhonneagair, na slándála bia agus na slándála uisce, agus iad ag áirithiú go mbreithneofar in infheistíochtaí tuiscint réalaíoch ar rioscaí a bheidh ann amach anseo agus go bhfreagróidh siad don tuiscint sin. Cuirfidh siad an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide i gceartlár na n-iarrachtaí atógála agus téarnaimh uile, lena n-áirítear trí chur chuige 'atógáil ar bhealach níos fearr' a chur chun feidhme.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an rochtain ar theicneolaíochtaí ábhartha don fhorbairt athléimneachta, agus aistriú agus úsáid chórasach na dteicneolaíochtaí sin, a neartú. Infheisteoidh siad i mbailiú agus in úsáid staidrimh tubaiste agus sonraí caillteanais, i measúnú uileghabhálach riosca, i gcur chun feidhme pleananna laghdaithe riosca ar gach leibhéal, agus i naisc níos láidre idir laghdú rioscaí tubaiste agus oiriúnú don athrú aeráide. Tacóidh siad le húsáid teicneolaíochtaí spáis agus le húsáid faisnéise chun bearta coisc, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh a fheabhsú.

4. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo rialachas cuimsitheach riosca a neartú ar gach leibhéal, lena n-áirítear fothú acmhainneachta chun rioscaí tubaiste a laghdú ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn réigiúnach agus ionaid barr feabhais don nuálaíocht aeráide. Oibreoidh siad i dtreo faireachán, luathrabhadh agus acmhainneachtaí measúnaithe riosca a mhéadú, i dtreo feabhas a chur ar acmhainneacht agus cumas intíre agus réigiúnach i ndáil le bearta coisc, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh, lena n-áirítear sásraí cosanta sibhialta, chomh maith le feabhas a chur ar acmhainneacht na bpobal áitiúil agus na n-institiúidí áitiúla, agus iad ag díriú ar na teaghlaigh agus ar na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe.

5. Déanfaidh na Páirtithe faireachán ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí bainistithe riosca tubaiste agus aeráide agus déanfaidh siad meastóireacht orthu de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

*TEIDEAL II*

## ***Forbairt eacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe***

*Airteagal 13*

1. Saothróidh na Páirtithe straitéisí comhtháite agus cuirfidh siad athchóirithe chun feidhme chun geilleagair athléimneacha éagsúlaithe a fhorbairt, chun fás eacnamaíoch agus claochlú a chur chun cinn, chun caidreamh gnó agus trádála a neartú, agus chun tacú leis an aistriú i dtreo lánfhostaíocht ar ardchaighdeán. Geallann siad timpeallacht ghnó a chruthú lena n-éascófar sreabha méadaithe infheistíochta agus forbairt na hearnála príobháidí. Déanfaidh siad an comhar eacnamaíoch idir-réigiúnach a neartú agus a dhoimhniú, lena n-áirítear soghluaisteacht earraí agus seirbhísí. Spreagfaidh siad agus éascóidh siad úsáid níos leithne a n-airgeadraí faoi seach in idirbhearta idirnáisiúnta.

2. Déanfaidh na Páirtithe bearta a chur chun cinn mar thaca le cineál claochlaitheach na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus an taighde. Oibreoidh siad i dtreo geilleagair chiorclacha, íseal-astaíochtaí agus aeráid-díonacha a bhaint amach agus i dtreo a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as deiseanna díghlasáilte gnó, go n-urramófar agus go seasfar le bunchaighdeáin saothair, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta, agus go ndéanfar cumhachtú socheacnamaíoch agus cuimsiú daoine leochaileacha, ban agus daoine óga a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhearta iomchuí cosanta sóisialta. Comhaontaíonn siad go ndíreoidh siad a gcuid iarrachtaí ar phríomhearnálacha a bhfuil tionchar iolraitheora acu ar an bhfás inbhuanaithe, ar chruthú post agus ar dhíothú na bochtaineachta, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbeadh comhar eatarthu i réimsí nua eacnamaíocha.

### Caibidil 1

### **Fás eacnamaíoch agus éagsúlú eacnamaíoch**

*Airteagal 14*

#### **Cumasóirí na forbartha eacnamaíche**

1. Saothróidh na Páirtithe bearta lena dtacaítear le leibhéil níos airde táirgiúlachta eacnamaíche a bhaint amach trí éagsúlú, uasghrádú agus nuálaíocht theicneolaíoch, mar thosaíocht, agus lena bhfeabhsaítear an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus cobhsaíocht na hearnála airgeadais, lena simplítear agus lena gcomhchuibhítear rialacháin agus próisis ghnó, lena neartaítear córais chánach éifeachtacha intuartha, agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí agus na gcóras breithiúnach. Glacfaidh siad beartais fhónta iomaíochta agus áiritheoidh siad go gcosnófar cearta talún, cearta maoine agus cearta maoine intleachtúla.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad reachtaíocht, rialacháin agus beartais fhónta don éascú gnó a chur chun cinn agus iad sin dírithe ar bhacainní rialála agus riaracháin a laghdú agus ar thrédhearcacht a fheabhsú agus, ag an am céanna, scileanna fiontraíochta agus cultúr gnó a fhorbairt d'fhonn infheistíocht agus forbairt san earnáil phríobháideach a mhéadú. Déanfaidh siad freisin freagracht shóisialta chorparáideach agus iompar freagrach gnó a chur chun cinn, lena n-áirítear iompar a bhaineann le cúinsí comhshaoil.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfaidh siad aghaidh ar fhorbairt an chaipitil dhaonna agus go bhfeabhsóidh siad é, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i gcruthú lucht saothair, agus trí thacaíocht a thabhairt do chruthú an lucht saothair sin, ar lucht saothair é a mbeidh an-oideachas air agus a bheidh oilte, sciliúil, cáilithe agus éifeachtúil agus a mbeidh oiliúint leordhóthanach air chun rochtain a fháil ar fhostaíocht chuibhiúil, lena n-áirítear in earnálacha nua dinimiciúla fáis, ag meaitseáil éilimh na margaí saothair agus ag feabhsú rannpháirtíocht na hearnála príobháidí. Cuirfidh siad béim ar leith ar fheabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach, ar an oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme agus ar chláir oideachais threasaigh.

4. Cuirfidh na Páirtithe beartais chun cinn lena gcuirtear le hábharthacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht institiúidí an mhargaidh saothair. Cuirfidh siad soghluaisteacht an lucht saothair inréigiúnach chun cinn chun tacú le riachtanais forbartha Chomhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin agus chun freagairt go dearfach do riachtanais na hearnála príobháidí agus chun rannchuidiú le lánpháirtiú eacnamaíoch níos fearr, le hinfheistíocht mhéadaithe agus le táirgiúlacht fheabhsaithe ghnó.

5. Tacóidh na Páirtithe le forbairt príomh-bhonneagar amhail fuinneamh, iompar agus uisce, chomh maith le forbairt seirbhísí teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus forbairt na nascachta digití.

6. Déanfaidh na Páirtithe forbairt limistéar tuaithe agus éagsúlú an gheilleagair tuaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí naisc a neartú idir bonneagair athléimneacha, an turasóireacht, an talmhaíocht agus an earnáil tionsclaíochta.

7. Tacóidh na Páirtithe le bearta chun cáilíocht, infhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí árachais, airgeadais agus neamhairgeadais ó thaobh fiontair phríobháideacha de a fheabhsú, san earnáil fhoirmiúil agus san earnáil neamhfhoirmiúil araon. Feabhsóidh siad an rochtain atá ar mhaoiniú inacmhainne, lena n-áirítear trí chórais inmharthana bhaincéireachta agus neamhbhaincéireachta a fhorbairt agus trí bhreis nirt a thabhairt do sheirbhísí airgeadais digiteacha lena n-éascaítear breisiú luacha trí ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, a chomhtháthú i slabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda, agus trí tháirgeadh feabhsaithe, trí acmhainneacht rialála trádála, trí fhiontraíocht, trí éascú gnó feabhsaithe, trí éagsúlú táirgí agus ceann scríbe onnmhairithe, agus trí fheabhsú agus nuálaíocht teicneolaíochta, lena n-áirítear ardáin ríomhthráchtála.

*Airteagal 15*

**Infheistíocht**

1. Tá na Páirtithe tiomanta do thimpeallacht chuiditheach a spreagadh, a chruthú agus a chothabháil d'infheistíocht fhreagrach ar mhaithe lena leas frithpháirteach. Déanfaidh siad nósanna imeachta agus ceanglais riaracháin a chuíchóiriú agus a luathú, agus tacóidh siad le bearta lena gcruthófar timpeallacht infheistíochta intuartha shlán, lena n-éascófar comhpháirtíochtaí agus lena gcuirfear idirphlé poiblí san earnáil phríobháideach chun cinn.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtarraingeoidh siad chucu agus go gcoinneoidh siad infheistíocht phoiblí agus phríobháideach atá inbhuanaithe freagrach, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach choigríche, trí mhaoiniú measctha, trí ráthaíochtaí agus trí ionstraimí nuálacha airgeadais eile chun muinín infheisteoirí a láidriú. Féachfaidh siad le faisnéis leormhaith shorochtana a sholáthar d'infheisteoirí maidir le deiseanna gnó san Aontas Eorpach agus i gComhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin araon.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin oibriú i gcomhar le chéile chun infheistíochtaí a éascú trí mheascán iomchuí idirghabhálacha, agus aird ar leith á tabhairt ar an óige agus ar mhná.

*Airteagal 16*

**Forbairt na hearnála príobháidí**

1. Tacóidh na Páirtithe le hearnáil phríobháideach dhinimiciúil iomaíoch fhreagrach a fhorbairt, lena n-áirítear trí na beartais riachtanacha agus na hathchóirithe eacnamaíocha, institiúideacha agus reachtacha is gá a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, nó an dá rud. Déanfaidh siad bearta chun táirgiúlacht agus éifeachtúlacht na hearnála príobháidí a neartú agus a fheabhsú. Tabharfaidh siad aird ar leith ar fhás agus ar iomaíochas feabhsaithe na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide, ar ghorlanna gnó agus ar fhorbairt na dtionscal tinteáin.

2. Tapóidh na Páirtithe na deiseanna a bhaineann le dul chun cinn teicneolaíoch agus leis an ngeilleagar digiteach. Féachfaidh siad le hinfheistíocht a shlógadh chun tacú le taighde agus nuálaíocht, agus leis an ngeilleagar digiteach, agus féachfaidh siad leis an earnáil phríobháideach a spreagadh chun borradh a chur faoin digitiú, go háirithe i dtaca le hinfheistíochtaí, le nuálaíocht, le heolas margaidh, le rochtain agus le saineolas.

3. Déanfaidh na Páirtithe forbairt thionsclaíoch a chur chun cinn d'fhonn fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach. Glacfaidh siad beartais spriocdhírithe a bheidh dírithe ar fhás tionsclaíoch agus deiseanna tionsclaíocha a éascú, go háirithe trí naisc agus gníomhaíochtaí breisluacha a chruthú, lena n-áirítear tionscail ar mhionscála. Spreagfaidh siad forbairt teicneolaíochtaí agus próiseas iomchuí agus éagsúlú táirgí nideoige. Déanfaidh siad straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar straitéisí iad lena gcuirfear leis an acmhainn réigiúnach agus náisiúnta ar mhaithe le hiomaíochas i monaraíocht agus onnmhairí meánteicneolaíochta agus ardteicneolaíochta.

4. Tacóidh na Páirtithe le héifeachtúlacht mhéadaithe i dtaobh úsáid acmhainní agus le glacadh teicneolaíochtaí agus próiseas tionsclaíoch atá níos glaine agus níos fónta ó thaobh an chomhshaoil. Tabharfaidh siad aghaidh go héifeachtach ar gach cineál truaillithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear trí fhreagrachtaí a shainiú agus a shannadh go soiléir d'oibreoirí tionscail agus gnó ar fud an tslabhra soláthair ar bhonn phrionsabail na freagrachta leathnaithe táirgeora agus íoc mar a thruaillítear.

*Airteagal 17*

**Eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus taighde**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtaighde eolaíoch, i bhforbairt agus nuálaíocht theicneolaíoch, d'fhonn forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus iomaíochas réigiúnach a fheabhsú. Forbróidh siad idirnascadh agus idir-inoibritheacht líonraí taighde, agus idirnascadh agus idir-inoibritheacht bonneagar agus seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí eolaíochta, agus cuirfidh siad an fhorbairt sin chun cinn laistigh dá gcomhthéacs réigiúnach.

2. Éascóidh na Páirtithe rochtain, de réir mar is iomchuí, ar chláir eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta a chéile, ar bhonneagair agus saoráidí taighde a chéile, ar fhoilseacháin agus sonraí eolaíocha a chéile i réimsí ábhartha, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus na haigéin.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le hábhair leasa choitinn i réimse na ngníomhaíochtaí spáis shibhialta, amhail taighde spáis, feidhmchláir agus seirbhísí na gCóras Domhanda um Loingseoireacht, forbairt na gcóras méadúcháin atá bunaithe ar shatailítí, Faire na Cruinne agus Eolaíocht na Cruinne, go háirithe maidir le réamhrabhadh agus faireachas a úsáid.

*Airteagal 18*

**Seoltáin**

Féachfaidh na Páirtithe, agus tábhacht na seoltán mar mhórfhoinse le haghaidh forbairt chuimsitheach inbhuanaithe á haithint acu, le costais idirbhirt na seoltán a laghdú go níos lú ná 3 % agus le deireadh a chur le conairí seoltán a bhfuil costais níos airde ná 5 % ag gabháil leo faoi 2030, le feasacht litearthachta airgeadais agus cuimsiú airgeadais a chur chun cinn trí ionstraimí nuálacha airgeadais, agus le feabhas a chur ar chreataí rialála le haghaidh rannpháirtíocht fheabhsaithe gníomhaithe neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí nua a úsáid.

Caibidil 2

**Comhar trádála**

*Airteagal 19*

**Lánpháirtiú trádála**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin borradh a chur faoi dheiseanna trádála chun a dtairbhe frithpháirtí agus leis an réigiún i gcoitinne lena n-áirítear TCTLanna. Féachfaidh siad le lánpháirtiú réidh de réir a chéile Comhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin sa gheilleagar domhanda a chothú, go háirithe trí lánúsáid a bhaint as poitéinseal an lánpháirtithe réigiúnaigh agus na trádála réigiúnaí le réigiúin eile.

2. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche Idirthréimhsigh atá ann cheana idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, agus spreagfaidh siad aontachas tíortha leasmhara agus, i gcás inarb iomchuí, leathnóidh siad raon feidhme an chomhaontaithe sin.

3. Tacóidh na Páirtithe le próisis réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch i réigiún an Aigéin Chiúin, lena n-áirítear éascú trádála agus comhchuibhiú rialála, ionas go mbeidh tíortha in ann leas a bhaint as trádáil lena gcomharsana agus chun a lánpháirtiú i bpríomhshlabhraí breisluacha réigiúnacha agus domhanda a chothú.

*Airteagal 20*

**Acmhainneacht trádála**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus an acmhainneacht trádála á forbairt, lena n-áirítear trí tháirgeacht neartaithe agus trí fhiontraíocht neartaithe, agus trí infheistíocht mhéadaithe in earnálacha breisluacha. Áiritheoidh siad go bhfuil na creatdálaí agus na beartais intíre chearta i bhfeidhm chun sreabha trádála méadaithe a éascú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimse an éascaithe trádála, ag cur lena ngealltanais faoi seach faoin gComhaontú um Éascú Trádála de chuid EDT. Leis an gcomhar sin, cuirfear san áireamh riachtanais shonracha Chomhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin, lena n-áirítear na riachtanais sin a bhaineann le srianta geografacha, leis an teicneolaíocht, le creidmheas trádála agus leis an nascacht. Féachfaidh siad le laghdú a dhéanamh ar na costais trádála a bhaineann le hallmhairithe, le honnmhairithe, le nósanna imeachta eile idirthurais agus custaim maidir le gluaiseacht earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear uathoibriú nósanna imeachta custaim.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil, chomh maith le bacainní neamhriachtanach neamhtharaife lena gcuirtear srian lena n-onnmhairiú, a chosc, a shainaithint agus a dhíchur. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile go háirithe chun comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta a áirithiú trí thacaíocht iomchuí don fhothú acmhainneachta agus trí shásraí rialaithe cáilíochta feabhsaithe agus saotharlanna deimhniúcháin feabhsaithe.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rialacháin agus cleachtais sláintíochta agus fíteashláintíochta a neartú, lena n-áirítear trí shásraí institiúideacha agus rialála agus trí chórais agus bonneagair leormhaithe faisnéise.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun socruithe riaracháin comhair agus fíorúcháin a chur i ngníomh ina gcaidreamh trádála.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe, agus rannchuidiú na teicneolaíochta digití le héascú trádála á aithint acu, go mbeidh comhar eatarthu i dtreo ardáin dhigiteacha réigiúnacha iomchuí san Aigéan Ciúin don trádáil náisiúnta agus trasteorann.

*Airteagal 21*

**Seirbhísí**

1. Tacóidh na Páirtithe le hearnáil seirbhísí stóinsithe bheoga a fhorbairt, ag admháil dóibh a thábhachtaí atá sí maidir leis an méid a chuireann sí leis an bhfás eacnamaíoch agus le cruthú post, ó thaobh ionchuir a sholáthar sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile agus ó thaobh próisis chlaochlaitheacha táirgthe agus onnmhairithe a éascú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an acmhainneacht soláthair seirbhísí a neartú. Tabharfaidh siad aird ar leith ar sheirbhísí a bhaineann le gluaiseacht daoine nádúrtha chun críoch gnó, chun críoch seirbhísí airgeadais agus seirbhísí gnó eile, chun críocha na turasóireachta, na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach, agus chun críoch seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí gaolmhara innealtóireachta.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go spreagfaidh siad bunú comhaontuithe aitheantais fhrithpháirtigh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear d'fhonn aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla a éascú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar thrádáil seirbhísí, d'fhonn iomaíocht a chothú, fostaíocht a chruthú, fás agus forbairt a spreagadh, agus cáilíocht a n-earnála seirbhísí a fheabhsú.

Caibidil 3

**Príomhearnálacha**

*Airteagal 22*

**Geilleagar gorm**

1. Cuirfidh na Páirtithe geilleagar gorm chun cinn a bheidh dea-bhainistithe inbhuanaithe, agus a mbeidh sé d'aidhm leis fás eacnamaíoch inbhuanaithe a thabhairt chun réitigh le cruthú fostaíochta, le slite beatha feabhsaithe agus cothromas sóisialta, le tairbhí eacnamaíocha cothroma, agus le slándáil neartaithe bia, bunaithe ar chaomhnú na n-éiceachóras mara agus na bithéagsúlachta, agus ar úsáid inbhuanaithe acmhainní.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun dobharshaothrú inbhuanaithe a fhorbairt trí phleanáil spáis éifeachtach, trí chur chuige éiceachórasbhunaithe agus trí chothroim iomaíochta níos fearr d'infheisteoirí, agus é á áirithiú go sásófar leis ábhair imní na bpobal áitiúil.

3. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar fhorbairt iascaigh inbhuanaithe, lena n-áirítear ar leibhéal an iascaigh ar mhionscála, trí shlabhraí breisluacha inbhuanaithe a chur chun cinn trí infheistíocht fheabhsaithe i dtáirgiúlacht agus in acmhainneachtaí próiseála áitiúla, agus inbhuaine na n-acmhainní iascaigh agus slándáil fheabhsaithe bia agus sábháilteacht fheabhsaithe bia á n-áirithiú ag an am céanna.

4. Tapóidh na Páirtithe deiseanna i réimse na biteicneolaíochta mara, ag tacú le taighde agus ag laghdú scrogaill theicniúla chun rochtain d'infheisteoirí a éascú, agus rioscaí don mhuirthimpeallacht á seachaint ag an am céanna.

5. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn an taighde, an nuálaíocht agus comhroinnt an eolais, na gcleachtas is fearr agus na gceachtanna a foghlaimíodh maidir leis an ngeilleagar gorm, lena n-áirítear an phleanáil spáis agus an chinnteoireacht fhónta infheistíochta a neartú.

6. Cuirfidh na Páirtithe fuinneamh inathnuaite mara chun cinn d'fhonn dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan i ngach oileán.

*Airteagal 23*

**Talmhaíocht**

1. Déanfaidh na Páirtithe talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacóidh siad le cleachtais agus gníomhaíochtaí agrai-éiceolaíocha chun talmhaíocht aeráid-díonach a fhorbairt agus chun breisluach agus éagsúlú a áirithiú, d'fhonn slite beatha a fheabhsú, ioncaim a mhéadú agus fostaíocht chuibhiúil a chruthú.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun deiseanna a mhéadú do tháirgeoirí, do phróiseálaithe agus d'onnmhaireoirí, d'fheirmeoirí beaga go háirithe, chun rochtain a fháil ar mhargaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí leathadh feabhsaithe eolais ar an talmhaíocht, trí bhonneagair fheabhsaithe thuaithe agus trí rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais agus caighdeáin a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, agus a gcreataí beartais ábhartha á gcur san áireamh acu.

3. Cuirfidh na Páirtithe slándáil an tsoláthair bia chun cinn trí shlabhraí breisluacha cothú-íogaire atá cuimsitheach bithéagsúil a fhorbairt, lena n-áirítear trí bhreisiú luacha áitiúil agus trí phróiseáil áitiúil agus trí acmhainneachtaí méadaithe na ngníomhairí sa slabhra breisluacha. Rachaidh siad i mbun tásca geografacha a chlárú agus a chosaint i gcás táirgí talmhaíochta agus bia ó réigiún an Aigéin Chiúin agus ón Aontas Eorpach.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun lotnaidí, galair agus speicis ionracha a dhéanann difear dá dtalmhaíocht a chomhrac.

*Airteagal 24*

**Turasóireacht**

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin forbairt chothrom inbhuanaithe na turasóireachta a áirithiú, agus a poitéinseal le haghaidh an fháis eacnamaíoch á uasmhéadú, agus gabhann siad orthu féin poist chuibhiúla a chruthú agus ioncaim mhéadaithe rialtais a chruthú, agus comhtháthú na ngnéithe comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta á áirithiú ag an am céanna.

2. Cuirfidh na Páirtithe le cosaint agus le cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha agus na n-acmhainní nádúrtha, agus neartóidh siad naisc idir an turasóireacht agus earnálacha eacnamaíocha ábhartha eile, go háirithe an earnáil iompair, an earnáil talmhaíochta agus an geilleagar gorm.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cleachtais forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn agus beidh sé mar aidhm acu tairbhí socheacnamaíocha na turasóireachta a bharrfheabhsú, agus talamh, aigéin, daoine agus cultúir á gcosaint, agus sláine agus leasanna na bpobal áitiúil á n-urramú, agus tacaíocht á tabhairt dá rannpháirtíocht sa phróiseas forbartha turasóireachta, go háirithe an turasóireacht agus an éiceathurasóireacht tuaithe agus phobail. Spreagfaidh siad infheistíocht i dteicneolaíocht nua don taighde agus don fhorbairt staidrimh, don athléimneacht aeráide agus don athléimneacht ó thubaistí, don bhithéagsúlacht, don bhainistiú dramhaíola, don fhuinneamh inathnuaite agus don éifeachtúlacht fuinnimh, don tslándáil uisce agus bia, agus do shlite beatha agus rannpháirtíocht an phobail.

4. Déanfaidh na Páirtithe infheistíocht a neartú i gcur chun cinn agus i bhforbairt táirgí agus seirbhísí turasóireachta. Déanfaidh siad forbairt comhpháirtíochtaí nuálacha le haerlínte ábhartha agus le hoibreoirí cúrsála a chur chun cinn agus déanfaidh siad infheistíocht i bhforbairt caipitil dhaonna, in oiliúint agus fothú acmhainneachta turasóireachta, i margaíocht, lena n-áirítear margaíocht dhigiteach, agus spreagfaidh siad teagmhálacha gnó agus malartuithe pearsanra oilte, d'fhonn borradh a chur faoin iomaíochas, caighdeáin seirbhíse a fheabhsú agus an earnáil turasóireachta a fhorbairt a thuilleadh.

*Airteagal 25*

**Fuinneamh inbhuanaithe**

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an earnála fuinnimh don rathúnas eacnamaíoch agus don fhorbairt dhaonna agus shóisialta agus do shlándáil an duine, agus aithníonn siad an gá atá le haistriú rianúil chuig geilleagar ísealcharbóin. Féachfaidh siad leis an tslándáil fuinnimh agus le hathléimneacht na mbonneagar fuinnimh a neartú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht fuinnimh ghlain.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go dtacóidh siad le hathchóirithe fuinnimh i réigiún an Aigéin Chiúin lena gcuidítear le déine carbóin a phróiseas forbartha a laghdú, le héifeachtúlacht soláthair agus ídiú fuinnimh críochúsáide a mhéadú, le hathléimneacht an bhonneagair fuinnimh a fheabhsú agus le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus a gcreataí beartais ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear an Creat Gníomhaíochta um Shlándáil Fuinnimh san Aigéan Ciúin agus FRDP.

3. Éascóidh na Páirtithe margaí fuinnimh atá oscailte, trédhearcach agus a fheidhmíonn, ar margaí iad lena dtiomáintear infheistíocht chuimsitheach inbhuanaithe i nginiúint, tarchur agus dáileadh freagrach, agus in éifeachtúlacht fuinnimh.

4. Déanfaidh na Páirtithe éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a chur chun cinn ag gach céim den slabhra fuinnimh, ó ghiniúint go tomhaltas, agus déanfaidh siad saoráidí táirgthe, giniúna agus dáilte cumhachta a neartú, a fheabhsú agus a chlaochlú, lena n-áirítear trí eangacha dáilte cumhachta uirbeacha agus tuaithe a neartú agus a leathnú.

5. Déanfaidh na Páirtithe aistriú fuinnimh réigiún an Aigéin Chiúin a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, éagsúil, costéifeachtach agus inbhuanaithe, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite agus íseal-astaíochtaí, a fhorbairt agus a ghlacadh.

*Airteagal 26*

**Nascacht**

1. Déanfaidh na Páirtithe, agus aitheantas á thabhairt acu do na srianta geografacha atá ar stáit oileánacha an Aigéin Chiúin, an nascacht a neartú ar fud réigiún an Aigéin Chiúin, á áirithiú go bhfuil sí inbhuanaithe, uileghabhálach, riailbhunaithe, agus go gcothaítear léi infheistíocht agus cothrom iomaíochta do ghnólachtaí. Féachfaidh siad le forbairt a dhéanamh ar naisc iompair atá sábháilte, slán, athléimneach agus inbhuanaithe, san aer, ar tír agus ar muir, agus le forbairt a dhéanamh ar líonraí digiteacha, ó líonraí móibíleacha go líonraí fosaithe, ó chnámh droma an idirlín go dtí an míle deireanach, ó chábla go satailítí. Geallann siad go n-oibreoidh siad i dtreo na nascachta fuinnimh, agus é mar aidhm acu réitigh nua-aimseartha, éifeachtúla agus ghlana a chothú agus teagmhálacha idirphearsanta a chur chun cinn.

2. Gabhann na Páirtithe orthu féin córais iompair agus córais bhonneagair ghaolmhara a athstruchtúrú, a neartú agus a fheabhsú, agus dá réir gluaiseacht paisinéirí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus gluaiseacht earraí, a éascú agus a fheabhsú, agus rochtain atá costéifeachtach, sábháilte, slán agus inbhuanaithe a sholáthar ar sheirbhísí uirbeacha, aeir, muirí, uiscebhealaí intíre, iarnróid agus iompair de bhóthar atá iontaofa éifeachtach. Cuirfidh siad feabhas ar rialachas foriomlán na hearnála iompair, trí rialacháin éifeachtúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun comhchuibhiú a éascú ar fud réigiún an Aigéin Chiúin, chun iomaíocht chóir agus idir-inoibritheacht laistigh de chóracha iompair agus eatarthu a cheadú, agus chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i dtionscadail iompair a ghníomhachtú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cothabháil agus maidir le srianta ar acmhainneacht agus bonneagair 'lúb ar lár' a dhíothú.

3. Admhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá seirbhísí costéifeachtacha éifeachtúla muiriompair mar an phríomhchóir iompair lena n-éascaítear an trádáil. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile san earnáil muiriompair chun iarrachtaí Chomhaltaí OACPS san Aigéan Ciúin a chur chun cinn maidir le calafoirt iomaíocha agus seirbhísí iomaíocha calafoirt a fhorbairt, lena n-áirítear bonneagar loingseoireachta, d'fhonn gluaiseacht earraí agus daoine a fheabhsú.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile san earnáil eitlíochta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar na haerbhealaí agus ar mhinicíocht na n-aersheirbhísí i réigiún an Aigéin Chiúin a mhéadú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus slándáil na heitlíochta agus ar an bhfaireachas aerspáis, lena n-áirítear an cumas freagairt do bhagairtí agus do rioscaí gaolmhara. Comhaontaíonn siad go neartóidh siad agus go bhfeabhsóidh siad saoráidí cabhrach loingseoireachta aerthaistil agus muirthaistil, lena n-áirítear rialú aerthráchta agus cartagrafaíocht.

5. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe borradh a chur faoin rochtain ar nascacht leathanbhanda agus ar bhonneagair dhigiteacha atá oscailte, inacmhainne agus slán, lena n-áirítear trí chábláí feabhsaithe faoin bhfarraige. Cuirfidh siad bearta i gcrích chun rochtain éasca ar TFC a éascú agus tacóidh siad le húsáid iomchuí na hintleachta saorga agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus le líonraí forleathana gan sreang ar chostas íseal a imscaradh, agus iad oiriúnaithe do dhálaí áitiúla. Féachfaidh siad leis na hinstitiúidí rialála is gá a bhunú chun soláthraithe seirbhíse a cheadúnú, chun iompraíocht iomaíoch a chur chun cinn agus chun leas agus cosaint tomhaltóirí a áirithiú, agus dá réir sin an comhar réigiúnach a neartú, agus creataí beartais ábhartha na bPáirtithe, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Straitéiseach TFC Réigiún an Aigéin Ciúin, á gcur san áireamh.

*Airteagal 27*

**Tionscail eastóscacha**

1. Déanfaidh na Páirtithe, agus rannchuidiú na dtionscal eastóscach le forbairt eacnamaíoch á admháil acu, infheistíocht inbhuanaithe fhreagrach a éascú trí reachtaíocht, beartais agus creataí rialála iomchuí a bheidh i gcomhréir leis na dea-chleachtais idirnáisiúnta. Beidh sé mar aidhm acu a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom neamhshaofa ann ar acmhainní eastóscacha, agus dlíthe náisiúnta agus ceannasacht na dtíortha ar a n-acmhainní nádúrtha á n-urramú go hiomlán san ma céanna, agus cearta na bpobal áitiúil a ndéantar difear dóibh á mbuanú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad bainistiú freagrach acmhainní eastóscacha a chur chun cinn, lena n-áirítear forbairt creataí reachtacha, agus na tionchair ar an gcomhshaol á chur san áireamh. Cuirfidh siad an trédhearcacht agus an chuntasacht chun cinn, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach.

3. Déanfaidh na Páirtithe úsáid teicneolaíochtaí ábhartha a chur chun cinn chun taiscéaladh agus saothrú inbhuanaithe freagrach acmhainní eastóscacha a éascú.

*Airteagal 28*

**Foraoiseacht**

1. Déanfaidh na Páirtithe bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus úsáid inbhuanaithe acmhainní foraoise a chur chun cinn, dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a laghdú agus a stopadh, an bhithéagsúlacht foraoise agus éiceachórais foraoise a chaomhnú, an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil a bhaineann léi a chomhrac, agus táirgí atá tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe slabhraí breisluacha inbhuanaithe tráchtearraí agus earraí tionscal talmhaíochta agus foraoise a chur chun cinn, agus tosaíocht á tabhairt do chruthú post agus do dheiseanna eacnamaíocha eile i dtaca le caomhnú éiceachóras. Beidh comhar eatarthu chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar fhoraoisí, lena n-áirítear soláthar dlíthiúil inbhuanaithe táirgí le haghaidh gnóthachan tráchtála agus tráchtálú inbhuanaithe flóra agus fána foraoise, agus lánurraim á tabhairt do dhea-chleachtais agus caighdeáin idirnáisiúnta agus do chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. Beidh comhar eatarthu agus cuirfidh siad chun cinn úsáid teicneolaíochta agus modhanna iomchuí maidir le sainaithint agus forbairt luibheanna agus ábhar foraoisbhunaithe eile lena gcuirfí le táirgí íocshláinte, agus é á áirithiú ag an am céanna nach mbeidh aon chailliúint bithéagsúlachta ann, nach gcruthófar éagothroime éiceachórais, agus nach gcuirfear bac ar rochtain ar tháirgí íocshláinte.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rialachas agus inbhuaine foraoisí a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an bPlean Gníomhaíochta AE um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) a chur san áireamh agus trí fhorbairt comhaontuithe comhpháirtíochta deonacha a spreagadh. Féachfaidh siad le comhleanúnachas agus idirghníomhaíochtaí dearfacha a neartú ar leibhéal na tíre idir Plean Gníomhaíochta FLEGT agus an gníomhú ar son na haeráide sna hearnálacha foraoiseachta agus talamhúsáide, lena n-áirítear i gcomhthéacs tionscnaimh idirnáisiúnta eile, go háirithe Creat Vársá maidir le hAstaíochtaí a Laghdú a Leanann Dífhoraoisiú agus Díghrádú Foraoise (REDD+). Glacfaidh siad páirt i bhforbairt agus athbhreithniú beartas, reachtaíochta, rialachán, straitéisí agus pleananna maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide sna earnálacha foraoiseachta agus talamhúsáide, i gcomhréir le NDCanna na dtíortha sin. Déanfaidh siad bearta chun feabhas a chur ar cháilíocht na bhfardal le haghaidh astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil foraoiseachta.

4. Tacóidh na Páirtithe le forbairt straitéisí oiriúnaithe agus caomhnúcháin foraoise, agus le tionscnaimh chun sláinte foraoise a fheabhsú, chun dífhoraoisiú a aisiompú, chun tírdhreacha díghrádaithe foraoise a athneartú, chun athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fheabhsú agus chun cumhdach foraoise a athbhunú. Agus aitheantas á thabhairt acu don tábhacht a bhaineann le foraoisí nádúrtha agus íona ó thaobh éiceachórais, seirbhísí aeráide agus cultúrtha a sholáthar ar foraoisí iad a bhfuil ár sochaithe ag brath orthu, oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cineálacha cur chuige oiriúnacha agus dreasachtaí dearfacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun iad a oiriúnú agus a chaomhnú.

5. Tacóidh na Páirtithe le neartú agus le fothú acmhainneachta na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí réigiúnacha, foréigiúnacha agus náisiúnta atá freagrach as bainistiú inbhuanaithe foraoisí. Cuirfidh siad le feasacht an phobail maidir le dífhoraoisiú ar gach leibhéal agus spreagfaidh siad tomhaltas táirgí atá tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe. Déanfaidh siad úsáid breosla cócaireachta mhalartaigh, inbhuanaithe agus ghlain ag pobail áitiúla a chur chun cinn agus tacóidh siad leis an úsáid sin. Neartóidh na Páirtithe rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus na bpobal áitiúil i gcosaint na bhforaoisí.

*TEIDEAL III*

## *Aigéin, farraigí agus iascach*

*Airteagal 29*

Admhaíonn na Páirtithe an ról físor-riachtanach atá ag na haigéin don bheatha ar domhan, don fhorbairt inbhuanaithe agus do shlite beatha na ndaoine. Comhaontaíonn siad go gcuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí na haigéin agus na farraigí a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha agus ar thionchar brúnna éagsúla amhail an t-athrú aeráide, aigéadú na n-aigéan agus tuaradh na gcoiréal, róshaothrú, iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus gníomhaíochtaí millteacha agus neamh-inbhuanaithe eile. Déanfaidh siad forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm a chur chun cinn, éiceachórais mhara agus an bhithéagsúlacht a chosaint, truailliú de gach cineál a laghdú agus beartais mhaolúcháin agus oiriúnúcháin maidir leis an athrú aeráide a imscaradh.

Caibidil 1

## Rialachas na nAigéan

*Airteagal 30*

### Aigéin inbhuanaithe

1. Admhaíonn na Páirtithe iarrachtaí a chéile rialachas feabhsaithe comhtháite na n-aigéan a áirithiú, bearta neartaithe um chaomhnú agus bainistiú réigiúnach agus foréigiúnacha iascaigh, faireachán, rialú agus faireachas iascaigh, straitéisí réigiúnsonracha eile, agus ionstraimí eile chun na haigéin a bhainistiú go héifeachtach.

2. Déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun conarthaí, coinbhinsiúin agus comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha, ar páirtithe iontu iad, a chur chun feidhme agus na hacmhainní dá bhforáiltear iontu a chaomhnú agus a bhainistiú.

3. Déanfaidh na Páirtithe rialachas na n-aigéan a neartú chun iad a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus chun iad a chaomhnú, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus creataí réigiúnacha ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear trí chur chuige bainistíochta comhtháite a chur chun cinn, agus gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe á gcur san áireamh.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an brú ar na haigéin agus ar a n-acmhainní a mhaolú agus a laghdú, ar mhaithe le haigéin a bheidh sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu, agus chun an t-eolas ar na haigéin a neartú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir le héiceachórais chósta agus mhara a chosaint, a chaomhnú agus a athneartú.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun muirthruailliú a chosc agus a laghdú agus chun truailliú torainn agus bruscar mara, lena n-áirítear plaistigh agus micreaphlaistigh, doirtí ola agus éilleáin núicléacha, a chomhrac. Tacóidh siad le rialáil ar laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa agus beidh an rialáil sin ina sprioc acu, agus tacóidh siad go gníomhach le cur chun feidhme práinneach straitéis tosaigh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú. Achtóidh siad reachtaíocht agus rialacháin lena rialaítear sceitheadh dramhaíola díobhálaí agus bruscair dhíobhálaigh, lena n-áirítear pionóis a fhorchur i leith sárú.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbunóidh siad a gcinntí ar an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an chur chuige éiceachórasbhunaithe, ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar thábhacht an eolais thraidisiúnta agus dhúchasaigh.

7. Neartóidh na Páirtithe an comhar maidir le taighde, dearadh agus cur chun feidhme beart caomhnúcháin agus bainistithe, maidir le pleanáil spáis mhara agus maidir le bunú limistéar mara faoi chosaint agus tearmann mara, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, bunaithe ar an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil, agus aird á tabhairt ar eolas na bpobal dúchasach agus áitiúil.

8. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun acmhainneacht agus saineolas a fhorbairt i dtaca le rialachas na n-aigéan, lena n-áirítear trí thaighde eolaíochta mara agus trí theicneolaíocht mhara a aistriú, i gcomhréir le UNCLOS.

9. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le gach gné de rialachas na n-aigéan a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an ardú ar leibhéal na mara agus na hiarmhairtí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige, le mianadóireacht ar ghrinneall na farraige, le hiascach, le truailliú mara, agus le taighde agus forbairt.

10. Aithníonn na Páirtithe na hábhair imní ghinearálta a cuireadh in iúl maidir leis an tionchar atá ag mianadóireacht ar ghrinneall na farraige ar an muirthimpeallacht agus ar a bithéagsúlacht. Bainfidh siad úsáid as an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil, cuirfidh siad prionsabal an réamhchúraim agus cur chuige na n-éiceachóras i bhfeidhm, cuirfidh siad taighde chun cinn agus comhroinnfidh siad dea-chleachtais i réimsí leasa choitinn a bhaineann le hacmhainní mianraí ar ghrinneall na farraige, chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú fónta comhshaoil ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta agus a bithéagsúlachta.

*Airteagal 31*

**Bithéagsúlacht limistéar atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí eagraíochtaí agus socruithe inniúla idirnáisiúnta agus réigiúnacha, maidir leis an mbithéagsúlacht mhara a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i limistéir atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta, bunaithe ar an eolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil.

2. Déanfaidh na Páirtithe fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta mara a chur chun cinn chun an bhithéagsúlacht mhara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe i limistéir atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta, lena n-áirítear tríd an gcomhar idirnáisiúnta.

Caibidil 2

**Iascach**

*Airteagal 32*

**Caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun caomhnú agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní iascaigh a áirithiú ar an leibhéal déthaobhach, ar an leibhéal foréigiúnach, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltaobhach, de réir mar is iomchuí.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go gcaomhnófar agus go mbainisteofar acmhainní iascaigh go héifeachtach agus go saothrófar go hinbhuanaithe iad, agus go ndéanfar na torthaí sóisialta agus eacnamaíocha a bharrfheabhsú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad bearta trédhearcacha caomhnúcháin agus bainistithe eolaíochtbhunaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe na rialacha agus na prionsabail atá leagtha amach in UNCLOS, agus na bearta caomhnúcháin agus bainistithe arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh á n-urramú, i gcás inarb infheidhme.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe an iascaigh cósta a áirithiú trí bheartais, dlíthe agus rialacháin éifeachtacha. Déanfaidh siad rochtain ag pobail áitiúla agus ag iascairí ar mhionscála agus ag ceardiascairí ar acmhainní iascaigh a chur chun cinn agus déanfaidh siad slándáil an tsoláthair bia agus cothromas idir na glúnta agus cothromas laistigh de na glúnta a chur chun cinn.

*Airteagal 33*

**Iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte**

1. Déanfaidh na Páirtithe, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, tionscnaimh a chothabháil nó a ghlacadh chun iascaireacht NNN ina ndlínsí faoi seach, i ndlínsí eile agus ar an mórmhuir a chomhrac, ag aithint dóibh gur bagairt thromchúiseach iad na gníomhaíochtaí sin ar chaomhnú éifeachtach, bainistiú éifeachtach agus saothrú inbhuanaithe an iascaigh.

2. Déanfaidh na Páirtithe beartais agus bearta a chur chun feidhme chun táirgí iascaireachta NNN a eisiamh ó shreabha trádála. Déanfaidh siad bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, amhail scéimeanna breathnóirí, córais um fhaireachán soithí, ceadúnais agus údaruithe iascaireachta, taifeadadh agus tuairisciú gabhálacha, rialú trasloingsithe, cigireachtaí agus rialú stáit ar chalafoirt agus bearta gaolmhara, chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear gníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus smachtbhannaí i gcomhréir le rialacháin intíre, d'fhonn stoic éisc a chaomhnú, an ró-iascaireacht a chosc agus iascach inbhuanaithe a chur chun cinn.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi dhlíthe náisiúnta atá ann cheana agus faoi ionstraimí fo-réigiúnacha, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, nach ndeonóidh siad cead isteach do shoithí Páirtithe ar cinneadh go raibh siad i mbun iascaireacht NNN i ndlínsí eile agus ar an mórmhuir, nó a bhfuil taifead stairiúil ar iad a bheith i mbun iascaireacht NNN, agus comhaontaíonn siad go ndiúltóidh siad seirbhís do na soithí sin nó go ndíbreoidh siad as a gcalafoirt iad.

4. Féachfaidh na Páirtithe le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta a dhaingniú i ndáil le hiascaireacht NNN, go háirithe an Comhaontú maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, arna dhéanamh sa Róimh, 22 Samhain 2009, agus cuirfidh siad comhlántacht agus comhsheasmhacht chun cinn idir bearta agus straitéisí idirnáisiúnta agus réigiúnacha chun iascaireacht NNN a chomhrac.

*Airteagal 34*

**Fóirdheontais dhíobhálacha iascaigh**

Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh lena gcuirtear leis an róthoilleadh agus leis an ró-iascaireacht, agus go gcuirfidh siad deireadh le fóirdheontais lena gcuirtear le hiascaireacht NNN agus go staonfaidh siad ó fhóirdheontais nua den sórt sin a thabhairt isteach, á aithint dóibh gur cheart cóir speisialta agus dhifreálach iomchuí agus éifeachtach i ndáil leis na Stáit i mbéal forbartha agus is lú forbairt san Aigéan Ciúin a bheith ina cuid dhílis de chaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh.

*TEIDEAL IV*

***Slándáil, cearta an duine, daonlathas agus rialachas***

*Airteagal 35*

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i dtreo sochaithe síochánta athléimneacha a bhaint amach, déanfaidh siad cearta an duine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, agus neartóidh siad prionsabail dhaonlathacha agus an dea-rialachas. Tacóidh siad le hinstitiúidí cuntasacha trédhearcacha ar gach leibhéal agus déanfaidh siad bearta nithiúla maidir le dea-rialachas i réimse an chánachais agus maidir le comhrac an éillithe, na calaoise agus an sciúrtha airgid. Tabharfaidh siad aghaidh ar bhagairtí nua nó ar bhagairtí atá ag méadú ar an tslándáil, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, bagairtí ar an gcibearshlándáil agus gach cineál coireachta eagraithe trasnáisiúnta, go háirithe maidir leis an tslándáil mhuirí, maidir leis an gcibearchoireacht, maidir le slándáil an duine agus maidir le slándáil an chomhshaoil, agus cearta an duine á gcosaint, lena n-áirítear tríd an gcomhar réigiúnach, agus a gcreataí ábhartha beartais á gcur san áireamh, lena n-áirítear na prionsabail a leagtar amach i nDearbhú Boe maidir leis an tSlándáil Réigiúnach agus i straitéisí ábhartha de chuid Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh. Féachfaidh siad le hobair na sásraí um chearta an duine, lena n-áirítear obair oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, ar nithe ábhartha, a éascú, nuair is iomchuí sin i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ann cheana.

Caibidil 1

**Slándáil**

*Airteagal 36*

**Síocháin agus slándáil**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an tsíocháin, an tslándáil agus an ceartas a áirithiú, trí chearta an duine, an dea-rialachas, slándáil neartaithe an duine, an tslándáil chomhshaoil agus cosc coinbhleachtaí agus comhdhlúthú na síochána a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh.

2. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar gach cineál foréigin fhéiniúlachtbhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach, foréigean inscnebhunaithe, foréigean idirphobail, foréigean eitneach agus foréigean reiligiúnach. Tacóidh siad le próisis athmhuintearais trí shásraí ceartais idirthréimhsigh, lena n-áirítear cleachtais thraidisiúnta nó gnásanna, i gcás nach bhfuil siad ar neamhréir le cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta. Soláthróidh siad tacaíocht d'íospartaigh uile an fhoréigin.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an tslándáil mhuirí a láidriú, i gcomhréir le UNCLOS agus creataí réigiúnacha ábhartha á gcur san áireamh, trí fhaisnéis a chomhroinnt, trí fhreagairt do bhagairtí ar longa agus ar shuiteálacha agus sócmhainní muirí, agus trí dhlíthe agus rialacháin ábhartha a fhorfheidhmiú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí spáis, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála a eascraíonn as an gcoireacht thrasnáisiúnta amhail gáinneáil ar dhrugaí, píoráideacht agus robáil armtha ar muir, saothar éigeantais, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach.

4. Féachfaidh na Páirtithe le tionscnaimh nua a fhorbairt chun gach cineál sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus lánurraim á tabhairt don smacht reachta agus don dlí idirnáisiúnta, agus aghaidh á tabhairt acu ar thosca lena bhféadfaí timpeallacht a chruthú a bheadh fabhrach don antoisceachas foréigneach agus don radacú. Forbróidh siad reachtaíocht agus straitéisí nua nó neartóidh siad reachtaíocht agus straitéisí atá ann cheana, agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an sceimhlitheoireacht, maoiniú na sceimhlitheoireachta agus bagairtí gaolmhara a chomhrac de réir mar is iomchuí, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, i gcás inarb infheidhme. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile i dtreo chur chun feidhme rúin ábhartha uile Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCRanna), lena n-áirítear UNSCR 2396 (2017) agus UNSCR 2462 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ón gComhthionól Ginearálta. Staonfaidh siad ó aon chineál tacaíochta a sholáthar do ghníomhaithe stáit nó neamh-stáit a dhéanann iarracht airm núicléacha, airm cheimiceacha, airm bhitheolaíocha nó aon airm eile agus a modhanna seachadta chun críoch sceimhlitheoireachta a fhorbairt, a fháil, a mhonarú, a shealbhú, a iompar, a aistriú nó a úsáid. Cuirfidh siad feabhas ar an gcomhar chun daoine aonair agus pobail a chumasú chun gníomhartha sceimhlitheoireachta, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú a chosc agus chun a n-athléimneacht ina leith sin a láidriú.

5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur bagairt eiseach é an t-athrú aeráide ar shlite beatha, ar shlándáil agus ar dhea-bhail na ndaoine agus na bpobal, agus geallann siad go ndéanfaidh siad dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras. Déanfaidh siad aitheantas domhanda don athrú aeráide mar riosca slándála a chur chun cinn agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun nach leanfaidh tionchair an athraithe aeráide de bheith ina n-iolraitheoir bagartha, amhail bagairtí ó ardú ar leibhéil farraige agus ó theagmhais adhaimsire, lena ngabhann impleachtaí tromchúiseacha don tsíocháin agus don tslándáil. Aithneoidh siad an bhagairt ón athrú aeráide ar an tsíocháin agus ar an tslándáil agus gníomhóidh siad ina leith trí bhearta oiriúnaithe agus athléimneachta a neartú agus trí chórais luathrabhaidh a neartú.

6. Neartóidh na Páirtithe an comhar chun an chibearshlándáil a chur chun cinn agus chun an chibearchoireacht agus an choireacht chibearchumasaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear goid chibearchumasaithe maoine intleachtúla. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun dea-chleachtais a chomhroinnt chun bonneagair chriticiúla náisiúnta agus réigiúnacha a chosaint ar bhonn níos éifeachtaí ar chibearionsaithe. Déanfaidh siad rialachas idirlín il-gheallsealbhóra a chur chun cinn agus tabharfaidh siad aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le dáileadh ábhar aindleathach nó díobhálach ar líne. Malartóidh siad faisnéis i dtaobh oideachas agus oiliúint saineolaithe teicniúla cibearshlándála agus imscrúdaitheoirí cibearchoireachta, i dtaobh imscrúdú ar chibearchoireacht agus i dtaobh eolaíocht fhóiréinseach dhigiteach. Neartóidh siad an comhar idirnáisiúnta chun an tslándáil agus an chobhsaíocht a chur chun cinn sa chibearspás. Aithneoidh siad gur fadhb dhomhanda í an chibearchoireacht agus admhóidh siad gur gá tógáil ar na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana, lena n-áirítear na noirm agus na caighdeáin i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht.

*Airteagal 37*

**Coireacht eagraithe**

1. Déanfaidh na Páirtithe reachtaíocht agus straitéisí a neartú agus a chur chun feidhme chun an choireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, drugaí aindleathacha, mionairm agus armáin éadroma, lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil a bhaineann léi, trádáil neamhdhleathach speiceas atá i mbaol lena n-áirítear speicis mhara, ainmhithe fiáine agus plandaí atá i mbaol, chomh maith le táirgí díorthaithe, agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile eacnamaíocha agus airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn iarrachtaí comhordaithe a choinneáil ar bun chun úsáid a gcóras airgeadais le haghaidh maoiniú gníomhaíochtaí coiriúla a chosc agus a chomhrac. Malartóidh siad faisnéis agus forfheidhmeoidh siad bearta iomchuí chun sciúradh airgid, maoiniú na sceimhlitheoireachta agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac, i gcomhréir le caighdeáin agus creataí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

3. Déanfaidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar a neartú i réimse fhorfheidhmiú an dlí, d'fhonn gníomhaíochtaí líonraí eagraithe trasnáisiúnta coiriúla agus sceimhlitheoireachta a chomhrac. Cuirfidh siad feabhas ar an gcomhordú idir sásraí slándála náisiúnta agus réigiúnacha trí idirphlé oscailte agus trí mhalartú faisnéise straitéisí chun tacú le luathrabhadh agus comhar le heagraíochtaí, comhpháirtithe agus geallsealbhóirí idirnáisiúnta ábhartha.

## Caibidil 2

## **Cearta an duine, daonlathas agus rialachas**

*Airteagal 38*

### **Cearta an duine**

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil cearta an duine uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar agus aontaíonn siad go ndéanfaidh siad cearta uile an duine a urramú, a chosaint, a chomhlíonadh agus a chur chun cinn, bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha. Déanfaidh siad na bearta is gá i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta ábhartha chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom, lena n-áirítear saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil agus comhlachais, saoirse smaointeoireachta, reiligiúin agus creidimh. Déileálfaidh siad agus rachaidh siad i ngleic le gach cineál ciníochais, idirdhealaithe, idirdhealaithe ar bhonn inscne, lena n-áirítear an dóigh a léirítear iad trí fhoréigean inscnebhunaithe, trí gháinneáil ar dhaoine, agus an chaoi a ndírítear ar mhná agus ar chailíní go háirithe le haghaidh teacht i dtír gnéasach, trí fhuathchaint agus fuathchoireanna, trí sheineafóibe agus trí éadulaingt ghaolmhar.

2. Géaróidh na Páirtithe ar na hiarrachtaí an comhionannas inscne a ghnóthú agus ar na hiarrachtaí go mbeidh mná agus ag cailíní in ann cearta uile an duine a theachtadh go hiomlán agus go mbeidh siad cumhachtaithe. Déanfaidh siad cearta an linbh a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

3. Déanfaidh na Páirtithe cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a chur chun cinn agus déanfaidh siad cearta na bpobal dúchasach a chur ar aghaidh, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.

4. Tacóidh na Páirtithe le bearta chun feabhas a chur ar chur chuige ceartabhunaithe maidir le comhar um fhorbairt, lena gcuimseofar cearta uile an duine, agus déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh comhionannas agus neamh-idirdhealú ann do chách ó thaobh cearta an duine a theachtadh, lena n-áirítear rochtain ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí atá riachtanach don cheart chun caighdeáin leormhaith maireachtála agus rialú na n-acmhainní agus na seirbhísí sin. Áirítear orthu sin na cearta chun oideachais, sláinte, lena n-áirítear sláinte gnéis agus atáirgthe, bia, uisce óil agus sláintíochta, tithíochta leormhaithe, oibre agus ceartais, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Áireofar ar na bearta a bheidh le déanamh chun na cearta sin a chur i gcrích seirbhísí inrochtana lena dtabharfar aghaidh ar chúiseanna agus ar thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide agus ar leithdháileadh cóir cothromasach acmhainní a chur chun cinn.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cearta an duine a thabhairt i gcrích i réigiún an Aigéin Chiúin, lena n-áirítear trí shásraí agus institiúidí neamhspleácha náisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine a bhunú agus a neartú, agus trí thimpeallacht chumasúcháin shábháilte a neartú ar mhaithe le rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta, chosantóirí chearta an duine, agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear trí fhothú a n-acmhainneachta agus trí rochtain a bheith acu ar shásraí réigiúnacha agus idirnáisiúnta um chearta an duine.

*Airteagal 39*

### **Daonlathas agus rialachas**

1. Seasfaidh na Páirtithe le próisis dhaonlathacha agus institiúidí daonlathacha i gcomhréir le prionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta agus le creataí dlíthiúla náisiúnta, lena n-áirítear rialtais chuntasacha a thoghtar trí thoghcháin shíochánta, chuimsitheacha, thrédhearcacha agus inchreidte, go nglactar le torthaí toghcháin agus leis an aistriú rialtais ina dhiaidh sin agus ceart daoine aonair páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí na sochaí ina bhfuil cónaí orthu.

2. Cuirfidh na Páirtithe le ról na bparlaimintí, cuirfidh siad neamhspleáchas agus iolrachas na meán cumarsáide chun cinn, agus caomhnóidh siad agus leathnóidh siad spás cumasúcháin don tsochaí shibhialta, d’fhonn an chuntasacht dhaonlathach a fheabhsú. Neartóidh siad acmhainneachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus díláraithe chun urramú na bprionsabal agus na gcleachtas daonlathach a áirithiú.

3. Déanfaidh na Páirtithe prionsabail an dea-rialachais a chur chun cinn. Déanfaidh siad bearta nithiúla chun institiúidí poiblí cuimsitheacha, cuntasacha agus trédhearcacha a fhorbairt. Tacóidh siad le hacmhainneachtaí chun beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme, déanfaidh siad seirbhís shibhialta atá cuntasach, éifeachtúil, trédhearcach agus gairmiúil a fhorbairt, agus neartóidh siad seachadadh seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán.

4. Cuirfidh na Páirtithe dlús le himscaradh seirbhísí r-rialachais agus bonneagair seirbhísí digiteacha mar mhodh chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus infhaighteacht seirbhísí poiblí a fheabhsú, chun cleachtais dhaonlathacha agus rialachas daonlathas a fheabhsú, agus chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

5. Déanfaidh na Páirtithe sásraí agus institiúidí a bhunú nó a neartú chun éilliú, breabaireacht, calaois agus coireanna airgeadais corparáideacha a chomhrac, lena n-áirítear trí chaighdeáin agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, arna dhéanamh i Nua Eabharc an 31 Deireadh Fómhair 2003. Déanfaidh siad bainistiú trédhearcach acmhainní poiblí agus an chuntasacht a chur chun cinn, spreagfaidh siad gníomhaíochtaí lena dtacaítear le luachanna cultúir trédhearcachta, dlíthiúlachta agus athraithe iompraíochta chun a áirithiú go ndíothófar an t-éilliú, agus déanfaidh siad tuilleadh forbartha ar reachtaíocht chun aisghabháil agus tabhairt ar ais sócmhainní a éascú.

6. Neartóidh na Páirtithe na córais rialachais chun srian a chur leis an imirce neamhrialta agus chun smuigleáil imirceach agus líonraí coiriúla gaolmhara a chomhrac, chomh maith leis an ngáinneáil ar dhaoine, agus béim ar leith á leagan ar chosaint íospartach.

*Airteagal 40*

**Smacht reachta agus ceartas**

1. Cuirfidh na Páirtithe urraim don dlí chun cinn agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an smacht reachta a chomhdhlúthú. Beidh sé d’aidhm acu breithiúnacht neamhspleách, neamhchlaonta agus éifeachtach a áirithiú agus institiúidí atá i mbun riaradh an cheartais a neartú. Déanfaidh siad na bearta is gá chun rochtain ar an gceartas a sholáthar do chách faoi phróis chuí.

2. Cuirfidh na Páirtithe i gcoinne agus cáinfidh siad gach cineál céasta agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach ag gníomhaithe stáit agus ag gníomhaithe neamhstáit i ngach comhthéacs, lena n-áirítear trí thacú le daingniú agus le cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, arna dhéanamh i Nua Eabhrac an 10 Nollaig 1984, agus an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann leis.

3. Déanfaidh na Páirtithe athchóirithe ceartais a chur chun cinn chun córais agus nósanna imeachta éifeachtúla cúirte, agus córais pheannaideacha nua-aimseartha, a áirithiú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí na bpríomhghníomhaithe i measc na mbreithiúna agus sna comhlachtaí reachtacha.

*Airteagal 41*

**Rialachas airgeadais**

1. Cuirfidh na Páirtithe bainistiú fónta airgeadais poiblí chun cinn, lena n-áirítear slogadh agus úsáid an ioncaim phoiblí, bainistiú inbhuanaithe an fhiachais phoiblí, córais inbhuanaithe, thrédhearcacha agus iomaíocha soláthair phoiblí, agus tacaíocht do chomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta.

2. Déanfaidh na Páirtithe reachtaíocht a achtú, bearta nithiúla a dhéanamh agus institiúidí agus sásraí ábhartha a neartú chun prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais a chur chun feidhme.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun imghabháil cánach, seachaint cánach agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac, agus chun éifeachtúlacht, éifeachtacht, trédhearcacht agus cothroime na gcáinchóras a áirithiú.

*TEIDEAL V*

## ***Forbairt dhaonna agus shóisialta***

*Airteagal 42*

Tá rún daingean ag na Páirtithe gach cineál bochtaineachta a dhíothú faoi 2030, forbairt dhaonna agus shóisialta a chothú trí rochtain chuimsitheach chothromasach ar sheirbhísí sóisialta agus trí shlándáil fheabhsaithe bia, dul i ngleic go héifeachtach leis an neamhionannas, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na hóige a chur chun cinn, a áirithiú go mbeidh an acmhainn riachtanach ag gach duine chun saol faoi dhínit a chaitheamh, agus na dálaí a chruthú ionas go mbeidh daoine in ann a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa saol daonlathach agus a gcion féin a dhéanamh go gníomhach ar son fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Déanfaidh na Páirtithe bearta nithiúla chun comhtháthú sóisialta agus cosaint shóisialta a chur chun cinn mar infheistíocht bhunúsach chun an bhochtaineacht a dhíothú agus chun an neamhionannas a chomhrac, agus mar mhodh tábhachtach chun gnóthachain eacnamaíocha a athinfheistiú ar bhonn níos leithne sa tsochaí agus i ndaoine. Cuirfidh siad an cultúr agus an spórt chun cinn mar thiomántóirí don fhorbairt inbhuanaithe dhaonna agus shóisialta agus don fhás cuimsitheach eacnamaíoch, agus don chuimsiú sóisialta agus do shochaithe síochánta.

Caibidil 1

## **Seirbhísí sóisialta**

*Airteagal 43*

### **Oideachas**

1. Tacóidh na Páirtithe le rochtain chuimsitheach chothromasach ar oideachas ar ardchaighdeán ar an leibhéal bunscoile, ar an leibhéal meánscoile agus ar an leibhéal treasach, ar chúram luathóige agus ar oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme, agus a gcreataí ábhartha beartais á gcur san áireamh acu, lena n-áirítear Creat Réigiúnach Oideachais an Aigéin Chiúin. Déanfaidh siad forbairt na litearthachta digití agus scileanna digiteacha a chur chun cinn. Tabharfaidh siad aird ar leith ar mhná agus ar chailíní, agus ar ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

2. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun cáilíocht na foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a fheabhsú agus chun tacú le forbairt scileanna tríd an oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme, d'fhonn líon na n-oibrithe a bhfuil an-oideachas orthu agus líon na n-oibrithe oilte a mhéadú ionas go meaitseáiltear riachtanais agus deiseanna an mhargaidh saothair.

3. Cuirfidh na Páirtithe tionscnaimh chun cinn lena spreagfar agus lena gcumasófar forbairt agus úsáid níos leithne na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice.

4. Féachfaidh na Páirtithe le bonneagar agus trealamh na lárionad oideachais a fheabhsú. Feabhsóidh siad cáilíocht an oideachais trí bheartais fhianaisebhunaithe, trí fhorbairt curaclaim agus trí cháilíocht fheabhsaithe oiliúna múinteoirí agus forbartha gairmiúla múinteoirí.

*Airteagal 44*

### **Sláinte**

1. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe clúdach sláinte uilíoch agus rochtain chothromasach ar sheirbhísí cúraim sláinte a bhaint amach, lena n-áirítear trí chórais sláinte náisiúnta neartaithe, trí shaoráidí agus trealamh nuachóirithe, agus trí chógais agus vacsaíní riachtanacha inacmhainne atá ar ardchaighdeán.

2. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun cosc agus rialú galar neamhtheagmhálach a neartú, d'fhonn a ráta tarlaithe a laghdú, lena n-áirítear tríd an infheistíocht i gcur chun cinn na sláinte a mhéadú, agus trí straitéisí príomhúla agus tánaisteacha coisc. Cuirfidh siad san áireamh a gcreataí beartais ábhartha lena gcuirtear cosc agus rialú galar neamhtheagmhálach chun cinn. Tabharfaidh siad aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an meabhairshláinte trí fhorbairt a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar sheirbhísí pobalbhunaithe, lena n-áirítear iad siúd lena dtugtar aghaidh ar neamhoird shíceasóisialta.

3. Neartóidh na Páirtithe córais náisiúnta agus réigiúnacha faireachais agus faireacháin chun galair theagmhálacha agus éigeandálaí sláinte eile ar díol imní náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta iad, lena n-áirítear ionfhabhtuithe a bhféadfadh paindéim teacht astu amhail an fliú, a bhrath agus chun freagairt thapa éifeachtach a thabhairt ina leith. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun cur chuige ‘aon sláinte amháin’ a chur chun feidhme chun dul i ngleic le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus leis na hiarmhairtí a ghabhann léi ó thaobh shláinte an duine agus sláinte ainmhithe araon.

*Airteagal 45*

**Uisce agus sláintíocht**

1. Neartóidh na Páirtithe na hiarrachtaí rochtain ar uisce leordhóthanach, sábháilte agus inacmhainne lena úsáid ar bhonn pearsanta agus tís a chothú, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine ar leochaileach a gcás. Cuirfidh siad gníomhaíocht chun cinn chun an tslándáil uisce a neartú i gcoinne thionchair fhás an daonra, na hinathraitheachta haeráide agus an athraithe aeráide, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht fheabhsaithe uisce-úsáide, trí shábháilteacht uisce óil, trí úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce, agus trí chórais náisiúnta bhailithe agus stórála uisce a fhorbairt.

2. Cuirfidh na Páirtithe dlús le rochtain fhisiciúil inacmhainne ar shláintíocht do chách, i ngach réimse den saol, ar sláintíocht í atá sábháilte, sláinteach, slán, inghlactha go sóisialta agus go cultúrtha, agus lena ndéantar príobháideacht a sholáthar agus dínit a áirithiú. Tacóidh siad le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus neartóidh siad an rannpháirtíocht sin i saoráidí agus cleachtais sláinteachais a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil i dteaghlaigh, i scoileanna agus i saoráidí cúraim sláinte, go háirithe i limistéir a bhfuil dúshláin dheacra rompu, amhail ceantair thuaithe agus iargúlta, oileáin bheaga agus lonnaíochtaí uirbeacha neamhfhoirmiúla.

3. Admhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá eolas agus teicneolaíocht chomhroinnte, lena n-áirítear an fothú acmhainneachta is gá chun córais agus bonneagar uisce agus sláintíochta ar ardchaighdeán a phleanáil, a sheachadadh agus a chothabháil.

*Airteagal 46*

**Tithíocht**

1. Neartóidh na Páirtithe na hiarrachtaí rochtain chothromasach ar thithíocht leormhaith, shábháilte agus inacmhainne a áirithiú do chách, lena n-áirítear dóibh siúd ar leochaileach a gcás. Tabharfaidh siad aghaidh ar cheist na n-éagothromaíochtaí idir teaghlaigh uirbeacha agus limistéir thuaithe, agus idir oileáin iargúlta agus príomhoileáin. Cuirfidh siad comhroinnt na ndea-chleachtas chun cinn, lena n-áirítear maidir le cóid foirgníochta, d'fhonn feabhas a chur ar an athléimneacht comhshaoil agus tithíocht aeráidchliste a bhaint amach.

2. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo rochtain uilíocht ar sheirbhísí fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach do chách, feabhas a chur ar an rochtain ar leictreachas agus tacú le héifeachtúlacht i ndáil le húsáid fuinnimh teaghlach.

*Airteagal 47*

**Slándáil bia agus cothú feabhsaithe**

1. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar bhia leordhóthanach, inacmhainne, sábháilte agus cothaitheach, lena n-áirítear trí bhia cothaitheach áitiúil a chur chun cinn agus trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais inbhuanaithe bhia, lena n-áirítear iompar agus stóráil aeráid-díonach. Tabharfaidh siad aird ar leith ar a áirithiú go mbeidh foinsí leormhaithe bia éigeandála ar fáil le linn téarnamh as tubaistí.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun deireadh a chur le gach cineál míchothaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le neamhshlándáil bia agus cothaithe.

3. Tacóidh na Páirtithe le héagsúlú talmhaíochta agus le táirgeadh áitiúil bia chun críoch leorchothaitheachta agus tráchtála araon. Beidh sé d'aidhm acu córais athléimneacha éagsúlaithe feirmeoireachta agus talmhaíocht atá tíosach ar acmhainní a neartú trí chineálacha barraí cothaitheacha athléimneacha ardtoraidh a úsáid. Tabharfaidh siad aghaidh ar róshaothrú acmhainní iascaigh, ós rud é gur foinse ríthábhachtach é iasc don tslándáil bia agus cothaithe.

4. Déanfaidh na Páirtithe aistí sláintiúla bia a chur chun cinn, agus spleáchas ar bhia allmhairithe a bhfuil luach cothaithe íseal aige á laghdú, an rialáil ar lipéadú cothaithe á neartú, cláir oideachais agus cláir feasachta poiblí maidir le cothú agus cleachtais aiste folláine bia á gcothú, agus táirgeadh agus tomhaltas bia shláintiúil áitiúil á gcur chun cinn.

## Caibidil 2

## Neamhionannas, comhtháthú sóisialta agus cosaint shóisialta

*Airteagal 48*

### Cosaint shóisialta

1. Déanfaidh na Páirtithe cruthú margaí cuimsitheacha dea-fheidhmiúla saothair a chur chun cinn, mar aon le beartais fostaíochta atá dírithe ar obair chuibhiúil a áirithiú do chách, lena n-áirítear feabhas a chur ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta le haghaidh oibrithe. Díreoidh siad ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear rochtain ar chreidmheas agus ar mhicreamhaoiniú, agus bearta neartaithe cosanta sóisialta, d'fhonn aistriú níos rianúla chuig an ngeilleagar foirmiúil a éascú. Comhraicfidh siad gach cineál teacht i dtír le haghaidh brabúis, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach agus oibre, i ngeilleagair fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon.

2. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo cumhdach cosanta sóisialta a leathnú, go háirithe do dhaoine atá i staid leochaileach agus do ghrúpaí imeallaithe mar aon leo siúd a fhostaítear go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, d'fhonn uilíocht a bhaint amach go forchéimneach, trí chinnteacht bunioncaim agus trí chórais cosanta sóisialta leormhaithe a bhíonn sofhreagrach i gcás turraingí.

*Airteagal 49*

### Comhionannas inscne agus cumhachtú na ban agus na gcailíní

1. Neartóidh na Páirtithe beartais, cláir agus sásraí arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna comhionanna a áirithiú, a fheabhsú agus a mhéadú d'fhir agus do mhná i ngach réimse den saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Spreagfaidh siad daingniú an Choinbhinsiúin maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú, arna dhéanamh i Nua Eabhrac an 18 Nollaig 1979, agus an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann leis agus tacóidh siad le cur chun feidhme éifeachtach an chéanna. Áiritheoidh siad go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach beartas. Cuirfidh siad a gcreataí beartais ábhartha san áireamh, lena n-áirítear struchtúr réigiúnach an Aigéin Chiúin don chomhionannas inscne.

2. Tacóidh na Páirtithe le cumhachtú eacnamaíoch na mban, sonróidh siad deiseanna eacnamaíocha do mhná agus áiritheoidh siad go ndéanfar a gcearta eacnamaíocha agus sóisialta a urramú agus a chur chun cinn. Éascóidh siad rochtain na mban ar sheirbhísí airgeadais agus ar fhostaíocht, agus rialú agus úsáid talún agus sócmhainní táirgiúla eile. Déanfaidh siad bearta chun tacú le banfhiontraithe, laghdóidh siad an bhearna phá idir na hinscní, agus cuirfidh siad deireadh le rialacháin agus cleachtais idirdhealaitheacha eile. Oibreoidh siad i dtreo athléimneacht na mban i leith an athraithe aeráide a fhorbairt agus cothóidh siad a slite beatha sa talmhaíocht, san iascach agus sa dobharshaothrú, agus i dtionscail chultúrtha. Neartóidh siad bailiú, tiomsú, anailísiú agus scaipeadh sonraí inrochtana staidrimh maidir le cumhachtú eacnamaíoch na mban.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin go nglacfaidh siad an reachtaíocht agus na bearta beartais is gá chun deireadh a chur le pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, agus chun deireadh a chur le gach cineál foréigin gnéis agus inscnebhunaithe, go háirithe foréigean baile, gach cineál teacht i dtír gnéasach agus oibre agus gach cineál ciaptha sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach, lena n-áirítear trí thionscnaimh múscailte feasachta ar mhaithe le hathrú iompraíochta.

4. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus guth na mban agus na gcailíní sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil, lena n-áirítear i bpróisis thoghchánacha, beartais, rialachais agus forbartha, i rialtas áitiúil, i sásraí traidisiúnta agus gnácha, i gceannaireacht, i gcomhlachtaí bunreachtúla, i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit, i gcothú na síochána agus an athmhuintearais.

5. Neartóidh na Páirtithe institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus chun déileáil leo, lena n-áirítear cosc agus cosaint i gcoinne na gcineálacha uile foréigin gnéis agus inscnebhunaithe, sásraí imscrúdaithe agus cuntasachta maidir le ciapadh, agus cúram agus tacaíocht d'íospartaigh. Féachfaidh siad le reachtaíocht agus rialacháin náisiúnta, agus creataí réigiúnacha, a ailíniú leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus leis na creataí réigiúnacha ábhartha.

6. Geallfaidh na Páirtithe go ndéanfaidh siad Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Déanfaidh siad beartais a chur i ngníomh agus cláir a cheapadh arb é is aidhm dóibh rochtain uilíoch a bhaint amach ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe ar ardchaighdeán atá inacmhainne, uileghabhálach agus comhtháite, maille le cláir leormhaithe chomhairleoireachta, faisnéise agus oideachais gnéis, agus treoraíocht theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le hoideachas gnéasachta á cur san áireamh, de réir mar is iomchuí, mar aon le seachadadh seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe. Tacóidh na Páirtithe le cur chun feidhme éifeachtach Dhearbhú Aireachta na hÁise agus an Aigéin Chiúin maidir le Daonra agus Forbairt, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 50*

**An Óige**

1. Bunóidh na Páirtithe struchtúir rialachais chun tairbhe a bhaint as an díbhinn óige agus chun daoine óga a chumhachtú agus a dtionchar ar phróisis chinnteoireachta agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa saol polaitiúil agus in iarrachtaí ar mhaithe le comhdhlúthú na síochána agus ar mhaithe le hathmhuintearas. Déanfaidh siad rannpháirtíocht mhéadaithe daoine óga i ngníomhaíochtaí comhshaoil a chur chun cinn, go háirithe cláir um fhaireachán ar an athrú aeráide agus cláir um oiriúnú don athrú aeráide.

2. Tacóidh na Páirtithe le fiontraíocht óige agus le fostaíocht chuibhiúil do dhaoine óga, agus aird ar leith á tabhairt acu orthu siúd atá i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna, chun cabhrú leo scileanna a bhaineann leis an margadh saothair a shealbhú le haghaidh fostaíochta.

3. Déanfaidh na Páirtithe cláir shóisialta agus cheartais a chur chun cinn chun ógchiontacht a chosc agus ar mhaithe le lánpháirtiú sa saol eacnamaíoch agus sóisialta. Tacóidh siad le hinstitiúidí, amhail scoileanna, eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus grúpaí óige, a d'fhéadfadh rannchuidiú le hathléimneacht a fhorbairt i bpobail leochaileacha agus i measc daoine óga atá i mbaol.

4. Déanfaidh na Páirtithe bearta chun córais agus coimircí cosanta leanaí a fheabhsú agus a neartú. Tacóidh siad le bearta chun deireadh a chur le saothar leanaí agus mí-úsáid leanaí, le luathphósadh agus pósadh éigeantais, agus le pionós corpartha.

*Airteagal 51*

**Daoine faoi mhíchumas**

1. Déanfaidh na Páirtithe cearta daoine faoi mhíchumas, gan idirdhealú d'aon chineál, a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh. Déanfaidh siad bearta nithiúla chun a áirithiú go gcuimseofar go hiomlán iad sa tsochaí trí rochtain chomhionann ar sheirbhísí sóisialta, lena n-áirítear oideachas agus sláinte agus rannpháirtíocht éifeachtach i margaí saothair agus i ndeiseanna eacnamaíocha eile.

2. Spreagfaidh na Páirtithe daingniú Choinbhinsiún na Naisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus tacóidh siad le cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin sin, agus a gcreataí beartais ábhartha á gcur san áireamh acu.

*Airteagal 52*

**Cultúr, spórt agus teagmhálacha idirphearsanta**

1. Déanfaidh na Páirtithe cosaint agus feabhsú na hoidhreachta cultúrtha inláimhsithe agus doláimhsithe, agus éagsúlacht an léirithe chultúrtha, a chur chun cinn d'fhonn an chomhthuiscint a fheabhsú agus malartuithe cothroma cultúrtha a chothú. Beidh comhar eatarthu maidir le hinfheistíocht chun tacú le caomhnú agus cur chun cinn na n-ealaíon traidisiúnta agus an chultúir thraidisiúnta, an eolais dhúchasaigh agus na héagsúlachta cultúrtha, agus cuirfidh siad an infheistíocht sin chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha agus an turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn mar thiomántóirí do phoist agus don fhás inbhuanaithe. Féachfaidh siad le soghluaisteacht gairmithe cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn agus cúrsaíocht saothar ealaíne a chur chun cinn, agus déanfaidh siad tionscnaimh chomhpháirteacha a chur i gcrích i réimsí éagsúla de chuid an chultúir agus na cruthaitheachta. Spreagfaidh siad cumhachtú eacnamaíoch na mban agus na hóige trí shlabhraí breisluacha cultúir, trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha a neartú le haghaidh táirgeadh cultúrtha agus tríd an gcultúr a phríomhshruthú, agus a gcreataí ábhartha beartais á gcur san áireamh, lena n-áirítear Straitéis Réigiúnach Chultúrtha an Aigéin Chiúin.

3. Déanfaidh na Páirtithe cruthaitheacht agus nuálaíocht, comhroinnt eolais, comhchruthú idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus deiseanna rochtana ar an margadh le haghaidh earraí agus seirbhísí cultúrtha, a chur chun cinn. Forbróidh siad creataí earnáilsonracha rialála agus tacaíocht institiúideach lena gcosnófar, *inter alia*, cearta maoine intleachtúla i ndáil le saothair chruthaitheacha.

4. Déanfaidh na Páirtithe malartuithe san earnáil cultúir a chur chun cinn, lena n-áirítear malartuithe i measc institiúidí amhail músaeim agus ardscoileanna, agus spreagfaidh siad idirphlé idirchultúrtha idir daoine agus idir geallsealbhóirí ábhartha. Tacóidh siad le soghluaisteacht daoine óga agus oibrithe óige mar mhodh chun idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn agus tacóidh siad le sealbhú eolais, scileanna agus inniúlachtaí lasmuigh de na córais fhoirmiúla oideachais. Féachfaidh siad le tionscnaimh ábhartha a chur chun feidhme i réimse na soghluaisteachta ardoideachais, d'fhonn comhar agus nuachóiriú san ardoideachas a chur chun cinn agus d'fhonn soghluaisteacht foghlaimeoirí agus acadóirí a spreagadh.

5. Cuirfidh na Páirtithe an spórt chun cinn mar thiomántóir don fhorbairt inbhuanaithe, don fhás eacnamaíoch cuimsitheach, don chuimsiú sóisialta, don neamh-idirdhealú agus do chur ar aghaidh chearta an duine. Féachfaidh siad le hacmhainneachtaí a fhorbairt, le saoráidí leormhaithe a fhorbairt agus le rannpháirtíocht mhéadaithe daoine i ngníomhaíochtaí spóirt agus i ngníomhaíochtaí corpoideachais eile a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar an óige agus ar mhná. Tacóidh siad leis an spórt mar mhodh don idirphlé idirchultúrtha agus don chomhar idir náisiúin, mar mhodh chun coinbhleacht agus foréigean a chosc, agus mar mhodh don athmhuintearas iarchoinbhleachta.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh a bhfuil a sínithe thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige seo, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Съставено в Апия, Самоа, на петнадесети ноември две хиляди двадесет и трета година.

Hecho en Apia, Samoa, el quince de noviembre de dos mil veintitrés.

Apia, Samoa, dne patnáctého listopadu dva tisíce dvacet tři.

Udfærdiget i Apia, Samoa, den femtende november to tusind og treogtyve.

Geschehen zu Apia, Samoa, am fünfzehnten November zweitausenddreiundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne kolmanda aasta novembri viieteistkümnendal päeval Apias, Samoas.

Έγινε στην Άπια,Σαμόα, στις δεκαπέντε Νοεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τρία.

Done at Apia, Samoa, on the fifteenth day of November in the year two thousand and twenty three.

Fait à Apia, Samoa, le quinze novembre deux mille vingt-trois.

Arna dhéanamh in Apia, Samó, an cúigiú lá déag de Shamhain sa bhliain dhá mhíle a fiche trí.

Sastavljeno u Apiji, u Samoi, petnaestog studenoga dvije tisuće dvadeset treće.

Fatto ad Apia, Samoa, addì quindici novembre duemilaventitré.

Apijā, Samoa, divtūkstoš divdesmit trešā gada piecpadsmitajā novembrī.

Priimta Apijoje, Samoa, du tūkstančiai dvidešimt trečių metų lapkričio penkioliktą dieną.

Kelt Apiában, Szamoa, a kétezerhuszonharmadik év november havának tizenötödik napján.

Magħmul f'Apia, Samoa fil-ħmistax-il jum ta' Novembru fis-sena elfejn u tlieta u għoxrin.

Gedaan te Apia, Samoa, de vijftiende november tweeduizend drieëntwintig.

Sporządzono w Apii w Samoa dnia piętnastego listopada dwa tysiące dwudziestego trzeciego roku.

Feito em Apia, em Samoa, aos quinze dias do mês de novembro de dois mil e vinte e três.

Întocmit la Apia, Samoa, la cincisprezece noiembrie două mii douăzeci și trei.

V Apii, Samoa, pätnásteho novembra dvetisícdvadsaťtri.

V Apii, Samoa, petnajstega novembra dva tisoč triindvajset.

Tehty Apiassa Samoassa viidentenätoista päivänä marraskuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkolme.

Som skedde i Apia, Samoa den femtonde november tjugohundratjugotre.

Voor het Koninkrijk België
Pour le Royaume de Belgique
Für das Königreich Belgien

Deze handtekening verbindt eveneens de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschap, de Duitstalige Gemeenschap, het Vlaamse Gewest, het Waalse Gewest en het Brussels Hoofdstedelijk Gewest.

Cette signature engage également la Communauté française, la Communauté flamande, la Communauté germanophone, la Région wallonne, la Région flamande et la Région de Bruxelles-Capitale.

Diese Unterschrift bindet zugleich die Deutschsprachige Gemeinschaft, die Flämische Gemeinschaft, die Französische Gemeinschaft, die Wallonische Region, die Flämische Region und die Region Brüssel-Hauptstadt.

За Република България

Za Českou republiku

For Kongeriget Danmark

Für die Bundesrepublik Deutschland

Eesti Vabariigi nimel

Thar ceann na hÉireann
For Ireland

Για την Ελληνική Δημοκρατία

Por el Reino de España

Pour la République française

Za Republiku Hrvatsku

Per la Repubblica italiana

Για την Κυπριακή Δημοκρατία

Latvijas Republikas vārdā –

Lietuvos Respublikos vardu


Pour le Grand-Duché de Luxembourg



Magyarország részéről




Għar-Repubblika ta' Malta




Voor het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Republik Österreich



W imieniu Rzeczypospolitej Polskiej



Pela República Portuguesa



Pentru România



Za Republiko Slovenijo


Za Slovenskú republiku

Suomen tasavallan puolesta
För Republiken Finland

För Konungariket Sverige

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen

For the Republic of Angola




For Antigua and Barbuda

For the Commonwealth of the Bahamas

For Barbados




For Belize



For the Republic of Benin

For the Republic of Botswana

For Burkina Faso



For the Republic of Burundi

For the Republic of Cabo Verde

For the Republic of Cameroon

For the Central African Republic

For the Republic of Chad



For the Union of the Comoros




For the Republic of the Congo



For the Cook Islands



For the Republic of Côte d'Ivoire




For the Republic of Cuba

For the Democratic Republic of the Congo



For the Republic of Djibouti



For the Commonwealth of Dominica

For the Dominican Republic

For the Republic of Equatorial Guinea

For the State of Eritrea

For the Kingdom of Eswatini

For the Federal Democratic Republic of Ethiopia

For the Republic of Fiji

For the Gabonese Republic

For the Republic of The Gambia

For the Republic of Ghana

For Grenada

For the Republic of Guinea

For the Republic of Guinea-Bissau


For the Cooperative Republic of Guyana

For the Republic of Haiti



For Jamaica

For the Republic of Kenya




For the Republic of Kiribati



For the Kingdom of Lesotho



For the Republic of Liberia



For the Republic of Madagascar

For the Republic of Malawi

For the Republic of Maldives


For the Republic of Mali

For the Republic of the Marshall Islands



For the Islamic Republic of Mauritania

For the Republic of Mauritius



For the Federated States of Micronesia



For the Republic of Mozambique



For the Republic of Namibia


For the Republic of Nauru

The Republic of Niger




For the Federal Republic of Nigeria

For Niue



For the Republic of Palau

For the Independent State of Papua New Guinea



For the Republic of Rwanda

For the Federation of Saint Kitts and Nevis

For Saint Lucia

For Saint Vincent and the Grenadines


For the Independent State of Samoa

For the Democratic Republic of São Tomé and Príncipe

For the Republic of Senegal

For the Republic of Seychelles

For the Republic of Sierra Leone




For Solomon Islands



For the Federal Republic of Somalia

For the Republic of the Sudan



For the Republic of Suriname

For the United Republic of Tanzania

For the Democratic Republic of Timor-Leste

For the Togolese Republic

For the Kingdom of Tonga

For the Republic of Trinidad and Tobago


For Tuvalu

For the Republic of Uganda


For the Republic of Vanuatu



For the Republic of Zambia



For the Republic of Zimbabwe



*IARSCRÍBHINN I*

**PRÓISIS MAIDIR LE FILLEADH AGUS ATHLIGEAN ISTEACH**

1. Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'Stát iarrthach' an Stát (ceann de Chomhaltaí OACPS nó ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh) a thíolacann iarraidh ar athligean isteach de bhun Airteagal 74(3) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo;

(2) ciallaíonn 'Stát iarrtha' an Stát (ceann de Chomhaltaí OACPS nó ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh) a gcuirtear iarraidh ar athligean isteach faoina bhráid de bhun Airteagal 74(3) den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo.

2. Daoine a fhilleadh agus a athligean isteach gan doiciméad bailí taistil

Déanfar na próisis maidir le filleadh agus athligean isteach a chur i gcrích mar a leanas:

Más rud é go bhfuil pas atá dulta in éag, cárta aitheantais bailí nó dulta in éag nó doiciméad aitheantais oifigiúil eile ar a bhfuil grianghraf i seilbh an duine atá faoi réir iarratais ar athligean isteach, nó má deimhníodh céannacht an duine ar gach modh cuí, lena n-áirítear de thoradh cuardach a rinneadh i dtaifid na n-iarratas víosa nó in aon taifid oifigiúla eile de chuid an stáit iarrthaigh, déanfaidh an Stát iarrtha, ar an bhfaisnéis ábhartha a fháil, doiciméid taistil bhailí a sholáthar a luaithe is féidir tar éis an iarraidh a fháil ón Stát iarrthach, mura soláthraítear cúis inchosanta chun tréimhse bhreise a thabhairt, sa chás sin déanfaidh an Stát iarrtha na doiciméid taistil a sholáthar san achar ama is giorra is féidir; nó

I gcásanna eile, más gá náisiúntacht an duine atá faoi réir an iarratais ar athligean isteach a fhíorú, déanfaidh an Stát iarrtha an fíorú is gá láithreach tar éis an iarraidh a fháil ón stát iarrthach tríd an nós imeachta sainaitheantais is oiriúnaí agus is éifeachtúla a úsáid, lena n-áirítear agallamh chun sainaithint a dhéanamh arna iarraidh sin don Stát iarrthach. Ceadóidh an Stát iarrthach agus an Stát iarrtha clárlanna bithmhéadracha i gcás ina bhfuil siad sin ar fáil.

I gcás ar bith, nuair a gheobhaidh sé iarraidh ar athligean isteach i ndáil le duine dá náisiúnaigh, freagróidh an Stát iarrtha laistigh de 30 lá ar a dhéanaí tar éis an iarraidh sin, i gcomhréir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i gCaighdeán 5.26 de Chaibidil 5 d'Iarscríbhinn 9 den Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, arna dhéanamh in Chicago an 7 Nollaig 1944, trí dhoiciméid taistil iomchuí a sholáthar dá náisiúnaigh chun críoch fillte nó trína dheimhniú don Stát iarrthach nach duine dá náisiúnaigh an duine lena mbaineann.

3. Cóir iompair chun filleadh

Tarlóidh an filleadh, lena ngabhfaidh fógra arna thabhairt roimh ré don Stát iarrtha, trí aon chóir iompair i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 74 den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo. Ní bheidh filleadh trí aeriompar teoranta d'úsáid eitiltí sceidealaithe.

4. Filleadh mionaoiseach neamhthionlactha

Chun leas an linbh a áirithiú, ní féidir mionaoiseach neamhthionlactha a fhilleadh ach chuig duine dá theaghlach nó dá teaghlach, chuig caomhnóir ainmnithe, chuig údaráis eile dá bhforáiltear i ndlíthe náisiúnta, nó chuig saoráidí glactha leormhaithe de chuid an Stáit iarrtha.

5. Comhaontuithe déthaobhacha agus socruithe déthaobhacha

Arna iarraidh sin ag Páirtí, déanfaidh na Páirtithe, gan dochar d'infheidhmeacht dhíreach Chaibidil 4 de Theideal VI den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú seo agus don Iarscríbhinn seo, comhaontuithe déthaobhacha nó socruithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích ar comhaontuithe déthaobhacha nó socruithe déthaobhacha iad lena rialófar oibleagáidí sonracha maidir le filleadh agus le hathligean isteach náisiúnach de Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus an Chomhalta de OACPS lena mbaineann. Áireofar sna comhaontuithe nó sna socruithe sin tréimhsí níos giorra chun doiciméid taistil a shainaithint agus a eisiúint, chun cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo a éascú a thuilleadh. Clúdóidh na comhaontuithe déthaobhacha nó na socruithe déthaobhacha sin, má mheasann aon cheann de na páirtithe sa chomhaontú nó sa socrú sin gur gá sin, socruithe maidir le filleadh agus le hathligean isteach daoine seachas náisiúnaigh de chuid na bpáirtithe, lena n-áirítear daoine gan stát, a bhfuil gnáthchónaí orthu i gcríoch an Stáit iarrtha.

Beidh na hoibleagáidí a leagtar amach sna comhaontuithe déthaobhacha nó sna socruithe déthaobhacha sin comhoiriúnach leis na forálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

*IARSCRÍBHINN II*

**OIBRÍOCHTAÍ AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA**

*Airteagal 1*

**Pearsantacht dhlítheanach agus stádas dlítheanach**

1. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta ('BEI') agus ag aon fhochuideachta de chuid BEI ar chríoch Chomhaltaí OACPS, lena n-áirítear go háirithe an cumas réadmhaoin agus maoin dhochorraithe a éadáil agus a dhiúscairt agus a bheith ina páirtí in imeachtaí breithiúnacha.

2. Teachtfaidh BEI agus aon fhochuideachta de chuid BEI ar chríoch gach Comhalta de OACPS an chóir chéanna i ndáil le socruithe cánachais agus custaim agus le stádas a thugtar don institiúid idirnáisiúnta atá ag oibriú sa Chomhalta sin de OACPS a bhfuil stádas barrfhabhair aige i leith na socruithe sin agus an stádais sin.

*Airteagal 2*

**Rialáil baincéireachta agus airgeadais**

Féadfaidh BEI agus aon fhochuideachta de chuid BEI, ag feidhmiú dóibh mar eagraíocht idirnáisiúnta laistigh de chríoch Chomhaltaí OACPS chun na gcríoch a bheartaítear leis an gComhaontú seo, tabhairt faoi shaothrú na ngníomhaíochtaí a bheartaítear le reacht BEI nó na fochuideachta sin, de réir mar a leasófar é, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin: maoiniú trí iasachtaí, trí bhannaí, trí ráthaíochtaí, trí chothromas, trí chuasachothromas nó trí aon ionstraimí maoinithe eile, cúnamh teicniúil a sholáthar nó a mhaoiniú, infheistiú ar mhargaí airgid, urrúis a cheannach agus a dhíol agus cur i gcrích aon oibríochta airgeadais eile atá nasctha le haon ghníomhaíocht den sórt sin, agus oibriú cuntas bainc in aon airgeadra.

*Airteagal 3*

**Malairt eachtrach**

1. Maidir le gach oibríocht a dhéanann BEI, nó aon cheann dá fhochuideachtaí, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, áiritheoidh Comhaltaí OACPS:

(a) maidir leis na méideanna in airgeadra náisiúnta an Chomhalta de OACPS lena mbaineann is gá chun na suimeanna go léir a bheidh dlite do BEI nó d'aon fhochuideachta de chuid BEI i leith na n-oibríochtaí sin a íoc go tráthúil, go bhféadfaidh tairbhithe agus contrapháirtithe na méideanna sin a chomhshó in aon airgeadra is inchomhshóite go hiomlán, de réir an ráta malairte reatha a bheidh ann an tráth sin; agus

(b) go mbeidh na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) inaistrithe gan bhac, láithreach agus go héifeachtach laistigh nó lasmuigh de chríoch an Chomhalta lena mbaineann de OACPS ionas go mbeidh an tairbhí nó an contrapháirtí dá dtagraítear i bpointe (a) in ann a oibleagáidí i leith BEI nó i leith na fochuideachta sin a chomhlíonadh.

2. Maidir le gach oibríocht a dhéanann BEI, nó aon cheann dá fhochuideachtaí, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, áiritheoidh Comhaltaí OACPS go bhféadfaidh BEI nó an fhochuideachta sin:

(a) na méideanna in airgeadra náisiúnta an Chomhalta lena mbaineann de OACPS a fhaigheann BEI nó an fhochuideachta sin a chomhshó in aon airgeadra is inchomhshóite go hiomlán, de réir an ráta malairte reatha a bheidh ann an tráth sin;

(b) na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) a comhshódh lasmuigh de chríoch an Chomhalta lena mbaineann de OACPS a aistriú gan bhac, láithreach agus go héifeachtach chuig cibé cuntais bhainc a chinnfidh BEI nó an fhochuideachta dá dheoin féin nó dá deoin féin, nó na méideanna sin a dhiúscairt laistigh de chríoch an Chomhalta lena mbaineann de OACPS; agus

(c) aon mhéideanna in aon airgeadra is inchomhshóite go hiomlán a chomhshó in airgeadra náisiúnta an Chomhalta lena mbaineann de OACPS, de réir an ráta malairte reatha a bheidh ann an tráth sin.

*Airteagal 4*

**Aitheantas a thabhairt do chinntí cúirte**

Gabhann gach Comhalta de OACPS air féin, maidir le haon díospóid a tharlóidh idir BEI nó aon fhochuideachta de chuid BEI agus tairbhí nó aon tríú páirtí maidir le gníomhaíochtaí BEI nó aon fhochuideachta de chuid BEI maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach:

(a) go n-áiritheoidh sé go bhfuil an t-údarás ag cúirteanna an Chomhalta de OACPS aitheantas a thabhairt do chinneadh críochnaitheach a thugann cúirt nó binse dlínse inniúla le próis chuí, lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó aon chúirt náisiúnta de Bhallstát den Aontas Eorpach nó aon bhinse eadrána a mhéid is incheadaithe de réir bhunreacht an Chomhalta sin de OACPS; agus

(b) go n-áiritheoidh sé go ndéanfar aon chinneadh den sórt sin a fhorghníomhú de réir na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta dá chuid is infheidhme.